AN COIMISIÚN
EORPACH

An Bhruiséil, 30.3.2022
COM(2022) 142 final

2022/0095 (COD)

Togra le haghaidh

RIALACHÁN Ó PHARLAIMINT NA hEORPA AGUS ÓN gCOMHAIRLE

lena mbunaítear creat chun ceanglais éicidhearthóireachta le haghaidh táirgí inbhuanaithe a leagan síos agus lena n-aisghairtear Treoir 2009/125/CE

(Téacs atá ábhartha maidir le LEE)

{SEC(2022) 165 final} - {SWD(2022) 81 final} - {SWD(2022) 82 final} - {SWD(2022) 83 final}

MEABHRÁN MÍNIÚCHÁIN

1. COMHTHÉACS AN TOGRA

• Forais agus cuspóirí an togra

Is iad príomhchuspóirí an rialacháin seo an tionchar diúltach atá ag saolré táirgí ar an gcomhshaol a laghdú agus feabhas a chur ar fheidhmiú an mhargaidh inmheánaigh. Is é is aidhm do na cuspóirí sin na fadhbanna agus na cúiseanna leo a bhfuil anailís déanta orthu sa mheasúnú tionchair a réiteach. Léiríonn siad go bhfuil táirgí ar fáil ar an margadh inmheánach a ghineann drochthionchair neamhriachtanacha ar an gcomhshaol. Rannchuidíonn an Rialachán seo freisin le cuspóirí bheartas tionsclaíoch AE chun borradh a chur faoi sholáthar earraí inbhuanaithe agus éileamh orthu, chun táirgeadh inbhuanaithe a bhaint amach, agus chun cothrom iomaíochta a áirithiú le haghaidh táirgí a dhíoltar ar an margadh inmheánach. Teastaíonn ceanglais chomhchuibhithe is infheidhme ar fud an tionscail, modhanna éifeachtúla chun iad a chomhlíonadh, forfheidhmiú cuí, faireachas margaidh treisithe agus rialuithe custaim bunaithe ar anailís riosca[1].

Tá ról ríthábhachtach ag táirgí i saol shaoránaigh AE agus tá líon, réimse agus éagsúlacht na dtáirgí atá ar fáil dúinn ag dul i méid i gcónaí. Leis na céimeanna teicneolaíocha atá tagtha chun cinn le blianta fada anuas, tá méadú tagtha ar ár spleáchas orthu freisin: ó tháirgí TFC a choinnigh muid ceangailte le linn na géarchéime COVID-19, go dtí an troscán agus na fearais a chabhraíonn linn chun ár dtithe a reáchtáil go laethúil. Tá saorghluaiseacht táirgí riachtanach chun feidhmiú an mhargaidh inmheánaigh a áirithiú, rud atá ina bhunchloch i gcónaí d'iomaíochas chuideachtaí AE agus do rogha tomhaltóirí.

Tríd an gcur chuige éicidhearthóireachta a chur i bhfeidhm maidir le réimse an-leathan táirgí agus trína chur ar a chumas raon leathan ceanglas táirge spriocdhírithe a leagan síos, féachtar leis an rialachán seo aghaidh a thabhairt ar na tionchair is díobhálaí atá ag táirgí ar an gcomhshaol. Dá bhrí sin, leagtar síos leis creat chun ceanglais éicidhearthóireachta a leagan síos bunaithe ar na gnéithe inbhuanaitheachta agus ciorclaíochta a liostaítear sa Phlean Gníomhaíochta um an nGeilleagar Ciorclach[2], amhail marthanacht táirgí, in-athúsáideacht, uasghrádaitheacht agus indeisitheacht, substaintí ar ábhar imní iad a bheith i dtáirgí, éifeachtúlacht fuinnimh an táirge agus éifeachtúlacht acmhainní, inneachar athchúrsáilte táirgí, athmhonarú táirgí agus athchúrsáil ar ardchaighdeán agus chun an lorg carbóin agus an lorg comhshaoil táirgí a laghdú.

Tríd an méid sin a dhéanamh, cuideoidh sé le spriocanna foriomlána aeráide, comhshaoil agus fuinnimh an Aontais a bhaint amach, agus tacóidh sé leis an bhfás eacnamaíoch, le poist a chruthú agus leis an gcuimsiú sóisialta. Trí chur lena fhad a mhaireann ábhair, a chinntiú go gcoimeádfaidh ábhair a luach chomh fada agus is féidir, agus borradh a chur faoi úsáid ábhair athchúrsáilte i dtáirgí, déanfaidh sé scaradh na forbartha eacnamaíche ó úsáid acmhainní nádúrtha a chur chun cinn, sin agus laghdú na spleáchas ábhartha, agus ar an gcaoi sin cothóidh sé neamhspleáchas straitéiseach oscailte an Aontais, maille lena athléimneacht. Chuir roinnt imeachtaí a tharla le déanaí i gcuimhne dúinn na leochaileachtaí a d'fhéadfadh a bheith ag slabhraí soláthair domhanda.

Tá an rialachán seo mar chuid de phacáiste tionscnamh a chuir an Coimisiún i láthair a bhaineann le táirgí inbhuanaithe agus a chothaíonn roghanna inbhuanaithe táirgí. Áirítear sa

[1] Dá bhforáiltear in Airteagal 46 de Rialachán (AE) 952/2013 maidir le Cód Custaim an Aontais.

[2] COM (2020) 98 final.

phacáiste tionscnaimh earnálacha spriocdhírithe maidir le teicstílí[3] agus táirgí foirgníochta[4], lena dtugtar aghaidh ar tháirgí a bhfuil an tionchar is mó acu ar an gcomhshaol agus ar an aeráid, agus tionscnamh chun cumhacht a thabhairt do thomhaltóirí san aistriú glas, trí chosaint níos fearr in aghaidh cleachtais éagóracha agus faisnéis níos fearr[5]. Ar deireadh, go dtí go mbeidh an rialachán seo i bhfeidhm, áiritheoidh an Coimisiún go leanfar den obair faoin Treoir maidir leis an Éicidhearthóireacht atá ann faoi láthair lena n-áirítear é sin a dhéanamh trí Phlean Oibre nua um an Éicidhearthóireacht agus um an Lipéadú Fuinnimh le haghaidh na tréimhse 2022-2024 a ghlacadh, plean lena dtabharfar aghaidh ar tháirgí nua a bhaineann le fuinneamh agus ina ndéanfar uaillmhian na dtáirgí sin atá á rialáil cheana a thabhairt cothrom le dáta agus a mhéadú.

- **Comhsheasmhacht le forálacha beartais atá sa réimse beartais cheana**

Leathnófar leis an Rialachán seo raon feidhme na **Treorach maidir leis an Éicidhearthóireacht** i dtéarmaí táirgí agus cineálacha nua ceanglas araon. Ar mhaithe le soiléireacht dhlíthiúil, ba cheart an Treoir maidir leis an Éicidhearthóireacht a aisghairm dá bhrí sin. I bhfianaise raon feidhme leathan an rialacháin atá beartaithe, is gá a shainiú a mhéid is féidir conas a bhaineann sé leis an reachtaíocht atá ann cheana is infheidhme maidir leis na táirgí a chumhdaítear, agus le tionscnaimh eile a bhaineann lena spriocanna nó atá ábhartha maidir lena spriocanna. Is é an aidhm atá ann dúbailt a chosc d'fhonn an t-ualach riaracháin ar ghnólachtaí agus ar údaráis a íoslaghdú.

Is é an cur chuige ginearálta go leagfar síos leis an Rialachán seo ceanglais i gcás nach dtugtar aghaidh ar ghnéithe inbhuanaitheachta comhshaoil sa reachtaíocht atá ann cheana, nó i gcás nach dtugtar aghaidh go leordhóthanach ar ghnéithe inbhuanaitheachta comhshaoil. Beidh feidhm, dá bhrí sin, ag prionsabal ginearálta an dlí, *lex specialis derogat legi generali,* (i gcás ina mbeidh forlámhas ag rialacha níos sonraí ar rialacha níos ginearálta). Le bheith níos sonraí, cumhdaítear dhá chatagóir leis an gcur chuige: reachtaíocht táirge-shonrach agus reachtaíocht lena dtugtar aghaidh ar ghnéithe cothrománacha.

Tagraíonn **reachtaíocht táirge-shonrach** do reachtaíocht atá dírithe ar tháirge sonrach nó ar ghrúpa táirgí dea-shainithe, lena rialaítear go minic gnéithe sábháilteachta den chuid is mó (e.g. maidir le **cadhnraí, bréagáin, glantaigh agus pacáistíocht**). Níl sé indéanta sonraíochtaí a sholáthar maidir le gach píosa reachtaíochta atá táirge-shonrach atá ann cheana ar leibhéal ginearálta an Rialacháin seo. Mar sin féin, sula socróidh an Coimisiún ceanglais nithiúla ar leibhéal atá sonrach ó thaobh an táirge de trí bhearta faoin Rialachán seo, déanfaidh an Coimisiún measúnú mionsonraithe ar aon fhorluí nó coinbhleachtaí a d'fhéadfadh a bheith ann leis an reachtaíocht atá ann cheana chun dúbláil ceanglas a sheachaint agus chun é a sheachaint ualach iomarcach a chur ar ghnólachtaí. Mar phrionsabal, ní bheidh feidhm ag an Rialachán seo ach maidir le táirgí nach gcumhdaítear faoin reachtaíocht atá ann cheana, nó nuair nach dtugtar aghaidh go leordhóthanach sa reachtaíocht ar inbhuanaitheacht na dtáirgí sin. Ina theannta sin, áireofar ceanglais táirge-shonracha faoin Rialachán seo i ngníomhartha tarmligthe agus dá bhrí sin ní féidir iad a chur in ionad ceanglais a leagtar síos trí ghníomhartha reachtacha amhail treoracha nó rialacháin (cé gur féidir leo a bheith níos sonraí), de réir phrionsabal ordlathas na norm.

Maidir le táirgí foirgníochta go háirithe, cé go mbeidh siad faoi raon feidhme an Rialacháin seo, i bhfianaise an ghá atá ann na hidirnaisc láidre idir a bhfeidhmíocht chomhshaoil agus

[3] COM (2022) 141 final.
[4] COM (2022) 144 final.
[5] COM (2022) 143 final.

struchtúrach, lena n-áirítear a sláinte agus a sábháilteacht, a bhainistiú, leagfar síos ceanglais éicidhearthóireachta faoin Rialachán athbhreithnithe (AE) Uimh. 305/2011[6] (an Rialachán maidir le Táirgí Foirgníochta), ach amháin i gcás táirgí foirgníochta a bhaineann le fuinneamh atá á rialú cheana faoin Treoir maidir leis an Éicidhearthóireacht atá ann cheana.

Tagraíonn **reachtaíocht lena rialaítear gnéithe cothrománacha** do reachtaíocht lena dtugtar aghaidh ar ghnéithe cothrománacha faoin Rialachán seo maidir le raon leathan táirgí, amhail na rialacha **REACH** lena rialaítear ceimiceáin agus lena deonaítear cumhachtuithe i ndáil le substaintí ceimiceacha i dtáirgí. I gcás ina dtugtar aghaidh sa reachtaíocht cheana féin ar ghnéithe sonracha a chumhdaítear leis an Rialachán seo, nó ina bhféadfaí aghaidh a thabhairt ar na gnéithe sin ar bhealach níos cothrománaí, is léir go bhfuil gá agus deis ann a shonrú conas a bhaineann sé sin leis an Rialachán seo ar leibhéal níos ginearálta. Ar an gcaoi chéanna, leis an Rialachán seo cuirfear leis an gcreat ginearálta a leagtar síos don fhaireachas margaidh sa **Rialachán maidir le Faireachas Margaidh**, agus cuirfear na forálacha in oiriúint i gcás inar gá d'aidhmeanna sonracha an Tionscnaimh.

Féach **Roinn 7.9** agus **Iarscríbhinn 14** a ghabhann leis an measúnú tionchair, ina bhfuil sonraí faoin gcaoi a n-idirghníomhaíonn an Tionscnamh agus an chaoi a bhfuil sé i gcomhréir leis an reachtaíocht atá ann cheana agus leis an reachtaíocht atá ag teacht chun cinn.

Ar deireadh, leanfaidh an **Rialachán maidir le Lipéadú Fuinnimh** d'fheidhm a bheith aige i gcomhthráth leis an Rialachán atá beartaithe maidir le táirgí a bhaineann le fuinneamh. Áiritheofar comhleanúnachas. Ciallaíonn sé sin, mar shampla, nach mbeidh ar tháirgí den sórt sin, mar phrionsabal, ach an lipéad fuinnimh atá sonraithe faoin Rialachán maidir le Lipéadú Fuinnimh a bheith orthu.

- **Comhsheasmhacht le beartais eile de chuid an Aontais**

Cuireann an Rialachán seo le roinnt beartas de chuid an Aontais.

Is é an **Comhaontú Glas don Eoraip**[7] bunchloch an tionscnaimh seo, arb é atá ann straitéis fáis chun an tAontas Eorpach a chlaochlú ina shochaí chóir agus rathúil, ina mbeidh geilleagar nua-aimseartha agus iomaíoch, atá tíosach ó thaobh acmhainní de, nach mbeidh aon ghlan-astaíochtaí gás ceaptha teasa ann faoi 2050, agus ina mbeidh an fás eacnamaíoch díchúpláilte ó úsáid acmhainní. D'fhógair Comhaontú Glas don Eorpa an straitéis thionsclaíoch nua don Eoraip agus don Phlean Gníomhaíochta um an nGeilleagar Ciorclach, a foilsíodh le chéile i mí an Mhárta 2020.

Leagtar amach i **straitéis thionsclaíoch le haghaidh na hEorpa 2020 de chuid an Choimisiúin Eorpaigh**[8] uaillmhian uileghabhálach an Aontais 'an dá aistriú' i dtreo neodracht aeráide agus ceannaireacht dhigiteach a chothú. Is léiriú í ar an gComhaontú Glas don Eoraip chun aird a tharraingt ar an ról tábhachtach nach mór do thionscal na hEorpa a imirt ina leith sin, trína lorg carbóin agus ábhair a laghdú agus trí chiorclaíocht a leabú ar fud an gheilleagair. Cuirtear i dtábhacht leis an gá atá ann bogadh ó shamhlacha traidisiúnta, agus athrú ó bhonn a dhéanamh ar an mbealach a ndéanaimid táirgí a dhearadh, a dhéanamh, a

[6] Rialachán (AE) Uimh. 305/2011 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 9 Márta 2011 lena leagtar síos coinníollacha comhchuibhithe maidir le táirgí foirgníochta a mhargú agus lena n-aisghairtear Treoir 89/106/CEE ón gComhairle (IO L 88, 4.4.2011, lch. 5).

[7] COM (2019) 640 final.

[8] COM (2020) 102 final.

úsáid agus a dhiúscairt. In 2021, d'fhoilsigh an Coimisiún **nuashonrú ar an Straitéis Eorpach maidir le tionsclaíocht**[9], rud a threisíonn príomhtheachtaireachtaí straitéis 2020 agus lena gcuirtear raon uirlisí breise cur chun feidhme ar fáil.

Is é is aidhm don **Phlean Gníomhaíochta um an nGeilleagar Ciorclach (CEAP)**, i measc gnéithe eile, spreagadh a thabhairt d'fhorbairt príomhmhargaí le haghaidh **táirgí** atá neodrach ó thaobh na haeráide de agus atá inbhuanaithe, san Aontas agus níos faide i gcéin. Chun an méid sin a bhaint amach, bunaítear creat beartais maidir le táirgí inbhuanaithe, lena n-áirítear bearta i dtrí réimse leathana: dearadh táirgí inbhuanaithe a chothú; tomhaltóirí agus ceannaitheoirí poiblí a chumhachtú; agus ciorclaíocht i bpróisis táirgthe a chur chun cinn[10].

Cé go bhfuil na trí réimse den chreat beartais do tháirgí inbhuanaithe sineirgeach lena chéile, leis an rialachán seo dírítear go príomha ar na bearta a leagtar amach sa chéad réimse (dearadh táirgí inbhuanaithe) arb é is aidhm dóibh táirgí a chur in oiriúint do gheilleagar a bheidh neodrach ó thaobh aeráide de, tíosach ar acmhainní agus ciorclach, dramhaíl a laghdú agus a áirithiú go mbeidh feidhmíocht na gceannródaithe inbhuanaitheachta ina gnáthchleachtas de réir a chéile. Mar a fógraíodh sa CEAP, is é croílár an tionscnaimh reachtaigh seo raon feidhme na **Treorach maidir leis an Éicidhearthóireacht** a leathnú thar tháirgí a bhaineann le fuinneamh ionas go gcumhdófar léi an réimse is leithne táirgí is féidir agus go gcuideoidh sí le geilleagar ciorclach a bhaint amach.

Ba cheart go ndéanfadh na ceanglais maidir le táirgí a leagtar amach sa reachtaíocht seo na ceanglais a leagtar amach faoi thionscnaimh eile CEAP a chomhlánú agus a neartú. Go háirithe, ba cheart go gcabhródh na ceanglais maidir le táirgí a leagtar amach sa reachtaíocht seo leis na cuspóirí a bhaint amach agus go mbeidís i gcomhréir le bearta eile maidir le príomhshlabhraí luacha a shainítear i gcur chun feidhme CEAP, amhail straitéis **an AE le haghaidh teicstílí inbhuanaithe agus ciorclacha**. Ina theannta sin, feabhsóidh an **tionscnamh maidir le tomhaltóirí a chumhachtú don aistriú glas** le faisnéis faoi tháirgí a fheabhsú ag an bpointe díola, go háirithe maidir lena marthanacht agus a n-indeisitheacht, agus cabhrófar le cosc a chur le glas-snasú agus le dífheidhmeacht anabaí a sheachaint. Leis an tionscnamh ón gCoimisiún maidir le h**Maímh Ghlasa** atá ar na bacáin comhlánófar bearta sa reachtaíocht seo freisin, trí iontaofacht, inchomparáideacht agus infhíoraitheacht maíomh comhshaoil i leith táirgí a mhéadú, trí cheanglais go dtabharfar bunús le héilimh den sórt sin agus go bhfíorófar iad trí mhodhanna anailíse saolré a úsáid, an modh tomhais táirge maidir le lorg comhshaoil san áireamh[11]. Ina theannta sin, beidh cuspóirí na reachtaíochta seo á dtacú a thuilleadh ag an reachtaíocht maidir le **Dícheall Cuí Inbhuanaithe Corparáideach**[12], go háirithe na rialacha díchill chuí comhshaoil a leagtar síos léi do chuideachtaí.

Ar deireadh, beidh na ceanglais ina gcuidiú freisin **chun spriocanna aeráide an Aontais a bhaint amach**: déanfaidh siad ionstraimí a bhfuil fócas níos dírí acu ar an aeráid a shineirgiú agus a chomhlánú [13] trí dhul níos faide ná táirgeadh ábhar bunúsach/comhpháirteanna bunúsacha ábhair chun táirgí deiridh a chumhdach iad féin. Leis sin, beifear in ann gníomhú

---

9 COM (2021) 350 final.

10 Chomh maith leis sin i sineirgíocht le gníomhaíochtaí faoin bPlean Gníomhaíochta um Uisce, Aer agus Ithir Saor ó Thruailliú, COM(2021) 400 final.

11 A leagtar amach i Moladh ón gCoimisiún (AE) 2021/2279 an 15 Nollaig 2021 maidir le modhanna an Loirg Comhshaoil a úsáid chun feidhmíocht comhshaoil táirgí agus eagraíochtaí ar feadh a saolré a thomhas agus a chur in iúl.

12 COM (2022) 71 final.

13 Amhail an pacáiste 'Oiriúnach do 55': https://ec.europa.eu/commission/presscorner/detail/ga/IP_21_3541

maidir le tionchair dhiúltacha a ghintear feadh an tslabhra luacha iomláin (astaíochtaí leabaithe táirge ar feadh a shaolré, nó iarmhairtí diúltacha eile san áireamh), agus leis sin tacaítear go díreach le cuspóirí an Chomhaontaithe Ghlais agus i gcomhréir leis an bprionsabal 'gan dochar suntasach a dhéanamh'.

2. BUNÚS DLÍ, COIMHDEACHT AGUS COMHRÉIREACHT

- **Bunús dlí**

Tá an togra bunaithe ar Airteagal 114 den Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh (CFAE), airteagal atá le húsáid i gcás bearta a bhfuil sé d'aidhm acu an margadh inmheánach a bhunú nó a fheidhmiú. Bhí an Treoir maidir leis an Éicidhearthóireacht (an Treoir a bheartaíonn an Coimisiún a aisghairm leis an rialachán seo) bunaithe ar Airteagal 95 den Chonradh ag bunú an Chomhphobail Eorpaigh (Airteagal 114 CFAE anois).

Baineann na saincheisteanna a dtéitear i ngleic leo leis an margadh inmheánach, míchothrom iomaíochta do chuideachtaí atá ag iarraidh cineálacha cur chuige níos inbhuanaithe a chur chun feidhme nó nach gcumhdaíonn rialacha reatha an Aontais ach gnéithe inbhuanaitheachta táirgí san áireamh. Ciallaíonn sé sin nach bhfuil aon tacar cuimsitheach ceanglas ann chun a áirithiú go mbeidh gach táirge a chuirtear ar mhargadh AE ag éirí níos inbhuanaithe. Mar thoradh air sin, tá roinnt cur chuige á nglacadh ag na Ballstáit ar an leibhéal náisiúnta (atá in gcúis le hilroinnt an mhargaidh inmheánaigh) agus níl forfheidhmiú na rialacha maidir le hÉicidhearthóireacht atá ann faoi láthair leordhóthanach ná cothrom.

Mar gheall ar an easpa rialacha leordhóthanacha cuimsitheacha maidir leis an margadh inmheánach, tá deis ann le haghaidh na dtionscnamh a d'fhorbair na Ballstáit nó tionscail a dhéanann dochar d'fheidhmiú an mhargaidh inmheánaigh trí bhacainní, ilroinnt agus cuir chuige neamhleanúnacha fhéideartha a chruthú. Ina theannta sin, in éagmais sraith chuimsitheach ceanglas lena sainítear ceanglais inbhuanaitheachta comhshaoil nó éicidhearthóireachta táirgí, d'fhéadfadh sé nach gcáileodh an táirge céanna a mheastar a bheith inbhuanaithe i mBallstát amháin mar tháirge inbhuanaithe i mBallstát eile. Anuas air sin, is dócha go gcuirfidh reachtaíocht náisiúnta a glacadh le déanaí iallach ar mhonaróirí (agus miondíoltóirí) atá ag feidhmiú thar theorainneacha AE raon oibleagáidí náisiúnta éagsúla a chomhlíonadh, oibleagáidí atá éagsúil ó Bhallstát go Ballstát.

Leis na hoibleagáidí nua náisiúnta sin, ceanglais faisnéise maidir le hoibríochtaí teicniúla a dhéantar ar fheistí leictreonacha athchóirithe, fad ama chomhoiriúnacht na mbogearraí sa Fhrainc agus oibleagáidí tuairiscithe maidir le hearraí marthanacha gan díol sa Ghearmáin a láimhseáil ina measc, léirítear go soiléir go bhfuil treocht ann gníomh rialála a dhéanamh trí cheanglais éicidhearthóireachta a leagan síos maidir le hearraí. Dá bhrí sin, mura ndéanfar beart ar leibhéal an Aontais, is cinnte go dtiocfaidh méadú ar na hoibleagáidí náisiúnta agus méadófar ilroinnt an mhargaidh.

Is iad na fadhbanna a leagtar amach thuas an réasúnaíocht is bun leis an togra seo a bhunú ar Airteagal 114 CFAE.

- **Coimhdeacht (i gcás inniúlacht neamheisiach)**

Ceisteanna tástála riachtanais maidir le cé acu is féidir nó nach féidir cuspóirí an togra a bhaint amach go leordhóthanach le gníomhaíocht a dhéanfadh na Ballstáit ina n-aonar. Maidir leis an tástáil sin, tá sé fíor-riachtanach sraith chomhchuibhithe rialacha a chur i bhfeidhm chun margadh inmheánach comhchuibhithe agus dea-fheidhmiúil a bhaint amach do tháirgí inbhuanaithe ar fud na mBallstát uile, agus dá bhrí sin cothrom iomaíochta a thabhairt do

ghnólachtaí atá ag oibriú ar an margadh inmheánach. Áirítear leis sin ceanglais maidir le táirgí agus an oibleagáid faisnéis iontaofa a sholáthar d'úsáideoirí.

Ní bheadh na Ballstáit in ann bearta a bhaineann leis an raon feidhme sin a achtú gan éagsúlachtaí a chruthú sna ceanglais maidir le gnó agus bacainní ar shaorghluaiseacht táirgí, ar ualach rialála agus ar chostais iomarcacha do ghnólachtaí. Ina theannta sin, dá ngníomhódh na Ballstáit astu féin, is cinnte go gcruthófaí uirlisí éagsúla a d'fhágfadh go mbeadh roghanna tomhaltóirí níos casta. Dá ngníomhódh na Ballstáit ina n-aonar, bheadh baol mór ann go mbeadh córais iomaíocha éagsúla ann a bheadh bunaithe ar mhodhanna agus ar chineálacha éagsúla cur chuige, go háirithe i gcás táirgí a thrádáiltear ar fud an mhargaidh inmheánaigh. Cruthaítear leis sin ilroinnt na margaí agus is dócha go mbeidh leibhéil éagsúla feasachta agus faisnéise ann maidir le feidhmíocht comhshaoil táirgí ar fud an Aontais agus costais bhreise do chuideachtaí a bhíonn ag trádáil ar fud Bhallstáit an Aontais.

Leis an tástáil éifeachtachta seiceáiltear an bhfuil gníomhaíocht ar leibhéal an Aontais níos éifeachtaí ná gníomhaíocht ar an leibhéal náisiúnta. Maidir leis an tástáil sin, is le gníomhaíocht ar leibhéal an Aontais amháin is féidir ceanglais chomhchuibhithe maidir le táirgí agus ceanglais faisnéise a shocrú maidir le gnéithe inbhuanaitheachta is infheidhme ar fud an Aontais, saorghluaiseacht earraí a áirithiú agus faisnéis ábhartha agus iontaofa a sholáthar do thomhaltóirí faoi thréithe inbhuanaithe agus gnéithe ciorclacha táirgí sa Bhallstát ina gceannaítear iad. Is léir go bhfuil breisluach ag baint le ceanglais a leagan síos ar leibhéal an Aontais, mar go gcruthófar leis sin margadh inmheánach comhchuibhithe agus dea-fheidhmiúil ar fud na mBallstát uile agus, dá bhrí sin, beidh cothrom iomaíochta ann do ghnólachtaí atá ag feidhmiú ar an margadh inmheánach. Trí íoscheanglais chomhchuibhithe agus ceanglais faisnéise a shocrú ar leibhéal an Aontais, cuirfear táirgí inbhuanaithe agus cleachtais chiorclacha chun cinn i ngach Ballstát, rud a chruthóidh margadh níos mó agus níos éifeachtúla agus, dá bhrí sin, níos mó dreasachtaí don earnáil tionsclaíochta iad a fhorbairt. Ar deireadh, cuireann méid an mhargaidh inmheánaigh mais chriticiúil ar fáil a chuireann ar chumas an AE inbhuanaitheacht táirgí a chur chun cinn agus tionchar a imirt ar dhearadh táirgí agus ar bhainistiú slabhra luacha ar fud an domhain.

- **Comhréireacht**

Ní théann an togra thar a bhfuil riachtanach chun creat rialála a sholáthar chun ceanglais éicidhearthóireachta a fhorbairt le haghaidh na réimse is leithne táirgí.

Leanfaidh an Coimisiún den chur chuige a leanadh maidir leis an Treoir maidir leis an Éicidhearthóireacht i ndáil le bearta cur chun feidhme a eisiúint, bunaithe ar mheasúnuithe tionchair a rinneadh i gcomhréir le treoirlínte an Choimisiúin maidir le Rialáil Níos Fearr. Dá bhrí sin, déanfaidh sé anailís ar an tionchar eacnamaíoch agus comhshaoil a bheadh ag roghanna éagsúla i gcás gach sraith ceanglas. Leis sin beifear in ann an chomhréireacht a choinneáil ar bun.

Tá an togra ceaptha mar chreat solúbtha chun comhréireacht a áirithiú. Ar an gcúis sin, ní leagfar síos leis aon chritéir ná spriocanna maidir leis na ceanglais ach amháin má tá bonn cirt leo ar bhonn measúnú roimh ré. Chun comhréireacht a áirithiú, ní mór údar cuí a bheith le gach ceanglas aonair sula gcuirfear i bhfeidhm é maidir le haon ghrúpa táirgí. Ach ceanglais, critéir nó spriocanna a leagan síos ar leibhéal na ngrúpaí táirgí dea-shainithe, beifear in ann measúnú cúramach a dhéanamh ar na tionchair. Cuirfidh sé sin ar a chumas don Choimisiúin an breisluach agus an chomhréireacht a chur san áireamh maidir le ceanglais, spriocanna nó critéir a leagan síos ag brath ar shaintréithe na dtáirgí, ar a bpróisis mhonaraíochta agus ar a staid sa mhargadh.

- **An rogha ionstraime**

Socrófar le Rialachán ceanglais dhíreacha ar na hoibreoirí uile, rud a sholáthróidh an deimhneacht dhlíthiúil is gá agus an raon feidhme le haghaidh margadh atá comhtháite go hiomlán a fhorfheidhmiú ar fud an Aontais. Áirithítear le rialachán freisin go gcuirtear oibleagáidí chun feidhme san am céanna agus ar an mbealach céanna sna 27 mBallstát go léir.

3. TORTHAÍ AR MHEASTÓIREACHTAÍ *EX POST*, AR CHOMHAIRLIÚCHÁIN LEIS NA PÁIRTITHE LEASMHARA AGUS AR MHEASÚNUITHE TIONCHAIR

- **Meastóireachtaí *ex post*/seiceálacha oiriúnachta ar an reachtaíocht atá ann cheana**

I mí an Mhárta 2019, d'fhoilsigh an Coimisiún doiciméad inmheánach oibre dar teideal *Táirgí Inbhuanaithe sa Gheilleagar Ciorclach – I dtreo Creat do Bheartas an Aontais maidir le Táirgí a rannchuideoidh leis an nGeilleagar Ciorclach*[14]. Rinneadh scrúdú sa tuarascáil sin ar a mhéid a chuireann beartais an Aontais Eorpaigh le táirgí leis an aistriú chuig geilleagar ciorclach, agus ar an gcaoi a bhféadfaí rannchuidiú níos láidre leis sin. Fuarthas amach nach ann d'**aon ionstraim beartais uileghabhálach chomhtháite de chuid an AE a chumhdaíonn táirgeadh agus tomhaltas inbhuanaithe na dtáirgí uile agus/nó infhaighteacht agus iontaofacht na faisnéise faoi na táirgí sin do thomhaltóirí**.

Cé gur dearbhaíodh sna meastóireachtaí leantacha[15] a rinneadh ar an Treoir maidir leis an Éicidhearthóireacht gur léir go bhfuil sí ábhartha agus éifeachtach mar uirlis rialála, shainaithin siad an fhéidearthacht cur chun feidhme agus forfheidhmiú a fheabhsú. Tugadh faoi deara sna meastóireachtaí sin, mar shampla, 'cé go n-aithnítear go forleathan gur féidir leis an Treoir maidir leis an Éicidhearthóireacht agus na bearta cur chun feidhme freastal ar ghnéithe éifeachtúlachta fuinnimh de phlean gníomhaíochta SCP/SIP[16] agus de bheartas AE maidir le héifeachtúlacht acmhainní freisin, molann roinnt ionadaithe ó na Ballstáit agus eagraíochtaí neamhrialtasacha comhshaoil go bhfuil deiseanna caillte acu mar thoradh ar an gcumhdach teoranta a rinneadh ar bhearta eile comhshaoil a chur chun feidhme'[17]. Cuireadh i dtábhacht sa mheastóireacht freisin acmhainneacht neamhshaothraithe na Treorach aghaidh a thabhairt ar ghnéithe nach mbaineann le héifeachtúlacht fuinnimh, agus baineadh de thátal as 'go bhféadfadh sé gur feabhsuithe neamhfhuinnimh iad nár tugadh aghaidh orthu mar thoradh ar raon feidhme an táirge, ar roghanna beartais nó ar an mbunanailís theicniúil'.

- **Comhairliúcháin leis na páirtithe leasmhara**

I gcomhréir leis na treoirlínte maidir le Rialáil Níos Fearr, rinneadh roinnt gníomhaíochtaí comhairliúcháin.

---

14 SWD(2019) 92 final.

15 Meastóireacht ar an Treoir maidir leis an Éicidhearthóireacht (2009/125/CE), An Lárionad um Sheirbhísí Straitéise agus Meastóireachta (CSES), 2012; Measúnú ar an Treoir maidir leis an Éifeachtúlacht Fuinnimh agus gnéithe áirithe den Treoir maidir le hÉicidhearthóireacht, Ecofys, Meitheamh 2014; Gníomhaíocht an Aontais maidir le hÉicidhearthóireacht agus Lipéadú Fuinnimh: rannchuidiú tábhachtach le héifeachtúlacht fuinnimh a mhéadú, mar gheall ar mhoilleanna suntasacha agus neamhchomhlíonadh, Cúirt Iniúchóirí na hEorpa, Tuarascáil Speisialta 01/2020.

16 Teachtaireacht maidir leis an bPlean Gníomhaíochta um Thomhaltas agus Táirgeadh Inbhuanaithe agus um Beartas Tionsclaíoch Inbhuanaithe

17 Meastóireacht ar an Treoir maidir leis an Éicidhearthóireacht lch. 19.

– Comhairliúchán ar **mheasúnú tionchair tosaigh** ón 14 Meán Fómhair go dtí an 16 Samhain 2020[18]. 193 freagra a fuarthas.

– **Comhairliúchán poiblí oscailte**, a bhí ar siúl ón 17 Márta go dtí an 9 Meitheamh 2021: 626 freagra a fuarthas.

– Sraith **ceardlann** ó mhí Aibreáin go mí Iúil 2021, a bhain le hábhair éagsúla a bhaineann leis an Tionscnamh um Tháirgí Inbhuanaithe, a raibh go leor rannpháirtithe ó roinnt grúpaí páirtithe leasmhara i láthair acu.

– **Suirbhé ar fhiontair bheaga agus mheánmhéide** ón 26 Aibreán go dtí an 15 Meitheamh 2021. 332 freagra a fuarthas.

– An **dara suirbhé spriocdhírithe** d'fhiontair bheaga agus mheánmhéide (FBManna) ón 20 Deireadh Fómhair go dtí an 4 Samhain 2021. Bhain an méid sin go príomha le saineolas na n-eagraíochtaí a dhéanann ionadaíocht ar FBManna. 35 freagra a fuarthas.

– **Ceistneoirí saincheaptha** a cuireadh faoi bhráid ionadaithe roghnaithe na bpáirtithe leasmhara ón 20 Bealtaine go dtí an 9 Meitheamh 2021.

– Roinnt agallamh le **páirtithe leasmhara** a rinneadh le hionadaithe roghnaithe na bpáirtithe leasmhara.

Ar an iomlán, léirigh na gníomhaíochtaí comhairliúcháin **tacaíocht láidir ghinearálta** do thionscnamh rialála lena gcumhdaítear inbhuanaitheacht táirgí. Thacaigh formhór na bpáirtithe leasmhara leis an tionscnamh chun raon leathan táirgí a chumhdach agus chun cur chuige saolré iomláine a ghlacadh i leith rialáil táirgí. Léirigh sé tacaíocht láidir chun raon feidhme na Treorach maidir leis an Éicidhearthóireacht atá ann faoi láthair a leathnú, le comhaontú ginearálta gur cheart tosaíocht a thabhairt do na hearnálacha a sainaithníodh sa Phlean Gníomhaíochta um an nGeilleagar Ciorclach 2020. Léirigh an t-aiseolas gurbh fhearr (go háirithe monaróirí/allmhaireoirí) cur chuige lena gcuirtear sainiúlachtaí an táirge san áireamh go daingean. Tá comhaontú ginearálta ann go bhfuil an easpa reachtaíochta atá soiléir, cuimsitheach agus ceangailteach, agus an easpa faisnéise iontaofa, chomh maith le forfheidhmiú míchothrom na gceanglas éicidhearthóireachta uile ina mbacainn ar infhaighteacht táirgí inbhuanaithe ar mhargadh an Aontais a mhéadú. Tacaíonn tromlaigh shoiléire i ngach grúpa páirtithe leasmhara leis an smaoineamh pas táirge digiteach a thabhairt isteach, mar aon le dreasachtaí agus uirlisí chun éileamh ar tháirgí inbhuanaithe a spreagadh. Meastar gur gá gníomhaíochtaí forfheidhmiúcháin agus faireachais margaidh níos láidre a bheith ag gabháil le cur chun feidhme an tionscnaimh seo (e.g. cigireachtaí nó iniúchtaí).

Leagtar amach na conclúidí mionsonraithe ó na comhairliúcháin leis na páirtithe leasmhara in **Iarscríbhinn 2** a ghabhann leis an measúnú tionchair.

• **Bailiú agus úsáid saineolais**

Bhronn an Coimisiún conradh ar shaineolaithe seachtracha chun **staidéar** a dhéanamh chun cuidiú leis an measúnú tionchair a ghabhann leis an togra seo. Leis an staidéar sin, soláthraíodh cuid de na sonraí is bonn leis an anailís ar na roghanna beartais a leagtar amach sa doiciméad sin, agus cuireadh san áireamh iad ina dhiaidh sin sna bearta a áirítear sa togra reatha. D'oibrigh na saineolaithe i ndlúthchomhar leis an gCoimisiún i rith chéimeanna difriúla an staidéir.

[18] https://ec.europa.eu/info/law/better-regulation/have-your-say/initiatives/12567-Tionscnamh-um-thairgi-inbhuanaithe_ga

- **Measúnú tionchair**

Tá an togra bunaithe ar mheasúnú tionchair. Tar éis na saincheisteanna a tarraingíodh anuas i dtuairim dhiúltach an Bhoird um Ghrinnscrúdú Rialála an 17 Meán Fómhair 2021 a réiteach, tugadh tuairim dhearfach ar an measúnú tionchair an 21 Eanáir 2022. Ina thuairim dheiridh, d'iarr an Bord sonraí breise maidir leis an rogha roghanna, an modh a úsáidfear faoin rialachán agus an chaoi a leagfar síos na rialacha maidir le pasanna táirge digiteacha sa chleachtas.

Is é an phríomhfhadhb a bhféachtar leis an tionscnamh seo a réiteach, na fofhadhbanna a bhaineann leis, agus tá na roghanna beartais a sainaithníodh mionsonraithe i **Roinn 2** agus i **Roinn 5.2** den mheasúnú tionchair. Tá tuairisc mhionsonraithe i **Roinn 7** den mheasúnú tionchair ar an teaglaim tosaíochta de roghanna. In **Iarscríbhinn 10** a ghabhann leis an measúnú tionchair tugtar forléargas achomair ar chostais agus ar thairbhí na bhforoghanna ar fad a ndearnadh anailís orthu, agus tá tuilleadh faisnéise in **Iarscríbhinn 12** maidir leis na costais agus na sochair is dócha a bheidh ag baint leis an teaglaim tosaíochta de roghanna. Déantar achoimre ar na gnéithe sin ar fad san **achoimre feidhmiúcháin** a ghabhann leis an measúnú tionchair.

I ngeall ar an ailtireacht chreata atá beartaithe, is deacair na costais bheachta a eascraíonn as na ceanglais a mheas go beacht. Ní thabhófar an chuid is mó díobh ach ag an dara céim, tar éis achtú na reachtaíochta tánaistí.

Sna measúnuithe tionchair tiomnaithe a dhéanfar i ndáil le gach gníomh tarmligthe amach anseo, déanfar measúnú mionsonraithe ar na tionchair a bhfuil coinne leo, lena n-áirítear ar oibreoirí tríú tíortha, i bhfianaise an fhógra a thabharfaidh EDT ina leith freisin.

Ba cheart a thabhairt faoi deara, mar gheall ar ghlacadh an Togra ón gCoimisiún le haghaidh Treorach maidir le **Dícheall Cuí Inbhuanaithe Corparáideach**[19] le linn an tionscnamh seo a ullmhú, gur measadh gurbh iomchuí ceanglais maidir le gnéithe sóisialta a eisiamh ó raon feidhme an togra reachtaigh seo.

Mar a shonraítear sa téacs dlíthiúil, déanfar meastóireacht 8 bliana ó dháta chur i bhfeidhm an Rialacháin seo. I measc gnéithe eile, d'fhéadfaí a mheas sa mheastóireacht sin ceanglais shóisialta a áireamh sa chreat rialála.

- **Oiriúnacht rialála agus simpliú**

Meastar go gcruthófar leis an rialachán seo cothrom iomaíochta do ghnólachtaí atá ag feidhmiú sa mhargadh inmheánach. Is dócha go laghdóidh na ceanglais chomhchuibhithe atá molta ar leibhéal an AE na costais chomhlíonta fhoriomlána, ós rud é gur dócha go ngabhfaidh siad ionad na gceanglas iolrach atá ann cheana nó atá beartaithe ar an leibhéal náisiúnta.

Tá coinne leis go ngnóthóidh táirgeoirí a úsáideann táirgeadh níos inbhuanaithe agus slabhraí soláthair trédhearcacha sciar de mhargadh an Aontais agus go méadóidh siad a n-iomaíochas thar tháirgeoirí a úsáideann modhanna nach bhfuil chomh inbhuanaithe céanna.

Cé gur mhol FBManna go bhféadfadh tionchair dhiúltacha áirithe eascairt as roinnt de na bearta faoin teaglaim tosaíochta de roghanna beartais a sainaithníodh sa mheasúnú tionchair,

[19] COM (2022) 71 final.

mheas roinnt mhaith acu freisin gur féidir iad sin a fhritháireamh agus breisluach a thabhairt le himeacht ama (mar gheall ar chaiteachas ábhartha laghdaithe, dílseacht mhéadaithe do chustaiméirí, rochtain níos fearr ar an margadh do tháirgí níos glaise, buntáistí ó thaobh clú de etc.). Ina theannta sin, d'fhéach an Coimisiún go sonrach ar bhealaí chun na tionchair dhiúltacha ar FBManna a mhaolú. Sonraítear iad sin in Iarscríbhinn 19 a ghabhann leis an measúnú tionchair a ghabhann leis seo, agus i bhforálacha sonracha an togra reatha.

Chun críocha comhairliúcháin, agus é ag leanúint den sampla rathúil den Fhóram Comhairliúcháin atá ann faoi láthair faoin Treoir maidir leis an Éicidhearthóireacht, bunaítear leis an togra Fóram Éicidhearthóireachta ina bhfuil rannpháirtíocht chothrom ionadaithe na mBallstát agus na páirtithe leasmhara uile, amhail lucht tionscail, fiontair bheaga agus mheánmhéide agus an tionscal ceardaíochta, ceardchumainn, trádálaithe, miondíoltóirí, allmhaireoirí, grúpaí cosanta comhshaoil agus eagraíochtaí tomhaltóirí san áireamh. Tá an Fóram Éicidhearthóireachta teoranta do shaineolas a sholáthar don Choimisiún maidir leis an bplean oibre agus maidir le ceanglais éicidhearthóireachta a ullmhú, sula bhfeidhmíonn an Coimisiún a chumhachtaí tarmligthe go foirmiúil. Féadfaidh an Coimisiún grúpa saineolaithe breise a bhunú chun dul i gcomhairle leis na Ballstáit maidir leis na gníomhartha tarmligthe atá le glacadh faoin Rialachán seo, i gcomhréir le Comhaontú Idirinstitiúideach an 13 Aibreán 2016 maidir le Reachtóireacht Níos Fearr[20].

Áirítear sa togra freisin pas táirge digiteach a chruthú chun faisnéis a bhaineann le táirgí a chlárú, a phróiseáil agus a chomhroinnt go leictreonach i measc gnólachtaí, údaráis agus tomhaltóirí sa slabhra soláthair. Meastar go méadóidh sé sin trédhearcacht, do ghnólachtaí sa slabhra soláthair agus don phobal i gcoitinne araon, agus go méadófar éifeachtúlachtaí i dtéarmaí aistriú faisnéise. Go háirithe, is dócha go gcuideoidh sé le faireachán agus forfheidhmiú an rialacháin a dhéanann an tAontas agus údaráis na mBallstát a éascú agus a chuíchóiriú. Is dócha freisin go soláthrófar uirlis faisnéise margaidh a d'fhéadfaí a úsáid chun oibleagáidí a athbhreithniú agus a bheachtú amach anseo.

Aithníodh sa tuairim ón Ardán 'Réidh don Todhchaí' maidir le hÉicidhearthóireacht[21] gur gá feabhas a chur ar inbhuanaitheacht táirgí agus gur gá oibleagáidí nua a thabhairt isteach agus an t-ualach ar ghnólachtaí a choinneáil chomh híseal agus is féidir an tráth céanna. Rinne an tArdán naoi mholadh a breithníodh agus an reachtaíocht nua maidir le digitiú á dearadh; ag breithniú dó an t-ualach atá ar FBManna; agus comhsheasmhacht agus soiléireacht a áirithiú. Mar shampla, a chur ar a gcumas do thomhaltóirí rochtain níos fearr a bheith acu ar fhaisnéis agus a áirithiú go bhfágann an Pas Táirge Digiteach gur féidir sreafaí faisnéise éifeachtúla a bheith ann de réir na gcleachtas is fearr; agus an fhéidearthacht bearta maolaitheacha a bheith ag gabháil leis na bearta faoin Rialachán seo chun g mbeidh leis go bhfanfaidh na tionchair comhréireach i gcónaí do FBManna.

- **Cearta bunúsacha**

D'fhéadfadh sochair a bheith ag ceanglais éicidhearthóireachta do chosaint agus do chur chun cinn na gceart bunúsach mar a leagtar síos i gCairt um Chearta Bunúsacha an Aontais Eorpaigh, an tsaoirse chun gnó a sheoladh (Airteagal 16), an ceart chun cosaint an chomhshaoil (Airteagal 37) agus an ceart chun cosaint tomhaltóirí (Airteagal 38) san áireamh.

[20] IO L 123, 12.5. 2016, lch. 1.

[21] https://ec.europa.eu/info/sites/default/files/final_opinion_2021_sbgr2_10_ecodesign.pdf

4. IMPLEACHTAÍ BUISÉADACHA

Tá impleachtaí airgeadais teoranta ag an togra do bhuiséad an Choimisiúin. Go sonrach, tá gá le 54 choibhéis lánaimseartha chun an rialachán agus na gníomhartha tarmligthe gaolmhara a chur chun feidhme go hiomlán thar an tréimhse 2022-2027 de Chreat Airgeadais Ilbhliantúil an Aontais (CAI). Bheadh gá le gealltanais nua maidir leis na línte buiséid atá ann cheana, arb ionann iad agus EUR 23 338 milliún faoi Cheannteideal 1 de CAI (An Margadh Aonair, Nuálaíocht agus Digiteach), EUR 43 912 milliún faoi Cheannteideal 3 (Acmhainní Nádúrtha agus an Comhshaol) agus EUR 38 621 milliún faoi Cheannteideal 7 (Caiteachas Riaracháin). Cumhdófar na gealltanais nua sna clúdaigh bhuiséadacha na gclár ábhartha atá ann cheana.

Eascraíonn impleachtaí an bhuiséid go príomha ón obair seo a leanas:

– idir 2022 agus 2026, athbhreithniú a dhéanamh ar 33 Rialachán ón gCoimisiún agus 5 bheart nua a ghlacadh faoin Treoir reatha maidir leis an Éicidhearthóireacht, nach féidir leis an bhfoireann atá ag obair ar chur chun feidhme na Treorach faoi láthair a dhéanamh;

– suas le 18 ghníomh tharmligthe nua a ullmhú agus a ghlacadh idir 2024 agus 2027; chomh maith leis sin, ghlacfaí 12 ghníomh tharmligthe nua idir 2028 agus 2030, gníomhartha a mbeadh impleachtaí foirne agus buiséid ag baint leo in 2025-2027;

– Gníomhartha cur chun feidhme a ullmhú (ar an meán uair amháin in aghaidh na bliana ó 2024 ar aghaidh) nuair is gá sin chun coinníollacha aonfhoirmeacha a áirithiú maidir le cur chun feidhme an Rialacháin seo, mar shampla i ndáil le faireachas margaidh, nochtadh faisnéise maidir le hearraí tomhaltais gan díol a dhíothú nó bearta féinrialála a admháil; agus

– cúraimí cothrománacha a dhéanamh a bhaineann leis an bpas táirge digiteach, tacaíocht d'fhaireachas margaidh agus do rialú custaim, agus mol gnó ciorclach Eorpach chun tacú leis an malartú taithí idir gníomhaithe eacnamaíocha maidir leis an gciorclaíocht a chomhtháthú i ndearadh agus monarú táirgí[22].

Ó thaobh na riachtanas foirne de, d'fhéach an Coimisiún go cúramach ar bhealaí chun an obair a chomhroinnt idir Príomh-ASanna, baill foirne a ath-leithdháileadh nuair is féidir agus tacaíocht eolaíoch agus theicniúil a sheachfhoinsiú chun gníomhartha tarmligthe agus cur chun feidhme a ullmhú agus le haghaidh cúraimí trasnaí.

5. EILIMINTÍ EILE

- **Pleananna cur chun feidhme agus socruithe faireacháin, meastóireachta agus tuairiscithe**

I gcomhréir leis na treoirlínte maidir le Rialáil Níos Fearr a foilsíodh i mí na Samhna 2021 agus go háirithe le huirlis 38, dréachtóidh an Coimisiún straitéis cur chun feidhme tar éis do na comhreachtóirí an togra reachtach a ghlacadh. Cuirfear i láthair ann na huirlisí éagsúla chun comhlíonadh a chur chun cinn a úsáidfear agus áireofar iontu gnéithe a bhaineann le cur chun feidhme digiteach.

[22] Tacóidh an Mol le leas a bhaint as samhlacha gnó ciorclacha, faisnéis faoi chainéil agus seirbhísí lena n-áirítear múscailt feasachta, comhar, oiliúint agus malartuithe dea-chleachtais. Cuirfidh sé le saineolas agus le tairiscint seirbhíse na ngníomhaíochtaí AE atá ann cheana, go háirithe Ardán Eorpach Pháirtithe Leasmhara an Gheilleagair Chiorclaigh, Comhairleoirí Inbhuanaitheachta an Líonra Fiontair Eorpaigh agus an líonra bhraislí na teicneolaíochta glaise Eorpaí.

- **Míniúchán mionsonraithe ar fhorálacha sonracha an togra**

Leagtar síos in *Airteagal 1* ábhar an Rialacháin seo, eadhon creat chun ceanglais éicidhearthóireachta a shocrú, pas táirge digiteach a chruthú, agus toirmeasc a chur ar tháirgí tomhaltais gan díol a dhíothú. Leagtar síos ann na gnéithe táirgí lena mbaineann na ceanglais éicidhearthóireachta, amhail marthanacht agus iontaofacht, in-athúsáideacht, uasghrádaitheacht, indeisitheacht, agus féidearthachtaí maidir le cothabháil agus athchóiriú, substaintí ar ábhar imní iad a bheith ann, éifeachtúlacht fuinnimh agus acmhainní, inneachar athchúrsáilte. Ina theannta sin, leagtar amach raon feidhme an Rialacháin ann – ní dhíolmhaítear ach dornán earnálacha, amhail earnáil an bhia, earnáil na beatha agus earnáil na dtáirgí íocshláinte.

In *Airteagal 2*, leagtar síos na sainmhínithe is gá chun críocha an Rialacháin seo. Tógadh roinnt de na sainmhínithe seo as an gCreat Reachtach Nua (Rialachán (CE) Uimh. 765/2008 agus Cinneadh 768/2008/CE), as an Treoir maidir leis an Éicidhearthóireacht a aisghaireadh nó as reachtaíocht chomhshaoil an Aontais atá ann cheana (amhail an Treoir Réime Dramhaíola). Tugtar isteach sraith sainmhínithe nua, mar shampla maidir leis na forálacha i ndáil leis an bpas táirge agus maidir le díothú táirgí tomhaltais gan díol.

Leagtar amach in *Airteagal 3* an prionsabal ginearálta a bhaineann le saorghluaiseacht táirgí a chomhlíonann gníomhartha tarmligthe arna nglacadh de bhun an Rialacháin seo.

Leagtar síos in *Airteagal 4* na cumhachtaí don Choimisiún gníomhartha tarmligthe a ghlacadh chun an Rialachán seo a fhorlíonadh trí cheanglais éicidhearthóireachta, ceanglais a bhaineann le nósanna imeachta um measúnú comhréireachta, ceanglais maidir le tomhaltas fuinnimh nó feidhmíocht a thomhas i ndáil le paraiméadair eile, ceanglais ar mhonaróirí, ionadaithe údaraithe nó allmhaireoirí chun faisnéis a sholáthar don Choimisiún nó d'údaráis um fhaireachas margaidh, ceanglais maidir le huirlisí ar líne a úsáid chun feidhmíocht táirgí a ríomh, ceanglais maidir le rialacha malartacha le haghaidh dearbhú comhréireachta nó le haghaidh marcálacha agus ar deireadh, ceanglais maidir le dreasachtaí na mBallstát agus maidir le critéir soláthair phoiblí.

In *Airteagal 5*, leagtar síos an creat ginearálta chun ceanglais éicidhearthóireachta a ghlacadh. Leagtar síos ann na gnéithe táirgí is féidir a fheabhsú leis na ceanglais sin. Mínítear ann go bhféadfadh feidhm a bheith ag na ceanglais sin maidir le grúpa sonrach amháin táirgí nó go cothrománach maidir le níos mó grúpaí táirgí, i gcás inar féidir ceanglais choiteanna a shocrú a bhuí le cosúlachtaí teicniúla. Sonraítear ann go bhfuil ceanglais feidhmíochta agus ceanglais faisnéise ar áireamh sna ceanglais éicidhearthóireachta. Ar deireadh, leagtar síos ann roinnt coinníollacha a bheidh le comhlíonadh ag an gCoimisiún agus ceanglais éicidhearthóireachta á n-ullmhú aige, chomh maith le roinnt critéar a bheadh le comhlíonadh ag na ceanglais sin.

Cuireann sé ar a chumas don Choimisiúin freisin a cheangal ar ghníomhaithe sa slabhra soláthair comhoibriú le monaróirí, le comhlachtaí faoina dtugtar fógra agus le húdaráis náisiúnta inniúla d'fhonn a fhíorú cé acu atá táirgí ag comhlíonadh na gceanglas éicidhearthóireachta nach bhfuil.

Tugtar tuilleadh sonraí in *Airteagal 6* faoi cheanglais feidhmíochta, mar shampla gur féidir iad a bheith i bhfoirm leibhéal cainníochtúil nó i bhfoirm ceanglais neamhchainníochtúil, a shocraítear chun gné táirge a fheabhsú, ar bhonn paraiméadair roghnaithe táirge (a bhfuil liosta díobh in Iarscríbhinn I).

In *Airteagal 7* dírítear ar cheanglais faisnéise. Leagtar síos ann go n-áireofar i gcónaí sna ceanglais sin ceanglais a bhaineann leis an bpas táirge agus ceanglais a bhaineann le substaintí ar ábhar imní iad. Sa bhreis air sin, sonraítear san Airteagal cineálacha eile faisnéise is féidir a sholáthar, e.g. faisnéis faoin bhfeidhmíocht táirge nó faisnéis do thomhaltóirí maidir le conas

an táirge a shuiteáil nó a úsáid. D'fhéadfadh an fhaisnéis sin a bheith i bhfoirm 'aicmí feidhmíochta', mar shampla ó A go G, chun comparáid idir táirgí a éascú.

Ar deireadh, sonraítear san Airteagal na bealaí éagsúla inar féidir an fhaisnéis a sholáthar (e.g. ar an bpas, ar shuíomh gréasáin, ar lipéad, etc.).

Leagtar amach in *Airteagal 8* na gnéithe is gá don Choimisiún a shonrú sna ceanglais faisnéise maidir leis an bpas táirge digiteach, mar shampla an fhaisnéis atá le cur san áireamh agus cé a bhfuil rochtain aige ar an bhfaisnéis sin. Leagtar síos in *Airteagail 9 go 11* an fhoráil is gá chun an pas táirge a chur chun feidhme. Leagtar síos in *Airteagal 9* an ceanglas ginearálta maidir leis an bpas táirge. Déantar foráil in *Airteagal 10* maidir leis na ceanglais fhíor-riachtanacha le haghaidh dhearadh agus oibriú teicniúil an phas táirge. Leagtar síos in *Airteagal 11* na rialacha a bhaineann le hoibreoir uathúil agus aitheantóirí saoráide.

Déantar foráil in *Airteagal 12* maidir le clárlann a bhunú ina stórálfar an fhaisnéis atá sa phas táirge, rud a chuirfidh ar a chumas don Choimisiún a shonrú cén fhaisnéis is gá a uaslódáil.

Áirítear in *Airteagal 13* na forálacha lena sonraítear an méid a bhfuiltear coinne léi ó na húdaráis chustaim i ndáil leis an bpas táirge agus le cén fhaisnéis ba cheart rochtain a bheith acu uirthi chun a gcuid oibre a éascú.

Sonraítear in *Airteagal 14* na ceanglais a ghabhann le lipéid, nuair atá siad le húsáid le haghaidh grúpa táirgí ar leith. Mínítear ann sna cásanna sin, nach mór a shonrú i ngníomhartha tarmligthe inneachar an lipéid (lena n-áirítear na haicmí feidhmíochta) agus leagan amach an lipéid, agus an chaoi a gcuirfear ar taispeáint do thomhaltóirí iad. Más rud é go gcumhdaítear an táirge cheana le lipéad dá bhforáiltear sa Rialachán maidir le Lipéadú Fuinnimh (AE) 2017/1369, agus nach féidir an fhaisnéis faoi pharaiméadair eile, an fhaisnéis faoi aicmí eile feidhmíochta san áireamh, a áireamh air, d'fhéadfaí an fhaisnéis sin a áireamh ar lipéad ar leith má mheasann an Coimisiún gurb iomchuí sin a dhéanamh.

Sonraítear in *Airteagal 15* nach féidir le hoibreoirí eacnamaíocha lipéid a chur ar taispeáint lena ndéantar aithris ar na lipéid dá bhforáiltear faoin Rialachán seo.

Foráiltear le h*Airteagal 16* go nglacfaidh an Coimisiún plean oibre nach mór 3 bliana ar a laghad a chuimsiú ann agus a léiríonn na critéir maidir le tús áite a thabhairt do tháirgí. Áirítear sa phlean oibre liosta táscach de ghrúpaí táirgí a bhfuil sé ar intinn ag an gCoimisiún dul i ngleic leo sna blianta amach romhainn.

Le h*Airteagal 17*, bunaítear Fóram Éicidhearthóireachta (grúpa saineolaithe). Tá sé bunaithe ar an bhFóram Comhairliúcháin atá ann cheana a bunaíodh faoi Threoir 2009/125/CE.

Baineann *Airteagal 18* le bearta féinrialála. Is bearta faoi stiúir an tionscail iad sin is féidir a úsáid in ionad gníomhartha tarmligthe lena mbunaítear ceanglais éicidhearthóireachta arna nglacadh de bhun Airteagal 5. Bhí airteagal maidir le comhaontuithe deonacha i dTreoir 2009/125/CE[23] cheana. Leathnaítear le hAirteagal 17 den Rialachán seo an t-airteagal bunaidh ó Threoir 2009/125/CE. Go háirithe, leagtar síos ann cad ba cheart a bheith sa bheart féinrialála, cad ba cheart don tionscal a chur faoi bhráid an Choimisiúin mar fhianaise, agus an nós imeachta chun go n-aithneoidh an Coimisiún an beart féinrialála mar rogha mhalartach bhailí ar ghníomh tarmligthe.

Leagtar síos in *Airteagal 19* roinnt beart a cheanglaítear ar na Ballstáit agus ar an gCoimisiún a dhéanamh chun cabhrú le FBManna an Rialachán seo agus na gníomhartha tarmligthe a

[23] Treoir 2009/125/CE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 21 Deireadh Fómhair 2009 lena mbunaítear creat chun na ceanglais éicidhearthóireachta do tháirgí a bhaineann le fuinneamh a shocrú (Téacs atá ábhartha maidir le LEE) (IO L 285, 31.10.2009, lch. 10).

bheidh ann amach anseo a chur chun feidhme go ginearálta. Áirítear ar na bearta sin treoirlínte, cúnamh airgeadais agus oiliúint.

Ar an gcéad dul síos, bunaítear le h*Airteagal 20* oibleagáid ghinearálta maidir le trédhearcacht le haghaidh oibreoirí eacnamaíocha a aischuireann táirgí tomhaltais gan díol. Déantar foráil ann freisin maidir leis an bhféidearthacht gníomhartha tarmligthe a ghlacadh chun toirmeasc a chur ar oibreoirí eacnamaíocha táirgí tomhaltais gan díol a dhíothú. Féadfaidh díolúintí ón toirmeasc ginearálta, mar shampla ar chúiseanna sláinte agus sábháilteachta, a bheith sna gníomhartha tarmligthe sin. Má úsáidtear díolúine den sórt sin, tá oibleagáid maidir le trédhearcacht ar oibreoirí eacnamaíocha freisin (i.e. nochtadh líon na dtáirgí a dhíothú, na cúiseanna ar díothaíodh iad, etc.). Níl feidhm ag an airteagal maidir le FBManna, ach leis an ngníomh tarmligthe lena dtoirmisctear táirgí a dhíothú féadfar a shonrú go bhfuil feidhm ag roinnt oibleagáidí maidir le catagóirí áirithe FBManna (micrifhiontair agus fiontair bheaga agus mheánmhéide).

Le h*Airteagail 21, 22, 23 agus 24* leagtar síos oibleagáidí le haghaidh monaróirí, ionadaithe údaraithe, allmhaireoirí agus dáileoirí. Tá siad bunaithe ar fhorálacha caighdeánacha ó Chinneadh 768/2008/CE.

Leagtar síos in *Airteagal 25* oibleagáidí na ndéileálaithe (ar miondíoltóirí nó díoltóirí iad de ghnáth) go háirithe maidir le lipéid a thaispeáint agus rochtain ar an bpas táirge, lena n-áirítear i gcás ciandíolacháin (ar líne).

In *Airteagal 26* bailítear le chéile na hoibleagáidí éagsúla is gá do na hoibreoirí eacnamaíocha a chomhlíonadh má cheanglaítear sa ghníomh tarmligthe go mbeidh lipéad ar an táirge (e.g. lipéid a sholáthar do dhéileálaithe).

Baineann *Airteagal 27* leis na hoibleagáidí atá ar sholáthraithe seirbhíse comhlíonta, eadhon a áirithiú, agus táirge á láimhseáil acu, nach gcuirfear comhlíonadh na dtáirgí leis na ceanglais éicidhearthóireachta i mbaol mar gheall ar na dálaí le linn trádstóráil, pacáistiú, seoladh a chur ar tháirgí nó táirgí a sheoladh.

Is airteagal caighdeánach é *Airteagal 28* ó Chinneadh 768/2008/CE, ina leagtar síos an dá chás ina bhfuil feidhm ag oibleagáidí le haghaidh monaróirí maidir le hallmhaireoirí agus dáileoirí.

Leagtar amach in *Airteagal 29* na hoibleagáidí atá ar mhargaí ar líne agus ar innill chuardaigh ar líne go háirithe maidir le comhar le húdaráis um fhaireachas margaidh. Sonraítear ann freisin gur cheart an chumhacht a bheith ag údaráis um fhaireachais margaidh margadh ar líne a ordú ábhar neamhdhleathach a bhaint anuas.

Le h*Airteagal 30* leagtar síos an fhéidearthacht go mbeidh gníomhartha tarmligthe ann amach anseo chun ceangal a chur ar oibreoirí eacnamaíocha an doiciméadacht theicniúil a chur ar fáil go digiteach gan iarraidh a dhéanamh. Thairis sin, chun measúnú a dhéanamh ar dhul i bhfód ar an margadh maidir le táirgí ar leagadh síos ceanglais éicidhearthóireachta ina leith, leis an Airteagal ceanglaítear ar oibreoirí eacnamaíocha faisnéis a sholáthar maidir leis na táirgí a sholáthraítear.

Sonraítear in *Airteagal 31* gur cheart a bheith in ann le táirgí, i gcás inarb iomchuí, an fuinneamh a thomhlaíonn siad agus iad á n-úsáid, nó a fheidhmíocht i gcomparáid le paraiméadair ábhartha eile, a thomhas agus na sonraí sin a chur ar fáil don úsáideoir deiridh. Nuair a bhunófar amhlaidh i ngníomh tarmligthe, déanfaidh monaróirí na sonraí sin a bhailiú, a anaithnidiú agus a thuairisciú don Choimisiún.

Is forálacha caighdeánacha den chuid is mó atá i *gCaibidil VIII* maidir le comhréireacht táirgí maidir le conas measúnú a dhéanamh ar chomhréireacht táirgí. Baineann sí leis na nithe seo a leanas:

– modhanna iontaofa, cruinne agus in-atáirgthe a úsáid chun tástálacha, tomhais agus ríomhanna a dhéanamh (*Airteagal 32*);

– caighdeáin chomhchuibhithe lena dtugtar toimhde comhréireachta (*Airteagal 34*);

– an deis a bheith ann don Choimisiún sonraíochtaí coiteanna a ghlacadh i gcás nach bhfuil caighdeáin chomhchuibhithe ar fáil (*Airteagal 35*);

– na nósanna imeachta um measúnú comhréireachta (*Airteagal 36*);

– dearbhú comhréireachta AE (*Airteagal 37*); agus

– an mharcáil CE (*Airteagail 38 agus 39*) agus an fhéidearthacht marcálacha malartacha a úsáid (*Airteagal 40*).

Is fiú a thabhairt faoi deara sa Chaibidil chaighdeánach seo toimhde comhréireachta le ceanglais éicidhearthóireachta do tháirgí a bhfuil Éicilipéad an Aontais orthu (*Airteagal 34*) agus an fhéidearthacht an modúl ábhartha um measúnú comhréireachta a leasú sa ghníomh tarmligthe ag brath ar an táirge atá i gceist (*Airteagal 36*).

Baineann *Airteagal 33* le himchéimniú a chosc. Mar shampla, ní cheadófar ar an margadh táirgí atá ceaptha le bheith in ann a bhrath go bhfuil siad á dtástáil agus a athraíonn a bhfeidhmíocht go huathoibríoch chun toradh níos fabhraí a bhaint amach.

Baineann *Caibidil IX* (*Airteagal 41* go *56*) le fógra a thabhairt do chomhlachtaí um measúnú comhréireachta agus tá forálacha caighdeánacha ann atá bunaithe ar Chinneadh 768/2008/CE, mar aon le feabhsuithe spriocdhírithe ar na forálacha sin chun soiléireacht dhlíthiúil a áirithiú agus chun neamhspleáchas, inniúlacht agus faireachán na gcomhlachtaí faoina dtugtar fógra a neartú a thuilleadh.

Foráiltear le h*Airteagal 57*, gur cheart do na dreasachtaí sin, má ghlacann na Ballstáit dreasachtaí chun táirgí a chúiteamh, díriú, i bprionsabal, ar an dá aicme feidhmíochta is airde, nó ar an dá aicme feidhmíochta is airde a bhfuil Éicilipéad AE orthu. I gcás nach socraítear aon aicme feidhmíochta, nó i gcás ina bhfuil an aicme feidhmíochta bunaithe ar roinnt paraiméadar táirgí, is féidir leis an gCoimisiún a shonrú a thuilleadh i ngníomh tarmligthe an chaoi nach mór do dhreasachtaí na mBallstát a oibriú.

Baineann *Airteagal 58* le soláthar poiblí glas agus go sonrach leis an bhféidearthacht go mbunófaí le gníomhartha tarmligthe arna nglacadh de bhun an Rialacháin seo ceanglais is infheidhme maidir le conarthaí poiblí (sonraíochtaí teicniúla, critéir roghnúcháin, critéir dhámhachtana, etc.), bunaithe ar na paraiméadair táirgí a liostaítear san Iarscríbhinn a ghabhann leis an Rialachán seo.

Baineann *Caibidil XI* le faireachas margaidh. Go ginearálta, cuireann sí leis na hoibleagáidí atá ann faoin Rialachán maidir le Faireachas Margaidh (AE) 2019/1020, agus déantar foráil ann maidir le roinnt oibleagáidí níos sonraí i gcás inarb ábhartha don Rialachán seo.

In *Airteagal 59* ceanglaítear ar na Ballstáit plean gníomhaíochta a tharraingt suas le haghaidh gníomhaíochtaí faireachais margaidh, nach mór a áireamh ann ‘tosaíochtaí d’fhaireachas margaidh’, a bheidh le sainaithint bunaithe ar roinnt critéar a leagtar síos san Airteagal, agus ar bhonn chineál agus líon na seiceálacha atá beartaithe.

Le h*Airteagal 60* tugtar de chumhacht don Choimisiún gníomhartha tarmligthe a ghlacadh ina leagtar amach líon íosta seiceálacha atá le déanamh ar tháirgí sonracha.

Déantar tagairt in *Airteagal 61* don chóras faisnéise agus cumarsáide faoin Rialachán maidir le Faireachas Margaidh (ICSMS) agus ceanglaítear ar na Ballstáit faisnéis a chur isteach maidir leis na pionóis a fhorchuirtear de bhun an Rialacháin seo. Ar an mbonn sin, ceanglaítear ar an gCoimisiún tuarascáil a ghlacadh lena n-áirítear tagarmharcanna táscacha maidir le minicíocht na seiceálacha agus maidir le cineál agus déine na bpionós a fhorchuirtear.

Déantar tagairt in *Airteagal 62* don ghrúpa comhair riaracháin ('ADCO') a bunaíodh de bhun an Rialacháin maidir le Faireachas Margaidh agus leagtar amach ann a ról i gcomhthéacs an Rialacháin seo. Áirítear leis an ról sin tosaíochtaí coiteanna a shainaithint do phleananna gníomhaíochta na mBallstát nó do thosaíochtaí maidir le tacaíocht an Aontais (amhail comhthionscadail faireachais margaidh agus tástála, comhinfheistíocht in acmhainní faireachais margaidh, lena n-áirítear trealamh agus uirlisí TF, seisiúin oiliúna choiteanna, agus treoirlínte).

Baineann *Caibidil XII* le nósanna imeachta cosanta agus tá sí bunaithe ar fhorálacha caighdeánacha. Leagtar amach in *Airteagal 61* an nós imeachta atá le leanúint ag údarás náisiúnta um fhaireachais margaidh i gcás ina measann sé go bhfuil riosca ag baint le táirge. I gcás den sórt sin, ní mór don údarás náisiúnta um fhaireachas margaidh nós imeachta a thionscnamh chun údaráis um fhaireachas margaidh eile a chur ar an eolas faoi na bearta atá déanta (toirmeasc nó srian ar an táirge a chur ar fáil, a tharraingt siar nó a aisghairm).

Leagtar síos in *Airteagal 64* nós imeachta cosanta an Aontais atá le húsáid má easaontaíonn Ballstát nó an Coimisiún le beart a dhéantar ar an leibhéal náisiúnta faoin nós imeachta cosanta a leagtar amach in *Airteagal 63*. Tar éis comhairliúcháin, glacfaidh an Coimisiún gníomh cur chun feidhme lena gcinnfear cé acu atá údar leis an mbeart nó nach bhfuil. A luaithe a ghlacfar é, ní mór do na Ballstáit uile a áirithiú go dtarraingeofar an táirge neamhchomhlíontach siar óna margadh.

Baineann *Airteagal 65* leis an gcás ar leith ina mbaineann neamhchomhlíonadh le hoibleagáid fhoirmiúil (an mharcáil CE, dearbhú comhréireachta an Aontais Eorpaigh a ghreamú etc.)

Is caibidil chaighdeánach í *Caibidil XIII* ina bhfuil airteagail maidir le gníomhartha tarmligthe (*Airteagal 66*) agus maidir le gníomhartha cur chun feidhme (*Airteagal 67*).

Is caibidil chaighdeánach í *Caibidil XIV* maidir le forálacha críochnaitheacha, ina bhfuil airteagail maidir le pionóis (*Airteagal 68*), maidir le meastóireacht a dhéanamh ar an Rialachán 8 mbliana tar éis a ghlactha (*Airteagal 69*), agus maidir le forálacha aisghairme agus idirthréimhseacha (*Airteagal 70*). Is fiú a thabhairt faoi deara gur cheart go leanfadh bearta cur chun feidhme arna nglacadh faoin Treoir maidir leis an Éicidhearthóireacht d'fheidhm a bheith acu go dtí go ndéanfar iad a aisghairm le gníomh tarmligthe arna ghlacadh de bhun an Rialacháin seo.

Leagtar amach in *Iarscríbhinn I* na paraiméadair táirge atá le húsáid chun ceanglais feidhmíochta agus faisnéise a shocrú le haghaidh táirgí faoin Rialachán seo.

Leagtar síos le h*Iarscríbhinn II* an nós imeachta chun na ceanglais feidhmíochta sin a shocrú.

Liostaítear in *Iarscríbhinn III* an fhaisnéis is féidir a chur sa phas táirge agus sonraítear an fhaisnéis atá le cur san áireamh inti.

Atáirgtear in *Iarscríbhinn IV* an modúl caighdeánach um measúnú comhréireachta dá dtagraítear in Airteagal 35 (ó Chinneadh 768/2008/CE).

Atáirgtear in *Iarscríbhinn V* dearbhú comhréireachta caighdeánach AE.

Tá faisnéis níos mionsonraithe in *Iarscríbhinn VI* maidir le hábhar na ngníomhartha tarmligthe lena leagtar síos ceanglais éicidhearthóireachta atá le glacadh de bhun an Rialacháin seo.

Leagtar síos in *Iarscríbhinn VII* na critéir ghinearálta is infheidhme maidir le bearta féinrialála (Airteagal 18).

Iarscríbhinn chaighdeánach atá in *Iarscríbhinn VIII* lena n-áirítear an tábla comhghaoil leis an Treoir maidir leis an Éicidhearthóireacht.

2022/0095 (COD)

Togra le haghaidh

RIALACHÁN Ó PHARLAIMINT NA hEORPA AGUS ÓN gCOMHAIRLE

lena mbunaítear creat chun ceanglais éicidhearthóireachta le haghaidh táirgí inbhuanaithe a leagan síos agus lena n-aisghairtear Treoir 2009/125/CE

(Téacs atá ábhartha maidir le LEE)

TÁ PARLAIMINT NA hEORPA AGUS COMHAIRLE AN AONTAIS EORPAIGH,

Ag féachaint don Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh, agus go háirithe Airteagal 114 de,

Ag féachaint don togra ón gCoimisiún Eorpach,

Tar éis dóibh an dréachtghníomh reachtach a chur chuig na parlaimintí náisiúnta,

Ag féachaint don tuairim ó Choiste Eacnamaíoch agus Sóisialta na hEorpa[24],

Ag gníomhú dóibh i gcomhréir leis an ngnáthnós imeachta reachtach,

De bharr an mhéid seo a leanas:

(1) Is éard atá sa Chomhaontú Glas don Eoraip[25] straitéis na hEorpa maidir le fás inbhuanaithe a bhfuil sé a bhfuil sé d'aidhm aici sochaí chothrom rathúil a dhéanamh den Aontas, ina mbeidh geilleagar nua-aimseartha, iomaíoch, neodrach ó thaobh na haeráide de agus ciorclach. Leagtar amach an cuspóir uaillmhianach chun a áirithiú go mbeidh an tAontas ar an gcéad ilchríoch a bheidh neodrach ó thaobh na haeráide de faoi 2050. Aithníonn sé na buntáistí a bhaineann le hinfheistíocht a dhéanamh in inbhuanaitheacht iomaíoch an Aontais trí Eoraip níos cothroime, níos glaise agus níos digití a thógáil. Tá ról lárnach ag táirgí san aistriú glas seo. Ag cur i dtábhacht go bhfuil na próisis táirgthe agus na patrúin tomhaltais atá ann faoi láthair fós ró-líneach agus go bhfuil siad ag brath an iomarca ar thríchur ábhar nua a bhaintear, a thrádáiltear agus a phróiseáiltear agus a dhiúscraítear ar deireadh mar dhramhaíl nó mar astaíochtaí, cuireann an Comhaontú Glas don Eoraip béim ar an ngéarghá atá le haistriú go samhail an gheilleagair chiorclaigh agus cuireann sé béim ar an dul chun cinn suntasach atá fós le déanamh. Sainaithnítear leis in an éifeachtúlacht fuinnimh mar thosaíocht i ndícharbónú na hearnála fuinnimh agus i mbaint amach na gcuspóirí aeráide in 2030 agus 2050.

(2) Chun dlús a chur leis an aistriú chuig samhail den gheilleagar ciorclach, cheap an Coimisiún clár oibre atá dírithe ar an todhchaí ina Phlean Gníomhaíochta um an nGeilleagar Ciorclach le haghaidh Eoraip a bheidh níos glaine agus níos iomaíche[26]

---

24 IO C ,, lch. .

25 Teachtaireacht ón gCoimisiún chuig Parlaimint na hEorpa, chuig an gComhairle, chuig Comhairle na hEorpa, chuig Coiste Eacnamaíoch agus Sóisialta na hEorpa agus chuig Coiste na Réigiún *An Comhaontú Glas don Eoraip* COM(2019)40 final.

26 Teachtaireacht ón gCoimisiún chuig Parlaimint na hEorpa, chuig an gComhairle Eorpach, chuig an gComhairle, chuig Coiste Eacnamaíoch agus Sóisialta na hEorpa agus chuig Coiste na Réigiún dar

(CEAP), agus é ina chuspóir aige an creat rialála a chur in oiriúint do thodhchaí inbhuanaithe. Mar a leagtar amach sa phlean seo, níl aon tacar cuimsitheach ceanglas ann faoi láthair chun a áirithiú go mbeidh na táirgí uile a chuirtear ar mhargadh an Aontais ag éirí níos inbhuanaithe agus go gcomhlíonann siad critéir na ciorclaíochta. Go háirithe, le dearadh táirgí ní chuirtear inbhuanaitheacht chun cinn go leordhóthanach le linn na saolré iomláine. Dá thoradh sin, tá táirgí á n-athsholáthar go minic, lena mbaineann úsáid shuntasach fuinnimh agus acmhainní chun táirgí nua a tháirgeadh agus a dháileadh agus chun seantáirgí a dhiúscairt. Tá sé ródheacair fós d'oibreoirí eacnamaíocha agus do shaoránaigh roghanna inbhuanaithe a dhéanamh maidir le táirgí ós rud é go bhfuil an fhaisnéis ábhartha nó roghanna inacmhainne chun é sin a dhéanamh in easnamh. Dá thoradh sin caillteár deiseanna i dtaca le hinbhuanaitheacht agus le hoibríochtaí luachchoinneála, leis an éileamh teoranta ar ábhair thánaisteacha agus le bacainní ar ghlacadh samhlacha gnó ciorclacha.

(3) Leagtar amach sa Straitéis Eorpach maidir le tionsclaíocht[27] uaillmhian uileghabhálach an Aontais 'an dá aistriú' i dtreo neodracht aeráide agus ceannaireacht dhigiteach a chothú. Tacaíonn sí leis an gComhaontú Glas don Eoraip agus í ag díriú ar an ról ceannasach nach mór do thionscal na hEorpa a imirt ina leith sin, trína lorg carbóin agus ábhair a laghdú agus trí chiorclaíocht a neadú ar fud an gheilleagair, agus cuirtear i dtábhacht inti an gá atá ann aistriú ó shamhlacha traidisiúnta, agus athrú ó bhonn a dhéanamh ar an mbealach a ndéanaimid táirgí a dhearadh, a dhéanamh, a úsáid agus a dhiúscairt. Le Nuashonrú ar an Straitéis Eorpach maidir le tionsclaíocht 2021[28], treisítear príomhtheachtaireachtaí Straitéis 2020 agus dírítear ar na ceachtanna a foghlaimíodh ó ghéarchéim COVID-19, lena n-áirítear an gá le hathléimneacht a chothú.

(4) I gcás nach bhfuil ann do reachtaíocht ar leibhéal an Aontais, tá cineálacha éagsúla cur chuige náisiúnta ann cheana maidir le hinbhuanaitheacht comhshaoil táirgí a fheabhsú, ceanglais faisnéise maidir le fad comhoiriúnachta bogearraí feistí leictreonacha agus oibleagáidí tuairiscithe maidir le láimhseáil earraí marthanacha gan díol ina measc. Is léiriú é seo gur dócha go mbeidh ilroinnt bhreise sa mhargadh inmheánach de thoradh iarrachtaí breise náisiúnta chun na haidhmeanna atá á saothrú leis an Rialachán seo a bhaint amach. Dá bhrí sin, d'fhonn feidhmiú an mhargaidh inmheánaigh a chosaint agus ardleibhéal cosanta comhshaoil a áirithiú an tráth céanna, tá gá le creat rialála chun ceanglais éicidhearthóireachta a thabhairt isteach de réir a chéile le haghaidh táirgí. Leis an Rialachán seo, déanfar an creat sin a chur ar fáil tríd an gcur chuige éicidhearthóireachta a leagadh amach ar dtús i dTreoir 2009/125/CE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle[29] is infheidhme maidir leis an réimse is leithne is féidir táirgí.

---

teideal *Plean Gníomhaíochta nua um an nGeilleagar Ciorclach Chun Eoraip níos glaine agus níos iomaíche a bhaint amach* COM/2020/98 final.

27 Teachtaireacht ón gCoimisiún chuig Parlaimint na hEorpa, chuig an gComhairle, chuig Comhairle na hEorpa, chuig Coiste Eacnamaíoch agus Sóisialta na hEorpa agus chuig Coiste na Réigiún *Straitéis Eorpach nua maidir le tionsclaíocht* COM(2020)40 final.

28 Teachtaireacht ón gCoimisiún chuig Parlaimint na hEorpa, chuig an gComhairle Eorpach, chuig an gComhairle, chuig Coiste Eacnamaíoch agus Sóisialta na hEorpa agus chuig Coiste na Réigiún, *Nuashonrú ar Straitéis Eorpach nua maidir le tionsclaíocht 2020: Margadh Aonair níos láidre a thógáil le haghaidh théarnamh na hEorpa* COM(2021) 350 final.

29 Treoir 2009/125/CE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 21 Deireadh Fómhair 2009 lena mbunaítear creat chun na ceanglais éicidhearthóireachta do tháirgí a bhaineann le fuinneamh a shocrú (Téacs atá ábhartha maidir le LEE) (IO L 285, 31.10.2009, lch. 10).

(5) Leis an Rialachán seo rannchuideofar le táirgí a chuirtear ar mhargadh an Aontais a chur in oiriúint do gheilleagar ciorclach atá aeráidneodrach agus tíosach ar acmhainní, dramhaíl a laghdú agus a áirithiú gur gnáthchaighdeán í feidhmíocht na gceannródaithe san inbhuanaitheacht de réir a chéile. Ba cheart foráil a dhéanamh leis maidir le ceanglais nua éicidhearthóireachta a shocrú chun feabhas a chur ar mharthanacht táirgí, ar a n-athúsáid, ar a n-uasghrádaitheacht agus ar a n-indeisitheacht, ar na féidearthachtaí maidir le hathchóiriú agus cothabháil, chun aghaidh a thabhairt ar cheimiceáin ghuaiseacha i dtáirgí, chun éifeachtúlacht fuinnimh agus acmhainní na dtáirgí a mhéadú, chun a nginiúint ábhar dramhaíola a bhfuil coinne léi a laghdú agus chun ábhar athchúrsáilte i dtáirgí a mhéadú, agus an tráth céanna feidhmíocht agus sábháilteacht na dtáirgí a áirithiú, athmhonarú agus athchúrsáil ardcháilíochta a chumasú agus an lorg carbóin agus comhshaoil a laghdú.

(6) Sa Rún uaithi an 25 Samhain 2020 dar teideal ‘I dtreo margaidh aonair níos inbhuanaithe do ghnólachtaí agus do thomhaltóirí’[30], chuir Parlaimint na hEorpa in iúl gur díol sásaimh di táirgí marthanacha a chur chun cinn, ar táirgí iad atá níos éasca a dheisiú, a athúsáid agus a athchúrsáil. Ina thuarascáil maidir leis an bPlean Gníomhaíochta Nua um an nGeilleagar Ciorclach Nua a glacadh an 16 Feabhra 2021[31], thacaigh Parlaimint na hEorpa tuilleadh leis an gclár oibre a chuir an Coimisiún i láthair i CEAP. Mheas sí, leis an aistriú chuig geilleagar ciorclach, gur féidir réitigh a sholáthar chun aghaidh a thabhairt ar na dúshláin chomhshaoil atá ann faoi láthair agus ar an ngéarchéim eacnamaíoch a tháinig as paindéim COVID-19. Ina conclúidí maidir le bheith ag féachaint le Téarnamh Ciorclach Glas, a glacadh ar an 11 Nollaig 2020[32], ba dhíol sásaimh don Chomhairle freisin rún an Choimisiúin tograí reachtacha a chur isteach mar chuid de chreat beartais cuimsitheach, comhtháite agus inbhuanaithe do tháirgí lena gcuirtear neodracht aeráide, éifeachtúlacht fuinnimh agus acmhainní agus geilleagar ciorclach neamhthocsaineach chun cinn, lena gcosnaítear an tsláinte phoiblí agus an bhithéagsúlacht, agus lena gcumasaítear agus lena gcosnaítear tomhaltóirí agus ceannaitheoirí poiblí.

(7) Leis an Rialachán seo, ba cheart rannchuidiú le cuspóirí aeráide agus fuinnimh an Aontais a bhaint amach. I gcomhréir leis na spriocanna a leagtar amach i gComhaontú Pháras, arna dhaingniú ag an Aontas in 2016[33], i Rialachán (AE) 2021/1119 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle, bunaítear leis ‘an Dlí Aeráide Eorpach’[34] gealltanas ceangailteach maidir le laghdú intíre de chuid an Aontais maidir le glanastaíochtaí gás ceaptha teasa de 55 % ar a laghad faoi 2030 agus cumhdaítear sa reachtaíocht an sprioc maidir le neodracht aeráide ar fud an gheilleagair faoi 2050. In 2021, ghlac an Coimisiún an pacáiste ‘Oiriúnach do 55’[35] ionas go mbeidh beartais aeráide agus fuinnimh an Aontais oiriúnach chun na cuspóirí sin a bhaint amach. Chun an méid sin a dhéanamh, i gcomhréir le céadphrionsabal na héifeachtúlachta fuinnimh a chumhdaítear i dTreoir (AE) 2018/2002 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón

30 P9_TA(2020)0318.

31 P9_TA(2021)0040.

32 13852/20.

33 Cinneadh (AE) 2016/1841 ón gComhairle an 5 Deireadh Fómhair 2016 maidir le tabhairt i gcrích Chomhaontú Pháras a glacadh faoi Chreat-Choinbhinsiún na Náisiún Aontaithe ar an Athrú Aeráide, thar ceann an Aontais Eorpaigh (IO L 282, 19.10.2016, lch. 1).

34 Rialachán (AE) 2021/1119 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 30 Meitheamh 2021 lena mbunaítear an creat chun aeráidneodracht a bhaint amach agus lena leasaítear Rialacháin (CE) Uimh. 401/2009 agus (AE) 2018/1999 (‘An Dlí Aeráide Eorpach’) (IO L 243, 9.7.2021, lch. 1).

35 https://ec.europa.eu/commission/presscorner/detail/ga/IP_21_3541

gComhairle[36], ní mór feabhsuithe ar an éifeachtúlacht fuinnimh a mhéadú go suntasach, go dtí thart ar 36 % i dtéarmaí an tomhaltais fuinnimh deiridh faoi 2030[37]. Ba cheart ról nach beag a bheith ag ceanglais táirge a bhunaítear faoin Rialachán seo i dtreo na sprice sin trí lorg fuinnimh táirgí a laghdú go suntasach. Leis na ceanglais éifeachtúlachta fuinnimh sin, laghdófar freisin leochaileacht na dtomhaltóirí i leith méaduithe ar phraghsanna fuinnimh. Mar a aithnítear i gComhaontú Pháras, beidh ról tábhachtach ag feabhas a chur ar inbhuanaitheacht an tomhaltais agus an táirgthe maidir le haghaidh a thabhairt ar an athrú aeráide.

(8) Leis an Rialachán seo, ba cheart rannchuidiú freisin le cuspóirí comhshaoil níos leithne an Aontais a bhaint amach. Cumhdaíonn an 8ú Clár Gníomhaíochta Comhshaoil[38] i gcreat dlíthiúil cuspóir an Aontais fanacht laistigh de theorainneacha an phláinéid agus sainaithnítear ann coinníollacha cumasúcháin chun cuspóirí tosaíochta a bhaint amach, an t-aistriú chuig geilleagar ciorclach neamhthocsaineach san áireamh. Leis an gComhaontú Glas don Eoraip, iarrtar ar an Aontas freisin faireachán níos fearr a dhéanamh ar thruailliú aeir, uisce, ithreach agus táirgí tomhaltais, agus an truailliú sin a chosc agus a leigheas. Ciallaíonn sé sin nach mór ceimiceáin, ábhair agus táirgí a bheith chomh sábháilte agus chomh hinbhuanaithe agus is féidir ina ndearadh agus le linn a saolré, agus rud a bheidh timthriallta ábhar neamhthocsaineach ina thoradh air[39]. Ina theannta sin, leis an gComhaontú Glas don Eoraip agus le CEAP aithnítear go soláthraíonn margadh inmheánach an Aontais mais chriticiúil lenar féidir tionchar a imirt ar chaighdeáin dhomhanda maidir le hinbhuanaitheacht táirgí agus dearadh táirgí. Dá bhrí sin, ba cheart ról nach beag a bheith ag an Rialachán seo maidir le roinnt spriocanna arna mbunú faoi Spriocanna Forbartha Inbhuanaithe Chlár Oibre 2030 na Náisiún Aontaithe don Fhorbairt Inbhuanaithe 'Tomhaltas agus táirgeacht freagrach'[40], laistigh agus lasmuigh den Aontas, a bhaint amach.

(9) Le Treoir 2009/125/CE bunaítear creat chun na ceanglais éicidhearthóireachta do tháirgí a bhaineann le fuinneamh a shocrú. I gcomhar le Rialachán (AE) 2017/1369 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle[41], tá laghdú nach beag tagtha ar éileamh fuinnimh phríomhúil AE ar tháirgí agus meastar go leanfaidh an coigilteas sin de bheith ag méadú. Áiríodh freisin sna bearta cur chun feidhme a glacadh faoi Threoir 2009/125/CE ceanglais maidir le gnéithe ciorclaíochta, amhail marthanacht, indeisitheacht agus in-athchúrsáilteacht. An tráth céanna, tá raon feidhme ionstraimí

---

36 Treoir (AE) 2018/2002 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 11 Nollaig 2018 lena leasaítear Treoir 2012/27/AE maidir le héifeachtúlacht fuinnimh (IO L 328, 21.12.2018, lch. 210).

37 De réir an mheasúnaithe tionchair a ghabhann leis an bPlean um Sprioc Aeráide (*Dlús a chur le huaillmhian aeráide na hEorpa do 2030 – Infheistíocht i dtodhchaí aeráidneodrach chun leas an phobail*, COM/2020/562 final) agus leis an [togra i leith na Treorach maidir le hÉifeachtúlacht Fuinnimh]

38 Cinneadh (AE) 2022/... ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an... maidir le Clár Ginearálta Gníomhaíochta Comhshaoil an Aontais go dtí 2030 [Cuir isteach tagairt nuair a fhoilseofar in IO é – comhaontú tríthaobhach an 2 Nollaig 2021].

39 Mar a leagtar amach i bPlean Gníomhaíochta an Aontais *i dtreo neamh-thruailliú le haghaidh aeir, uisce agus ithreach* (COM(2021)400 final) agus *an Straitéis Ceimiceán um an Inbhuanaitheacht* (COM(2020)667 final), ina n-iarrtar na spriocanna nialasacha maidir le truailliú a bhaint amach i dtáirgeadh agus i dtomhaltas.

40 Lena n-áirítear spriocanna faoi SDG 12 go háirithe ('Tomhaltas agus táirgeacht freagrach').

41 Rialachán (AE) 2017/1369 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 4 Iúil 2017 lena leagtar amach creat i gcomhair lipéadú fuinnimh agus lena n-aisghairtear Treoir 2010/30/AE (IO L 198, 28.7.2017, lch. 1).

amhail Éicilipéad AE, a tugadh isteach le Rialachán (CE) Uimh. 66/2010 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle [42] nó le critéir an AE um sholáthar poiblí glas[43] níos leithne ach tá tionchar laghdaithe acu mar gheall ar na srianta a bhaineann le cur chuige deonach.

(10) Tríd is tríd, d'éirigh go maith le Treoir 2009/125/CE maidir le héifeachtúlacht fuinnimh agus roinnt gnéithe ciorclachta de tháirgí a bhaineann le fuinneamh a chothú, agus lena cur chuige d'fhéadfaí aghaidh a thabhairt de réir a chéile ar inbhuanaitheacht na dtáirgí uile. Chun gealltanais an Chomhaontaithe Ghlais don Eoraip a bhaint amach, ba cheart an cur chuige sin a leathnú chuig grúpaí táirgí eile agus aghaidh a thabhairt go córasach ar phríomhghnéithe chun inbhuanaitheacht comhshaoil táirgí a mhéadú le ceanglais cheangailteacha. Trína áirithiú nach gcuirfear ar mhargadh an Aontais ach táirgí a chomhlíonann na ceanglais sin, ba cheart go bhfeabhsódh an Rialachán seo saorghluaiseacht na dtáirgí sin trí mhíchothromaíochtaí náisiúnta a sheachaint, ach go laghdófaí freisin tionchair dhiúltacha chomhshaoil saolré na dtáirgí sin a bhfuil na ceanglais sin leagtha síos dóibh.

(11) Chun creat rialála a bheidh éifeachtach agus slán i bhfad na haimsire a chruthú, is gá foráil a dhéanamh maidir le ceanglais éicidhearthóireachta a shocrú i leith na n-earraí fisiceacha ar fad a chuirtear ar an margadh nó a chuirtear i seirbhís, lena n-áirítear comhpháirteanna agus táirgí idirmheánacha. Ba cheart go gcuirfeadh sé sin ar chumas an Choimisiúin an réimse is leithne táirgí is féidir a chur san áireamh agus tús áite á thabhairt aige do bhunú ceanglas éicidhearthóireachta agus ar an gcaoi sin a éifeachtacht a uasmhéadú. I gcás inar gá, ba cheart díolúintí sonracha a dhéanamh agus ceanglais éicidhearthóireachta á leagan síos, mar shampla i gcás táirgí a bhfuil críoch ar leith acu nárbh fhéidir a chomhlíonadh agus ceanglais éicidhearthóireachta á gcomhlíonadh. Ina theannta sin, ba cheart díolúintí a dhéanamh ar leibhéal an chreata le haghaidh na dtáirgí sin ar léir cheana nach mbeadh na ceanglais éicidhearthóireachta oiriúnach nó i gcás ina bhforáiltear i gcreataí eile do cheanglais den sórt sin a shocrú. Ba cheart gurb amhlaidh a bheadh i gcás bia agus beatha mar a shainmhínítear i Rialachán (CE) Uimh. 178/2002 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle[44], táirgí íocshláinte lena n-úsáid ag an duine mar a shainmhínítear i dTreoir 2001/83/CE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle[45], táirgí íocshláinte tréidliachta mar a shainmhínítear i Rialachán (AE) 2019/6 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle[46], plandaí beo, ainmhithe agus miocrorgánaigh, táirgí de thionscnamh an duine agus táirgí plandaí agus ainmhithe a bhaineann go díreach lena n-atáirgeadh amach anseo.

---

42 Rialachán (CE) Uimh. 66/2010 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 25 Samhain 2009 maidir le hÉicilipéad AE (IO L 27, 30.1.2010, lch. 1);

43 Teachtaireacht 'Soláthar poiblí ar mhaithe le comhshaol níos fearr' (COM (2008) 400) https://ec.europa.eu/environment/gpp/eu_gpp_criteria_en.htm

44 Rialachán (CE) Uimh. 178/2002 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 28 Eanáir 2002 ag leagan síos phrionsabail agus cheanglais ghinearálta dhlí an bhia, ag bunú an Údaráis Eorpaigh um Shábháilteacht Bia agus ag leagan síos nósanna imeachta i gcúrsaí sábháilteachta bia (IO L 31, 1.2.2002, lch. 1).

45 Treoir 2001/83/CE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 6 Samhain 2001 maidir leis an gcód Comhphobail a bhaineann le táirgí íocshláinte lena n-úsáid ag an duine (IO L 311, 28.11.2001, lch. 67).

46 Rialachán (AE) 2019/6 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 11 Nollaig 2018 maidir le táirge íocshláinte tréidliachta agus lena n-aisghairtear Treoir 2001/82/CE (IO L 4, 7.1.2019, lch. 43).

(12) De réir an togra le haghaidh Treorach ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle maidir le feidhmíocht fuinnimh foirgneamh (athmhúnlú)[47], ní foláir do na Ballstáit íoscheanglais feidhmíochta fuinnimh a shocrú d'eilimintí foirgnimh atá mar chuid den imchlúdach foirgneamh, agus ceanglais chórais a shocrú i ndáil leis an bhfeidhmíocht fuinnimh go foriomlán, suiteáil cheart agus toisiú cuí, coigeartú agus rialú iomchuí na gcóras teicniúil foirgneamh atá suiteáilte i bhfoirgnimh nua nó i bhfoirgnimh atá ann cheana. Tá sé comhsheasmhach le cuspóirí an Rialacháin seo go bhféadfaidh na íoscheanglais feidhmíochta fuinnimh seo, i gcúinsí áirithe, srian a chur le suiteáil táirgí a bhaineann le fuinneamh a chomhlíonann an Rialachán seo agus a ghníomhartha tarmligthe, ar an gcoinníoll nach gcuirfeadh na ceanglais sin bac ar an margadh gan údar maith.

(13) Chun inbhuanaitheacht comhshaoil táirgí a fheabhsú agus chun saorghluaiseacht táirgí sa mhargadh inmheánach a áirithiú, ba cheart an chumhacht chun gníomhartha a ghlacadh i gcomhréir le hAirteagal 290 CFAE a tharmligean chuig an gCoimisiún chun an Rialachán seo a fhorlíonadh trí cheanglais éicidhearthóireachta a leagan amach. I bprionsabal, ba cheart feidhm a bheith ag na ceanglais éicidhearthóireachta sin maidir le grúpaí sonracha táirgí, amhail meaisíní níocháin nó meaisíní níocháin agus niteoir-triomadóirí. Chun éifeachtacht na gceanglas éicidhearthóireachta a uasmhéadú agus chun inbhuanaitheacht comhshaoil táirgí a fheabhsú go héifeachtúil, ba cheart a bheith in ann ceanglas cothrománach éicidhearthóireachta amháin nó níos mó a leagan amach le haghaidh réimse níos leithne de ghrúpaí táirgí, amhail fearais leictreonacha nó teicstílí. Ba cheart ceanglais chothrománacha éicidhearthóireachta a bhunú i gcás ina bhfágann cosúlachtaí teicniúla grúpaí táirgí gur féidir feabhas a chur ar a n-inbhuanaitheacht comhshaoil bunaithe ar na ceanglais chéanna.

(14) Chun go mbeidh an Coimisiún in ann ceanglais a shocrú de réir mar is iomchuí le haghaidh na ngrúpaí táirgí a chumhdaítear, ba cheart ceanglais feidhmíochta agus faisnéise a áireamh sna ceanglais éicidhearthóireachta. Ba cheart na ceanglais sin a úsáid chun feabhas a chur ar ghnéithe táirgí atá ábhartha d'inbhuanaitheacht comhshaoil, amhail éifeachtúlacht fuinnimh, marthanacht, indeisitheacht agus an lorg carbóin agus comhshaoil. Ba cheart na ceanglais éicidhearthóireachta a bheith trédhearcach, oibiachtúil, comhréireach agus i gcomhréir le rialacha trádála idirnáisiúnta.

(15) A luaithe a ghlacfaidh an Coimisiún gníomh tarmligthe lena socraítear ceanglais éicidhearthóireachta i gcás grúpa táirgí ar leith, níor cheart cead a bheith ag na Ballstáit, d'fhonn feidhmiú an mhargaidh inmheánaigh a áirithiú, ceanglais feidhmíochta náisiúnta a shocrú a thuilleadh bunaithe ar pharaiméadair táirgí a chumhdaítear faoi na ceanglais feidhmíochta sin a leagtar síos sa ghníomh tarmligthe sin, agus níor cheart cead a bheith ag na Ballstáit a thuilleadh ceanglais faisnéise náisiúnta a shocrú bunaithe ar pharaiméadair táirgí a chumhdaítear leis na ceanglais faisnéise sin a leagtar síos sa ghníomh tarmligthe sin. Chun feidhmiú an mhargaidh inmheánaigh a áirithiú, ba cheart an chumhacht a bheith ag an gCoimisiún a shuíomh nach bhfuil gá le ceanglais éicidhearthóireachta i bhfoirm ceanglas feidhmíochta agus/nó i bhfoirm ceanglas faisnéise i ndáil le paraiméadar sonrach táirge.

(16) Agus ceanglais éicidhearthóireachta á mbunú aige, ba cheart don Choimisiún cineál agus cuspóir na dtáirgí lena mbaineann chomh maith le saintréithe na margaí ábhartha a chur san áireamh. Mar shampla, ní mór trealamh cosanta a bheith in ann oibriú faoi

[47] COM (2021) 802 final.

choinníollacha sonracha agus faoi dhálaí géara uaireanta, rud ar gá é a chur san áireamh agus ceanglais éicidhearthóireachta á leagan síos. Níor cheart faisnéis áirithe faoi threalamh cosanta a nochtadh agus ba cheart í a chosaint. Dá bhrí sin, i gcás ceanglais éicidhearthóireachta trealaimh mhíleata nó íogaire, ba cheart riachtanais slándála agus saintréithe mhargadh na cosanta, mar a shainmhínítear i dTreoir 2009/81/CE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle iad, a chur san áireamh[48]. Ar an gcaoi chéanna, tá tionscal an spáis straitéiseach don Eoraip agus dá neamhspleáchas teicneolaíoch. Ós rud é go n-oibríonn teicneolaíochtaí spáis i ndálaí foircneacha, ba cheart, le haon cheanglas éicidhearthóireachta le haghaidh táirgí spáis, cothromaíocht a bheith ann idir breithnithe inbhuanaitheachta agus athléimneacht agus an fheidhmíocht a mheastar a bheidh ann. Ina theannta sin, i gcás feistí leighis mar a shainmhínítear in Airteagal 2(1) de Rialachán (AE) 2017/745 maidir le feistí leighis[49] agus feistí leighis diagnóiseacha *in vitro* mar a shainmhínítear in Airteagal 2(2) de Rialachán (AE) 2017/746 maidir le feistí leighis diagnóiseacha *in vitro*[50], ba cheart don Choimisiún a chur san áireamh gur gá gan drochthionchar a bheith aige ar shláinte agus ar shábháilteacht othar agus úsáideoirí.

(17) Chun dúbláil iarrachtaí agus ualach rialála a sheachaint, ba cheart comhsheasmhacht a áirithiú idir an Rialachán seo agus na ceanglais a leagtar síos i reachtaíocht eile de chuid an Aontais nó dá bun, go háirithe an reachtaíocht maidir le táirgí, ceimiceáin agus dramhaíl[51]. Mar sin féin, le cumhachtuithe faoi reachtaíocht eile de chuid an Aontais chun ceanglais a shocrú ag a bhfuil na héifeachtaí céanna nó comhchosúla leis na ceanglais faoin Rialachán seo, ní chuirtear teorainn leis na cumhachtuithe a áirítear sa Rialachán seo, mura sonraítear a mhalairt sa Rialachán seo.

(18) Maidir le gníomhartha tarmligthe, lena n-áirítear ceanglais éicidhearthóireachta, ba cheart, mar a tharlaíonn faoi Threoir 2009/125/CE, dul faoi mheasúnú tionchair tiomnaithe agus faoi chomhairliúchán tiomnaithe leis na páirtithe leasmhara, agus ba cheart iad a tharraingt suas i gcomhréir le treoirlínte an Choimisiúin maidir le Rialáil Níos Fearr, agus ba cheart measúnú ar an ngné idirnáisiúnta agus ar an tionchar ar thríú tíortha a áireamh iontu. Agus é sin á dhéanamh aige, ba cheart don Choimisiún aird chuí a thabhairt ar gach gné de shaolré an táirge agus a mheasúnú tionchair a bhunú ar an bhfianaise is fearr atá ar fáil. Agus ceanglais éicidhearthóireachta á n-ullmhú aige, ba cheart don Choimisiún cur chuige eolaíoch a úsáid agus aird a thabhairt freisin ar fhaisnéis theicniúil ábhartha a thagann go háirithe ó Rialachán (CE)

---

48 Treoir 2009/81/CE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 13 Iúil 2009 maidir leis na nósanna imeachta um dhámhachtain conarthaí áirithe oibreacha, conarthaí soláthair agus conarthaí seirbhíse ag údaráis chonarthacha nó ag eintitis i réimsí na cosanta agus na slándála a chomhordú, agus lena leasaítear Treoracha 2004/17/CE agus 2004/18/CE (IO L 216, 20.8.2009, lch. 76).

49 Rialachán (AE) 2017/745 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 5 Aibreán 2017 maidir le feistí leighis, lena leasaítear Treoir 2001/83/CE, Rialachán (CE) Uimh. 178/2002 agus Rialachán (CE) Uimh. 1223/2009 agus lena n-aisghairtear Treoracha 90/385/CEE 93/42/CEE ón gComhairle (IO L 117, 5.5.2017, lch. 1).

50 Rialachán (AE) 2017/746 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 5 Aibreán 2017 maidir le feistí leighis diagnóiseacha *in vitro* agus lena n-aisghairtear Treoir 98/79/CE agus Cinneadh 2010/227/AE ón gCoimisiún (IO L 117, 5.5.2017, lch. 176).

51 Teachtaireacht ón gCoimisiún chuig Parlaimint na hEorpa, chuig an gComhairle, chuig Coiste Eacnamaíoch agus Sóisialta na hEorpa agus chuig Coiste na Réigiún *maidir le cur chun feidhme an phacáiste um an ngeilleagar ciorclach: roghanna chun aghaidh a thabhairt ar an gcomhéadan idir an reachtaíocht maidir le ceimiceáin, táirgí agus dramhaíl* (COM/2018/32 final).

Uimh. 66/2010 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle[52], Treoir 2010/75/AE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle[53], critéir scagtha theicniúla arna nglacadh de bhun Rialachán (AE) 2020/852 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle[54] agus critéir um sholáthar poiblí glas[55].

(19) Chun éagsúlacht na dtáirgí a chur san áireamh, ba cheart don Choimisiún na modhanna a roghnú chun measúnú a dhéanamh ar shocrú na gceanglas éicidhearthóireachta agus, de réir mar is iomchuí, iad a fhorbairt a thuilleadh bunaithe ar chineál an táirge, ar na gnéithe is ábhartha de agus ar a thionchar le linn a shaolré. Agus an méid sin á dhéanamh aige, ba cheart don Choimisiún aird a thabhairt ar an taithí atá aige measúnú a dhéanamh ar leagan amach na gceanglas faoi Threoir 2009/125/CE agus ar na hiarrachtaí leanúnacha chun uirlisí measúnaithe eolaíochtbhunaithe a fhorbairt agus a fheabhsú, amhail an mhodheolaíocht d'éicidhearthóireacht táirgí a bhaineann le fuinneamh a thabhairt cothrom le dáta, agus an modh tomhais táirge maidir le lorg comhshaoil a leagtar amach i Moladh (AE) 2021/2279 ón gCoimisiún[56], lena n-áirítear maidir le stóráil shealadach carbóin, chomh maith le caighdeáin a fhorbairt ag eagraíochtaí idirnáisiúnta agus Eorpacha um chaighdeánú, lena n-áirítear éifeachtúlacht ábhartha táirgí a bhaineann le fuinneamh. Ag cur leis na huirlisí sin agus ag baint úsáide as staidéir thiomnaithe nuair is gá, ba cheart don Choimisiún treisiú breise a dhéanamh ar ghnéithe ciorclaíochta (amhail marthanacht, indeisitheacht, córas scórála deisithe san áireamh, sainaithint ceimiceán a chuireann bac ar athúsáid agus ar athchúrsáil) maidir le measúnú a dhéanamh ar tháirgí agus maidir le ceanglais éicidhearthóireachta a ullmhú, agus ba cheart dó modhanna nó uirlisí nua a fhorbairt i gcás inarb iomchuí. D'fhéadfadh cineálacha cur chuige nua a bheith ag teastáil freisin chun critéir éigeantacha um sholáthar poiblí a ullmhú agus chun cosc a chur ar tháirgí tomhaltais gan díol a dhíothú.

(20) Ba cheart baint a bheith ag na ceanglais feidhmíochta le paraiméadar táirge roghnaithe atá ábhartha don ghné táirge spriocdhírithe a sainaithníodh go bhféadfaí inbhuanaitheacht comhshaoil a fheabhsú ina leith. Féadfar a áireamh ar na ceanglais sin íosleibhéil nó uasleibhéil feidhmíochta i ndáil le paraiméadar an táirge, ceanglais neamhchainníochtúla arb é is aidhm dóibh feabhas a chur ar fheidhmíocht i ndáil le paraiméadar an táirge, nó ceanglais a bhaineann le feidhmíocht fheidhmiúil an táirge chun a áirithiú nach mbeidh drochthionchar ag na ceanglais feidhmíochta roghnaithe ar chumas an táirge an fheidhm ar ceapadh agus ar margaíodh é lena haghaidh a chomhlíonadh. Maidir le híosleibhéil nó le huasleibhéil, féadfaidh siad, mar shampla, a bheith i bhfoirm teorann ar thomhaltas fuinnimh sa chéim úsáide nó i bhfoirm cainníochtaí ábhair ar leith a ionchorpraítear sa táirge, i bhfoirm ceanglas maidir le híoschainníochtaí d'ábhar athchúrsáilte, nó i bhfoirm teorann ar chatagóir shonrach tionchair ar an gcomhshaol nó i bhfoirm comhiomlánaithe de na tionchair ábhartha

---

52 Rialachán (CE) Uimh. 66/2010 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 25 Samhain 2009 maidir le hÉicilipéad AE (IO L 27, 30.1.2010, lch. 1);

53 Treoir 2010/75/AE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 24 Samhain 2010 maidir le hastaíochtaí tionsclaíocha (cosc agus rialú comhtháite ar thruailliú) (IO L 334, 17.12.2010, lch. 17).

54 Rialachán (AE) 2020/852 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 18 Meitheamh 2020 maidir le creat a bhunú chun infheistíocht inbhuanaithe a éascú, agus lena leasaítear Rialachán (AE) 2019/2088 (IO L 198, 22.6.2020, lch. 13).

55 Teachtaireacht 'Soláthar poiblí ar mhaithe le comhshaol níos fearr' (COM (2008) 400)

56 Moladh ón gCoimisiún (AE) 2021/2279 an 15 Nollaig 2021 maidir le modhanna an Loirg Comhshaoil a úsáid chun feidhmíocht comhshaoil táirgí agus eagraíochtaí ar feadh a saolré a thomhas agus a chur in iúl.

uile ar an gcomhshaol. Sampla de cheanglas neamhchainníochtúil is ea an toirmeasc ar réiteach teicniúil sonrach a dhéanann dochar d'indeisitheacht an táirge. Úsáidfear ceanglais feidhmíochta chun a áirithiú go mbainfear na táirgí is neamhfheidhmiúla den mhargadh i gcás inar gá sin chun cur le cuspóirí inbhuanaitheachta comhshaoil an Rialacháin.

(21) Chun comhsheasmhacht a áirithiú, leis na ceanglais feidhmíochta ba cheart cur chun feidhme reachtaíocht an Aontais maidir le dramhaíl a chomhlánú. Cé go leagtar síos ceanglais maidir le pacáistiú a chur ar an margadh mar tháirge deiridh faoi Threoir 94/62/CE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle[57], féadfaidh an Rialachán seo an Treoir sin a chomhlánú trí cheanglais táirge-bhunaithe a leagan síos lena ndíreofar ar phacáistíocht táirgí sonracha nuair a chuirtear ar an margadh iad. I gcás inarb ábhartha, leis na ceanglais chomhlántacha sin ba cheart rannchuidiú go háirithe le méid na pacáistíochta a úsáidtear a íoslaghdú, agus, ar an gcaoi sin, rannchuidiú le giniúint dramhaíola san Aontas a chosc.

(22) Is gné aitheanta d'inbhuanaitheacht táirge í an tsábháilteacht cheimiceach. Tá sí bunaithe ar ghuaiseacha intreacha ceimiceán ar an tsláinte nó ar an gcomhshaol in éineacht le nochtadh sonrach nó cineálach, agus tugtar aghaidh uirthi le reachtaíocht ceimiceán, amhail Rialachán (CE) Uimh. 1935/2004 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle[58], Rialachán (CE) Uimh. 1907/2006 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle[59], Rialachán (CE) Uimh. 1223/2009 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle[60], Rialachán (AE) 2017/745 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle [61] agus Treoir 2009/48/CE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle[62]. Níor cheart don Rialachán seo srianadh substaintí a chumasú bunaithe ar shábháilteacht cheimiceach, mar a rinneadh faoi reachtaíocht eile de chuid an Aontais. Ar an gcaoi chéanna, níor cheart don Rialachán seo srianadh substaintí a chumasú ar chúiseanna a bhaineann le sábháilteacht bia. Le dlí an Aontais maidir le ceimiceáin agus bia, áfach, ní cheadaítear aghaidh a thabhairt, trí shrianta ar shubstaintí áirithe, ar thionchair ar inbhuanaitheacht nach mbaineann le sábháilteacht cheimiceach ná le sábháilteacht bia. D'fhonn an teorannú sin a shárú, ba cheart a cheadú leis an Rialachán seo, faoi choinníollacha áirithe, srian a chur, go príomha ar chúiseanna seachas sábháilteacht cheimiceach nó sábháilteacht bia, ar shubstaintí atá i dtáirgí nó a úsáidtear ina bpróisis mhonaraíochta agus a mbíonn tionchar diúltach acu ar inbhuanaitheacht táirgí. Níor cheart dúbláil ná ionadú srianta ar shubstaintí a chumhdaítear le Treoir 2011/65/AE ó

---

57 Treoir 94/62/CE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 20 Nollaig 1994 maidir le pacáistíocht agus dramhaíl ó phacáistíocht (IO L 365, 31.12.1994, lch. 10).

58 Rialachán (CE) Uimh. 1935/2004 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 27 Deireadh Fómhair 2004 maidir le hábhair agus le hearraí a bheartaítear a bheith i dtadhall le bia, agus lena n-aisghairtear Treoir 80/590/CEE agus Treoir 89/109/CEE (IO L 338, 13.11.2004, lch. 4).

59 Rialachán (CE) Uimh. 1907/2006 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 18 Nollaig 2006 maidir le Clárú, Measúireacht, Údarú agus Srianadh Ceimiceán (REACH), lena mbunaítear Gníomhaireacht Eorpach Ceimiceán, lena leasaítear Treoir 1999/45/CE agus lena n-aisghairtear Rialachán (CEE) Uimh. 793/93 ón gComhairle agus Rialachán (CE) Uimh. 1488/94 ón gCoimisiún chomh maith le Treoir 76/769/CEE ón gComhairle agus Treoracha 91/155/CEE, 93/67/CEE, 93/105/CE agus 2000/21/CE ón gCoimisiún (IO L 396, 30.12.2006, lch. 1).

60 Rialachán (CE) Uimh. 1223/2009 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 30 Samhain 2009 maidir le táirgí cosmaideacha (IO L 342, 22.12.2009, lch. 59).

61 Rialachán (AE) 2017/746 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 5 Aibreán 2017 maidir le feistí leighis diagnóiseacha *in vitro* agus lena n-aisghairtear Treoir 98/79/CE agus Cinneadh 2010/227/AE ón gCoimisiún (IO L 117, 5.5.2017, lch. 176).

62 Treoir 2009/48/CE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 18 Meitheamh 2009 maidir le sábháilteacht bréagán (IO L 170, 30.6.2009, lch. 1).

Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle[63] a bheith mar thoradh ar an Rialachán seo ach oiread, Treoir a bhfuil sé mar chuspóir aici sláinte an duine agus an comhshaol a chosaint, lena n-áirítear aisghabháil agus diúscairt dramhaíola ó threalamh leictreach agus leictreonach arna ndéanamh ar bhealach atá slán ó thaobh an chomhshaoil de.

(23) Chun inbhuanaitheacht comhshaoil táirgí a fheabhsú, ba cheart baint a bheith ag ceanglais faisnéise le paraiméadar táirge roghnaithe atá ábhartha do ghné an táirge, amhail lorg comhshaoil an táirge nó a mharthanacht. Féadfaidh siad a cheangal ar an monaróir faisnéis a chur ar fáil maidir le feidhmíocht an táirge i ndáil le paraiméadar roghnaithe táirge nó faisnéis eile a d'fhéadfadh tionchar a imirt ar an gcaoi a láimhseálann páirtithe seachas an monaróir an táirge chun feidhmíocht a fheabhsú i ndáil le paraiméadar den sórt sin. Ba cheart ceanglais faisnéise den sórt sin a shocrú sa bhreis ar na ceanglais feidhmíochta ar an bparaiméadar táirge céanna, nó ina n-ionad, de réir mar is iomchuí. I gcás ina n-áirítear ceanglais faisnéise i ngníomh tarmligthe, ba cheart a shonrú ann an modh chun an fhaisnéis is gá a chur ar fáil, amhail í a chur ar shuíomh gréasáin saor-rochtana, ar phas táirge nó ar lipéad táirge. Tá gá le ceanglais faisnéise le go dtarlóidh an t-athrú iompraíochta is gá chun a áirithiú go mbainfear amach cuspóirí inbhuanaitheachta comhshaoil an Rialacháin seo. Trí bhonn láidir a chur ar fáil do cheannaitheoirí agus d'údaráis phoiblí chun táirgí a chur i gcomparáid le chéile ar bhonn a n-inbhuanaitheachta comhshaoil, táthar ag súil go gcuirfidh na ceanglais faisnéise dlús le tomhaltóirí agus le húdaráis phoiblí i dtreo roghanna níos inbhuanaithe a dhéanamh.

(24) I gcás ina mbeidh ceanglais faisnéise sna gníomhartha tarmligthe, féadfaidh siad ina theannta sin aicmí feidhmíochta a chinneadh i ndáil le paraiméadar táirge ábhartha amháin nó níos mó, d'fhonn comparáid idir táirgí ar bhonn an pharaiméadair sin a éascú. Le haicmí feidhmíochta, ba cheart a bheith in ann táirgí a dhifreáil bunaithe ar a n-inbhuanaitheacht choibhneasta agus d'fhéadfadh tomhaltóirí agus údaráis phoiblí araon iad a úsáid. Dá réir sin, tá sé i gceist leo an margadh a chur chun cinn i dtreo táirgí níos inbhuanaithe.

(25) Chun táirgí atá inbhuanaithe a shainaithint agus a chur chun cinn, is príomheilimint í faisnéis maidir le láithreacht substaintí ar ábhar imní iad i dtáirgí. Cinneann comhdhéanamh ceimiceach táirgí a bhfeidhmiúlachtaí agus a dtionchar den chuid is mó, chomh maith leis na féidearthachtaí maidir lena n-athúsáid nó lena n-aisghabháil nuair a dhéantar dramhaíl díobh. Éilítear sa Straitéis Ceimiceán um an Inbhuaine[64] go ndéanfaí an láithreacht substaintí ar ábhar imní iad i dtáirgí a íoslaghdú, agus go n-áiritheofar go mbeidh fáil ar fhaisnéis maidir le hábhar ceimiceach agus le húsáid shábháilte, trí cheanglais faisnéise a thabhairt isteach agus trí rianú a dhéanamh ar an láithreacht substaintí ar ábhar imní iad le linn shaolré na n-ábhar agus na dtáirgí. Le Rialachán (CE) Uimh. 1272/2008 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle[65] agus le reachtaíocht eile atá ann cheana maidir le ceimiceáin amhail Rialachán (CE)

---

63 Treoir 2011/65/AE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 8 Meitheamh 2011 maidir leis an srian ar shubstaintí guaiseacha áirithe a úsáid i dtrealamh leictreach agus leictreonach (IO L 174, 1.7.2011, lch. 88).

64 Teachtaireacht ón gCoimisiún chuig Parlaimint na hEorpa, chuig an gComhairle, chuig Coiste Eacnamaíoch agus Sóisialta na hEorpa agus chuig Coiste na Réigiún dar teideal *Chemicals Strategy for Sustainability Towards a Toxic-Free Environment* COM/2020/667 final.

65 Rialachán (CE) Uimh 1272/2008 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 16 Nollaig 2008 maidir le haicmiú, lipéadú agus pacáistiú substaintí agus meascán, agus lena leasaítear agus lena n-aisghairtear Treoir 67/548/CEE agus Treoir 1999/45/CE, agus lena leasaítear Rialachán (CE) Uimh. 1907/2006 (IO L 353, 31.12.2008, lch. 1).

Uimh. 1223/2009, áirithítear cumarsáid cheana féin maidir le guaiseacha ar an tsláinte nó ar an gcomhshaol mar gheall ar shubstaintí áirithe ar ábhar imní iad astu féin nó i meascán. Ba cheart úsáideoirí substaintí agus meascán a chur ar an eolas freisin maidir le faisnéis ábhartha a bhaineann le hinbhuanaitheacht nach mbaineann go príomha le guaiseacha ar an tsláinte ná ar an gcomhshaol. Thairis sin, ba cheart d'úsáideoirí táirgí nach substaintí ná meascáin iad, agus do bhainisteoirí dramhaíola ó tháirgí den sórt sin, faisnéis a bhaineann leis an inbhuanaitheacht a fháil freisin, lena n-áirítear faisnéis a bhaineann go príomha le guaiseacha ceimiceán ar an tsláinte nó ar an gcomhshaol. Dá bhrí sin, ba cheart foráil a dhéanamh leis an Rialachán seo maidir le ceanglais a shocrú a bhaineann le faisnéis inbhuanaitheachta a rianú agus a chur in iúl, lena n-áirítear láithreacht substaintí ar ábhar imní iad i dtáirgí le linn a saolré, lena n-áirítear é sin a dhéanamh d'fhonn iad a dhí-éilliú agus a aisghabháil nuair a dhéantar dramhaíl díobh. Ba cheart é a bheith d'aidhm ag creat den sórt sin gach substaint ar ábhar imní é a chumhdach de réir a chéile i ngach táirge a liostaítear sna pleananna oibre ina leagtar amach na grúpaí táirgí a bhfuil sé ar intinn ag an gCoimisiún dul i ngleic leo.

(26) Ba cheart an ceanglas maidir le pas táirge a chur ar fáil a bheith san áireamh sna ceanglais maidir le faisnéis a leagtar amach faoin Rialachán seo. Is uirlis thábhachtach é an pas táirge chun faisnéis a chur ar fáil do ghníomhaithe feadh an tslabhra luacha ina iomláine agus ba cheart feabhas suntasach a theacht ar inrianaitheacht táirge ó cheann go ceann ar feadh a shlabhra luacha má tá pas táirge ar fáil. I measc nithe eile, ba cheart an pas táirge a bheith ina chabhair le tomhaltóirí roghanna eolasacha a dhéanamh trí fheabhas a chur ar an rochtain atá acu ar fhaisnéis faoi tháirgí atá ábhartha dóibh, trí ghníomhaithe eile slabhra luacha, amhail deisitheoirí nó lucht athchúrsála, a cheadú d'oibreoirí eacnamaíocha chun rochtain a fháil ar fhaisnéis ábhartha, agus trína chur ar a gcumas d'údaráis inniúla náisiúnta a ndualgais a chomhlíonadh. Chun na críche sin, níor cheart an pas táirge a ionadú ach comhlánú a dhéanamh ar na foirmeacha neamhdhigitiúla a bhaineann le faisnéis a tharchur, amhail faisnéis sa lámhleabhar táirge nó ar lipéad. Ina theannta sin, ba cheart a bheith ábalta an pas táirge a úsáid le haghaidh faisnéis faoi ghnéithe inbhuanaitheachta eile is infheidhme maidir leis an ngrúpa táirgí ábhartha de bhun reachtaíocht eile de chuid an Aontais.

(27) Chun cineál an táirge agus a mhargadh a chur san áireamh, ba cheart an fhaisnéis atá le cuimsiú sa phas táirge a scrúdú go cúramach ar bhonn cás ar chás agus rialacha a bhaineann go sonrach leis an táirge á n-ullmhú. Chun rochtain ar an bhfaisnéis a eascraíonn as sin a bharrfheabhsú agus cearta maoine intleachtúla á gcosaint an tráth céanna, ní mór an pas táirge a cheapadh agus a chur chun feidhme le go gceadófar rochtain dhifreáilte ar an bhfaisnéis a chuimsítear sa phas táirge ag brath ar chineál na faisnéise agus ar thíopeolaíocht na bpáirtithe leasmhara. Ar an gcaoi chéanna, chun costais atá ar chuideachtaí agus ar an bpobal a sheachaint, ar costais iad a bheadh díréireach leis na sochair níos leithne, ba cheart baint shonrach a bheith ag an bpas táirge leis an tsamhail ítime, bhaisce nó táirge, ag brath, mar shampla, ar chastacht an tslabhra luacha, ar mhéid, ar chineál nó ar thionchair na dtáirgí a bhreithnítear.

(28) D'fhonn idir-inoibritheacht a áirithiú, ba cheart na cineálacha iompróirí sonraí ceadaithe a shonrú. Ar an gcúis chéanna, ba cheart an t-iompróir sonraí agus an t-aitheantóir táirge uathúil a scaoileadh i gcomhréir le caighdeáin atá aitheanta go hidirnáisiúnta. Ba cheart an chumhacht chun gníomhartha a ghlacadh i gcomhréir le hAirteagal 290 CFAE a tharmligean chuig an gCoimisiún chun an Rialachán seo a leasú trí chaighdeáin a ionadú nó a chur isteach, ar caighdeáin iad ar i gcomhréir leo a fhéadfar an t-iompróir sonraí agus na haitheantóirí uathúla a scaoileadh, i bhfianaise

dul chun cinn teicniúil nó eolaíoch. Ba cheart a áirithiú leis sin go bhféadfaidh gach oibreoir eacnamaíoch an fhaisnéis atá sa phas táirge a thaifeadadh agus a tharchur, chomh maith le comhoiriúnacht an aitheantóra uathúil le comhpháirteanna seachtracha amhail gairis scanacháin a ráthú.

(29) Chun nach gcuirfear moill gan ghá ar bhunú ceanglas éicidhearthóireachta seachas ar an bpas táirge nó chun a áirithiú gur féidir pasanna táirge a chur chun feidhme go héifeachtach, ba cheart cead a bheith ag an gCoimisiún grúpaí táirgí a dhíolmhú ó na ceanglais maidir le pasanna táirge i gcás nach bhfuil sonraíochtaí teicniúla ar fáil i ndáil leis na ceanglais fhíor-riachtanacha i gcomhair dhearadh agus oibriú teicniúil an phas táirge. Ar an gcaoi chéanna, chun ualach riaracháin nach bhfuil gá leis ar oibreoir eacnamaíoch a chosc, ba cheart cead a bheith ag an gCoimisiún grúpaí táirgí a dhíolmhú ó na ceanglais maidir le pasanna táirge i gcás ina bhfuil córas ann cheana féin i ndlí eile de chuid an Aontais chun faisnéis faoin táirge a sholáthar go digiteach lena gceadófaí do ghníomhaithe feadh an tslabhra luacha rochtain a fháil ar fhaisnéis táirge ábhartha agus lena n-éascófaí fíorú ar chomhlíontacht leis an táirge ag údaráis inniúla náisiúnta. Ba cheart athbhreithniú tréimhsiúil a dhéanamh ar na díolúintí sin agus aird á tabhairt ar infhaighteacht bhreise sonraíochtaí teicniúla.

(30) Gné bhunúsach is ea sainaithint uathúil táirgí chun inrianaitheacht a chumasú ar fud an tslabhra soláthair. Dá bhrí sin, ba cheart an pas táirge a bheith nasctha le haitheantóir táirge uathúil. Ina theannta sin, i gcás inarb iomchuí, ba cheart leis an bpas a bheith in ann na gníomhaithe agus na saoráidí monaraíochta a bhaineann leis an táirge sin a rianú. Chun idir-inoibritheacht a áirithiú, ba cheart aitheantóirí uathúla an oibreora agus aitheantóirí uathúla na saoráide lena gcumasófar inrianaitheacht a scaoileadh i gcomhréir le caighdeáin a aithnítear go hidirnáisiúnta. Ba cheart an chumhacht chun gníomhartha a ghlacadh i gcomhréir le hAirteagal 290 CFAE a tharmligean chuig an gCoimisiún chun an Rialachán seo a leasú trí chaighdeáin a ionadú nó a chur isteach, ar caighdeáin iad ar i gcomhréir leo a fhéadfar aitheantóirí uathúla oibreora agus aitheantóirí uathúla saoráide a scaoileadh, i bhfianaise dul chun cinn teicniúil nó eolaíoch.

(31) Trí iompróir sonraí a scanadh, amhail comhartha uisce nó cód mearfhreagartha (QR), ba cheart rochtain éasca a bheith ar fhaisnéis dhigitithe faoin táirge agus faoina shaolré nó, i gcás inarb infheidhme, faoina phas. I gcás inar féidir, ba cheart an t-iompróir sonraí a bheith ar an táirge féin lena áirithiú go leanfaidh an fhaisnéis de bheith inrochtana i rith a shaolré. Is féidir eisceachtaí a dhéanamh, áfach, ag brath ar chineál, ar mhéid nó ar úsáid na dtáirgí lena mbaineann.

(32) Chun a áirithiú go mbeidh an pas táirge solúbtha, láidir agus faoi thionchar an mhargaidh agus go bhforbraíonn sé i gcomhréir le samhlacha gnó, margaí agus nuálaíocht, ba cheart é a bhunú ar chóras sonraí díláraithe, arna bhunú agus arna chothabháil ag oibreoirí eacnamaíocha. Mar sin féin, chun críoch forfheidhmithe agus faireacháin, d'fhéadfadh sé gur ghá go mbeadh rochtain dhíreach ag na húdaráis náisiúnta inniúla agus ag an gCoimisiún ar thaifead ar gach iompróir sonraí agus aitheantóir uathúil atá nasctha le táirgí a chuirtear ar an margadh nó a chuirtear i seirbhís.

(33) Chun rolladh amach éifeachtach an phas táirge a áirithiú, ba cheart dearadh teicniúil, ceanglais sonraí agus oibriú an phas táirge a bheith i gcomhréir le tacar ceanglas teicniúil riachtanach. Le ceanglais den sórt sin ba cheart bonn a sholáthar chun an pas táirge a imscaradh go comhsheasmhach thar earnálacha. Ba cheart sonraíochtaí teicniúla a bhunú chun cur chun feidhme éifeachtach na gceanglas fíor-riachtanach sin

a áirithiú, i bhfoirm an chaighdeáin chomhchuibhithe dá dtagraítear san *Iris Oifigiúil* nó, mar rogha chúltaca, sonraíocht choiteann arna glacadh ag an gCoimisiún. Leis an dearadh teicniúil, ba cheart a áirithiú go mbeidh sonraí á n-iompar ar an bpas táirge ar bhealach slán, agus rialacha príobháideachais á n-urramú. Forbrófar an pas táirge digiteach i gcomhphlé oscailte le comhpháirtithe idirnáisiúnta, chun a dtuairimí a chur san áireamh agus sonraíochtaí teicniúla á bhforbairt agus chun a áirithiú go gcuideoidh siad le deireadh a chur le bacainní trádála ar tháirgí níos glaise agus le costais a ísliú d'infheistíochtaí, do mhargaíocht agus do chomhlíontacht inbhuanaithe. Chun go bhféadfar iad a chur chun feidhme go héifeachtach, ba cheart sonraíochtaí teicniúla agus ceanglais theicniúla a bhaineann le hinrianaitheacht ar fud an tslabhra luacha a fhorbairt, a mhéid is féidir, bunaithe ar chur chuige comhthoiliúil agus ar rannpháirtíocht, ceannach isteach agus comhoibriú éifeachtach tacar éagsúil gníomhaithe, lena n-áirítear comhlachtaí um chaighdeánú, comhlachais tionscail, eagraíochtaí tomhaltóirí, saineolaithe, eagraíochtaí neamhrialtasacha agus comhpháirtithe idirnáisiúnta, lena n-áirítear geilleagair i mbéal forbartha.

(34) Chun forfheidhmiú ceanglas éicidhearthóireachta a fheabhsú, is gá go mbeadh rochtain dhíreach ag na húdaráis náisiúnta inniúla agus ag an gCoimisiún ar thaifead ar gach iompróir sonraí agus aitheantóir uathúil atá nasctha le táirgí a chuirtear ar an margadh nó a chuirtear i seirbhís. Chun na críche sin, ba cheart don Choimisiún clárlann pasanna táirge a bhunú agus a choinneáil ar bun chun na sonraí sin a stóráil. I gcás inar gá chun forfheidhmiú a éascú a thuilleadh, ba cheart don Choimisiún, de réir mar is iomchuí, faisnéis eile a shonrú a chuimsítear sa phas táirge nach mór a stóráil sa chlárlann.

(35) Ba cheart aon phróiseáil sonraí pearsanta de bhun an Rialacháin seo a bheith i gcomhréir leis na rialacha is infheidhme maidir le cosaint sonraí pearsanta. Ba cheart do na húdaráis náisiúnta inniúla laistigh de na Ballstáit sonraí pearsanta a phróiseáil i gcomhréir le Rialachán (AE) 2016/679 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle[66]. Aon phróiseáil a dhéanfaidh an Coimisiún ar shonraí pearsanta, ba cheart í a dhéanamh i gcomhréir le Rialachán (AE) 2018/1725 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle[67].

(36) Tá forfheidhmiú éifeachtach i ndáil le táirgí a chuirtear ar mhargadh an Aontais, cibé acu a tháirgtear ar bhonn intíre nó a allmhairítear iad, riachtanach chun aidhmeanna an Rialacháin seo a bhaint amach. Dá bhrí sin, i gcás inar chuir an Coimisiún clárlann ar bun, ba cheart rochtain dhíreach a bheith ag na húdaráis chustaim uirthi trí Thimpeallacht an Ionaid Ilfhreastail AE maidir le Custam arna bunú le Rialachán (AE).../.... Is é an ról ba cheart a bheith ag lucht custaim a áirithiú go gcuirtear an tagairt do phas táirge ar fáil sa dearbhú custaim agus go bhfreagraíonn an tagairt sin d'aitheantóir táirge uathúil a stóráiltear sa chlárlann. D'fhágfadh sé sin go bhféadfadh lucht custaim a fhíorú go bhfuil pas táirge ann do tháirgí arna n-allmhairiú.

---

66 Rialachán (AE) 2016/679 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 27 Aibreán 2016 maidir le daoine nádúrtha a chosaint i ndáil le sonraí pearsanta a phróiseáil agus maidir le saorghluaiseacht sonraí den sórt sin, agus lena n-aisghairtear Treoir 95/46/CE (IO L 119, 4.5.2016, lch. 1).

67 Rialachán (AE) 2018/1725 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 23 Deireadh Fómhair 2018 maidir le daoine nádúrtha a chosaint i ndáil le sonraí pearsanta a phróiseáil ag institiúidí, comhlachtaí, oifigí agus gníomhaireachtaí an Aontais agus maidir le saorghluaiseacht sonraí den sórt sin, agus lena n-aisghairtear Rialachán (CE) Uimh. 45/2001 agus Cinneadh Uimh. 1247/2002/CE (IO L 295, 21.11.2018, lch. 39).

(37) I gcás ina stóráiltear faisnéis áirithe a chuimsítear sa phas táirge sa chlárlann de bhreis ar iompróirí sonraí agus aitheantóirí uathúla, ba cheart don Choimisiún a bheith in ann a fhoráil, i gcás inarb iomchuí, go bhfíoróidh na húdaráis chustaim an chomhsheasmhacht idir an fhaisnéis sin agus an dearbhú custaim, chun comhlíontacht le táirgí lena mbaineann ceanglais éicidhearthóireachta a fheabhsú agus an gá le hualach díréireach ar na húdaráis chustaim a sheachaint á chur san áireamh.

(38) Leis an bhfaisnéis a chuimsítear sa phas táirge, is féidir leis na húdaráis chustaim an bhainistíocht riosca a shaibhriú agus a éascú agus díriú feabhsaithe ar rialuithe ag an teorainn a chumasú. Dá bhrí sin, ba cheart do na húdaráis chustaim a bheith in ann an fhaisnéis a chuimsítear sa phas táirge agus sa chlár gaolmhar a aisghabháil agus a úsáid chun a gcúraimí a dhéanamh i gcomhréir le reachtaíocht an Aontais, lena n-áirítear iad a dhéanamh le haghaidh bainistíocht riosca i gcomhréir le Rialachán (AE) Uimh. 952/2013 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle[68].

(39) Chun tomhaltóirí a spreagadh i dtreo roghanna níos inbhuanaithe, ba cheart faisnéis a sholáthar ar lipéid, nuair a cheanglaítear sin leis na gníomhartha tarmligthe arna nglacadh de bhun an Rialacháin seo, lena gceadófaí comparáid éifeachtach a dhéanamh idir táirgí, mar shampla trí aicmí feidhmíochta a léiriú. I gcomhair tomhaltóirí go sonrach, is féidir le lipéid fhisiceacha a bheith ina bhfoinse bhreise faisnéise ag an áit díolacháin. Is féidir leo bonn tapa amhairc a sholáthar do thomhaltóirí chun idirdhealú a dhéanamh idir táirgí bunaithe ar a bhfeidhmíocht i ndáil le paraiméadar sonrach táirge nó tacar paraiméadar táirge. Ba cheart, i gcás inarb iomchuí, rochtain a cheadú leo ar fhaisnéis bhreise trí thagairtí sonracha a bheith orthu amhail seoltaí suíomhanna gréasáin, cóid dhinimiciúla QR, naisc chuig lipéid ar líne nó aon mhodh iomchuí atá dírithe ar an tomhaltóir. Ba cheart don Choimisiún a leagan amach sa ghníomh tarmligthe ábhartha an bealach is éifeachtaí chun lipéid den sórt sin a thaispeáint, lena n-áirítear iad a thaispeáint i gcás ciandíolachán ar líne, agus na himpleachtaí le haghaidh custaiméirí agus oibreoirí eacnamaíocha agus saintréithe na dtáirgí lena mbaineann á gcur san áireamh. Féadfaidh an Coimisiún a éileamh freisin go ndéanfar an lipéad a chló ar phacáistíocht an táirge.

(40) Rialachán (AE) 2017/1369 lena leagtar síos creat maidir le lipéadú fuinnimh, tá feidhm aige, i gcomhthráth leis an Rialachán seo, maidir le táirgí a bhaineann le fuinneamh. Ciallaíonn sé sin gurb iad na lipéid fuinnimh an phríomhionstraim lena soláthraítear an fhaisnéis iomchuí do thomhaltóirí i leith táirgí a bhaineann le fuinneamh agus gur cheart, i gcás inarb iomchuí, na haicmí feidhmíochta a chinntear faoin Rialachán seo a ionchorprú ar an lipéad mar fhaisnéis fhorlíontach dá bhforáiltear in Airteagal 16 de Rialachán (AE) 2017/1369. I gcásanna nach féidir faisnéis ábhartha maidir le feidhmíocht táirge i ndáil le paraiméadar táirge a áireamh mar fhaisnéis fhorlíontach ar an lipéad fuinnimh a bunaíodh don táirge a bhaineann le fuinneamh de bhun Rialachán (AE) 2017/1369, ba cheart don Choimisiún a mheas an bhfuil lipéad le bunú i gcomhréir leis an Rialachán seo, agus an gá atá ann go gcuirfí tomhaltóirí ar an eolas faoi na paraiméadair is ábhartha don táirge agus na míbhuntáistí i dtéarmaí rioscaí mearbhaill don phobal agus an ualaigh róthrom riaracháin ar oibreoirí eacnamaíocha á gcur san áireamh.

(41) Ba cheart tomhaltóirí a chosaint ar fhaisnéis mhíthreorach a d'fhéadfadh cur isteach ar a roghanna i gcás táirgí níos inbhuanaithe. Ar na cúiseanna sin, ba cheart toirmeasc a

[68] Rialachán (AE) Uimh. 952/2013 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 9 Deireadh Fómhair 2013 lena leagtar síos Cód Custaim an Aontais (IO L 269, 10.10.2013, lch. 1).

chur ar tháirgí a chur ar an margadh ar a bhfuil lipéad a dhéanann aithris ar na lipéid dá bhforáiltear sa Rialachán seo.

(42) Chun cuspóirí an Chomhaontaithe Ghlais don Eoraip a bhaint amach ar an mbealach is éifeachtúla agus chun aghaidh a thabhairt ar na táirgí is mó tionchar ar dtús, ba cheart don Choimisiún tosaíocht a thabhairt do na táirgí atá le rialáil faoin Rialachán seo agus do na ceanglais a mbeidh feidhm acu maidir leo. Ba cheart don Choimisiún plean oibre a ghlacadh bunaithe ar an bpróiseas a leanadh le haghaidh beartú tosaíochta faoi Threoir 2009/125/CE, lena gcumhdófaí 3 bliana ar a laghad, lena leagfaí síos liosta de ghrúpaí táirgí a bhfuil sé beartaithe aige gníomhartha tarmligthe a ghlacadh ina leith mar aon le gnéithe an táirge a bhfuil sé beartaithe aige gníomhartha tarmligthe a ghlacadh ina leith a bhfuil feidhm chothrománach acu. Ba cheart don Choimisiún a thosaíocht a bhunú ar shraith critéar a bhaineann go háirithe le rannchuidiú féideartha na ngníomhartha tarmligthe le cuspóirí aeráide, comhshaoil agus fuinnimh an Aontais agus a n-acmhainneacht chun feabhas a chur ar ghnéithe an táirge a roghnaítear gan costais dhíréireacha a bheith ar oibreoirí poiblí agus eacnamaíocha. I bhfianaise a thábhachtaí atá siad chun cuspóirí fuinnimh an Aontais a bhaint amach, ba cheart a áireamh sna pleananna oibre sciar leordhóthanach de na gníomhaíochtaí a bhaineann le táirgí a bhaineann le fuinneamh. Ba cheart dul i gcomhairle leis na Ballstáit agus leis na páirtithe leasmhara freisin tríd an bhFóram Éicidhearthóireachta. I ngeall ar na comhlántachtaí idir an Rialachán seo agus Rialachán (AE) 2017/1369 maidir le táirgí a bhaineann le fuinneamh, ba cheart na hamlínte i gcomhair an phlean oibre faoin Rialachán seo agus an ceann dá bhforáiltear faoi Airteagal 15 de Rialachán (AE) 2017/1369 a ailíniú.

(43) Agus aghaidh á tabhairt ar tháirgí foirgníochta, níor cheart don Rialachán seo ceanglais a leagan síos maidir le táirgí deiridh ach amháin nuair nach dócha go mbainfear amach go leordhóthanach na cuspóirí inbhuanaitheachta comhshaoil a shaothraítear leis an Rialachán seo leis na hoibleagáidí a chruthaítear leis [an Rialachán athbhreithnithe maidir le Táirgí Foirgníochta] agus a chur chun feidhme. Ina theannta sin, agus pleananna oibre á gceapadh aige, ba cheart don Choimisiún a chur san áireamh, i leanúint an chleachtais reatha, go dtabharfar leis [an Rialachán athbhreithnithe maidir le Táirgí Foirgníochta], i ndáil le táirgí a bhaineann le fuinneamh ar táirgí foirgníochta iad freisin, leitheadúlacht do na ceanglais inbhuanaitheachta a leagtar síos faoin Rialachán seo. Ba cheart an cás a bheith amhlaidh, mar shampla, i gcás téitheoirí, coirí, teaschaidéil, fearais téite uisce agus spáis, gaothráin, córais fuaraithe agus aerála agus táirgí fótavoltacha (gan painéil fhótavoltacha atá comhtháite san fhoirgneamh a áireamh). I gcás na dtáirgí sin, féadfaidh [an Rialachán athbhreithnithe maidir le Táirgí Foirgníochta] idirghabháil a dhéanamh ar bhealach comhlántach i gcás inar gá, go príomha i ndáil le gnéithe sábháilteachta, agus reachtaíocht eile de chuid an Aontais maidir le táirgí amhail fearais gháis, voltas íseal agus innealra á cur san áireamh.

(44) D’fhonn féinrialáil a spreagadh mar rogha mhalartach bhailí ar chineálacha cur chuige rialála, ba cheart a áireamh sa Rialachán seo, i leanúint Threoir 2009/125/CE, go bhféadfadh an tionscal bearta féinrialála a thíolacadh. Ba cheart don Choimisiún measúnú a dhéanamh ar na bearta féinrialála arna mbeartú ag an tionscal, mar aon leis an bhfaisnéis agus leis an bhfianaise a thíolaic na sínitheoirí, lena n-áirítear é sin a dhéanamh i bhfianaise ghealltanais trádála idirnáisiúnta an Aontais agus an ghá atá le comhsheasmhacht le dlí an Aontais a áirithiú. Chun coinníollacha aonfhoirmeacha a áirithiú maidir le cur chun feidhme an Rialacháin seo, ba cheart cumhachtaí cur chun feidhme a thabhairt don Choimisiún chun gníomh a ghlacadh agus a thabhairt cothrom

le dáta ina liostaítear na bearta féinrialála a mheastar a bheith ina malairtí bailí ar ghníomh tarmligthe lena leagtar síos ceanglais éicidhearthóireachta. Is iomchuí freisin, mar shampla i bhfianaise forbairtí ábhartha sa mhargadh nó forbairtí teicneolaíocha laistigh den ghrúpa táirgí lena mbaineann, go mbeadh an Coimisiún in ann leagan athbhreithnithe den bheart féinrialála a iarraidh aon uair a mheastar gur gá sin. A luaithe a liostófar beart féinrialála i ngníomh cur chun feidhme, tá ionchas dlisteanach ann d'oibreoirí eacnamaíocha nach nglacfaidh an Coimisiún gníomh tarmligthe lena mbunaítear ceanglais éicidhearthóireachta don ghrúpa táirgí sonrach sin. Ní chuirtear as an áireamh, áfach, go bhféadfaidh an Coimisiún ceanglais chothrománacha éicidhearthóireachta a ghlacadh freisin a mbeadh feidhm acu maidir leis na táirgí a chumhdaítear le beart féinrialúcháin aitheanta le haghaidh ghnéithe an táirge nach dtugtar aghaidh orthu leis an mbeart féinrialúcháin sin. I gcás ina measann an Coimisiún nach gcomhlíonann beart féinrialála na critéir a leagtar síos sa Rialachán seo a thuilleadh, ba cheart dó an fhéinrialáil sin a bhaint den ghníomh cur chun feidhme ina liostaítear na bearta féinrialála aitheanta. Dá bhrí sin, féadfar ceanglais éicidhearthóireachta a bhunú ansin do na grúpaí táirgí ar tugadh aghaidh orthu roimhe seo leis an mbeart féinrialála, i gcomhréir leis an Rialachán seo.

(45) D'fhéadfadh micrifhiontair agus fiontair bheaga agus mheánmhéide (FBManna) tairbhe mhór a bhaint as méadú ar an éileamh ar tháirgí inbhuanaithe ach d'fhéadfadh costais agus deacrachtaí a bheith i gceist le roinnt de na ceanglais freisin. Ba cheart do na Ballstáit agus don Choimisiún, ina réimsí freagrachta sonracha, faisnéis leordhóthanach a sholáthar, oiliúint spriocdhírithe agus speisialaithe a áirithiú, agus cúnamh agus tacaíocht shonrach a sholáthar, lena n-áirítear cúnamh airgeadais, do FBManna atá gníomhach i monarú táirgí a bhfuil ceanglais éicidhearthóireachta leagtha síos dóibh. Ba cheart do na gníomhaíochtaí sin, mar shampla, ríomh lorg comhshaoil an táirge agus cur chun feidhme teicniúil an phas táirge a chumhdach. Ba cheart gníomhaíochtaí na mBallstát a dhéanamh i leith na rialacha is infheidhme maidir le Státchabhair.

(46) Díothú táirgí tomhaltais gan díol, amhail teicstílí agus coisbheart, ag oibreoirí eacnamaíocha, tá sé ina fhadhb chomhshaoil fhorleathan ar fud an Aontais, go háirithe mar gheall ar an bhfás tapa atá tagtha ar dhíolacháin ar líne. Caillteanas acmhainní eacnamaíocha luachmhara atá i gceist de réir mar a dhéantar earraí a tháirgeadh, a iompar agus a scriosadh ina dhiaidh sin gan iad a úsáid riamh chun na críche a ceapadh dóibh. Is gá, dá bhrí sin, ar mhaithe le cosaint an chomhshaoil, go mbunaítear leis an Rialachán seo creat chun díothú táirgí gan díol a chosc, ar táirgí iad a ceapadh go príomha do thomhaltóirí de bhun Threoir (AE) 2019/771 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle[69], lena n-áirítear táirgí arna gcur ar ais ag tomhaltóir i bhfianaise a chirt tarraingt siar mar a leagtar síos i dTreoir (AE) 2011/83/AE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle[70]. Laghdóidh sé sin tionchar na dtáirgí sin ar an gcomhshaol trí ghiniúint dramhaíola a laghdú agus trí róthairgeadh táirgí a dhídhreasú. Ina theannta sin, ós rud é gur thug roinnt Ballstát reachtaíocht náisiúnta isteach maidir

69 Treoir (AE) 2019/771 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 20 Bealtaine 2019 maidir le gnéithe áirithe a bhaineann le conarthaí i ndáil le díolacháin earraí, lena leasaítear Rialachán (AE) Uimh. 2017/2394 agus Treoir 2009/22/CE agus lena n-aisghairtear Treoir 1999/44/CE (IO L 136, 22.5.2019, lch. 6).

70 Treoir 2011/83/AE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 25 Deireadh Fómhair 2011 maidir le cearta tomhaltóirí, lena leasaítear Treoir 93/13/CEE ón gComhairle agus Treoir 1999/44/CE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle agus lena n-aisghairtear Treoir 85/577/CEE ón gComhairle agus Treoir 97/7/CE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle (IO L 304, 22.11.2011, lch. 64).

le táirgí tomhaltais gan díol a dhíothú, rud a chruthaíonn saobhadh margaidh, tá gá le rialacha comhchuibhithe maidir le táirgí tomhaltais gan díol a dhíothú chun a áirithiú go mbeidh dáileoirí, miondíoltóirí agus oibreoirí eacnamaíocha eile faoi réir na rialacha agus na ndreasachtaí céanna ar fud na mBallstát.

(47) Chun díothú táirgí tomhaltais gan díol a dhídhreasú agus chun sonraí a ghiniúint a thuilleadh maidir leis an gcleachtas sin a bheith ag tarlú, ba cheart oibleagáid trédhearcachta a thabhairt isteach leis an Rialachán seo d'oibreoirí eacnamaíocha a bhfuil táirgí tomhaltais acu san Aontas, lena gceanglófaí orthu faisnéis a nochtadh maidir le líon na dtáirgí tomhaltais gan díol lena bhfaightear réidh in aghaidh na bliana. Ba cheart don oibreoir eacnamaíoch an cineál táirge nó an chatagóir táirgí, na cúiseanna le fáil réidh leo agus a seachadadh le haghaidh oibríochtaí cóireála dramhaíola ina dhiaidh sin a léiriú. Cé gur cheart an tsaoirse a bheith ag oibreoirí eacnamaíocha a chinneadh conas an fhaisnéis sin a nochtadh ar bhealach is iomchuí dá dtimpeallacht ghnó, ba cheart a mheas gur dea-chleachtas é an fhaisnéis riachtanach a áireamh i ráiteas neamhairgeadais atá ar fáil go poiblí arna dhréachtú i gcomhréir le hAirteagal 19a de Threoir 2013/34/AE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle[71] i gcás inarb infheidhme.

(48) Chun díothú táirgí tomhaltais gan díol a sheachaint, i gcás ina bhfuil díothú na dtáirgí sin forleathan, ba cheart an chumhacht chun gníomhartha a ghlacadh i gcomhréir le hAirteagal 290 CFAE a tharmligean chuig an gCoimisiún chun an Rialachán seo a fhorlíonadh trí thoirmeasc a chur ar dhíothú táirgí den sórt sin. I bhfianaise an réimse leathain táirgí a d'fhéadfaí a dhíothú gan iad a dhíol ná a úsáid riamh, is gá cumhachtú den sórt sin a bhunú sa Rialachán seo. Mar sin féin, ba cheart feidhm a bheith ag an toirmeasc a leagtar síos sna gníomhartha tarmligthe maidir le grúpaí sonracha táirgí atá le cinneadh ar bhonn measúnú ón gCoimisiún ar a mhéid a dhíothaítear na táirgí sin sa chleachtas, agus an fhaisnéis arna cur ar fáil ag oibreoirí eacnamaíocha á cur san áireamh i gcás inarb iomchuí. Chun a áirithiú go bhfuil an oibleagáid sin comhréireach, ba cheart don Choimisiún díolúintí sonracha a mheas faoina bhféadfaí táirgí tomhaltais gan díol a scriosadh fós, mar shampla i bhfianaise saincheisteanna sláinte agus sábháilteachta. Chun faireachán a dhéanamh ar éifeachtacht an toirmisc sin agus chun imchéimniú a dhídhreasú, ba cheart a cheangal ar oibreoirí eacnamaíocha líon na dtáirgí tomhaltais gan díol arna ndíothú agus na cúiseanna lena ndíothú faoi na díolúintí is infheidhme a nochtadh. Ar deireadh, chun aon ualach riaracháin míchuí ar FBManna a sheachaint, ba cheart iad a dhíolmhú ó na hoibleagáidí maidir lena dtáirgí gan díol a nochtadh agus ón toirmeasc ar fháil réidh le grúpaí táirgí sonracha a leagtar amach i ngníomhartha tarmligthe. I gcás ina bhfuil fianaise réasúnta ann, áfach, go bhféadfaí FBManna a úsáid chun dul timpeall ar na hoibleagáidí sin, ba cheart don Choimisiún a bheith in ann a cheangal, sna gníomhartha tarmligthe sin, i gcás roinnt grúpaí táirgí, go mbeadh feidhm ag na hoibleagáidí sin freisin maidir le micrifhiontair, fiontair bheaga nó fiontair mheánmhéide.

(49) Ba cheart d'oibreoirí eacnamaíocha a bheith freagrach as comhlíontacht táirgí leis na ceanglais éicidhearthóireachta faoin Rialachán seo, i ndáil lena róil shonracha sa

[71] Treoir 2013/34/AE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 26 Meitheamh 2013 maidir leis na ráitis airgeadais bhliantúla, na ráitis airgeadais chomhdhlúite agus tuarascálacha gaolmhara maidir le cineálacha áirithe gnóthas, lena leasaítear Treoir 2006/43/CE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle agus lena n-aisghairtear Treoracha 78/660/CEE agus 83/349/CEE ón gComhairle (IO L 182, 29.6.2013, lch. 19).

slabhra soláthair, chun saorghluaiseacht na dtáirgí sin ar an margadh inmheánach a áirithiú agus chun a n-inbhuanaitheacht a fheabhsú. Ba cheart d'oibreoirí eacnamaíocha a dhéanann idirghabháil sa slabhra soláthair agus dáilte bearta iomchuí a dhéanamh chun a áirithiú nach gcuirfidh siad ar fáil ar an margadh ach táirgí atá i gcomhréir leis an Rialachán seo agus leis na gníomhartha tarmligthe arna nglacadh dá bhun.

(50) Is fearr an monaróir, a bhfuil eolas mionsonraithe aige ar an bpróiseas deartha agus táirgthe, chun an nós imeachta um measúnú comhréireachta a dhéanamh. Ba cheart, dá bhrí sin, an oibleagáid measúnú comhréireachta a dhéanamh a bheith ar an monaróir amháin.

(51) Chun feidhmiú an mhargaidh inmheánaigh a chosaint, is gá a áirithiú go gcomhlíonann táirgí ó thríú tíortha a thagann isteach i margadh an Aontais an Rialachán seo agus na gníomhartha tarmligthe arna nglacadh dá bhun, cibé acu a allmhairítear iad mar tháirgí, mar chomhpháirteanna nó mar tháirgí idirmheánacha. Is gá, go háirithe, a áirithiú gur chuir monaróirí nósanna imeachta iomchuí um measúnú comhréireachta i gcrích maidir leis na táirgí sin. Ba cheart foráil a dhéanamh, dá bhrí sin, maidir le hallmhaireoirí chun a áirithiú go gcomhlíonann na táirgí a chuireann siad ar an margadh na ceanglais sin agus go bhfuil an mharcáil CE agus an doiciméadacht arna dtarraingt suas ag monaróirí ar fáil le haghaidh cigireachta ag na húdaráis náisiúnta inniúla. Ba cheart foráil a dhéanamh freisin maidir le hallmhaireoirí chun a áirithiú, i gcás inarb infheidhme, go bhfuil pas táirge ar fáil i gcomhair na dtáirgí sin.

(52) Agus táirge á chur ar an margadh, ba cheart do gach allmhaireoir a ainm, a thrádainm cláraithe nó a thrádmharc cláraithe mar aon lena sheoladh poist agus, más ann dó, a mhodh leictreonach cumarsáide trínar féidir dul i dteagmháil leis a léiriú ar an táirge. Ba cheart foráil a dhéanamh maidir le heisceachtaí sna cásanna nach féidir faisnéis mar sin a sholáthar de bharr mhéid an táirge. Áirítear air sin cásanna ina mbeadh ar an allmhaireoir an phacáistíocht a oscailt chun an t-ainm agus an seoladh a chur ar an táirge nó ina mbeadh an táirge róbheag chun an fhaisnéis sin a ghreamú de.

(53) Ós rud é go gcuireann an dáileoir táirge ar fáil ar an margadh tar éis don mhonaróir nó don allmhaireoir é a chur ann, ba cheart dó gníomhú leis an gcúram cuí i ndáil leis na ceanglais éicidhearthóireachta is infheidhme. Ba cheart don dáileoir a áirithiú freisin nach ndéanfar dochar do chomhlíontacht le ceanglais an Rialacháin seo nó na ngníomhartha tarmligthe arna nglacadh dá bhun leis an gcaoi a láimhseálann sé an táirge.

(54) Ós rud é go bhfuil dáileoirí agus allmhaireoirí gar don mhargadh agus go bhfuil ról tábhachtach acu maidir le comhlíonadh táirgí a áirithiú, ba cheart dóibh a bheith bainteach le cúraimí faireachais margaidh arna ndéanamh ag na húdaráis náisiúnta inniúla, agus ba cheart dóibh a bheith réidh chun a bheith rannpháirteach go gníomhach tríd an bhfaisnéis uile is gá a bhaineann leis an táirge lena mbaineann a thabhairt do na húdaráis sin.

(55) Toisc go dtairgeann an déileálaí táirge lena dhíol, lena fhruiliú nó lena fhruilcheannach, nó go dtaispeánann sé táirgí do chustaiméirí nó do shuiteálaithe, is gá don déileálaí a áirithiú go mbeidh a chustaiméirí in ann rochtain éifeachtach a fháil ar an bhfaisnéis a cheanglaítear faoin Rialachán seo, lena n-áirítear í a fháil i gcás ciandíolacháin. Ba cheart, go háirithe, a chur de cheangal ar dhéileálaithe leis an Rialachán seo a áirithiú go mbeidh rochtain ag a gcustaiméirí ar an bpas táirge agus go mbeidh na lipéid ar taispeáint go soiléir, i gcomhréir leis na ceanglais is infheidhme.

Ba cheart don déileálaí an oibleagáid sin a chomhlíonadh gach uair a bhíonn an táirge ar fáil ar fruiliú.

(56) Chun gur fusa táirgí níos inbhuanaithe a roghnú, ba cheart lipéid a thaispeáint, i gcás inar gá, ar bhealach atá infheicthe agus inaitheanta go soiléir. Ba cheart iad a bheith inaitheanta mar an lipéad a bhaineann leis an táirge i dtrácht, gan gá don chustaiméir an t-ainm branda agus uimhir an mhúnla ar an lipéad a léamh. Ba cheart do lipéid aird an chustaiméara a tharraingt agus é ag brabhsáil trí na táirgí atá ar taispeáint. Chun a áirithiú go mbeidh rochtain ag custaiméirí ar an lipéad agus ceannach á mheas acu, ba cheart don déileálaí agus don oibreoir eacnamaíoch freagrach araon an lipéad a chur ar taispeáint aon uair a dhéantar fógraíocht ar an táirge, agus i gcásanna ciandíolacháin freisin, lena n-áirítear é sin a dhéanamh ar líne.

(57) Aon allmhaireoir nó dáileoir a chuireann táirge atá cumhdaithe ag gníomh tarmligthe arna ghlacadh de bhun an Rialacháin seo ar an margadh faoi ainm nó trádmharc an allmhaireora nó an dáileora féin, nó a mhodhnaíonn táirge den sórt sin ar bhealach a d'fhéadfadh difear a dhéanamh do chomhlíonadh an Rialacháin seo nó an ghnímh tharmligthe ábhartha, ba cheart a mheas gurb é an monaróir é agus ba cheart dó oibleagáidí an mhonaróra a ghlacadh air féin.

(58) Tá ról ríthábhachtach ag margaí ar líne sa slabhra soláthair, rud a ligeann d'oibreoirí eacnamaíocha teacht ar líon mór custaiméirí. I bhfianaise an róil thábhachtaigh atá acu mar idirghabhálaí agus táirgí á ndíol ag oibreoirí eacnamaíocha le custaiméirí, ba cheart do mhargaí ar líne freagracht a ghlacadh as aghaidh a thabhairt ar dhíol táirgí nach gcomhlíonann na ceanglais éicidhearthóireachta agus ba cheart dóibh comhoibriú leis na húdaráis um fhaireachas margaidh. Le Treoir 2000/31/CE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle[72], foráiltear maidir leis an gcreat ginearálta le haghaidh ríomhthráchtála agus leagtar síos oibleagáidí áirithe le haghaidh ardáin ar líne. Le Rialachán [.../...] maidir le Margadh Aonair do Sheirbhísí Digiteacha (an Ionstraim um Sheirbhísí Digiteacha) agus lena leasaítear Treoir 2000/31/CE[73], rialaítear freagracht agus cuntasacht soláthraithe seirbhísí idirmheánacha ar líne maidir le hábhar neamhdhleathach, lena n-áirítear táirgí nach gcomhlíonann na ceanglais éicidhearthóireachta. Chun cur leis an gcreat ginearálta sin, ba cheart ceanglais shonracha a thabhairt isteach chun aghaidh a thabhairt go héifeachtach ar dhíolachán táirgí neamhchomhlíontacha ar líne.

(59) Tá sé ríthábhachtach go n-oibreodh margaí ar líne i ndlúthchomhar leis na húdaráis um fhaireachas margaidh. Forchuirtear oibleagáid maidir le comhar leis na húdaráis um fhaireachas margaidh ar sholáthraithe seirbhíse na sochaí faisnéise faoi Airteagal 7(2) de Rialachán (AE) 2019/1020 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle[74] i ndáil le táirgí a chumhdaítear leis an Rialachán sin, lena n-áirítear táirgí a bhfuil ceanglais éicidhearthóireachta leagtha síos dóibh. Chun an comhar a fheabhsú a thuilleadh chun dul i ngleic le hábhar neamhdhleathach a bhaineann le táirgí neamhchomhlíontacha, ba

---

72 Treoir 2000/31/CE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 8 Meitheamh 2000 maidir le gnéithe áirithe dlí de sheirbhísí na sochaí faisnéise, an trádáil leictreonach, go háirithe, sa Mhargadh Inmheánach ('an Treoir maidir le trádáil leictreonach') (IO L 178, 17.7.2000, lch. 1).

73 [Cuir isteach tagairt tar éis a ghlactha Togra le haghaidh Rialachán ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle maidir le Margadh Aonair do Sheirbhísí Digiteacha (an Ionstraim um Sheirbhísí Digiteacha) agus lena leasaítear Treoir 2000/31/CE (COM(2020)825 final)].

74 Rialachán (AE) 2019/1020 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 20 Meitheamh 2019 maidir le faireachas margaidh ar tháirgí agus comhlíonadh táirgí agus lena leasaítear Treoir 2004/42/CE agus Rialacháin (CE) Uimh. 765/2008 agus (AE) Uimh. 305/2011 (IO L 169, 25.6.2019, lch. 1).

cheart oibleagáidí nithiúla a áireamh sa Rialachán seo chun an comhar sin a chur i bhfeidhm a mhéid a bhaineann le margaí ar líne. Mar shampla, bíonn na húdaráis um fhaireachas margaidh ag cur feabhais i rith an ama ar na huirlisí teicneolaíochta a úsáideann siad le haghaidh an fhaireachais margaidh ar líne chun táirgí neamhchomhlíontacha a dhíoltar ar líne a shainaithint. Chun go mbeidh na huirlisí sin oibríochtúil, ba cheart do mhargaí ar líne rochtain a thabhairt ar a gcomhéadan. Thairis sin, d'fhéadfadh sé go mbeadh ar na húdaráis um fhaireachas margaidh sonraí a chamchóipeáil ó na margaí ar líne freisin.

(60) I gcás nach bhfuil aon mhodh éifeachtach eile ar fáil chun deireadh a chur le riosca tromchúiseach, le hAirteagal 14(4) de Rialachán (AE) 2019/1020 tugtar de chumhacht do na húdaráis um fhaireachas margaidh a éileamh go mbainfí inneachar a thagraíonn do tháirgí neamhchomhlíontacha ó chomhéadan ar líne nó a éileamh go dtaispeánfaí rabhadh go sainráite d'úsáideoirí deiridh nuair a bheidh rochtain acu ar chomhéadan ar líne. Na cumhachtaí a thugtar do na húdaráis um fhaireachas margaidh le hAirteagal 14(4) de Rialachán (AE) 2019/1020, ba cheart feidhm a bheith acu maidir leis an Rialachán seo freisin. Mar sin féin, ionas go ndéanfar faireachas éifeachtach ar an margadh faoin Rialachán seo agus chun táirgí neamhchomhlíontacha a sheachaint ar mhargadh an Aontais, ba cheart feidhm a bheith ag an gcumhacht sin maidir le gach cás atá riachtanach agus comhréireach, lena n-áirítear táirgí nach bhfuil riosca chomh tromchúiseach sin ag baint leo. Ba cheart an chumhacht sin a fheidhmiú i gcomhréir le [hAirteagal 8] den [Ionstraim um Sheirbhísí Digiteacha].

(61) Trí inrianaitheacht táirge a áirithiú feadh an tslabhra soláthair ina iomláine éascaítear cúram na n-údarás um fhaireachas margaidh oibreoirí eacnamaíocha a rianú a chuir táirgí neamhchomhlíontacha ar an margadh nó a chuir ar fáil ar an margadh iad. Ba cheart a éileamh ar na hoibreoirí eacnamaíocha, dá bhrí sin, an fhaisnéis faoina n-idirbhearta a choinneáil ar feadh tréimhse ama áirithe.

(62) Chun dlús a chur le fíorú chomhlíontacht na dtáirgí a chuirtear ar an margadh agus chun an fíorú sin a éascú, ba cheart an chumhacht chun gníomhartha a ghlacadh i gcomhréir le hAirteagal 290 CFAE a tharmligean chuig an gCoimisiún chun an Rialachán seo a fhorlíonadh trína cheangal ar oibreoirí eacnamaíocha freagracha, i gcás inar gá, codanna sonracha den doiciméadacht theicniúil a chur ar fáil go digiteach d'údaráis inniúla agus don Choimisiún araon. Ba cheart dó sin ligean do na húdaráis náisiúnta inniúla rochtain a fháil ar an bhfaisnéis sin gan iarraidh, agus cosaint rún trádála á ráthú ag an am céanna. Maidir le modhanna féideartha chun an fhaisnéis sin a chur ar fáil go digiteach, ba cheart, i bprionsabal, pas táirge a áireamh iontu, nó trína háireamh sa chuid sin den bhunachar sonraí táirgí dá dtagraítear i Rialachán (AE) 2017/1369 a bhaineann le comhlíontacht, nó ar shuíomh gréasáin de chuid an oibreora eacnamaíoch. Níor cheart don oibleagáid sin laghdú ar cheart na n-údarás inniúil náisiúnta rochtain a fháil ar chodanna eile den doiciméadacht theicniúil arna hiarraidh sin.

(63) Le go bhféadfaí meastachán níos fearr a dhéanamh ar dhul i bhfód ar mhargadh na dtáirgí ábhartha, eolas níos fearr a chur ar fáil do staidéir a chuireann le dréachtú nó nuashonrú ceanglais agus pleananna oibre éicidhearthóireachta, agus chun cuidiú leis an sciar den mhargadh atá ag grúpaí sonracha táirgí a shainaithint d'fhonn dlús a chur le foirmliú nó athbhreithniú na gceanglas éicidhearthóireachta, ba cheart an chumhacht chun gníomhartha a ghlacadh i gcomhréir le hAirteagal 290 CFAE a tharmligean chuig an gCoimisiún chun an Rialachán seo a fhorlíonadh trína cheangal go mbaileofar sonraí leordhóthanacha iontaofa maidir le díolacháin táirgí, trína cheadú don Choimisiún sonraí den sórt sin a bhailiú go díreach ó mhonaróirí nó miondíoltóirí

nó trína cheadú go ndéanfaí é sin thar ceann an Choimisiúin. Agus rialacha maidir le faireachán agus tuairisciú á nglacadh aige, ba cheart don Choimisiún a chur san áireamh an gá atá ann an leas is fearr is féidir a bhaint as na sonraí atá ar fáil maidir le dul i bhfód ar an margadh agus an gá atá ann an t-ualach riaracháin ar oibreoirí eacnamaíocha a íoslaghdú.

(64) Chun na ceanglais éicidhearthóireachta a fheabhsú amach anseo agus chun feabhas a chur ar mhuinín úsáideoirí deiridh agus diallais idir fuinneamh le linn úsáide agus paraiméadair eile feidhmíochta á sainaithint agus á gceartú acu nuair a dhéantar iad a thomhas faoi choinníollacha tástála agus faoi fheidhmiú iarbhír, ba cheart rochtain a bheith ag an gCoimisiún ar fhíorthomhaltas fuinnimh táirgí agus iad in úsáid agus i gcás inarb ábhartha do pharaiméadair feidhmíochta eile. Chuige sin, ba cheart an chumhacht chun gníomhartha a ghlacadh i gcomhréir le hAirteagal 290 CFAE a tharmligean chuig an gCoimisiún chun an Rialachán seo a fhorlíonadh trína cheangal ar tháirgí aonair, ar an gcaoi chéanna le feithiclí bóthair, a dtomhaltas fuinnimh le linn úsáide agus paraiméadair ábhartha eile feidhmíochta a chinneadh agus a thaispeáint don úsáideoir deiridh. I gcás táirgí atá nasctha leis an idirlíon, ba cheart an chumhacht chun gníomhartha a ghlacadh i gcomhréir le hAirteagal 290 CFAE a tharmligean chuig an gCoimisiún chun an Rialachán seo a fhorlíonadh trína chur de cheangal ar oibreoirí eacnamaíocha sonraí úsáide oibríochtúla den sórt sin a bhailiú go cianda agus iad a thuairisciú don Choimisiún, mar go bhfuil sé fíor-riachtanach an chaoi a n-oibríonn na táirgí a shainaithint agus an pobal a chur ar an eolas. I gcás táirgí a bhfuil a bhfeidhmíocht le linn úsáide ag brath go mór freisin ar dhálaí aeráide nó geografacha, ba cheart faisnéis aeráide nó gheografach a bhailiú, a anaithnidiú agus a thuairisciú freisin.

(65) D’fhonn cur i bhfeidhm éifeachtach comhchuibhithe na gceanglas éicidhearthóireachta a leagtar amach faoin Rialachán seo a áirithiú, lena n-áirítear gnéithe amhail úsáid fuinnimh nó éifeachtúlacht, marthanacht agus iontaofacht, chomh maith le hinneachar athchúrsáilte, ba cheart comhlíonadh na gceanglas sin a thomhas trí úsáid a bhaint as modhanna iontaofa, cruinne agus in-atáirgthe a chuireann san áireamh na modhanna úrscothacha a aithnítear go ginearálta. I bprionsabal, ba cheart na sonraíochtaí le haghaidh tástálacha, tomhais nó ríomhanna is gá chun comhlíontacht a bhunú nó a fhíorú a bheith ar áireamh i ngníomhartha tarmligthe lena mbunaítear ceanglais éicidhearthóireachta i gcomhair táirgí. Ina theannta sin, ba cheart an chumhacht chun gníomhartha a ghlacadh i gcomhréir le hAirteagal 290 CFAE a tharmligean chuig an gCoimisiún chun an Rialachán seo a fhorlíonadh trína cheangal go n-úsáidfear uirlisí ar líne lena léirítear na ceanglais ríofa is infheidhme, chun a áirithiú go gcuirfear i bhfeidhm go comhchuibhithe iad.

(66) D’fhonn a áirithiú go mbainfidh ceanglais éicidhearthóireachta na héifeachtaí atá beartaithe dóibh amach, ba cheart forálacha cuimsitheacha uileghabhálacha a leagan amach sa Rialachán seo, forálacha a bheidh infheidhme maidir le gach táirge a chumhdaítear le ceanglais éicidhearthóireachta, lena dtoirmeasctar teacht timpeall ar na ceanglais sin. Dá bhrí sin, ba cheart toirmeasc a chur ar aon chleachtas as a n-eascraíonn athrú gan údar ar fheidhmíocht an táirge le linn tástáil chomhlíontachta nó laistigh de thréimhse ghearr tar éis an táirge a chur i seirbhís, as a n-eascródh feidhmíocht dhearbhaithe lena dtabharfaí bréagléiriú ar fheidhmíocht iarbhír an táirge agus é in úsáid.

(67) I gcás inarb iomchuí, féadfaidh gníomhartha tarmligthe lena mbunaítear ceanglais éicidhearthóireachta i gcomhair táirgí tagairt a dhéanamh d’úsáid caighdeán chun comhlíontacht a bhunú nó a fhíorú. Chun a áirithiú nach mbeidh aon bhacainn ar

thrádáil ar an margadh inmheánach, ba cheart na caighdeáin sin a chomhchuibhiú ar leibhéal an Aontais. A luaithe a ghlacfar tagairt do chaighdeán den sórt sin i gcomhréir le Rialachán (AE) Uimh. 1025/2012 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle[75] agus a foilsíodh in *Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh*, ba cheart a mheas go bhfuil táirgí atá i gcomhréir leis na caighdeáin sin, ar glacadh ceanglais éicidhearthóireachta ina leith de bhun an Rialacháin seo, i gcomhréir leis na ceanglais sin a mhéid a chumhdaítear leis na caighdeáin chomhchuibhithe ábhartha iad. Ar an gcaoi chéanna, ba cheart a mheas go bhfuil modhanna tástála, tomhais nó ríofa atá i gcomhréir le caighdeáin chomhchuibhithe i gcomhréir leis na ceanglais tástála, tomhais agus ríofa a leagtar amach sna gníomhartha tarmligthe ábhartha lena leagtar síos ceanglais éicidhearthóireachta, a mhéid atá siad cumhdaithe ag na caighdeáin chomhchuibhithe ábhartha.

(68) In éagmais caighdeáin chomhchuibhithe, ba cheart úsáid a bhaint as sonraíochtaí coiteanna mar réiteach cúltaca chun oibleagáid an mhonaróra a éascú maidir leis na ceanglais éicidhearthóireachta a chomhlíonadh, mar shampla nuair atá an próiseas caighdeánaithe blocáilte mar gheall ar easpa comhdhearcaidh idir páirtithe leasmhara nó i gcás ina bhfuil moill mhíchuí ar chaighdeán comhchuibhithe a bhunú. D'fhéadfadh na moilleanna sin a bheith ann, mar shampla, nuair nach mbaintear an cháilíocht riachtanach amach. Ina theannta sin, ba cheart a bheith in ann dul i muinín an réitigh sin i gcás ina bhfuil an Coimisiún tar éis na tagairtí do chaighdeáin chomhchuibhithe ábhartha a shrianadh nó a tharraingt siar i gcomhréir le hAirteagal 11(5) de Rialachán (AE) Uimh. 1025/2012. Ba cheart go mbeadh comhlíontacht le sonraíochtaí coiteanna ina cúis le toimhde na comhréireachta freisin.

(69) Chun a chur ar a gcumas d'oibreoirí eacnamaíocha a léiriú, agus d'údaráis inniúla a fhíorú, go gcomhlíonann táirgí a chuirtear ar fáil ar an margadh na ceanglais éicidhearthóireachta arna nglacadh de bhun an Rialacháin seo, ba cheart an chumhacht chun gníomhartha a ghlacadh i gcomhréir le hAirteagal 290 CFAE a tharmligean chuig an gCoimisiún chun an Rialachán seo a fhorlíonadh trí nósanna imeachta um measúnú comhréireachta a leagan síos a bheidh iomchuí agus comhréireach le cineál an táirge lena mbaineann agus le cineál na bparaiméadar táirgí a rialáiltear. Chun comhleanúnachas le dlí eile de chuid an Aontais a áirithiú, ba cheart na nósanna imeachta um measúnú comhréireachta a roghnú ón modúl um rialú inmheánach táirgthe a áirítear sa Rialachán seo agus as measc na modúl a áirítear i gCinneadh Uimh. 768/2008/CE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle[76], ó na cinn is lú déine go dtí na modúil is déine. Lena áirithiú a thuilleadh go bhfuil an modúl is infheidhme iomchuí agus comhréireach le cineál an táirge lena mbaineann agus le cineál na bparaiméadar táirgí a rialáiltear, ba cheart don Choimisiún an modúl a roghnaítear a oiriúnú i bhfianaise an chineáil sin i gcás inar gá.

(70) Ba cheart do mhonaróirí dearbhú comhréireachta de chuid an Aontais a dhréachtú chun faisnéis a sholáthar faoi chomhréireacht táirgí leis an Rialachán seo. Féadfar a

---

75 Rialachán (AE) Uimh. 1025/2012 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 25 Deireadh Fómhair 2012 maidir le caighdeánú Eorpach, lena leasaítear Treoir 89/686/CEE agus Treoir 93/15/CEE ón gComhairle agus Treoracha 94/9/CE, 94/25/CE, 95/16/CE, 97/23/CE, 98/34/CE, 2004/22/CE, 2007/23/CE, 2009/23/CE agus 2009/105/CE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle agus lena n-aisghairtear Cinneadh 87/95/CEE ón gComhairle agus Cinneadh Uimh. 1673/2006/CE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle (IO L 316, 14.11.2012, lch. 12).

76 Cinneadh Uimh. 768/2008/CE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 9 Iúil 2008 maidir le comhchreat le haghaidh margú táirgí, agus lena n-aisghairtear Cinneadh 93/465/CEE ón gComhairle (IO L 218, 13.8.2008, lch. 82).

cheangal ar mhonaróirí le reachtaíocht eile de chuid an Aontais dearbhú comhréireachta de chuid an Aontais a tharraingt suas freisin. Chun rochtain éifeachtach ar fhaisnéis a áirithiú chun críocha faireachais margaidh, ba cheart dearbhú comhréireachta aonair de chuid an Aontais a dhréachtú i ndáil le gach gníomh de chuid an Aontais. Chun an t-ualach riaracháin ar oibreoirí eacnamaíocha a laghdú, ba cheart don dearbhú comhréireachta aonair sin de chuid an Aontais a bheith in ann a bheith ina shainchomhad ina mbeidh na dearbhuithe comhréireachta aonair ábhartha.

(71) Le Rialachán (CE) Uimh. 765/2008 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle[77] leagtar síos rialacha maidir le creidiúnú comhlachtaí um measúnú comhréireachta, soláthraítear creat chun faireachas margaidh a dhéanamh ar tháirgí agus chun táirgí ó thríú tíortha a rialú, agus leagtar síos prionsabail ghinearálta na marcála CE. Ba cheart feidhm a bheith ag an Rialachán sin maidir le táirgí a chumhdaítear leis an Rialachán seo chun a áirithiú go gcomhlíonann táirgí a bhaineann tairbhe as an tsaorghluaiseacht earraí laistigh den Aontas ceanglais lena soláthraítear ardleibhéal cosanta i gcomhair leas an phobail, mar shampla sláinte an duine, sábháilteacht agus an comhshaol. I gcás inar glacadh ceanglais éicidhearthóireachta le haghaidh táirge, ba cheart a chur in iúl leis an marcáil CE go bhfuil an táirge sin i gcomhréir leis an Rialachán seo agus leis na ceanglais éicidhearthóireachta a glacadh dá bhun, a mhéid a bhaineann siad leis an táirge. Leagtar amach prionsabail ghinearálta lena rialaítear an mharcáil CE agus an gaol idir í agus marcálaithe eile i Rialachán (CE) Uimh. 765/2008. Ós rud é go ndéantar foráil leis an Rialachán seo maidir le ceanglais éicidhearthóireachta a shocrú i gcomhair réimse mór táirgí, ba cheart an chumhacht chun gníomhartha a ghlacadh i gcomhréir le hAirteagal 290 CFAE a tharmligean chuig an gCoimisiún chun an Rialachán seo a fhorlíonadh trí rialacha malartacha nó rialacha níos sonraí a leagan amach maidir leis an dearbhú comhréireachta nó an mharcáil chomhréireachta i ndáil le ceanglais éicidhearthóireachta chun comhchuibheas a áirithiú leis na ceanglais faoi dhlí an Aontais is infheidhme maidir leis na táirgí a chumhdaítear, chun mearbhall le marcáil nó dearbhuithe eile a sheachaint agus chun an t-ualach riaracháin ar oibreoirí eacnamaíocha a íoslaghdú.

(72) Éilíonn cuid de na modúil um measúnú comhréireachta a leagtar síos i gCinneadh Uimh. 768/2008/CE idirghabháil na gcomhlachtaí um measúnú comhréireachta. Chun coinníollacha aonfhoirmeacha a áirithiú maidir le cur chun feidhme an Rialacháin seo, ba cheart d'údaráis na mBallstát fógra a thabhairt don Choimisiún faoi na comhlachtaí sin.

(73) Chun leibhéal comhsheasmhach cáilíochta a áirithiú agus measúnú comhréireachta á dhéanamh, is gá ceanglais a shocrú le haghaidh na n-údarás a thugann fógra atá bainteach le measúnú a dhéanamh ar chomhlachtaí dá dtugtar fógra, fógra a thabhairt dóibh agus faireachán a dhéanamh orthu. Go háirithe, ba cheart a áirithiú go bhfuil an t-údarás a thugann fógra oibiachtúil neamhchlaonta maidir lena ghníomhaíocht. Thairis sin, ba cheart a éileamh ar na húdaráis a thugann fógra rúndacht na faisnéise a fhaigheann siad a choimirciú ach ba cheart dóibh, mar sin féin, a bheith in ann faisnéis a mhalartú faoi na comhlachtaí dá dtugtar fógra leis an húdaráis náisiúnta, leis na húdaráis a thugann fógra sna Ballstáit eile agus leis an gCoimisiún chun comhsheasmhacht leis an measúnú comhréireachta a áirithiú. Chun inniúlacht agus neamhspleáchas na gcomhlachtaí is iarratasóirí a bhunú go héifeachtach agus chun

[77] Rialachán (CE) Uimh. 765/2008 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 9 Iúil 2008 lena leagtar amach na ceanglais maidir le creidiúnú agus maidir le faireachas margaidh a bhaineann le táirgí a mhargú, agus lena n-aisghairtear Rialachán (CEE) Uimh. 339/93 (IO L 218, 13.8.2008, lch. 30).

faireachán a dhéanamh go héifeachtach orthu, níor cheart do na húdaráis a thugann fógra glacadh ach leis an gcomhlacht dlíthiúil beacht a bhfuil an t-iarratas á chur isteach aige mar bhunús le fógra a thabhairt, agus gan na dintiúir de chuid máthairchuideachtaí nó comhchuideachtaí a chur san áireamh. Ar an gcúis chéanna, ba cheart dóibh measúnú a dhéanamh ar na comhlachtaí is iarratasóirí in aghaidh na gceanglas ábhartha uile agus na gcúraimí um measúnú comhréireachta uile, agus iad ag brath ar chaighdeáin chomhchuibhithe maidir leis na ceanglais agus na cúraimí a chumhdaítear leis na caighdeáin sin.

(74) I bhfianaise an róil lárnaigh atá acu maidir le hiontaofacht na measúnuithe comhréireachta i ndáil le ceanglais éicidhearthóireachta a áirithiú, tá sé fíor-riachtanach go mbeidh dóthain pearsanra inniúil agus maoiniú leordhóthanach ar fáil do na húdaráis a thugann fógra chun a gcuid cúraimí a dhéanamh mar is ceart. I gcás ina dtarlaíonn, agus an Rialachán seo á chur chun feidhme, nach bhfióróidh na húdaráis a thugann fógra na comhlachtaí dá dtugtar fógra go héifeachtach agus nach ndéanfaidh siad faireachán go héifeachtach orthu i ngeall ar easpa pearsanra inniúil, ba cheart na cumhachtaí cur chun feidhme a thabhairt don Choimisiún líon íosta coibhéisí lánaimseartha a leagan síos ar cheart a bheith ar fáil do na húdaráis a thugann fógra, i gcás inarb iomchuí maidir le cúraimí sonracha um measúnú comhréireachta.

(75) Tá sé fíor-riachtanach go ndéanfadh na comhlachtaí dá dtugtar fógra go léir a bhfeidhmeanna ar an leibhéal céanna agus faoi dhálaí comhionanna iomaíochta agus go huathrialach. Dá bhrí sin, ba cheart ceanglais a shocrú i gcomhair comhlachtaí um measúnú comhréireachta ar mian leo stádas comhlachta dá dtugtar fógra a fháil chun gníomhaíochtaí um measúnú comhréireachta a sholáthar. Ba cheart do na ceanglais sin leanúint d'fheidhm a bheith acu chun inniúlacht an chomhlachta dá dtugtar fógra a choinneáil ar bun. Chun a neamhspleáchas a áirithiú, ba cheart a cheangal ar an gcomhlacht dá dtugtar fógra agus ar an bhfoireann atá fostaithe aige a bheith neamhspleách ar oibreoirí eacnamaíocha i slabhra luacha na dtáirgí ar tugadh fógra dó ina leith agus ar chuideachtaí eile, lena n-áirítear comhlachais ghnó agus máthairchuideachtaí agus fochuideachtaí.

(76) I gcás go léireoidh comhlacht um measúnú comhréireachta a chomhréireacht leis na critéir a leagtar síos sna caighdeáin chomhchuibhithe, ba cheart a thoimhdiú go gcomhlíonann an comhlacht na ceanglais chomhréireacha a leagtar amach sa Rialachán seo.

(77) Is minic a ligeann comhlachtaí um measúnú comhréireachta codanna dá ngníomhaíochtaí a bhaineann leis an measúnú comhréireachta ar fochonradh nó go dtéann siad i muinín fochuideachta. Lena áirithiú go gcomhlíonann táirgí a chuirtear ar mhargadh an Aontais ceanglais éicidhearthóireachta, ba cheart d'fhochonraitheoirí agus d'fhochuideachtaí um measúnú comhréireachta na ceanglais chéanna a chomhlíonadh is a chomhlíonann na comhlachtaí dá dtugtar fógra maidir le feidhmiú cúraimí um measúnú comhréireachta faoin Rialachán seo.

(78) Le go bhféadfaidh na húdaráis a thugann fógra inniúlacht agus neamhspleáchas na gcomhlachtaí is iarratasóirí a bhunú go héifeachtach agus faireachán a dhéanamh go héifeachtach orthu, ba cheart do na húdaráis sin a bheith neamhspleách agus fanacht neamhspleách. Dá bhrí sin, ba cheart don chomhlacht ar leith dá dtugtar fógra gníomhaíochtaí agus próisis áirithe chinnteoireachta a dhéanamh é féin, maidir le measúnú comhréireachta ar tháirgí agus le gníomhaíochtaí eile araon ar táirgí agus gníomhaíochtaí inmheánacha de chuid an chomhlachta dá dtugtar fógra iad.

(79) Chun an próiseas a éascú chun inniúlacht agus neamhspleáchas na gcomhlachtaí is iarratasóirí a bhunú agus faireachán a dhéanamh orthu, ba cheart do na comhlachtaí is iarrthóirí maitrís cháilíochta a tharraingt suas agus a thabhairt cothrom le dáta go rialta. Ba cheart don mhaitrís sin pearsanra agus a gcáilíochtaí a mheaitseáil le cúraimí sonracha um measúnú comhréireachta, rud a chuirfeadh ar chumas an údaráis a thugann fógra measúnú níos éifeachtaí a dhéanamh ar leordhóthanacht an tsoláthair foirne agus ar neamhspleáchas leanúnach an chomhlachta dá dtugtar fógra.

(80) Ós rud é go bhféadfadh sé go mbeadh baint ag na seirbhísí atá á dtairiscint ag na comhlachtaí dá dtugtar fógra i mBallstát le táirgí a chuirtear ar fáil ar an margadh ar fud an Aontais, is iomchuí an deis a thabhairt do na Ballstáit eile agus don Choimisiún agóid a dhéanamh maidir le comhlacht dá dtugtar fógra. Chun a áirithiú go gcuirfear an Rialachán seo chun feidhme faoi dhálaí aonfhoirmeacha, ba cheart cumhachtaí cur chun feidhme a thabhairt don Choimisiún chun a iarraidh ar an mBallstát a thugann fógra gníomhaíocht cheartaitheach a dhéanamh mura gcomhlíonann comhlacht dá dtugtar fógra ceanglais an Rialacháin seo, nó mura gcomhlíonann sé na ceanglais sin a thuilleadh.

(81) Ar mhaithe leis an nós imeachta um measúnú comhréireachta a éascú agus dlús a chur leis, agus chun cóir chomhionann a áirithiú i gcomhair oibreoirí eacnamaíocha, tá sé ríthábhachtach go gcuirfidh na comhlachtaí dá dtugtar fógra na nósanna imeachta um measúnú comhréireachta i bhfeidhm go comhsheasmhach agus gan ualaí nach bhfuil gá leo a chruthú d'oibreoirí eacnamaíocha.

(82) Sula ndéanfar cinneadh críochnaitheach cibé acu an féidir deimhniú comhréireachta a bhronnadh ar tháirge nó nach féidir, níor cheart cead a bheith ag an oibreoir eacnamaíoch ar mian leis an táirge sin a chur ar an margadh an doiciméadacht ábhartha a chomhlánú ach an t-aon uair amháin. Tá an teorannú sin riachtanach chun a áirithiú nach mbeidh na comhlachtaí dá dtugtar fógra in ann cúnamh a thabhairt do mhonaróirí athruithe a dhéanamh go dtí go mbainfear comhréireacht amach, ós rud é go gciallódh sé sin go mbeadh an tseirbhís a chuirtear ar fáil cosúil le seirbhís comhairliúcháin agus go bhféadfadh sí, sa chleachtas, caolú a dhéanamh ar chúraimí na gcomhlachtaí dá dtugtar fógra ar chun leas an phobail iad. I gcás inarb iomchuí, ba cheart do na comhlachtaí dá dtugtar fógra a bheith in ann aon deimhniú nó aon chinneadh formheasa a shrianadh, a chur ar fionraí nó a tharraingt siar.

(83) Chun éascú a dhéanamh ar shainaithint agus réiteach cásanna ina mbíonn comhlachtaí dá dtugtar fógra, monaróirí nó táirgí neamhchomhréireach, ba cheart do na comhlachtaí dá dtugtar fógra faisnéis ábhartha atá ar fáil dóibh a chur ar aghaidh go réamhghníomhach chuig na húdaráis a thugann fógra nó chuig na húdaráis um fhaireachas margaidh.

(84) Tá sé ríthábhachtach malartú éifeachtúil faisnéise a áirithiú idir na comhlachtaí dá dtugtar fógra agus na húdaráis um fhaireachas margaidh, lena n-áirítear faisnéis ó Bhallstáit eile. Chuige sin, ní mór do na húdaráis a thugann fógra agus do na comhlachtaí dá dtugtar fógra a áirithiú go ndéanfar obair leantach ar iarrataí ar fhaisnéis ó na húdaráis um fhaireachas margaidh.

(85) Ba cheart don Choimisiún comhordú agus comhar iomchuí a éascú idir na comhlachtaí dá dtugtar fógra. Chun cur i bhfeidhm comhchuibhithe na gceanglas éicidhearthóireachta a áirithiú, ba cheart do na comhlachtaí dá dtugtar fógra plé agus comhordú a dhéanamh maidir le hábhair a d'fhéadfadh a bheith dibhéirseach. Sa phróiseas sin, ba cheart dóibh glacadh le haon doiciméad arna chur le chéile ag an ngrúpa comhair riaracháin mar threoir ghinearálta, grúpa arna chomhdhéanamh de na

húdaráis um fhaireachais margaidh dá dtagraítear in Airteagal 30(2) de Rialachán (AE) 2019/1020.

(86) Chun tomhaltóirí a dhreasú le roghanna inbhuanaithe a dhéanamh, go háirithe nuair nach mbíonn na táirgí atá níos inbhuanaithe inacmhainne go leor, ba cheart foráil a dhéanamh maidir le sásraí amhail éiceadhearbháin agus cánachas comhshaoil. Nuair a chinnfidh na Ballstáit úsáid a bhaint as dreasachtaí chun luaíocht a thabhairt do na táirgí is fearr feidhmíochta i measc na dtáirgí sin ar socraíodh aicmí feidhmíochta dóibh trí bhíthin gníomhartha tarmligthe de bhun an Rialacháin seo, ba cheart dóibh é sin a dhéanamh trí dhíriú ar na dreasachtaí sin ar an dá aicme feidhmíochta is airde, mura léirítear a mhalairt leis an ngníomh tarmligthe ábhartha. Mar sin féin, níor cheart do na Ballstáit a bheith in ann toirmeasc a chur ar tháirge a chur ar an margadh bunaithe ar a aicme feidhmíochta. Ar an gcúis chéanna, ba cheart an chumhacht chun gníomhartha a ghlacadh i gcomhréir le hAirteagal 290 CFAE a tharmligean chuig an gCoimisiún chun an Rialachán seo a fhorlíonadh trí na paraiméadair táirgí nó na leibhéil ghaolmhara feidhmíochta a bhaineann le dreasachtaí na mBallstát a shonrú a thuilleadh i gcás nach gcinntear aon aicme feidhmíochta sa ghníomh tarmligthe is infheidhme nó i gcás ina mbunaítear aicmí feidhmíochta i ndáil le níos mó ná paraiméadar táirge amháin. Tabhairt isteach dhreasachtaí na mBallstát, ba cheart é a bheith gan dochar do chur i bhfeidhm rialacha an Aontais maidir le Státchabhair.

(87) Is ionann soláthar poiblí agus 14 % de OTI an Aontais. Chun rannchuidiú leis an gcuspóir neodracht aeráide a bhaint amach, éifeachtúlacht fuinnimh agus acmhainní a fheabhsú agus aistriú chuig geilleagar ciorclach lena gcosnaítear an tsláinte phoiblí agus an bhithéagsúlacht, ba cheart an chumhacht chun gníomhartha a ghlacadh i gcomhréir le hAirteagal 290 CFAE a tharmligean chuig an gCoimisiún chun a cheangal, i gcás inarb iomchuí, ar údaráis chonarthacha agus eintitis chonarthacha, mar a shainmhínítear i dTreoracha 2014/24/AE[78] agus 2014/25/AE[79] ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle, a soláthar a chur i gcomhréir le critéir nó spriocanna sonracha maidir le soláthar poiblí glas, atá le leagan amach sna gníomhartha tarmligthe a ghlacfar de bhun an Rialacháin seo. Ba cheart na critéir nó na spriocanna a leagtar síos le gníomhartha tarmligthe i gcomhair grúpaí sonracha táirgí a chomhlíonadh ní hamháin nuair a fhaightear na táirgí sin go díreach i gconarthaí soláthair phoiblí ach i gconarthaí oibreacha poiblí nó conarthaí seirbhísí poiblí freisin i gcás ina n-úsáidfear na táirgí sin le haghaidh gníomhaíochtaí arb iad ábhar na gconarthaí sin iad. I gcomparáid le cur chuige deonach, áiritheofar le critéir nó spriocanna éigeantacha go n-uasmhéadófar giaráil an chaiteachais phoiblí chun borradh a chur faoin éileamh ar tháirgí a fheidhmíonn níos fearr. Ba cheart do na critéir sin a bheith trédhearcach, oibiachtúil agus neamh-idirdhealaitheach.

(88) Tá forfheidhmiú éifeachtach na gceanglas éicidhearthóireachta fíor-riachtanach chun iomaíocht chomhionann i margadh an Aontais a áirithiú agus chun a áirithiú go mbainfear amach na tairbhí a mheastar a thiocfaidh as an Rialachán seo agus an méid a mheastar a chuirfidh sé le cuspóirí aeráide, fuinnimh agus ciorclaíochta an Aontais a bhaint amach. Dá bhrí sin, ba cheart feidhm a bheith ag Rialachán (AE) 2019/1020 lena leagtar amach creat cothrománach maidir le faireachas margaidh agus rialú ar

[78] Treoir 2014/24/AE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 26 Feabhra 2014 maidir le soláthar poiblí agus lena n-aisghairtear Treoir 2004/18/CE (IO L 94, 28.3.2014, lch. 65).

[79] Treoir 2014/25/AE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 26 Feabhra 2014 maidir le soláthar ag eintitis a oibríonn in earnálacha an uisce, an fhuinnimh, an iompair agus na seirbhísí poist agus lena n-aisghairtear Treoir 2004/17/CE (IO L 94, 28.3.2014, lch. 243).

tháirgí a thagann isteach i margadh an Aontais maidir le táirgí a bhfuil ceanglais éicidhearthóireachta leagtha síos ina leith de bhun an Rialacháin seo, sa mhéid nach bhfuil forálacha sonracha ann a bhfuil an cuspóir, an cineál nó an éifeacht chéanna acu sa Rialachán seo. Ina theannta sin, chun leibhéil fhadhbacha neamhchomhlíontachta na dtáirgí a chumhdaítear le bearta cur chun feidhme arna nglacadh faoi Threoir 2009/125/CE a laghdú, chun neamhchomhlíontacht le ceanglais éicidhearthóireachta amach anseo a chosc ar bhealach níos fearr, agus raon feidhme níos leithne agus uaillmhian mhéadaithe an Rialacháin seo i gcomparáid le Treoir 2009/125/CE á gcur san áireamh, ba cheart rialacha breise sonracha a bheith sa Rialachán seo lena gcomhlánaítear an creat a cruthaíodh le Rialachán (AE) 2019/1020. Ba cheart na rialacha sonracha breise sin a dhíriú ar phleanáil, comhordú agus tacaíocht iarrachtaí na mBallstát a neartú a thuilleadh agus ba cheart uirlisí breise a chur ar fáil don Choimisiún chun a áirithiú go ndéanfaidh údaráis um fhaireachas margaidh gníomhaíocht leordhóthanach chun neamhchomhlíontacht leis na ceanglais éicidhearthóireachta a chosc.

(89) Lasmuigh de na húdaráis um fhaireachas margaidh, tá ról tábhachtach ag na húdaráis chustaim freisin maidir leis an Rialachán seo a fhorfheidhmiú i ndáil le hearraí arna n-allmhairiú agus féadfaidh siad brath ar Rialachán (CE) Uimh. 515/97[80] ón gComhairle chun na críche sin.

(90) Chun a áirithiú go ndéanfar seiceálacha iomchuí ar scála leordhóthanach i ndáil le ceanglais éicidhearthóireachta, ba cheart do na Ballstáit plean gníomhaíochta tiomnaithe a tharraingt suas ina sainaithneofar na táirgí nó na ceanglais a shainaithnítear mar thosaíochtaí maidir le faireachas margaidh faoin Rialachán seo agus na gníomhaíochtaí a bheartaítear chun neamhchomhlíontacht táirgí ábhartha leis na ceanglais éicidhearthóireachta ábhartha a laghdú. I gcás inarb ábhartha, ba cheart an plean gníomhaíochta sin a bheith ina chuid de straitéisí náisiúnta faireachais margaidh na mBallstát arna nglacadh de bhun Airteagal 13 de Rialachán (AE) 2019/1020.

(91) Ba cheart tosaíochtaí maidir le faireachas margaidh faoin Rialachán seo a shainaithint bunaithe ar chritéir oibiachtúla amhail na leibhéil neamhchomhlíontachta a bhreathnaítear nó na tionchair ar an gcomhshaol a eascraíonn as neamhchomhlíontacht. Na gníomhaíochtaí atá beartaithe chun aghaidh a thabhairt ar na tosaíochtaí sin, ba cheart iad a bheith comhréireach ina seal leis na fíorais is cúis lena dtosaíocht. Chun coinníollacha aonfhoirmeacha a áirithiú maidir leis an Rialachán seo a chur chun feidhme, ba cheart cumhachtaí cur chun feidhme a thabhairt don Choimisiún chun táirgí agus ceanglais a chinneadh ar cheart do na Ballstáit a chur san áireamh mar thosaíochtaí maidir le faireachas margaidh i gcomhthéacs a bpleananna gníomhaíochta lena sainaithnítear tosaíochtaí maidir le faireachas margaidh faoin Rialachán seo agus gníomhaíochtaí a bheartaítear chun neamhchomhlíontacht a laghdú.

(92) I gcás ina mbreathnaítear leibhéil fhadhbacha neamhchomhlíontachta leis na ceanglais éicidhearthóireachta in ainneoin na pleanála, an chomhordaithe agus na tacaíochta feabhsaithe a leagtar síos leis an Rialachán seo, ba cheart don Choimisiún a bheith in ann idirghabháil a dhéanamh chun a áirithiú go ndéanfaidh na húdaráis um fhaireachas

[80] Rialachán (CE) Uimh. 515/97 ón gComhairle an 13 Márta 1997 maidir le cúnamh frithpháirteach idir údaráis riaracháin na mBallstát agus leis an gcomhar idir na Ballstáit agus an Coimisiún chun a áirithiú go gcuirfear an dlí i bhfeidhm i gceart maidir le hábhair chustaim agus thalmhaíochta (IO L 82, 22.3.1997, lch. 1).

margaidh seiceálacha ar scála leordhóthanach. Dá bhrí sin, d'fhonn forfheidhmiú éifeachtach na gceanglas éicidhearthóireachta a chosaint, ba cheart an chumhacht chun gníomhartha a ghlacadh i gcomhréir le hAirteagal 290 CFAE a tharmligean chuig an gCoimisiún chun líon íosta seiceálacha a leagan síos atá le déanamh ar tháirgí sonracha nó ar cheanglais shonracha. Ba cheart an cumhachtú sin a bheith sa bhreis ar an gcumhachtú in Airteagal 11(4) de Rialachán (AE) 2019/1020.

(93) Ar bhonn sonraí a iontráladh sa chóras faisnéise agus cumarsáide um fhaireachas margaidh, ba cheart don Choimisiún tuarascáil a tharraingt suas ina mbeidh faisnéis faoi chineál agus líon na seiceálacha a rinneadh, faoi na leibhéil neamhchomhlíontachta a sainaithníodh agus faoi chineál agus déine na bpionós a forchuireadh i ndáil le ceanglais éicidhearthóireachta le 2 bhliain féilire roimhe sin. Ba cheart comparáid a bheith sna tuarascálacha idir gníomhaíochtaí na mBallstát agus na gníomhaíochtaí a bheartaítear agus na tagarmharcanna táscacha i gcomhair údaráis um fhaireachas margaidh.

(94) Chun comhordú na n-údarás um fhaireachas margaidh a neartú a thuilleadh, ba cheart don ghrúpa comhair riaracháin ('ADCO') a bunaíodh de bhun Rialachán (AE) 2019/1020, chun na táirgí nó na ceanglais a shainaithnítear mar thosaíochtaí d'fhaireachas margaidh faoin Rialachán seo agus na gníomhaíochtaí a bheartaítear chun neamhchomhlíontacht leis an Rialachán seo a laghdú, teacht le chéile go tráthrialta agus comhthosaíochtaí maidir le faireachas margaidh a bheidh le cur san áireamh i bpleananna gníomhaíochta na mBallstát, tosaíochtaí maidir le soláthar tacaíochta ón Aontas, agus ceanglais éicidhearthóireachta a léirmhínítear ar bhealaí éagsúla as a dtiocfaidh saobhadh sa mhargadh a shainaithint.

(95) Chun tacú leis na Ballstáit ina n-iarrachtaí a áirithiú go ndéanfar gníomhaíocht leordhóthanach chun neamhchomhlíontacht leis na ceanglais éicidhearthóireachta a chosc, ba cheart don Choimisiún, i gcás inarb ábhartha, leas a bhaint as na bearta tacaíochta dá bhforáiltear i Rialachán (AE) 2019/1020. Ba cheart don Choimisiún comhthionscadail um fhaireachas agus tástáil margaidh i réimsí comhleasa, infheistíochtaí comhpháirteacha in acmhainneachtaí faireachais margaidh agus oiliúint choiteann d'fhoireann na n-údarás um fhaireachas margaidh, do na húdaráis a thugann fógra agus do na comhlachtaí dá dtugtar fógra a eagrú agus, i gcás inarb iomchuí, iad a mhaoiniú. Ina theannta sin, ba cheart don Choimisiún treoirlínte a tharraingt suas maidir le conas ceanglais éicidhearthóireachta a chur i bhfeidhm agus a fhorfheidhmiú i gcás inar gá chun a áirithiú go gcuirfear i bhfeidhm go comhchuibhithe iad.

(96) Níor cheart táirgí a chur ar an margadh ach amháin mura bhfuil riosca ag baint leo. D'fhonn a ailíniú níos fearr le cineál sonrach na gceanglas éicidhearthóireachta agus chun a áirithiú go ndíreofar sna hiarrachtaí maidir le faireachas margaidh ar neamhchomhlíontacht leis na ceanglais sin, ba cheart, chun críocha an Rialacháin seo, táirge a bhfuil riosca ag baint leis a shainiú mar tháirge a d'fhéadfadh dochar a dhéanamh don chomhshaol nó do leasanna eile de chuid an phobail a chosnaítear leis na ceanglais ábhartha, toisc nach gcomhlíonann sé ceanglas éicidhearthóireachta nó toisc nach gcomhlíonann oibreoir eacnamaíoch freagrach ceanglas éicidhearthóireachta. Ba cheart an sainiú níos sonraí sin a úsáid agus Airteagail 19 agus 20 de Rialachán (AE) 2019/1020 á gcur i bhfeidhm.

(97) Ba cheart nós imeachta a bheith ann faoina gcuirtear páirtithe leasmhara ar an eolas faoi bhearta a bheartaítear a ghlacadh i ndáil le táirgí a bhfuil riosca ag baint leo. Ba cheart dó a cheadú freisin do na húdaráis um fhaireachas margaidh sna Ballstáit, i gcomhar leis na hoibreoirí eacnamaíocha ábhartha, gníomhú ag céim luath maidir le

táirgí den sórt sin. Chuige sin, ba cheart an clásal cosanta atá i dTreoir 2009/125/CE faoi láthair a thabhairt cothrom le dáta agus a ailíniú leis na nósanna imeachta cosanta atá ar áireamh i reachtaíocht chomhchuibhithe eile de chuid an Aontais agus i gCinneadh Uimh. 768/2008/CE. Chun coinníollacha aonfhoirmeacha a áirithiú maidir leis an Rialachán seo a chur chun feidhme, ba cheart cumhachtaí cur chun feidhme a thabhairt don Choimisiún chun a chinneadh cibé acu atá nó nach bhfuil bonn cirt le bearta náisiúnta i leith táirgí neamhchomhlíontacha.

(98) Ba cheart an ceart a bheith ag na húdaráis um fhaireachas margaidh a cheangal ar oibreoirí eacnamaíocha gníomhaíocht cheartaitheach a dhéanamh ar bhonn torthaí a léiríonn nach gcomhlíonann táirge na ceanglais éicidhearthóireachta nó gur sháraigh an t-oibreoir eacnamaíoch na rialacha maidir le táirgí a chur ar an margadh nó a chur ar fáil ar an margadh, nó rialacha eile atá dírithe air.

(99) Agus gníomhartha tarmligthe á nglacadh de bhun Airteagal 290 CFAE, tá sé tábhachtach, go háirithe, go rachadh an Coimisiún i mbun comhairliúcháin iomchuí le linn a chuid oibre ullmhúcháin, lena n-áirítear e sin a dhéanamh ar leibhéal na saineolaithe, agus go ndéanfaí na comhairliúcháin sin i gcomhréir leis na prionsabail a leagtar síos sa Chomhaontú Idirinstitiúideach an 13 Aibreán 2016 maidir le Reachtóireacht Níos Fearr[81]. Go sonrach, chun rannpháirtíocht chomhionann in ullmhú na ngníomhartha tarmligthe a áirithiú, faigheann Parlaimint na hEorpa agus an Chomhairle na doiciméid uile an tráth céanna leis na saineolaithe sna Ballstáit, agus bíonn rochtain chórasach ag a gcuid saineolaithe ar chruinnithe ghrúpaí saineolaithe an Choimisiúin a bhíonn ag déileáil le hullmhú na ngníomhartha tarmligthe.

(100) Chun coinníollacha aonfhoirmeacha a áirithiú maidir leis an Rialachán seo a chur chun feidhme, ba cheart cumhachtaí cur chun feidhme a thabhairt don Choimisiún a mhéid a bhaineann leis an méid seo a leanas: (a) socruithe cur chun feidhme a shonrú chun an chlárlann dá dtagraítear in Airteagal 12 agus Córas Malartaithe Deimhnithe an Ionaid Ilfhreastail AE maidir le Custam a idirnascadh; (b) comhcheanglais a bhunú maidir le leagan amach lipéad; (c) liosta a bheith ann de bhearta féinrialála a bhunaítear mar mhalairtí bailí ar ghníomh tarmligthe arna ghlacadh de bhun Airteagal 4; (d) formáid a leagan amach chun an fhaisnéis faoi tháirgí tomhaltais gan díol a nochtadh, ar táirgí iad lena bhfuarthas réidh; (e) sonraíochtaí coiteanna do cheanglais éicidhearthóireachta, do na ceanglais fhíor-riachtanacha i gcomhair pasanna táirgí nó do mhodhanna tástála, tomhais nó ríomha a leagan síos, a leasú nó a aisghairm; (f) íoslíon coibhéisí lánaimseartha a leagan síos a mheastar a bheith leordhóthanach chun faireachán cuí a dhéanamh ar na comhlachtaí dá dtugtar fógra; (g) a cheangal ar Bhallstát gníomh ceartaitheach a dhéanamh, lena n-áirítear an fógra a tharraingt siar, le haghaidh na gcomhlachtaí neamhchomhlíontacha dá dtugtar fógra; (h) na táirgí nó na ceanglais a liostú nach mór do na Ballstáit a mheas ar a laghad mar thosaíochtaí maidir le faireachas margaidh; agus (i) a chinneadh, de bhun nós imeachta cosanta an Aontais, an bhfuil bonn cirt le beart náisiúnta nó nach bhfuil. Ba cheart na cumhachtaí sin a fheidhmiú i gcomhréir le Rialachán (AE) Uimh. 182/2011 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle[82].

---

81 IO L 123, 12.5. 2016, lch. 1.

82 Rialachán (AE) Uimh. 182/2011 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 16 Feabhra 2011 lena leagtar síos na rialacha agus na prionsabail ghinearálta a bhaineann leis na sásraí maidir le rialú ag na Ballstáit ar fheidhmiú cumhachtaí cur chun feidhme ag an gCoimisiún (IO L 55, 28.2.2011, lch. 13).

(101) Chun muinín as na táirgí a chuirtear ar an margadh a fheabhsú, go háirithe a mhéid a bhaineann leis an bhfíoras go gcomhlíonann siad na ceanglais éicidhearthóireachta, ní mór don phobal a bheith cinnte go mbeidh oibreoirí eacnamaíocha a chuireann táirgí neamhchomhlíontacha ar an margadh faoi réir pionós. Da bhrí sin, ní mór do na Ballstáit pionóis atá éifeachtach, comhréireach agus athchomhairleach a leagan síos sa dlí náisiúnta in aghaidh neamhchomhlíontacht leis an Rialacháin seo.

(102) Ba cheart don Choimisiún meastóireacht a dhéanamh ar an Rialachán seo. De bhun mhír 22 den Chomhaontú Idirinstitiúideach maidir le Reachtóireacht Níos Fearr, ba cheart an mheastóireacht sin a bhunú ar chúig critéar mar atá éifeachtúlacht, éifeachtacht, ábharthacht, comhleanúnachas agus breisluach AE agus ba cheart í a bheith mar bhonn le measúnuithe tionchair ar bhearta a d'fhéadfadh a bheith ann amach anseo. Ba cheart don Choimisiún tuarascáil ar chur chun feidhme an Rialacháin seo agus ar a thionchar ar inbhuanaitheacht comhshaoil táirgí agus ar fheidhmiú an mhargaidh inmheánaigh a chur faoi bhráid Pharlaimint na hEorpa, na Comhairle, Choiste Eacnamaíoch agus Sóisialta na hEorpa agus Choiste na Réigiún. I gcás inarb iomchuí, beidh togra ag gabháil leis an tuarascáil chun na forálacha ábhartha den Rialachán seo a leasú.

(103) Tá sé riachtanach go mbeidh feidhm ag na ceanglais éicidhearthóireachta maidir leis an réimse is leithne táirgí is féidir, agus ní hamháin táirgí a bhaineann le fuinneamh, agus go leathnófar an sainmhíniú ar cheanglais éicidhearthóireachta chun gach gné den chiorclaíocht a chuimsiú. Is gá freisin an Rialachán seo a ailíniú leis an gCreat Reachtach Nua a leagtar amach i Rialachán (CE) Uimh. 765/2008 agus i gCinneadh Uimh. 768/2008/CE, agus na forálacha a bhaineann le faireachas margaidh a fheabhsú. Ba cheart Treoir 2009/125/CE a ionadú dá bhrí sin. Chun deimhneacht dhlíthiúil a áirithiú do gach oibreoir eacnamaíoch ó dháta theacht i bhfeidhm an Rialacháin seo agus chun cothroime iomaíochta a áirithiú do ghnólachtaí atá ag oibriú ar an margadh inmheánach, ba cheart cur i bhfeidhm na bhforálacha lena leagtar amach oibleagáidí trédhearcachta a bhaineann le fáil réidh le táirgí tomhaltais gan díol, imchéimniú, agus faireachas margaidh, a bheith aonfhoirmeach i gcás na n-oibreoirí uile ar fud an Aontais. Ba cheart Rialachán a chur in ionad Threoir 2009/125/CE dá bhrí sin.

(104) Chun deimhneacht dhlíthiúil agus leanúnachas a áirithiú maidir le táirgí a chuirtear ar an margadh nó a chuirtear i seirbhís i gcomhréir le bearta cur chun feidhme arna nglacadh de bhun Threoir 2009/125/CE, sa leagan di is infheidhme ar dháta chur i bhfeidhm an Rialacháin seo ba cheart do na bearta sin leanúint de bheith i bhfeidhm tar éis an dáta sin, agus go dtí go n-aisghairfear iad le gníomh tarmligthe arna ghlacadh de bhun an Rialacháin seo. Ar na cúiseanna céanna, ba cheart do roinnt forálacha i dTreoir 2009/125/CE leanúint d'éifeacht iomlán a bheith acu i gcomhthéacs chur i bhfeidhm na mbeart cur chun feidhme sin. Baineann sé sin go háirithe le forálacha de chuid Threoir 2009/125/CE lena n-eisiatar modhanna iompair i gcomhair earraí nó daoine óna raon feidhme, lena mbunaítear sainmhínithe atá ábhartha maidir le bearta cur chun feidhme, lena leagtar síos freagrachtaí oibreoirí eacnamaíocha maidir le táirgí a chuirtear ar an margadh, lena sonraítear mionsonraí na nósanna imeachta ábhartha um measúnú comhréireachta agus dearbhú comhréireachta CE, lena mbunaítear toimhde comhréireachta le haghaidh táirgí ar bronnadh an t-éicilipéad AE orthu agus lena gcumasaítear gníomhaíocht riachtanach i ndáil le caighdeáin chomhchuibhithe. Agus aird á tabhairt ar an tábhacht a bhaineann le saorghluaiseacht earraí a áirithiú, cleachtais lena n-athraítear feidhmíocht táirgí go neamhdhleathach chun toradh níos fabhraí a bhaint amach a thoirmeasc agus forfheidhmiú cuí na gceanglas éicidhearthóireachta a áirithiú, ba cheart forálacha ábhartha an Rialacháin seo a bheith

infheidhme maidir le táirgí a bhaineann le fuinneamh arna gcur ar an margadh de bhun bearta cur chun feidhme faoi Threoir 2009/125/CE.

(105) I dtaca le cuspóirí an Rialacháin seo, mar atá cur le hinbhuaine comhshaoil táirgí agus saorghluaiseacht sa mhargadh inmheánach i gcomhair táirgí ar leagadh síos ceanglais éicidhearthóireachta ina leith, ós rud é nach féidir leis na Ballstáit na cuspóirí sin a ghnóthú go leordhóthanach, ach gur fearr is féidir, de bharr a fhairsinge agus a éifeachtaí, iad a ghnóthú ar leibhéal an Aontais, féadfaidh an tAontas bearta a ghlacadh, i gcomhréir le prionsabal na coimhdeachta mar a leagtar amach in Airteagal 5 den Chonradh ar an Aontas Eorpach (CAE). I gcomhréir le prionsabal na comhréireachta a leagtar amach san Airteagal sin, ní théann an Rialachán seo thar a bhfuil riachtanach chun an cuspóir sin a ghnóthú,

TAR ÉIS AN RIALACHÁN SEO A GHLACADH:

CAIBIDIL I - FORÁLACHA GINEARÁLTA

Airteagal 1
Ábhar agus raon feidhme

1. Bunaítear creat leis an Rialachán seo chun feabhas a chur ar inbhuanaitheacht comhshaoil táirgí agus chun saorghluaiseacht sa mhargadh inmheánach a áirithiú trí cheanglais éicidhearthóireachta a leagan síos, ar ceanglais iad a chomhlíonfaidh táirgí ionas go gcuirfear ar an margadh nó i mbun seirbhíse iad. Na ceanglais éicidhearthóireachta sin, a mhionsaothróidh an Coimisiún a thuilleadh i ngníomhartha tarmligthe, baineann siad leis an méid seo a leanas:

   (a) marthanacht agus iontaofacht táirgí;

   (b) in-athúsáideacht táirgí;

   (c) in-uasghrádaitheacht, indeisitheacht, cothabháil agus athchóiriú táirgí;

   (d) substaintí ar ábhar imní iad a bheith i láthair i dtáirgí;

   (e) fuinneamh táirgí agus éifeachtúlacht acmhainní;

   (f) ábhar athchúrsáilte i dtáirgí;

   (g) athmhonarú agus athchúrsáil táirgí;

   (h) lorg carbóin agus lorg comhshaoil na dtáirgí;

   (i) an t-ábhar dramhaíola a mheastar a ghinfidh na táirgí;

   Leis an Rialachán seo freisin bunaítear pas táirge digiteach (‘pas táirge’), déantar foráil maidir le critéir éigeantacha maidir le soláthar poiblí glas agus cruthaítear creat chun cosc a chur ar dhíothú táirgí tomhaltais gan díol.

2. Beidh feidhm ag an Rialachán seo maidir le haon earra fisiceach a chuirtear ar an margadh nó i mbun seirbhíse, lena n-áirítear comhpháirteanna agus táirgí idirmheánacha. É sin ráite, ní bheidh feidhm aige maidir leis an méid seo a leanas:

   (a) bia mar a shainmhínítear in Airteagal 2 de Rialachán (CE) Uimh. 178/2002;

   (b) beatha mar a shainmhínítear in Airteagal 3(4) de Rialachán (CE) Uimh. 178/2002;

   (c) táirgí íocshláinte lena n-úsáid ag an duine mar a shainmhínítear in Airteagal 1(2) de Threoir 2001/83/CE;

(d) táirgí íocshláinte tréidliachta mar a shainmhínítear in Airteagal 4(1) de Rialachán (AE) 2019/6;

(e) plandaí beo, ainmhithe beo agus miocrorgánaigh bheo;

(f) táirgí de thionscnamh an duine;

(g) táirgí plandaí agus ainmhithe a bhaineann go díreach lena n-atáirgeadh amach anseo.

Airteagal 2
Sainmhínithe

Chun críocha an Rialacháin seo, beidh feidhm ag na sainmhínithe seo a leanas:

(1) ciallaíonn ‘táirge’ aon earra fisiceach a chuirtear ar an margadh nó i mbun seirbhíse;

(2) ciallaíonn ‘comhpháirt’ táirge atá ceaptha lena ionchorprú i dtáirge eile;

(3) ciallaíonn ‘táirge idirmheánach’ táirge ar gá monarú nó claochlú breise a dhéanamh air, amhail meascadh, bratú nó cóimeáil, chun é a dhéanamh oiriúnach d’úsáideoirí deiridh;

(4) ciallaíonn ‘táirge a bhaineann le fuinneamh’ aon táirge a bhfuil tionchar aige ar ídiú fuinnimh le linn a úsáide;

(5) ciallaíonn ‘grúpa táirgí’ sraith táirgí a fhónann do chríocha comhchosúla agus atá comhchosúil lena chéile i dtéarmaí úsáide, nó a bhfuil airíonna feidhmiúla comhchosúla acu, agus atá comhchosúil lena chéile i dtéarmaí an dearcaidh atá ag an tomhaltóir orthu;

(6) ciallaíonn ‘éicidhearthóireacht’ comhtháthú breithnithe inbhuanaitheachta comhshaoil i saintréithe táirge agus na próisis a tharlaíonn feadh shlabhra luacha an táirge;

(7) ciallaíonn ‘ceanglas éicidhearthóireachta’ ceanglas feidhmíochta nó ceanglas faisnéise arb é is aidhm dó táirge a dhéanamh níos inbhuanaithe ó thaobh an chomhshaoil de;

(8) ciallaíonn ‘ceanglas feidhmíochta’ ceanglas cainníochtúil nó neamhchainníochtúil le haghaidh táirge nó i ndáil le táirge chun leibhéal áirithe feidhmíochta a bhaint amach i ndáil le paraiméadar táirge dá dtagraítear in Iarscríbhinn I;

(9) ciallaíonn ‘ceanglas faisnéise’ oibleagáid go mbeidh faisnéis mar a shonraítear in Airteagal 7(2) ag gabháil le táirge;

(10) ciallaíonn ‘slabhra soláthair’ na gníomhaíochtaí agus na próisis réamhtheachtacha uile a bhaineann le slabhra luacha an táirge, go dtí an pointe a shroicheann an táirge an t-úsáideoir deiridh;

(11) ciallaíonn ‘slabhra luacha’ na gníomhaíochtaí agus na próisis uile ar cuid iad de shaolré táirge, mar aon lena athmhonarú féideartha;

(12) ciallaíonn ‘saolré’ na céimeanna leantacha agus idirnasctha i saol táirge, ina bhfuil fáil ar amhábhar nó ina ndéantar amhábhar a ghiniúint as acmhainní nádúrtha, réamhphróiseáil, monarú, stóráil, dáileadh, suiteáil, úsáid, cothabháil, deisiú, uasghrádú, athfheistiú agus athúsáid, agus deireadh ré;

(13) ciallaíonn ‘deireadh ré’ an chéim sa tsaolré a thosaíonn nuair a dhéantar táirge a dhiúscairt agus a chríochnaíonn nuair a chuirtear an táirge ar ais sa dúlra mar tháirge dramhaíola nó nuair a théann sé isteach i saolré táirge eile;

(14) ciallaíonn ‘tionchar ar an gcomhshaol’ aon athrú ar an gcomhshaol, cibé dochrach nó leasmhar é, a eascraíonn go hiomlán nó i bpáirt as táirge le linn a shaolré;

(15) ciallaíonn ‘aicme feidhmíochta’ raon leibhéal feidhmíochta i ndáil le paraiméadar táirge amháin nó níos mó de na paraiméadair tháirge dá dtagraítear in Iarscríbhinn I, agus iad ordaithe ina gcéimeanna leantacha chun gur féidir difreáil táirgí a dhéanamh;

(16) ciallaíonn ‘athmhonarú’ próiseas tionsclaíoch ina dtáirgtear táirge as réada ar dramhaíl, táirgí nó comhpháirteanna iad agus ina ndéantar athrú amháin ar a laghad ar an táirge a dhéanann difear do shábháilteacht, feidhmíocht, cuspóir nó cineál an táirge a chuirtear ar an margadh de ghnáth le ráthaíocht tráchtála;

(17) ciallaíonn ‘uasghrádú’ feidhmiúlacht, feidhmíocht, acmhainneacht nó aeistéitic tháirge a fheabhsú;

(18) ciallaíonn ‘athfheistiú’ réad ar dramhaíl nó táirge atá ann a ullmhú nó a mhodhnú chun a fheidhmíocht nó a fheidhmiúlacht a athbhunú laistigh den úsáid atá beartaithe dó agus den raon feidhmíochta agus cothabhála a ceapadh i dtosach ag céim an deartha, nó chun caighdeáin theicniúla nó ceanglais rialála is infheidhme a chomhlíonadh, agus is é an toradh a bhíonn air sin táirge lánfheidhmiúil a dhéanamh;

(19) ciallaíonn ‘cothabháil’ gníomhaíocht a dhéantar chun táirge a choinneáil i riocht inar féidir leis feidhmiú de réir mar is gá;

(20) ciallaíonn ‘deisiú’ táirge lochtach nó dramhaíl a chur ar ais i riocht ina gcomhlíonann sé an úsáid atá beartaithe dó;

(21) ciallaíonn ‘marthanacht’ cumas táirge feidhmiú de réir mar is gá, faoi choinníollacha sonraithe úsáide, cothabhála agus deisiúcháin, go dtí go gcuirfidh teagmhas teorannaithe cosc ar a fheidhmiú;

(22) ciallaíonn ‘iontaofacht’ an dóchúlacht go bhfeidhmíonn táirge de réir mar is gá faoi choinníollacha áirithe ar feadh tréimhse ar leith gan teagmhas teorannaithe;

(23) ciallaíonn ‘lorg comhshaoil’ cainníochtú ar thionchair chomhshaoil táirge, cibé acu i ndáil le catagóir tionchair comhshaoil aonair nó le sraith chomhiomlánaithe de chatagóirí tionchair bunaithe ar an modh tomhais táirge maidir le Lorg Comhshaoil;

(24) ciallaíonn ‘an modh tomhais táirge maidir le Lorg Comhshaoil’ an modh measúnaithe saolré chun tionchair chomhshaoil táirgí arna mbunú le Moladh (AE) 2021/2279 a chainníochtú;

(25) ciallaíonn ‘lorg carbóin’ suim na n-astaíochtaí gás ceaptha teasa agus na n-aistrithe gás ceaptha teasa i gcóras táirge, a shloinntear ina coibhéis CO_2 agus a bhunaítear ar mheasúnú saolré agus úsáid á baint as catagóir tionchair aonair an athraithe aeráide;

(26) ciallaíonn ‘conarthaí poiblí’ conarthaí poiblí mar a shainmhínítear in Airteagal 2(5) de Threoir 2014/24/AE;

(27) ciallaíonn ‘substaint’ substaint mar a shainmhínítear in Airteagal 3, pointe (1), de Rialachán (CE) Uimh. 1907/2006;

(28) ciallaíonn ‘substaint ar ábhar imní í’ substaint:

(a) a chomhlíonann na critéir a leagtar síos in Airteagal 57 agus a shainaithnítear i gcomhréir le hAirteagal 59(1) de Rialachán (CE) Uimh. 1907/2006; nó

(b) a aicmítear i gCuid 3 d'Iarscríbhinn VI a ghabhann le Rialachán (CE) Uimh. 1272/2008 i gceann de na haicmí guaise nó de na catagóirí guaise seo a leanas:

– carcanaigineacht, catagóirí 1 agus 2,

– só-ghineacht gaiméite, catagóirí 1 agus 2,

– tocsaineacht maidir le síolrú, catagóirí 1 agus 2, [*le cur isteach le linn an nós imeachta reachtaigh nuair atá na haicmí guaise seo a leanas i Rialachán (CE) Uimh. 1272/2008: Marthanach, Bithcharnach, Tocsaineach (PBTanna), an-Mharthanach, an-Bhithcharnach (vPvBanna); Marthanach, Móibíleach agus Tocsaineach (PMT), an-Mharthanach agus an-Mhóibíleach (vPvM); Suaitheadh inchríneach*],

– íogrú riospráide, catagóir 1,

– íogrú craicinn, catagóir 1,

– guais ainsealach don chomhshaol uisceach, catagóirí 1 go 4,

– guaiseach don chiseal ózóin,

– tocsaineacht sain-spriocorgáin – ilnochtadh, catagóirí 1 agus 2,

– tocsaineacht sain–spriocorgáin – aon nochtadh amháin, catagóirí 1 agus 2; nó

(c) a bhfuil tionchar diúltach aici ar athúsáid agus ar athchúrsáil ábhar sa táirge ina bhfuil sí;

(29) ciallaíonn 'pas táirge' tacar sonraí a bhaineann go sonrach le táirge ina bhfuil an fhaisnéis a shonraítear sa ghníomh tarmligthe is infheidhme arna ghlacadh de bhun Airteagal 4 agus atá inrochtana trí mheán leictreonach trí iompróir sonraí i gcomhréir le Caibidil III;

(30) ciallaíonn 'iompróir sonraí' siombail barrachóid línigh, siombail dhéthoiseach nó meán gabhála sonraí eile um shainaithint uathoibríoch is féidir a léamh le feiste;

(31) ciallaíonn 'aitheantóir táirge uathúil' teaghrán uathúil carachtar chun táirgí a shainaithint lenar féidir nasc gréasáin a dhéanamh leis an bpas táirge;

(32) ciallaíonn 'aitheantóir oibreora uathúil' teaghrán uathúil carachtar chun gníomhaithe atá bainteach leis an slabhra luacha táirgí a shainaithint;

(33) ciallaíonn 'aitheantóir saoráide uathúil' teaghrán uathúil carachtar chun suíomhanna nó foirgnimh a bhfuil baint acu leis an slabhra luacha táirge nó a úsáideann gníomhaithe a bhfuil baint acu leis an slabhra luacha táirge;

(34) ciallaíonn 'próiseáil' próiseáil mar a shainmhínítear in Airteagal 3, pointe (2), de Rialachán (AE) Uimh. 2018/1807;

(35) ciallaíonn 'díothú' dochar a dhéanamh do tháirge d'aon ghnó nó táirge a dhiúscairt mar dhramhaíl d'aon ghnó, cé is moite de dhiúscairt chun críche táirge a sheachadadh chun ullmhú d'oibríochtaí athúsáide nó athmhonaraithe agus chun na críche sin amháin;

(36) ciallaíonn ‘táirge tomhaltais’ aon táirge, cé is moite de chomhpháirteanna agus de tháirgí idirmheánacha, atá ceaptha go príomha do thomhaltóirí mar a shainmhínítear in Airteagal 2, pointe (2), de Threoir (AE) 2019/771;

(37) ciallaíonn ‘táirge tomhaltais gan díol’ aon táirge tomhaltais nár díoladh nó a thug tomhaltóir ar ais i bhfianaise a chirt tarraingt siar i gcomhréir le hAirteagal 9 de Threoir (AE) 2011/83/AE;

(38) ciallaíonn ‘beart féinrialála’ comhaontú deonach nó cóid iompair; arna dtabhairt i gcrích ag earnálacha tionscail ar a dtionscnamh féin, agus a bhfuil siad freagrach as a bhforfheidhmiú;

(39) ciallaíonn ‘cur ar fáil ar an margadh’ táirge a sholáthar lena dháileadh, lena thomhailt nó lena úsáid ar mhargadh an Aontais le linn gníomhaíocht tráchtála, bíodh sin ar íocaíocht nó saor in aisce;

(40) ciallaíonn ‘cur ar an margadh’ táirge a chur ar fáil ar mhargadh an Aontais den chéad uair;

(41) ciallaíonn ‘cur i mbun seirbhíse’ céadúsáid táirge san Aontas, chun na críche dar ceapadh é;

(42) ciallaíonn ‘monaróir’ aon duine nádúrtha nó dlítheanach a mhonaraíonn táirge nó a chuireann faoi tháirge den sórt sin a dhearadh nó a mhonarú, agus a mhargaíonn an táirge sin faoina ainm nó faoina thrádmharc nó, in éagmais duine nó allmhaireoir den sórt sin, aon duine nádúrtha nó dlítheanach a chuireann táirge ar an margadh nó i mbun seirbhíse;;

(43) ciallaíonn ‘ionadaí údaraithe’ aon duine nádúrtha nó dlítheanach atá bunaithe san Aontas a bhfuil sainordú i scríbhinn faighte aige ón monaróir chun gníomhú thar a cheann i ndáil le cúraimí sonraithe maidir le hoibleagáidí an mhonaróra faoin Rialachán seo;

(44) ciallaíonn ‘allmhaireoir’ aon duine nádúrtha nó dlítheanach atá bunaithe san Aontas agus a chuireann táirge ó thríú tír ar mhargadh an Aontais;

(45) ciallaíonn ‘dáileoir’ aon duine nádúrtha nó dlítheanach sa slabhra soláthair, seachas an monaróir nó an t-allmhaireoir, ar duine é a chuireann táirge ar fáil ar an margadh;

(46) ciallaíonn ‘oibreoir eacnamaíoch’ an monaróir, an t-ionadaí údaraithe, an t-allmhaireoir, an dáileoir, an déileálaí agus an soláthraí seirbhíse comhlíonta;

(47) ciallaíonn ‘sonraíocht theicniúil’ doiciméad ina leagtar síos na ceanglais theicniúla atá le comhlíonadh ag táirge, próiseas nó seirbhís;

(48) ciallaíonn ‘caighdeán comhchuibhithe’ caighdeán mar a shainmhínítear in Airteagal 2(1), pointe (c), de Rialachán (AE) Uimh. 1025/2012;

(49) ciallaíonn ‘marcáil CE’ marcáil lena léiríonn an monaróir go bhfuil an táirge ábhartha i gcomhréir leis na ceanglais is infheidhme a leagtar amach i reachtaíocht an Aontais um chomhchuibhiú lena ndéantar foráil maidir lena ghreamú;

(50) ciallaíonn ‘creidiúnú’ creidiúnú mar a shainmhínítear in Airteagal 2(10) de Rialachán (CE) Uimh. 765/2008;

(51) ciallaíonn ‘comhlacht náisiúnta creidiúnaithe’ comhlacht náisiúnta creidiúnaithe mar a shainmhínítear in Airteagal 2(11) de Rialachán (CE) Uimh. 765/2008;

(52) ciallaíonn ‘measúnú comhréireachta’ an próiseas lena léirítear ar comhlíonadh na ceanglais a leagtar amach sna gníomhartha tarmligthe ábhartha arna nglacadh de bhun Airteagal 4;

(53) ciallaíonn ‘comhlacht um measúnú comhréireachta’ comhlacht a dhéanann gníomhaíochtaí um measúnú comhréireachta lena n-áirítear calabrú, tástáil, deimhniú agus iniúchadh;

(54) ciallaíonn ‘comhlacht faoina dtugtar fógra’ comhlacht um measúnú comhréireachta faoina dtugtar fógra i gcomhréir le Caibidil IX den Rialachán seo;

(55) ciallaíonn ‘margadh ar líne’ soláthraí seirbhíse idirghabhálaí a úsáideann bogearraí, lena n-áirítear suíomh gréasáin, cuid de shuíomh gréasáin nó feidhmchlár, a fhágann gur féidir le custaiméirí cianchonarthaí a thabhairt i gcrích le hoibreoirí eacnamaíocha chun táirgí a chumhdaítear le gníomhartha tarmligthe a ghlactar de bhun Airteagal 4 a dhíol;

(56) ciallaíonn ‘déileálaí’ miondíoltóir nó aon duine nádúrtha nó dlítheanach eile a thairgeann táirgí a dhíol, a fhruiliú nó a fhruilcheannach, nó a chuireann táirgí ar taispeáint do chustaiméirí le linn gníomhaíocht tráchtála, bíodh sin ar íocaíocht nó ná bíodh;

(57) ciallaíonn ‘ciandíol’ táirgí a thairiscint le díol, le fruiliú nó le fruilcheannach, ar líne nó trí mhodhanna eile ciandíola, nuair nach féidir leis an gcustaiméir ionchasach rochtain fhisiciúil a fháil ar an táirge atá ar taispeáint;

(58) ciallaíonn ‘táirge lena mbaineann riosca’ táirge a d’fhéadfadh dochar a dhéanamh don chomhshaol nó do leasanna poiblí eile a chosnaítear le ceanglas a leagtar amach sa Rialachán seo nó de bhun an Rialacháin seo, seachas na cinn sin a liostaítear in Airteagal 65(1) , trí bhíthin neamhchomhlíontacht leis an gceanglas sin;

(59) ciallaíonn ‘táirge lena mbaineann riosca tromchúiseach’ táirge lena mbaineann riosca a meastar ina leith, bunaithe ar mheasúnú, go bhfuil gá le hidirghabháil mhear ó na húdaráis um fhaireachas margaidh, lena n-áirítear i gcásanna nach mbíonn éifeachtaí láithreacha ag an neamhchomhlíontacht, de thoradh mhéid na neamhchomhlíontachta ábhartha nó na díobhála lena mbaineann.

Ina theannta sin, beidh feidhm ag na sainmhínithe ar ‘dramhaíl’, ‘dramhaíl ghuaiseach’, ‘athúsáid’ ‘aisghabháil ‘ullmhú d’oibríochtaí athúsáide’ agus ‘athchúrsáil’ in Airteagal 3, pointí (1), (2), (13), (15), (16) agus (17), de Threoir 2008/98/CE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle[83].

Beidh feidhm ag na sainmhínithe ar ‘faireachas margaidh’, ‘údarás um fhaireachas margaidh’, ‘soláthraí seirbhíse comhlíonta’, ‘comhéadan ar líne’, ‘gníomhaíocht cheartaitheach’, ‘úsáideoir deiridh’, ‘aisghairm’, ‘tarraingt siar’, ‘údaráis chustaim’ agus ‘scaoileadh i saorchúrsaíocht’ in Airteagal 3, pointí (3), (4), (11), (15), (16), (21), (22), (23), (24) agus (25), de Rialachán (AE) 2019/1020 freisin.

[83] Treoir 2008/98/CE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 19 Samhain 2008 maidir le dramhaíl agus lena n-aisghairtear Treoracha áirithe (IO L 312, 22.11.2008, lch. 3).

Beidh feidhm ag na sainmhínithe ar ‘FBManna’, ‘fiontair bheaga’ agus ‘micrifhiontair’ atá in Airteagal 2(1) (2) agus (3) d’Iarscríbhinn I a ghabhann le Moladh 2003/361/CE[84] ón gCoimisiún freisin.

Airteagal 3
Saorghluaiseacht

1. Ní chuirfear táirgí ar an margadh nó i mbun seirbhíse ach i gcás ina gcomhlíonann siad na ceanglais éicidhearthóireachta a leagtar amach sna gníomhartha tarmligthe de bhun Airteagal 4 agus is infheidhme maidir leis na táirgí sin.

2. Ní chuirfidh na Ballstáit toirmeasc, srian ná bac le táirgí a chomhlíonann na ceanglais feidhmíochta a leagtar amach i ngníomhartha tarmligthe arna nglacadh de bhun Airteagal 4 a chur ar an margadh ná i mbun seirbhíse, ar chúiseanna a bhaineann le neamhchomhlíonadh na gceanglas feidhmíochta a bhaineann le paraiméadair tháirge dá dtagraítear in Iarscríbhinn I agus a chumhdaítear leis na ceanglais feidhmíochta a chuimsítear i ngníomhartha tarmligthe den sórt sin.

   Ní chuirfidh na Ballstáit toirmeasc, srian ná bac le táirgí a chomhlíonann na ceanglais faisnéise a leagtar amach i ngníomhartha tarmligthe arna nglacadh de bhun Airteagal 4 a chur ar an margadh ná i mbun seirbhíse, ar chúiseanna a bhaineann le neamhchomhlíonadh na gceanglas faisnéise náisiúnta i ndáil le paraiméadair tháirge dá dtagraítear in Iarscríbhinn I agus a chumhdaítear le ceanglais faisnéise a chuimsítear i ngníomh tarmligthe den sórt sin.

3. Le mír 2 ní chuirfear cosc ar na Ballstáit íoscheanglais feidhmíochta fuinnimh a shocrú i gcomhréir le hAirteagal 4(1) agus le ceanglais chórais i gcomhréir le hAirteagal 8 de Threoir 2010/31/AE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle[85].

4. Ní chuirfidh na Ballstáit toirmeasc, srian ná bac le táirgí a chur ar an margadh ná i mbun seirbhíse ar an ábhar nár comhlíonadh ceanglais náisiúnta a bhaineann le paraiméadair tháirge dá dtagraítear in Iarscríbhinn I, dá bhforáiltear le gníomh tarmligthe arna ghlacadh de bhun Airteagal 4 nach bhfuil aon cheanglas feidhmíochta, ceanglas faisnéise ná ceanglas feidhmíochta ná faisnéise riachtanach ina leith.

5. Ag aontaí agus taispeántais trádála, agus imeachtaí cosúil leo sin, ní chuirfidh na Ballstáit cosc ar tháirgí a thaispeáint nach gcomhlíonann gníomhartha tarmligthe arna nglacadh de bhun Airteagal 4, ar choinníoll go dtabharfar le fios go soiléir le comhartha infheicthe nach gcomhlíonann na táirgí sin na gníomhartha sin agus nach mbeidh siad ar díol go dtí go dtabharfar chun comhréireachta iad.

---

84 Moladh ón gCoimisiún an 6 Bealtaine 2003 maidir le micrifhiontair, fiontair bheaga agus fiontair mheánmhéide a shainmhíniú (IO L 124, 20.5.2003, lch. 36).

85 Treoir 2010/31/AE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 19 Bealtaine 2010 maidir le feidhmíocht fuinnimh foirgneamh (IO L 153, 18.6.2010, lch. 13).

CAIBIDIL II - CEANGLAIS ÉICIDHEARTHÓIREACHTA

Airteagal 4
Cumhachtuithe chun gníomhartha tarmligthe a ghlacadh

Cumhachtaítear an Coimisiún chun gníomhartha tarmligthe a ghlacadh i gcomhréir le hAirteagal 66 chun an Rialachán seo a fhorlíonadh trí cheanglais éicidhearthóireachta a bhunú le haghaidh, nó i ndáil le, táirgí chun a n-inbhuanaitheacht comhshaoil a fheabhsú. Áireofar ar na ceanglais sin na heilimintí a liostaítear in Iarscríbhinn VI agus is i gcomhréir le hAirteagail 5, 6 agus 7 agus le Caibidil III a bhunófar iad. Áirítear sa chumhachtú chun ceanglais éicidhearthóireachta a ghlacadh an chumhacht a bhunú nach bhfuil aon cheanglas feidhmíochta, ceanglas faisnéise ná ceanglas feidhmíochta ná faisnéise riachtanach i gcás paraiméadair shonraithe tháirge dá dtagraítear in Iarscríbhinn I.

Agus ceanglais éicidhearthóireachta á mbunú i ngníomhartha tarmligthe dá dtagraítear sa chéad fhomhír, forlíonfaidh an Coimisiún an Rialachán seo freisin trí na nósanna imeachta is infheidhme um measúnú comhréireachta a shonrú as measc na modúl a leagtar amach in Iarscríbhinn IV a ghabhann leis an Rialachán seo agus in Iarscríbhinn II a ghabhann le Cinneadh Uimh. 768/2008/CE, leis na hoiriúnuithe is gá i bhfianaise na gceanglas táirge nó éicidhearthóireachta lena mbaineann, i gcomhréir le hAirteagal 36.

Féadfar an Rialachán seo a fhorlíonadh freisin leis na gníomhartha tarmligthe dá dtagraítear sa chéad fhomhír tríd an méid seo a leanas:

(a) é a chur de cheangal ar mhonaróirí, a n-ionadaithe údaraithe nó allmhaireoirí codanna den doiciméadacht theicniúil a bhaineann leis an táirge ábhartha a chur ar fáil don Choimisiún nó d'údaráis um fhaireachas margaidh gan iarraidh, i gcomhréir le hAirteagal 30(3);

(b) é a chur de cheangal ar mhonaróirí, a n-ionadaithe údaraithe nó allmhaireoirí faisnéis a chur ar fáil don Choimisiún maidir le cainníochtaí táirge a chumhdaítear leis na gníomhartha tarmligthe sin a chuirtear ar an margadh nó i mbun seirbhíse, i gcomhréir le hAirteagal 31(1);

(c) é a chur de cheangal ar tháirgí a chuirtear ar an margadh a bheith in ann an fuinneamh a ídíonn siad nó a bhfeidhmíocht a thomhas i ndáil le paraiméadair tháirge ábhartha eile dá dtagraítear in Iarscríbhinn I agus iad in úsáid, i gcomhréir le hAirteagal 31(2);

(d) é a chur de cheangal ar mhonaróirí, a n-ionadaithe údaraithe nó allmhaireoirí na sonraí in-úsáide dá dtagraítear i bpointe (c) a bhailiú, a anaithnidiú, nó a thuairisciú don Choimisiún, i gcomhréir le hAirteagal 31(3);

(e) é a chur de cheangal uirlisí ar líne a úsáid chun feidhmíocht táirge a ríomh i ndáil le paraiméadar táirge dá dtagraítear in Iarscríbhinn I, i gcomhréir le hAirteagail 32(2);

(f) rialacha malartacha maidir leis an dearbhú comhréireachta nó marcanna lena léirítear comhréireacht leis na ceanglais éicidhearthóireachta de mhaolú ar Airteagail 37 agus 39 a shonrú, i gcomhréir le hAirteagal 40;

(g) rialacha a shonrú chun dreasachtaí na mBallstát a stiúradh i gcomhréir le hAirteagal 57;

(h) ceanglais is infheidhme maidir le conarthaí poiblí a bhunú, lena n-áirítear cur chun feidhme agus tuairisciú na gceanglas sin ag na Ballstáit agus faireachán a dhéanamh

orthu. Is ar na paraiméadair tháirge dá dtagraítear in Iarscríbhinn I a bheidh na ceanglais sin bunaithe agus bunófar iad i gcomhréir le hAirteagal 58.

Airteagal 5
Ceanglais éicidhearthóireachta

1. De réir mar is iomchuí do na grúpaí táirgí ábhartha agus aird chuí á tabhairt aige ar gach céim dá saolré, bunóidh an Coimisiún ceanglais éicidhearthóireachta chun feabhas a chur ar na gnéithe táirge seo a leanas:

   (a) marthanacht;

   (b) iontaofacht;

   (c) in-athúsáidteacht;

   (d) in-uasghrádaitheacht;

   (e) indeisitheacht;

   (f) an fhéidearthacht cothabháil nó athfheistiú a dhéanamh;

   (g) substaintí ar ábhar imní iad a bheith i láthair;

   (h) úsáid fuinnimh nó éifeachtúlacht fuinnimh;

   (i) úsáid acmhainní nó éifeachtúlacht acmhainní;

   (j) cion athchúrsáilte;

   (k) an fhéidearthacht athmhonarú nó athchúrsáil a dhéanamh;

   (l) an fhéidearthacht ábhair a aisghabháil;

   (m) tionchair chomhshaoil, lena n-áirítear an lorg carbóin agus an lorg comhshaoil;

   (n) na t-ábhar dramhaíola a mheastar a ghinfear.

2. Bunófar ceanglais éicidhearthóireachta le haghaidh grúpa sonrach táirgí.

   É sin ráite, i gcás ina léiríonn dhá ghrúpa táirgí nó níos mó cosúlachtaí teicniúla a fhágann gur féidir feabhas a chur ar ghné tháirge dá dtagraítear i mír 1 bunaithe ar cheanglas coiteann, féadfar ceanglais éicidhearthóireachta a bhunú go cothrománach le haghaidh na ngrúpaí táirgí sin.

   Féadfar a chumhdach le ceanglas éicidhearthóireachta arna bhunú de bhun an dara fomhír táirgí a thagann faoi raon feidhme birt féinrialála arna bhunú mar rogha mhalartach bhailí de bhun Airteagal 18(3), i gcás ina measann an Coimisiún nach dtugtar aghaidh leis an mbeart féinrialála sin ar an ngné tháirge a chumhdaítear leis an gceanglas éicidhearthóireachta cothrománach sin.

3. Áireofar an méid seo a leanas ar na ceanglais éicidhearthóireachta, de réir mar is iomchuí:

   (a) ceanglais feidhmíochta mar a leagtar amach in Airteagal 6;

   (b) ceanglais faisnéise mar a leagtar amach in Airteagal 7.

4. Agus ceanglais éicidhearthóireachta á n-ullmhú aige, déanfaidh an Coimisiún an méid seo a leanas:

   (a) na heilimintí seo a leanas a chur san áireamh:

(i) tosaíochtaí an Aontais i dtaca leis an aeráid, leis an gcomhshaol agus leis an éifeachtúlacht fuinnimh agus tosaíochtaí gaolmhara eile de chuid an Aontais;

(ii) reachtaíocht ábhartha an Aontais, lena n-áirítear a mhéid a thugtar aghaidh ar na gnéithe táirge ábhartha a liostaítear i mír 1;

(iii) bearta féinrialála, dá bhforáiltear in Airteagal 18;

(iv) reachtaíocht náisiúnta ábhartha maidir leis an gcomhshaol;

(v) caighdeáin ábhartha Eorpacha agus idirnáisiúnta;

(b) measúnú tionchair a dhéanamh bunaithe ar an bhfianaise agus ar na hanailísí is fearr atá ar fáil, agus, de réir mar is iomchuí, ar staidéir bhreise agus ar thorthaí taighde arna dtáirgeadh faoi chláir chistiúcháin Eorpacha. Agus an méid sin á dhéanamh aige, áiritheoidh an Coimisiún go mbeidh doimhneacht na hanailíse ar na gnéithe táirge a liostaítear i mír 1 comhréireach lena suntasacht. Ní chuirfear moill mhíchuí ar bhunú ceanglas éicidhearthóireachta maidir leis na gnéithe is suntasaí de tháirge i measc na ngnéithe a liostaítear i mír 1 de dheasca éiginnteachtaí maidir leis an bhféidearthacht ceanglais éicidhearthóireachta a bhunú chun feabhas a chur ar ghnéithe eile den táirge sin;

(c) faisnéis theicniúil ábhartha arna húsáid mar bhonn le reachtaíocht nó ionstraimí an Aontais nó arna díorthú uathu a chur san áireamh, lena n-áirítear Rialachán (CE) Uimh. 66/2010, Treoir 2010/75/AE, critéir scagtha theicniúla arna nglacadh de bhun Rialachán (AE) 2020/852 agus critéir um sholáthar poiblí glas;

(d) na tuairimí arna nochtadh ag an bhFóram Éicidhearthóireachta dá dtagraítear in Airteagal 17 a chur san áireamh.

5. Comhlíonfaidh ceanglais éicidhearthóireachta na critéir seo a leanas:

(a) ní bheidh tionchar diúltach suntasach ar bith acu ar fheidhmiúlacht an táirge, ó thaobh dhearcadh an úsáideora de;

(b) ní bheidh aon éifeacht dhíobhálach ar shláinte ná ar shábháilteacht daoine;

(c) ní bheidh aon tionchar diúltach suntasach ar thomhaltóirí i dtéarmaí inacmhainneacht táirgí ábhartha, agus rochtain ar tháirgí athláimhe, marthanacht agus costas saolré táirgí á gcur san áireamh freisin;

(d) ní bheidh aon tionchar diúltach díréireach ar iomaíochas gníomhaithe eacnamaíocha, nó FBManna ar a laghad;

(e) ní fhorchuirfear aon teicneolaíocht dhílsithe ar mhonaróirí ná ar ghníomhaithe eacnamaíocha eile;

(f) ní bheidh aon ualach riaracháin díréireach ar mhonaróirí ná ar ghníomhaithe eacnamaíocha eile.

6. I gcás inarb iomchuí, cuirfidh an Coimisiún de cheangal ar ghníomhaithe sa slabhra soláthair an méid seo a leanas a dhéanamh:

(a) an fhaisnéis atá ar fáil a bhaineann lena soláthairtí nó lena seirbhísí a chur ar fáil, arna iarraidh sin, do mhonaróirí, do chomhlachtaí faoina dtugtar fógra agus d'údaráis náisiúnta inniúla, ar faisnéis í atá ábhartha chun comhlíonadh na gceanglas éicidhearthóireachta a fhíorú;

(b) cead a thabhairt do mhonaróirí, in éagmais na faisnéise dá dtagraítear i bpointe (a), a soláthairtí nó a seirbhísí a mheasúnú chun comhlíonadh na gceanglas éicidhearthóireachta a fhíorú agus chun rochtain ar dhoiciméid nó ar shaoráidí ábhartha a thabhairt do na monaróirí sin;

(c) é a chur ar a gcumas do chomhlachtaí faoina dtugtar fógra agus d'údaráis inniúla náisiúnta cirte na faisnéise a bhaineann lena ngníomhaíochtaí a fhíorú, ar faisnéis í atá ábhartha chun comhlíonadh na gceanglas éicidhearthóireachta a fhíorú.

7. Sainaithneoidh an Coimisiún, i gcás inarb iomchuí, modhanna iomchuí fíorúcháin maidir le ceanglais éicidhearthóireachta shonracha, lena n-áirítear fíorú díreach ar an táirge nó ar bhonn na doiciméadachta teicniúla.

8. Foilseoidh an Coimisiún na staidéir agus na hanailísí ábhartha a úsáidtear chun ceanglais éicidhearthóireachta a bhunú i gcomhréir leis an Rialachán seo.

Airteagal 6
Ceanglais feidhmíochta

1. Comhlíonfaidh táirgí na ceanglais feidhmíochta a bhaineann leis na gnéithe táirge a liostaítear in Airteagal 5(1), mar a leagtar síos sna gníomhartha tarmligthe arna nglacadh de bhun Airteagal 4.

2. Beidh na ceanglais feidhmíochta dá dtagraítear i mír 1 bunaithe ar na paraiméadair tháirge dá dtagraítear in Iarscríbhinn I agus áireofar orthu, de réir mar is iomchuí, na nithe seo a leanas:

(a) íosleibhéil nó uasleibhéil i ndáil le paraiméadar sonrach táirge dá dtagraítear in Iarscríbhinn I nó i ndáil le teaglaim díobh;

(b) ceanglais neamhchainníochtúla arb é is aidhm dóibh feabhas a chur ar fheidhmíocht i ndáil le paraiméadar táirge amháin nó níos mó de na paraiméadair tháirge dá dtagraítear in Iarscríbhinn I;

(c) ceanglais a bhaineann le feidhmíocht fheidhmiúil táirge.

3. Leis na ceanglais feidhmíochta arna mbunú ar an bparaiméadar táirge a leagtar amach in Iarscríbhinn I, pointe (f), ní chuirfear srian ar shubstaintí a bheith i dtáirgí ar chúiseanna a bhaineann go príomha le sábháilteacht cheimiceach.

4. Agus ceanglais feidhmíochta á mbunú aige, leanfaidh an Coimisiún an nós imeachta a leagtar amach in Iarscríbhinn II.

Airteagal 7
Ceanglais faisnéise

1. Comhlíonfaidh táirgí na ceanglais faisnéise a bhaineann leis na gnéithe táirge a liostaítear in Airteagal 5(1), mar a leagtar síos sna gníomhartha tarmligthe arna nglacadh de bhun Airteagal 4.

2. Maidir leis na ceanglais faisnéise dá dtagraítear i mír 1:

(a) áireofar orthu, ar a laghad, ceanglais a bhaineann leis an bpas táirge dá dtagraítear i gCaibidil III agus ceanglais a bhaineann le substaintí ar ábhar imní iad dá dtagraítear i mír 5; agus

(b) de réir mar is iomchuí, ceanglófar leo go mbeidh na nithe seo a leanas ag gabháil le táirgí:

(i) faisnéis maidir le feidhmíocht an táirge i ndáil leis na paraiméadair tháirge dá dtagraítear in Iarscríbhinn I;

(ii) faisnéis le haghaidh tomhaltóirí agus úsáideoirí deiridh eile maidir le conas an táirge a shuiteáil, a úsáid, a chothabháil agus a dheisiú chun a thionchar ar an gcomhshaol a íoslaghdú agus chun an mharthanacht is fearr is féidir a áirithiú, chomh maith le faisnéis maidir le conas an táirge a chur ar ais nó a dhiúscairt ag deireadh ré;

(iii) faisnéis maidir le saoráidí cóireála don díchóimeáil, don athchúrsáil, nó don diúscairt ag deireadh ré;

(iv) aon fhaisnéis eile a d'fhéadfadh tionchar a imirt ar an gcaoi a láimhseálann páirtithe seachas an monaróir an táirge chun feabhas a chur ar a fheidhmíocht i ndáil le paraiméadair tháirge dá dtagraítear in Iarscríbhinn I.

I gcás ina bhfuil ceanglais chothrománacha éicidhearthóireachta i ngníomhartha tarmligthe le haghaidh dhá ghrúpa táirge nó níos mó dá dtagraítear in Airteagal 5(2), an dara fomhír, ní bheidh feidhm ag pointe (a) den mhír seo.

3. Leis na ceanglais faisnéise arna mbunú ar an bparaiméadar táirge a leagtar amach in Iarscríbhinn I, pointe (f), ní sholáthrófar oibleagáidí ar lipéadú substaintí nó meascán ar chúiseanna a bhaineann go príomha lena nguaiseacha don tsláinte nó don chomhshaol.

4. Agus na ceanglais faisnéise dá dtagraítear i mír 2, pointe (b), pointe (i), á mbunú aige, cinnfidh an Coimisiún, de réir mar is iomchuí, na haicmí feidhmíochta.

Comhfhreagróidh na haicmí feidhmíochta sin d'fheabhsuithe ar leibhéil feidhmíochta atá suntasach ó thaobh staidrimh de.

5. Leis na ceanglais faisnéise dá dtagraítear i mír 1, fágfar go mbeifear in ann rianú a dhéanamh ar na substaintí uile ar ábhar imní iad le linn saolré táirgí, ach amháin má tá rianú den sórt sin cumasaithe cheana féin le gníomh tarmligthe eile arna ghlacadh de bhun Airteagal 4 lena gcumhdaítear na táirgí lena mbaineann, agus áireofar leis an méid seo a leanas ar a laghad:

(a) ainm na substaintí ar ábhar imní iad atá sa táirge;

(b) suíomh na substaintí ar ábhar imní iad laistigh den táirge;

(c) tiúchan, uastiúchan nó raon tiúchana na substaintí ar ábhar imní iad, ar leibhéal an táirge, a phríomh-chomhpháirteanna, nó a pháirteanna spártha;

(d) treoracha ábhartha maidir leis an táirge a úsáid go sábháilte;

(e) faisnéis ábhartha le haghaidh díchóimeála.

I gcás ina leagann an Coimisiún amach ceanglais faisnéise i ngníomh tarmligthe arna ghlacadh de bhun Airteagal 4, déanfaidh sé an méid seo a leanas:

(a) a shuíomh cé na substaintí a thagann faoin sainmhíniú in Airteagal 2(28), pointe (c), chun críocha na ngrúpaí táirgí a chumhdaítear;

(b) sprioc-amanna a leagan síos maidir le teacht i bhfeidhm na gceanglas faisnéise dá dtagraítear sa chéad fhomhír, agus idirdhealú féideartha idir substaintí; agus

(c) Díolúintí a sholáthar le haghaidh substaintí ar ábhar imní iad nó eilimintí faisnéise ó na ceanglais faisnéise dá dtagraítear sa chéad fhomhír.

Maidir leis na díolúintí dá dtagraítear sa dara fomhír, pointe (c), féadfar iad a sholáthar bunaithe ar a indéanta nó ar a ábhartha atá sé substaintí ar ábhar imní iad a rianú, ar an ngá atá le faisnéis rúnda ghnó a chosaint agus i gcásanna eile a bhfuil údar cuí leo.

Substaintí ar ábhar imní iad a thagann faoin sainmhíniú in Airteagal 2(28), pointe (a), ní dhíolmhófar iad ón gceanglas faisnéise dá dtagraítear sa chéad fhomhír má tá siad sna táirgí ábhartha, ina bpríomh-chomhpháirteanna nó ina bpáirteanna spártha i dtiúchan is mó ná 0,1 % meáchan de réir meáchain.

6. Tabharfar le fios leis na ceanglais faisnéise an bealach ina gcuirfear an fhaisnéis riachtanach ar fáil.

Soláthrófar an fhaisnéis riachtanach, de réir mar is iomchuí, trí cheann amháin ar a laghad de na bealaí seo a leanas:

(a) ar an táirge féin;

(b) ar phacáistíocht an táirge;

(c) ar an bpas táirge dá dtagraítear in Airteagal 8;

(d) ar lipéad dá dtagraítear in Airteagal 14;

(e) i lámhleabhar úsáideora;

(f) ar shuíomh gréasáin nó ar fheidhmchlár a bhfuil rochtain saor in aisce orthu.

Tabharfar faisnéis lena n-áiritheofar inrianaitheacht substaintí de bhun mhír 5 ar an táirge nó beidh sí inrochtana trí iompróir sonraí atá san áireamh ar an táirge.

7. An fhaisnéis atá le soláthar de bhun ceanglais faisnéise, tabharfar í i dteanga is féidir leis na tomhaltóirí agus na húsáideoirí deiridh eile a thuiscint gan stró, de réir mar a chinnfidh an Ballstát ina bhfuil an táirge le cur ar fáil ar an margadh nó le cur i mbun seirbhíse.

CAIBIDIL III - PAS TÁIRGE DIGITEACH

Airteagal 8
Pas táirge

1. Leis na ceanglais faisnéise dá dtagraítear in Airteagal 7(1), forálfar nach féidir táirgí a chur ar an margadh nó i mbun seirbhíse ach amháin má tá pas táirge ar fáil i gcomhréir leis an ngníomh tarmligthe is infheidhme arna ghlacadh de bhun Airteagal 4 agus Airteagail 9 agus 10.

2. Leis na ceanglais maidir leis an bpas táirge a leagtar síos sna gníomhartha tarmligthe arna nglacadh de bhun Airteagal 4, sonrófar an méid seo a leanas, de réir mar is iomchuí le haghaidh na ngrúpaí táirgí a chumhdaítear:

(a) an fhaisnéis atá le cuimsiú sa phas táirge de bhun Iarscríbhinn III;

(b) na cineálacha iompróra sonraí atá le húsáid;

(c) an leagan amach ina gcuirfear an t-iompróir sonraí i láthair agus a shuíomh;

(d) cé acu an mbeidh an pas táirge le freagairt don mhúnla, don bhaisc nó do leibhéal na hítime;

(e) an bealach ina mbeidh an pas táirge inrochtana do chustaiméirí sula mbeidh siad faoi cheangal ag conradh díolacháin, lena n-áirítear pasanna táirge i gcás ciandíolacháin;

(f) na gníomhaithe a mbeidh rochtain acu ar fhaisnéis sa phas táirge agus an fhaisnéis a mbeidh rochtain acu uirthi, lena n-áirítear custaiméirí, úsáideoirí deiridh, monaróirí, allmhaireoirí agus dáileoirí, déileálaithe, deisitheoirí, athmhonaróirí, athchúrsáileoirí, údaráis inniúla náisiúnta, eagraíochtaí leasa phoiblí agus an Coimisiún, nó aon eagraíocht atá ag gníomhú thar a gceann;

(g) na gníomhaithe a fhéadfaidh an fhaisnéis a thabhairt isteach nó a thabhairt cothrom le dáta sa phas táirge, lena n-áirítear, más gá, pas táirge nua a chruthú, agus an fhaisnéis a fhéadfaidh siad a thabhairt isteach nó a thabhairt cothrom le dáta, lena n-áirítear monaróirí, deisitheoirí, gairmithe cothabhála, athmhonaróirí, athchúrsáileoirí, údaráis inniúla náisiúnta, agus an Coimisiún, nó aon eagraíocht atá ag gníomhú thar a gceann;

(h) an tréimhse a mbeidh an pas táirge ar fáil lena linn.

3. Maidir leis na ceanglais dá dtagraítear i mír 2:

(a) áiritheoidh siad go mbeidh gníomhaithe feadh an tslabhra luacha, go háirithe tomhaltóirí, oibreoirí eacnamaíocha agus údaráis inniúla náisiúnta, in ann rochtain a fháil ar fhaisnéis táirge atá ábhartha dóibh;

(b) éascóidh siad fíorú ar chomhlíonadh táirgí ag údaráis inniúla náisiúnta; agus

(c) cuirfidh siad feabhas ar inrianaitheacht táirgí feadh an tslabhra luacha.

4. Agus na ceanglais a bhaineann leis an bpas táirge á mbunú aige, féadfaidh an Coimisiún grúpaí táirgí a dhíolmhú ón gceanglas a leagtar amach i mír 1 den Airteagal seo sna cásanna seo a leanas:

(a) nach bhfuil sonraíochtaí teicniúla ar fáil i ndáil leis na buncheanglais a áirítear in Airteagal 10; nó

(b) go n-áirítear i ndlí eile de chuid an Aontais córas chun faisnéis a sholáthar go digiteach a bhaineann le grúpa táirgí a measann an Coimisiún ina leith go mbaintear amach na cuspóirí dá dtagraítear i mír 3, pointí (a) agus (b), leis.

Airteagal 9
Ceanglais ghinearálta le haghaidh an phas táirge

1. Comhlíonfaidh pas táirge na coinníollacha seo a leanas:

(a) beidh sé nasctha le haitheantóir táirge uathúil trí iompróir sonraí;

(b) beidh an t-iompróir sonraí i láthair go fisiceach ar an táirge, ar a phacáistíocht nó ar dhoiciméadacht a ghabhann leis an táirge, mar a shonraítear sa ghníomh tarmligthe is infheidhme arna ghlacadh de bhun Airteagal 4;

(c) comhlíonfaidh an t-iompróir sonraí agus an t-aitheantóir táirge uathúil caighdeán (‘ISO/IEC’) 15459:2015;

(d) maidir leis an bhfaisnéis uile a chuimsítear sa phas táirge, beidh sí bunaithe ar chaighdeáin oscailte, forbartha le formáid idir-inoibritheach, agus beidh sí

inléite ag meaisín, struchtúrtha agus inchuardaithe, i gcomhréir leis na buncheanglais a leagtar amach in Airteagal 10;

(e) san fhaisnéis a chuimsítear sa phas táirge, déanfar tagairt do mhúnla nó baisc an táirge, nó d'ítim mar a shonraítear sa ghníomh tarmligthe arna ghlacadh de bhun Airteagal 4;

(f) déanfar an rochtain ar fhaisnéis a chuimsítear sa phas táirge a rialú i gcomhréir leis na buncheanglais a leagtar amach in Airteagal 10 agus sainaithneofar na cearta rochtana sonracha ar leibhéal an ghrúpa táirgí sa ghníomh tarmligthe is infheidhme arna ghlacadh de bhun Airteagal 4.

Cumhachtaítear an Coimisiún chun gníomhartha tarmligthe a ghlacadh i gcomhréir le hAirteagal 66 chun an chéad fhomhír, pointe (c), den Airteagal seo a leasú i bhfianaise an dul chun cinn teicniúil agus eolaíoch trí bhíthin an caighdeán dá dtagraítear sa phointe sin a ionadú nó trí chaighdeáin Eorpacha nó idirnáisiúnta eile a chur leis a chomhlíonfaidh an t-iompróir sonraí agus na haitheantóirí uathúla chun na coinníollacha a leagtar amach san Airteagal seo a chomhlíonadh.

2. I gcás ina gceanglaítear nó ina gceadaítear le reachtaíocht eile de chuid an Aontais gur féidir faisnéis shonrach a chuimsiú sa phas táirge, féadfar an fhaisnéis sin a chur leis an bhfaisnéis atá le cuimsiú sa phas táirge de bhun an ghnímh tharmligthe is infheidhme arna ghlacadh de bhun Airteagal 4.

3. Soláthróidh an t-oibreoir eacnamaíoch a chuireann an táirge ar an margadh cóip dhigiteach den iompróir sonraí do dhéileálaithe chun go mbeidh an déileálaí in ann é a dhéanamh inrochtana do chustaiméirí i gcás nach féidir leo rochtain fhisiceach a fháil ar an táirge. Déanfaidh an t-oibreoir eacnamaíoch an chóip dhigiteach sin a sholáthar saor in aisce agus laistigh de 5 lá oibre tar éis iarraidh an déileálaí.

Airteagal 10
Dearadh teicniúil agus oibriú an phas táirge

Comhlíonfaidh dearadh agus oibriú teicniúil an phas táirge na buncheanglais seo a leanas:

(a) beidh pasanna táirge go hiomlán idir-inoibritheach le pasanna táirge eile a cheanglaítear le gníomhartha tarmligthe arna nglacadh de bhun Airteagal 4 i ndáil le gnéithe teicniúla, séimeantacha agus eagraíochtúla na cumarsáide ó cheann go ceann agus an aistrithe sonraí;

(b) beidh saor-rochtain ag tomhaltóirí, oibreoirí eacnamaíocha agus gníomhaithe ábhartha eile ar an bpas táirge bunaithe ar a gcearta rochtana féin a leagtar amach sa ghníomh tarmligthe is infheidhme arna ghlacadh de bhun Airteagal 4;

(c) is é an t-oibreoir eacnamaíoch atá freagrach as an bpas táirge a chruthú, nó oibreoirí atá údaraithe chun gníomhú thar a cheann, a stórálfaidh na sonraí a chuimsítear sa phas táirge;

(d) más rud é go ndéanann oibreoirí atá údaraithe chun gníomhú thar a gceann na sonraí a chuimsítear sa phas táirge a stóráil nó a phróiseáil ar bhealach eile, ní bheidh cead ag na hoibreoirí sin sonraí den sórt sin a dhíol, a athúsáid ná a phróiseáil, go hiomlán nó go páirteach, thar a bhfuil riachtanach chun na seirbhísí stórála nó próiseála ábhartha a sholáthar;

(e) Leanfaidh an pas táirge de bheith ar fáil ar feadh na tréimhse a shonraítear i ngníomhartha tarmligthe arna nglacadh de bhun Airteagal 4, lena n-áirítear tar éis

dhócmhainneacht, leachtú nó scor gníomhaíochta san Aontas an oibreora eacnamaíoch a chruthaigh an pas táirge;

(f) beidh srian ar na cearta rochtana agus na cearta chun faisnéis a thabhairt isteach, a mhodhnú nó a thabhairt cothrom le dáta i bpas táirge bunaithe ar na cearta rochtana a shonraítear i ngníomhartha tarmligthe arna nglacadh de bhun Airteagal 4;

(g) áiritheofar fíordheimhniú, iontaofacht agus sláine sonraí;

(h) déanfar pasanna táirge a dhearadh agus a oibriú ionas go n-áiritheofar ardleibhéal slándála agus príobháideachais agus go seachnófar calaois.

Airteagal 11
Aitheantóir oibreora uathúil agus aitheantóir saoráide uathúil

1. Na haitheantóirí oibreora uathúla dá dtagraítear in Iarscríbhinn III, pointí (g) agus (h), agus na haitheantóirí saoráide uathúla dá dtagraítear in Iarscríbhinn III, pointe (i), comhlíonfaidh siad caighdeán ISO/IEC 15459:2015.

2. I gcás nach bhfuil aitheantóir oibreora uathúil dá dtagraítear in Iarscríbhinn III, pointe (h), ar fáil go fóill, iarrfaidh an t-oibreoir eacnamaíoch a bhfuil an pas táirge á chruthú aige aitheantóir oibreora uathúil thar ceann an ghníomhaí ábhartha.

   Sula n-eiseoidh sé iarraidh dá dtagraítear sa chéad fhomhír, iarrfaidh an t-oibreoir eacnamaíoch a bhfuil an pas táirge á chruthú aige deimhniú ón ngníomhaí lena mbaineann nach ann d'aitheantóir oibreora uathúil agus tabharfaidh sé sonraí iomlána an aitheantóra oibreora uathúil a scaoileadh don ghníomhaí lena mbaineann sa slabhra soláthair.

3. I gcás nach bhfuil aitheantóir saoráide uathúil dá dtagraítear in Iarscríbhinn III, pointe (i), ar fáil go fóill, iarrfaidh an t-oibreoir eacnamaíoch a bhfuil an pas táirge á chruthú aige aitheantóir saoráide uathúil thar ceann an ghníomhaí atá freagrach as an suíomh nó as an bhfoirgneamh ábhartha.

   Sula n-eiseoidh sé iarraidh dá dtagraítear sa chéad fhomhír, iarrfaidh an t-oibreoir eacnamaíoch a bhfuil an pas táirge á chruthú aige deimhniú ón ngníomhaí freagrach nach bhfuil aon aitheantóir saoráide uathúil ann agus soláthróidh sé sonraí iomlána an aitheantóra saoráide uathúil a scaoileadh don ghníomhaí freagrach.

4. Cumhachtaítear an Coimisiún chun gníomhartha tarmligthe a ghlacadh i gcomhréir le hAirteagal 66 chun mír 1 den Airteagal seo a leasú i bhfianaise an dul chun cinn teicniúil agus eolaíoch trí bhíthin an caighdeán dá dtagraítear sa mhír sin a ionadú nó trí chaighdeáin Eorpacha nó idirnáisiúnta a chur leis a d'fhéadfadh aitheantóirí oibreora uathúla dá dtagraítear in Iarscríbhinn III, pointí (g) agus (h), agus aitheantóirí saoráide uathúla dá dtagraítear in Iarscríbhinn III, pointe (i), a chomhlíonadh chun na coinníollacha a leagtar amach san Airteagal seo a chomhlíonadh.

Airteagal 12
Clárlann le haghaidh pasanna táirge

1. Déanfaidh an Coimisiún clárlann a bhunú agus a choinneáil ar bun ina stórálfar an fhaisnéis a chuimsítear sna pasanna táirge a cheanglaítear le gníomhartha tarmligthe arna nglacadh de bhun Airteagal 4.

Áireofar sa chlár dá dtagraítear sa chéad fhomhír ar a laghad liosta de na hiompróirí sonraí agus de na haitheantóirí táirgí uathúla dá dtagraítear in Airteagal 9(1).

Áiritheoidh an Coimisiún go bpróiseálfar an fhaisnéis atá stóráilte sa chlárlann dá dtagraítear sa chéad fhomhír go slán agus i gcomhréir le dlí an Aontais, lena n-áirítear na rialacha is infheidhme maidir le cosaint sonraí pearsanta.

2. Sonróidh an Coimisiún, sna gníomhartha tarmligthe arna nglacadh de bhun Airteagal 4, an fhaisnéis a stórálfar sa chlárlann dá dtagraítear i mír 1, sa bhreis ar a bheith cuimsithe sa phas táirge, agus na critéir seo a leanas ar a laghad á gcur san áireamh:

   (a) an gá atá ann a fhágáil gur féidir barántúlacht an phas táirge a fhíorú;

   (b) ábharthacht na faisnéise chun feabhas a chur ar éifeachtúlacht agus éifeachtacht na seiceálacha faireachais margaidh agus na rialuithe custaim i ndáil le táirgí a chumhdaítear le gníomhartha tarmligthe arna nglacadh de bhun Airteagal 4;

   (c) an gá atá ann ualach díréireach riaracháin ar oibreoirí eacnamaíocha a sheachaint.

3. I ndáil leis an bhfreagracht atá air an chlárlann dá dtagraítear i mír 1 a bhunú agus a bhainistiú agus aon sonraí pearsanta a d'fhéadfadh a bheith mar thoradh ar an ngníomhaíocht sin a phróiseáil, measfar gur rialaitheoir mar a shainmhínítear in Airteagal 3, pointe (8), de Rialachán (AE) 2018/1725 é an Coimisiún.

4. Déanfaidh an t-oibreoir eacnamaíoch a chuireann an táirge ar an margadh nó i mbun seirbhíse an fhaisnéis dá dtagraítear i mír 2 a uaslódáil ar an gclárlann dá dtagraítear i mír 1.

5. Beidh rochtain ag an gCoimisiún, ag na húdaráis náisiúnta inniúla agus ag na húdaráis chustaim ar an gclárlann dá dtagraítear san Airteagal seo chun a ndualgais a chomhlíonadh de bhun reachtaíocht an Aontais.

Airteagal 13
Rialuithe custaim a bhaineann leis an bpas táirge

1. Déanfaidh an Coimisiún an chlárlann dá dtagraítear in Airteagal 12(1) a idirnascadh le Córas Malartaithe Deimhnithe an Ionaid Ilfhreastail AE maidir le Custam (CSW-CERTEX AE), rud a fhágfaidh gur féidir faisnéis a mhalartú go huathoibríoch leis na córais chustaim náisiúnta trí Thimpeallacht an Ionaid Ilfhreastail AE maidir le Custam arna bhunú le Rialachán (AE)…/…..

   Glacfaidh an Coimisiún gníomh cur chun feidhme ina sonrófar mionsonraí na socruithe cur chun feidhme maidir leis an idirnasc dá dtagraítear sa chéad fhomhír.

   Déanfar an gníomh cur chun feidhme seo a ghlacadh i gcomhréir leis an nós imeachta scrúdúcháin dá dtagraítear in Airteagal 67(3).

   Beidh an t-idirnasc dá dtagraítear sa chéad fhomhír i bhfeidhm laistigh de 4 bliana ón dáta a nglacfar an gníomh cur chun feidhme dá dtagraítear sa dara fomhír.

   Beidh feidhm ag míreanna 3 go 6 den Airteagal seo a luaithe a bheidh an t-idirnasc ar bun.

2. Cuirfidh dearbhóirí mar a shainmhínítear in Airteagal 5, pointe (15), de Rialachán (AE) 952/2013 an t-aitheantóir táirge uathúil dá dtagraítear in Airteagal 9(1), pointe (a), sa dearbhú custaim chun aon táirge a chumhdaítear le gníomh tarmligthe arna ghlacadh de bhun Airteagal 4 a scaoileadh i saorchúrsaíocht.

Beidh feidhm ag an mír seo a luaithe a chuirfear an chlárlann dá dtagraítear in Airteagal 12(1) ar bun.

3. Sula gceadóidh siad an scaoileadh i saorchúrsaíocht, fíoróidh na húdaráis chustaim an meaitseálann an t-aitheantóir táirge uathúil arna léiriú ag an dearbhóir i gcomhréir le mír 2 aitheantóir táirge uathúil atá sa chlárlann dá dtagraítear in Airteagal 12(1).

4. I gcás ina stóráiltear an fhaisnéis a chuimsítear sa phas táirge sa chlárlann dá dtagraítear in Airteagal 12(1) freisin, féadfaidh an Coimisiún a shonrú, sna gníomhartha tarmligthe arna nglacadh de bhun Airteagal 4, go bhfíoróidh na húdaráis chustaim, sa bhreis ar an bhfíorú dá dtagraítear i mír 3 den Airteagal seo, an chomhsheasmhacht idir an fhaisnéis a stóráiltear sa chlárlann agus an dearbhú custaim sula gceadóidh siad an scaoileadh i saorchúrsaíocht. I gcás den sórt sin, cuirfidh an Coimisiún na critéir seo a leanas san áireamh ar a laghad:

   (a) an gá atá ann feabhas a chur ar chomhlíontacht táirgí a chuirtear ar mhargadh an Aontais le ceanglais éicidhearthóireachta;

   (b) an gá atá ann ualach díréireach ar údaráis chustaim a sheachaint.

   I gcás ina ndeimhneoidh údaráis chustaim, de bhreis ar an bhfíorú a leagtar síos sa mhír seo, go bhfuil neamhréireachtaí idir an fhaisnéis atá stóráilte sa chlárlann agus an dearbhú custaim, déanfaidh na húdaráis chustaim scaoileadh an táirge sin i saorchúrsaíocht a dhiúltú. Féadfaidh údaráis chustaim aon ghníomhaíocht eile a dhéanamh a mheasfaidh siad a bheith iomchuí i gcomhréir leis an reachtaíocht chustaim, agus an diúltú a chlárú sa chlárlann dá dtagraítear in Airteagal 12(1) freisin agus fógra a thabhairt do na húdaráis náisiúnta inniúla faoin diúltú.

   Ní mheasfar an scaoileadh i saorchúrsaíocht mar chruthúnas de bheith i gcomhréir le dlí an Aontais.

5. Déanfar an fíorú dá dtagraítear i míreanna 3 agus 4 go leictreonach agus go huathoibríoch trí Thimpeallacht an Ionaid Ilfhreastail AE maidir le Custam.

6. Féadfaidh na húdaráis chustaim an fhaisnéis a chuimsítear sa phas táirge agus sa chlárlann dá dtagraítear in Airteagal 12(1) a aisghabháil agus a úsáid chun a gcuid dualgas a dhéanamh de bhun reachtaíocht an Aontais, lena n-áirítear bainistíocht riosca i gcomhréir le hAirteagail 46 agus 47 de Rialachán (AE) Uimh. 952/2013.

CAIBIDIL IV - LIPÉID

Airteagal 14
Lipéid

1. I gcás ina sonraítear sna ceanglais faisnéise dá dtagraítear in Airteagal 7(1) an fhaisnéis sin a chur ar lipéad de bhun Airteagal 7(6), pointe (d), sonrófar an méid seo a leanas sna gníomhartha tarmligthe arna nglacadh de bhun Airteagal 4:

   (a) inneachar an lipéid;

   (b) leagan amach an lipéid agus infheictheacht agus inléiteacht á gcur san áireamh;

   (c) an bealach ina gcuirfear an lipéad ar taispeáint do chustaiméirí, lena n-áirítear é sin a dhéanamh i gcás ciandíolacháin, agus na ceanglais a leagtar amach in Airteagal 26 agus na himpleachtaí do na hoibreoirí eacnamaíocha ábhartha á gcur san áireamh;

(d) i gcás inarb iomchuí, modhanna leictreonacha chun lipéid a ghiniúint.

2. I gcás ina mbeidh sé i gceist le ceanglas faisnéise go gcuimseofar ar lipéad an aicme feidhmíochta táirge dá dtagraítear in Airteagal 7(4), le leagan amach an lipéid dá dtagraítear i mír 1, pointe (b), cuirfear ar chumas custaiméirí feidhmíocht an táirge a chur i gcomparáid go héasca leis an bparaiméadar táirge ábhartha agus táirgí feidhmíochta níos fearr a roghnú.

3. I gcás táirgí a bhaineann le fuinneamh, i gcás nach féidir faisnéis maidir le paraiméadar táirge ábhartha, lena n-áirítear na haicmí feidhmíochta dá dtagraítear in Airteagal 7(4), a ionchorprú sa lipéad fuinnimh arna bhunú de bhun Rialachán (AE) 2017/1369, tar éis don Choimisiún measúnú a dhéanamh ar an mbealach is fearr chun an fhaisnéis áirithe sin a chur in iúl, féadfaidh sé, más iomchuí, a cheangal lipéad a bhunú i gcomhréir leis an Rialachán seo.

4. Agus na ceanglais faisnéise dá dtagraítear i mír 1 á mbunú aige, ceanglóidh an Coimisiún, i gcás inarb iomchuí, iompróirí sonraí nó modhanna eile a chur ar an lipéad chun go mbeidh custaiméirí in ann rochtain a fháil ar fhaisnéis bhreise faoin táirge, lena n-áirítear modhanna lena bhféadfar rochtain a fháil ar an bpas táirge dá dtagraítear in Airteagal 8.

5. Féadfaidh an Coimisiún gníomhartha cur chun feidhme a ghlacadh lena mbunaítear ceanglais choiteanna maidir le leagan amach na lipéad a cheanglaítear de bhun Airteagal 7(6), pointe (d).

Déanfar na gníomhartha cur chun feidhme sin a ghlacadh i gcomhréir leis an nós imeachta scrúdúcháin dá dtagraítear in Airteagal 67(3).

Airteagal 15
Lipéid aithriseacha

I gcás nach gceanglaítear le gníomhartha tarmligthe arna nglacadh de bhun Airteagal 4 lipéad a bheith ag táirgí, ní fhéadfar na táirgí sin a chur ar an margadh ná a chur i mbun seirbhíse má dhéanann siad lipéid a sholáthar nó a chur ar taispeáint ar dócha go gcuirfí custaiméirí amú leo nó go gcuirfí mearbhall orthu leo i ndáil leis na lipéid dá bhforáiltear in Airteagal 14.

CAIBIDIL V - TABHAIRT TOSAÍOCHTA, PLEANÁIL AGUS COMHAIRLIÚCHÁN

Airteagal 16
Tabhairt tosaíochta agus pleanáil

1. Agus tosaíocht á tabhairt do tháirgí atá le cumhdach ag na ceanglais éicidhearthóireachta i gcomhréir leis an Rialachán seo, cuirfidh an Coimisiún san áireamh an méid a d'fhéadfaidís rannchuidiú le cuspóirí aeráide, comhshaoil agus éifeachtúlachta fuinnimh an Aontais a bhaint amach, mar aon leis na critéir seo a leanas:

(a) an fhéidearthacht feabhas a chur ar na gnéithe táirge a liostaítear in Airteagal 5(1) gan costais dhíréireacha a bheith ag baint leo, agus an méid seo a leanas, go háirithe, á chur san áireamh:

(i) easpa nó neamhdhóthanacht dhlí an Aontais nó teip fórsaí margaidh nó bearta féinrialála arna nglacadh i gcomhréir le hAirteagal 18 chun aghaidh a thabhairt go cuí ar an gcuspóir; agus

(ii) an difríocht i bhfeidhmíocht táirgí atá ar fáil ar an margadh a bhfuil feidhmiúlacht choibhéiseach acu maidir leis na gnéithe táirge a liostaítear in Airteagal 5(1);

(b) an méid díolachán agus trádála i gcás an táirge laistigh den Aontas;

(c) dáileadh na dtionchar ar an gcomhshaol, úsáid fuinnimh agus giniúint dramhaíola ar fud an tslabhra luacha, go háirithe cibé acu a tharlaíonn siad laistigh den Aontas nó nach dtarlaíonn;

(d) an gá atá ann athbhreithniú agus oiriúnú rialta a dhéanamh ar ghníomhartha tarmligthe arna nglacadh de bhun Airteagal 4 i bhfianaise forbairtí teicneolaíochta agus margaidh.

2. Déanfaidh an Coimisiún plean oibre a ghlacadh agus a thabhairt cothrom le dáta go rialta, lena gcumhdófar tréimhse 3 bliana ar a laghad, ina leagfar amach liosta de ghrúpaí táirgí a bhfuil sé beartaithe aige ceanglais éicidhearthóireachta a bhunú ina leith i gcomhréir leis an Rialachán seo. Áireofar sa liosta sin gnéithe táirge dá dtagraítear in Airteagal 5(1) a bhfuil sé ar intinn ag an gCoimisiún ceanglais chothrománacha éicidhearthóireachta arna mbunú de bhun an dara fomhír d'Airteagal 5(2) a ghlacadh ina leith.

Agus an plean oibre dá dtagraítear sa chéad fhomhír á ghlacadh nó á thabhairt cothrom le dáta aige, cuirfidh an Coimisiún san áireamh na critéir a leagtar amach i mír 1 den Airteagal seo agus rachaidh sé i gcomhairle leis an bhFóram Éicidhearthóireachta dá dtagraítear in Airteagal 17.

Airteagal 17
Fóram éicidhearthóireachta

Áiritheoidh an Coimisiún, agus é i mbun a ghníomhaíochtaí, go mbeidh cothromaíocht ann i dtaobh rannpháirteachas ionadaithe na mBallstát agus gach páirtí leasmhar a bhfuil baint acu leis an táirge nó leis an ngrúpa táirgí i gceist, amhail lucht tionscail, lena n-áirítear FBManna agus lucht tionscail cheirde, ceardchumainn, trádálaithe, miondíoltóirí, allmhaireoirí, grúpaí cosanta an chomhshaoil agus eagraíochtaí tomhaltóirí. Rannchuideoidh na páirtithe sin go sonrach le ceanglais éicidhearthóireachta a ullmhú, le hiniúchadh ar éifeachtacht na sásraí bunaithe maidir le faireachas margaidh agus le measúnú ar bhearta féinrialála eile.

Chuige sin, bunóidh an Coimisiún grúpa saineolaithe, dá ngairfear 'an Fóram Éicidhearthóireachta', a mbeidh cruinniú ag na páirtithe sin ann.

Airteagal 18
Bearta féinrialála

1. Féadfaidh dhá oibreoir eacnamaíocha nó níos mó beart féinrialála lena mbunaítear ceanglais éicidhearthóireachta le haghaidh táirgí a chur faoi bhráid an Choimisiúin mar mhalairt ar ghníomh tarmligthe arna ghlacadh de bhun Airteagal 4. Cuirfidh na hoibreoirí sin fianaise ar fáil go gcomhlíontar na critéir dá dtagraítear i mír 3, pointí (a) go (e). Maidir le mír 3, pointe (a), is éard a bheidh san fhianaise sin anailís struchtúrtha theicniúil, chomhshaoil agus eacnamaíoch, lena dtabharfar údar do cheanglais agus do chuspóirí éicidhearthóireachta an bhirt féinrialála, agus do mheasúnú ar thionchair na gceanglas éicidhearthóireachta a leagtar síos sa bheart féinrialála sin.

2. Beidh an fhaisnéis seo a leanas sa bheart féinrialála:

(a) liosta de na hoibreoirí eacnamaíocha ar sínitheoirí leis an mbeart féinrialála iad;

(b) na ceanglais éicidhearthóireachta is infheidhme maidir le táirgí a chumhdaítear leis an mbeart féinrialála;

(c) plean faireacháin mionsonraithe trédhearcach oibiachtúil, ina mbeidh freagrachtaí arna sainaithint go soiléir ar chigirí tionscail agus cigirí neamhspleácha, agus lena n-áireofar na critéir a leagtar amach i bpointe 6 d'Iarscríbhinn VII;

(d) rialacha maidir leis an bhfaisnéis atá le tuairisciú ag sínitheoirí agus maidir le tástáil agus cigireachtaí.

Coinneofar an fhaisnéis dá dtagraítear sa mhír seo cothrom le dáta agus beidh sí ar fáil ar shuíomh gréasáin a bhfuil rochtain ag an bpobal air.

3. Déanfaidh an Coimisiún measúnú ar an mbeart féinrialála atá beartaithe agus, i gcás inar gá, lorgóidh sé comhairle eolaíoch ar ghníomhaireachtaí díláraithe an Aontais. Ar bhonn an mheasúnaithe sin, suífidh sé an rogha mhalartach bhailí é ar ghníomh tarmligthe arna ghlacadh de bhun Airteagal 4 i gcás ina gcomhlíontar na critéir seo a leanas:

(a) cuireann an beart féinrialála le feabhas a chur ar inbhuanaitheacht comhshaoil táirgí agus le saorghluaiseacht sa mhargadh inmheánach a áirithiú go tapa nó ar chostas níos lú ná gníomh tarmligthe arna ghlacadh de bhun Airteagal 4;

(b) sciar shínitheoirí an bhirt féin rialála den mhargadh i dtéarmaí méid i ndáil leis na táirgí a chumhdaítear leis an mbeart sin, is é atá ann 80 % ar a laghad de na haonaid a chuirtear ar an margadh nó i mbun seirbhíse;

(c) comhlíonann an beart féinrialála na critéir a leagtar amach in Iarscríbhinn VII;

(d) ní thagann an táirge a chumhdaítear leis an mbeart féinrialála faoi raon feidhme gnímh tharmligthe arna ghlacadh de bhun Airteagal 4;

(e) tá an beart féinrialála i gcomhréir le reachtaíocht an Aontais agus le gealltanais trádála idirnáisiúnta an Aontais.

Glacfaidh an Coimisiún gníomh cur chun feidhme ina mbeidh liosta de bhearta féinrialála arna suí mar roghanna malartacha bailí ar ghníomh tarmligthe arna ghlacadh de bhun Airteagal 4. Déanfar an gníomh cur chun feidhme sin a ghlacadh i gcomhréir leis an nós imeachta comhairleach dá dtagraítear in Airteagal 67(2).

4. Tráth ar bith, féadfaidh an Coimisiún a iarraidh ar shínitheoirí birt féinrialála leagan athbhreithnithe agus nuashonraithe den bheart sin a thíolacadh i bhfianaise forbairtí margaidh agus teicneolaíochta laistigh den ghrúpa táirgí lena mbaineann nó i gcás ina bhfuil cúis aige a chreidiúint nach bhfuil na critéir a leagtar amach i mír 3 á gcomhlíonadh a thuilleadh.

5. A luaithe a liostófar beart féinrialála i ngníomh tarmligthe arna ghlacadh de bhun mhír 3, an dara fomhír, tuairisceoidh sínitheoirí an bhirt sin don Choimisiún go tráthrialta, de réir mar a leagtar amach sa ghníomh cur chun feidhme sin, maidir leis an dul chun cinn i dtreo cuspóirí na mbeart féinrialála a bhaint amach agus chun a léiriú go bhfuil na critéir a leagtar amach i mír 3, pointí (a) go (e), á gcomhlíonadh i gcónaí. Cuirfear na tuarascálacha sin ar fáil freisin ar shuíomh gréasáin a mbeidh rochtain ag an bpobal air.

6. I gcás ina measann an Coimisiún, bunaithe ar fhaisnéis a fhaightear de bhun mhír 4 nó 5, nach gcomhlíonann beart féinrialála na critéir a leagtar amach i mír 3 a thuilleadh, scriosfaidh sé é ón liosta dá dtagraítear sa mhír sin. I gcásanna áirithe, féadfaidh an Coimisiún cinneadh a dhéanamh ceanglais éicidhearthóireachta is infheidhme maidir leis an táirge a chumhdaítear leis an mbeart féinrialála sin a ghlacadh.

Airteagal 19
Micrifhiontair, fiontair bheaga agus fiontair mheánmhéide

1. I gcomhthéacs na gclár a bhféadfaidh FBManna tairbhe a bhaint astu, ba cheart don Choimisiún tionscnaimh a chur san áireamh a chabhraíonn le FBManna gnéithe inbhuanaitheachta comhshaoil, lena n-áirítear éifeachtúlacht fuinnimh, a chomhtháthú ina slabhra luacha.

2. Agus gníomhartha tarmligthe á nglacadh de bhun Airteagal 4, cuirfidh an Coimisiún, i gcás inarb iomchuí, gníomhartha tarmligthe leis na gníomhartha sin lena gcumhdaítear sainiúlachtaí FBManna atá gníomhach in earnáil an táirge nó in earnáil an ghrúpa táirgí a ndéantar difear dóibh chun cur i bhfeidhm an Rialacháin seo ag FBManna a éascú.

3. Glacfaidh na Ballstáit bearta iomchuí chun cuidiú le FBManna ceanglais éicidhearthóireachta a leagtar amach i ngníomhartha tarmligthe arna nglacadh de bhun Airteagal 4 a chur i bhfeidhm.

Áireofar ar na bearta sin a áirithiú ar a laghad go mbeidh ionaid ilfhreastail nó sásraí comhchosúla ar fáil chun feasacht a mhéadú agus deiseanna líonraithe a chruthú le haghaidh FBManna chun iad féin a chur in oiriúint do cheanglais.

Ina theannta sin, gan dochar do na rialacha is infheidhme maidir le Státchabhair, d'fhéadaí na nithe seo a leanas a áireamh ar na bearta sin:

(a) tacaíocht airgeadais, lena n-áirítear trí bhuntáistí fioscacha a thabhairt agus infheistíochtaí i mbonneagair fhisiciúla agus dhigiteacha a sholáthar;

(b) rochtain ar mhaoiniú;

(c) bainistíocht speisialaithe agus oiliúint foirne;

(d) cúnamh oibríochtúil agus teicniúil.

CAIBIDIL VI - DÍOTHÚ TÁIRGÍ TOMHALTAIS GAN DÍOL

Airteagal 20
Díothú táirgí tomhaltais gan díol

1. Oibreoir eacnamaíoch a dhéanann táirgí tomhaltais gan díol a dhiúscairt go díreach, nó thar ceann oibreoir eacnamaíoch eile, nochtfaidh sé an méid seo a leanas:

(a) líon na dtáirgí tomhaltais gan díol a dhiúscraítear gach bliain, difreáilte de réir cineál táirge nó catagóir táirgí;

(b) na cúiseanna le diúscairt táirgí a dhiúscairt;

(c) seachadadh táirgí a dhiúscraítear chun ullmhú d'athúsáid, athmhonarú, athchúrsáil, aisghabháil fuinnimh agus oibríochtaí diúscartha i gcomhréir le hord na réiteach dramhaíola mar a shainmhínítear in Airteagal 4 de Threoir 2008/98/CE.

Nochtfaidh an t-oibreoir eacnamaíoch an fhaisnéis sin ar shuíomh gréasáin a bhfuil saor-rochtain air nó cuirfidh sé ar fáil go poiblí í ar bhealach eile, go dtí go mbeidh feidhm ag gníomh tarmligthe arna ghlacadh de bhun mhír 3 maidir leis an gcatagóir de tháirgí tomhaltais gan díol arna ndiúscairt ag an oibreoir atá i gceist.

2. Féadfaidh an Coimisiún gníomhartha cur chun feidhme a ghlacadh ina leagfar amach an fhormáid chun an fhaisnéis dá dtagraítear i mír 1 a nochtadh, lena n-áirítear an cineál nó an chatagóir agus an chaoi a bhfuil an fhaisnéis le fíorú.

   Déanfar na gníomhartha cur chun feidhme sin a ghlacadh i gcomhréir leis an nós imeachta scrúdúcháin dá dtagraítear in Airteagal 67(3).

3. Cumhachtófar an Coimisiún chun gníomhartha tarmligthe a ghlacadh i gcomhréir le hAirteagal 66 chun an Rialachán seo a fhorlíonadh trí thoirmeasc a chur ar oibreoirí eacnamaíocha táirgí tomhaltais gan díol a dhíothú san Aontas, i gcás ina mbeidh tionchar suntasach ar an gcomhshaol ag díothú táirgí tomhaltais gan díol a thagann faoi ghrúpa táirgí áirithe.

   Sna gníomhartha tarmligthe arna nglacadh de bhun na chéad fhomhíre, leagfaidh an Coimisiún amach díolúintí áirithe ó na toirmisc sin nuair is iomchuí i bhfianaise an méid seo a leanas:

   (a) údair imní sláinte agus sábháilteachta;

   (b) damáiste do tháirgí mar thoradh ar iad a láimhseáil nó a bhrath tar éis táirge a bheith curtha ar ais ag tomhaltóir;

   (c) oiriúnacht an táirge don chríoch dá bhfuil sé beartaithe, agus i gcás inarb infheidhme, dlí an Aontais agus an dlí náisiúnta agus caighdeáin theicniúla á gcur san áireamh;

   (d) táirgí le deonú a dhiúltú, ullmhú d'athúsáid nó d'athmhonarú.

4. Agus gníomh tarmligthe arna ghlacadh de bhun mhír 3 á ullmhú aige, déanfaidh an Coimisiún an méid seo a leanas:

   (a) measúnú ar leitheadúlacht agus ar an tionchar comhshaoil a bhaineann le táirgí tomhaltais sonracha a dhíothú;

   (b) an fhaisnéis a nocht oibreoirí eacnamaíocha de bhun mhír 1 a chur san áireamh;

   (c) measúnú tionchair a dhéanamh bunaithe ar an bhfianaise agus ar na hanailísí is fearr atá ar fáil, de réir mar is gá.

   Rachaidh an Coimisiún i gcomhairle leis an bhFóram Éicidhearthóireachta dá dtagraítear in Airteagal 17, agus cuirfidh sé san áireamh a thuairimí maidir leis na toirmisc a d'fhéadfadh a bheith ar dhíothú táirgí tomhaltais gan díol dá dtagraítear i mír 3, sula n-ullmhófar na gníomhartha tarmligthe ina leagfar amach na toirmisc sin.

5. I gcás ina ndíothaítear táirgí tomhaltais gan díol faoi dhíolúine dá dtagraítear i mír 3, an dara fomhír, déanfaidh an t-oibreoir eacnamaíoch atá freagrach an méid seo a leanas a nochtadh ar shuíomh gréasáin a bhfuil saor-rochtain air nó a chur ar fáil go poiblí ar bhealach eile:

   (a) an líon táirgí tomhaltais gan díol a díothaíodh;

   (b) na cúiseanna lena ndíothú, agus tagairt á déanamh don díolúine is infheidhme;

(c) seachadadh táirgí a dhíothaítear d'oibríochtaí athchúrsála, aisghabhála fuinnimh agus diúscartha i gcomhréir le hord na réiteach dramhaíola mar a shainmhínítear in Airteagal 4 de Threoir 2008/98/CE.

Na mionsonraí agus an fhormáid maidir le nochtadh faisnéise dá bhforáiltear sa ghníomh cur chun feidhme arna ghlacadh de bhun mhír 2, beidh feidhm acu maidir leis an bhfaisnéis atá le nochtadh de bhun na míre seo, ach amháin má fhoráiltear a mhalairt sa ghníomh tarmligthe arna ghlacadh de bhun mhír 3.

6. Ní bheidh feidhm ag an Airteagal seo maidir le FBManna.

Féadfaidh an Coimisiún, áfach, sna gníomhartha tarmligthe arna nglacadh de bhun mhír 3, foráil a dhéanamh go mbeidh feidhm ag an toirmeasc ar dhíothú táirgí tomhaltais gan díol dá dtagraítear i mír 3 nó ag an oibleagáid maidir le nochtadh dá dtagraítear i mír 4 maidir leis na nithe seo a leanas:

(a) fiontair mheánmhéide, i gcás ina bhfuil fianaise leordhóthanach ann gurb iad atá freagrach as sciar suntasach de na táirgí tomhaltais gan díol a scriosadh;

(b) micrifhiontair, fiontair bheaga nó fiontair mheánmhéide, i gcás ina bhfuil fianaise leordhóthanach ann go bhféadfar iad a úsáid chun dul timpeall ar an toirmeasc ar dhíothú táirgí tomhaltais gan díol dá dtagraítear i mír 3 nó ar an oibleagáid maidir le nochtadh dá dtagraítear i mír 4.

CAIBIDIL VII – OIBLEAGÁIDÍ NA N-OIBREOIRÍ EACNAMAÍOCHA

Airteagal 21
Oibleagáidí monaróirí

1. Agus táirgí a chumhdaítear le gníomh tarmligthe arna ghlacadh de bhun Airteagal 4 á gcur ar an margadh nó á gcur i mbun seirbhíse acu, áiritheoidh monaróirí an méid seo a leanas:

(a) gur dearadh agus gur monaraíodh na táirgí sin i gcomhréir leis na ceanglais a leagtar amach in Airteagal 6 agus sna gníomhartha tarmligthe arna nglacadh de bhun Airteagal 4;

(b) go bhfuil an fhaisnéis a cheanglaítear le hAirteagal 7 agus leis na gníomhartha tarmligthe arna nglacadh de bhun Airteagal 4 ag gabháil leis na táirgí sin;

(c) go bhfuil pas táirge ar fáil i gcomhréir le hAirteagal 8 agus leis na gníomhartha tarmligthe arna nglacadh de bhun Airteagal 4.

2. Sula gcuirfear táirge a chumhdaítear le gníomh tarmligthe arna ghlacadh de bhun Airteagal 4 ar an margadh nó sula gcuirfear i mbun seirbhíse é, déanfaidh monaróirí an nós imeachta um measúnú comhréireachta a shonraítear sna gníomhartha tarmligthe arna nglacadh de bhun Airteagal 4 agus tarraingeoidh siad suas an doiciméadacht theicniúil is gá, nó socróidh siad go ndéanfar é thar a gceann.

I gcás inar léiríodh leis an nós imeachta sin go bhfuil táirge a chumhdaítear le gníomh tarmligthe arna ghlacadh de bhun Airteagal 4 ag comhlíonadh na gceanglas is infheidhme, dréachtóidh monaróirí dearbhú comhréireachta AE i gcomhréir le hAirteagal 37 agus déanfaidh siad an mharcáil CE a ghreamú de i gcomhréir le hAirteagal 39. Mar sin féin, i gcás ina bhfuil rialacha malartacha sonraithe ag an gCoimisiún de bhun Airteagal 4, an tríú fomhír, pointe (f), déanfaidh an monaróir

dearbhú comhréireachta a dhréachtú agus marcáil chomhréireachta a ghreamú de i gcomhréir leis na rialacha sin.

3. Coimeádfaidh monaróirí an doiciméadacht theicniúil agus an dearbhú comhréireachta AE ar feadh tréimhse 10 mbliana tar éis an táirge a chur ar an margadh nó é a chur i mbun seirbhíse. Féadfar tréimhse níos faide nó níos giorra ná 10 mbliana a shonrú le gníomhartha tarmligthe arna nglacadh de bhun Airteagal 4 chun cineál na dtáirgí nó na gceanglas lena mbaineann a chur san áireamh.

4. Áiritheoidh monaróirí go mbeidh nósanna imeachta ann le go bhfanfaidh an táirgeadh sraithe i gcomhréir leis na ceanglais is infheidhme. Aon athruithe ar an bpróiseas táirgthe, ar dhearadh an táirge nó ar shaintréithe an táirge, mar aon le hathruithe ar chaighdeáin chomhchuibhithe, ar shonraíochtaí coiteanna nó ar shonraíochtaí teicniúla eile a ndearbhaítear comhréireacht an táirge faoina dtreoir nó a bhfíoraítear comhréireacht táirge trína gcur i bhfeidhm, cuirfidh monaróirí san áireamh go leordhóthanach iad agus, i gcás ina bhfuair siad amach go ndearnadh difear do chomhréireacht an táirge, déanfaidh monaróirí athmheasúnú i gcomhréir leis an nós imeachta um measúnú comhréireachta a shonraítear sna gníomhartha tarmligthe arna nglacadh de bhun Airteagal 4, nó cuirfidh siad faoi deara é a dhéanamh thar a gceann.

5. Áiritheoidh monaróirí go mbeidh uimhir chineáil, baiscuimhir nó sraithuimhir, nó eilimint eile lena gceadaítear iad a aithint, ar a dtáirgí, nó, i gcás nach féidir é sin de bharr mhéid nó chineál an táirge, áiritheoidh monaróirí go soláthrófar an fhaisnéis riachtanach ar an bpacáistíocht nó i ndoiciméad a ghabhann leis an táirge.

6. Léireoidh monaróirí a n-ainm, a dtrádainm cláraithe nó a dtrádmharc cláraithe agus an seoladh poist agus, i gcás ina mbeidh fáil orthu, na modhanna leictreonacha cumarsáide trínar féidir teagmháil a dhéanamh leo ar an táirge nó, i gcás nach féidir é sin a dhéanamh, ar a phacáistíocht, i ndoiciméad a ghabhann leis an táirge nó, má tá sé ar fáil, i bpas táirge. Beidh aon phointe amháin ag ar féidir teagmháil a dhéanamh leis an monaróir tugtha le fios sa seoladh. Beidh na sonraí teagmhála soiléir, intuigthe agus inléite.

7. Áiritheoidh monaróirí go mbeidh treoracha ag gabháil le táirge a chumhdaítear le gníomh tarmligthe arna ghlacadh de bhun Airteagal 4 a chuirfidh ar chumas tomhaltóirí agus úsáideoirí deiridh eile an táirge a chóimeáil, a shuiteáil, a oibriú, a stóráil, a chothabháil, a dheisiú agus a dhiúscairt go sábháilte, i dteanga is féidir leis na tomhaltóirí agus na húsáideoirí deiridh eile a thuiscint go héasca, teanga a chinnfidh an Ballstát lena mbaineann. Beidh na treoracha sin soiléir, intuigthe agus inléite agus beidh an fhaisnéis iontu a shonraítear sna gníomhartha tarmligthe arna nglacadh de bhun Airteagal 4 agus de bhun Airteagal 7(2)(b), pointe (ii), ar a laghad.

8. Monaróirí a mheasann, nó a bhfuil údar acu chun a chreidiúint, nach bhfuil táirge a chumhdaítear le gníomh tarmligthe arna ghlacadh de bhun Airteagal 4, agus atá curtha ar an margadh nó i mbun seirbhíse acu, i gcomhréir leis na ceanglais a leagtar amach sna gníomhartha tarmligthe sin, déanfaidh siad na bearta ceartaitheacha is gá láithreach chun an táirge sin a thabhairt chun comhréireachta, a tharraingt siar nó a aisghairm, más iomchuí.

Cuirfidh an monaróir údaráis um fhaireachas margaidh na mBallstát inar chuir siad an táirge ar fáil ar an eolas láithreach faoin neamhchomhlíonadh amhrasta agus faoi aon bheart ceartaitheach a rinneadh.

9. Mar thoradh ar iarraidh réasúnaithe ó údarás inniúil náisiúnta, soláthróidh monaróirí an fhaisnéis agus an doiciméadacht ar fad is gá chun comhréireacht táirge a léiriú, agus beidh an doiciméadacht theicniúil ann i dteanga is féidir leis an údarás sin a thuiscint go héasca. Soláthrófar an fhaisnéis agus an doiciméadacht sin ar pháipéar nó i bhfoirm leictreonach. Cuirfear na doiciméid ábhartha ar fáil laistigh de 10 lá ón uair a fhaigheann údarás inniúil náisiúnta iarratas.

Oibreoidh monaróirí i gcomhar leis an údarás inniúil náisiúnta maidir le haon ghníomh a dhéanfar chun aon chás a leigheas nach gcomhlíontar na ceanglais a leagtar amach i ngníomh tarmligthe de bhun Airteagal 4, lena gcumhdaítear an táirge i gceist.

Airteagal 22
Ionadaithe údaraithe

1. Féadfaidh monaróir, trí bhíthin sainordú scríofa, ionadaí údaraithe a cheapadh.

Ní bheidh na hoibleagáidí a leagtar síos in Airteagal 21(1) ná ullmhú na doiciméadachta teicniúla mar chuid de shainordú an ionadaí údaraithe.

2. Comhlíonfaidh ionadaí údaraithe na cúraimí a shonrófar sa sainordú a gheofar ón monaróir. Leis an sainordú sin, ligfear don ionadaí údaraithe an méid seo a leanas, ar a laghad, a dhéanamh:

(a) dearbhú comhréireachta AE agus an doiciméadacht theicniúil a choinneáil ar fáil do na húdaráis náisiúnta um fhaireachas margaidh ar feadh 10 mbliana tar éis táirge a chumhdaítear le gníomh tarmligthe arna ghlacadh de bhun Airteagal 4 a chur ar an margadh nó i mbun seirbhíse;

(b) obair a dhéanamh i gcomhar leis na húdaráis inniúla náisiúnta, arna iarraidh sin dóibh, maidir le haon bheart a rinneadh maidir le neamhchomhlíontacht an táirge a chumhdaítear faoi shainordú an ionadaí údaraithe;

(c) de thoradh iarraidh réasúnaithe ó údarás inniúil náisiúnta, an fhaisnéis agus an doiciméadacht ar fad is gá chun comhréireacht táirge a léiriú a chur ar fáil don údarás sin i dteanga is féidir leis an údarás sin a thuiscint go héasca;

(d) de thoradh iarraidh ó údarás inniúil náisiúnta, na doiciméid ábhartha a chur ar fáil laistigh de 10 lá tar éis an iarraidh sin a fháil;

(e) an sainordú a fhoirceannadh má ghníomhaíonn an monaróir ar neamhréir lena oibleagáidí faoin Rialachán seo agus faoin ngníomh tarmligthe arna ghlacadh de bhun Airteagal 4.

Airteagal 23
Oibleagáidí allmhaireoirí

1. Ní chuirfidh allmhaireoirí ar an margadh ach táirgí a chumhdaítear le gníomh tarmligthe arna ghlacadh de bhun Airteagal 4 a chomhlíonann na ceanglais a leagtar amach sna gníomhartha tarmligthe is infheidhme.

2. Sula gcuirfidh siad táirge a chumhdaítear le gníomh tarmligthe arna ghlacadh de bhun Airteagal 4 ar an margadh, fíoróidh allmhaireoirí an méid seo a leanas:

(a) go bhfuil an nós imeachta iomchuí um measúnú comhréireachta curtha i gcrích ag an monaróir agus go bhfuil an doiciméadacht theicniúil dréachtaithe ag an monaróir;

(b) go bhfuil an fhaisnéis a cheanglaítear le hAirteagal 7 agus leis na gníomhartha tarmligthe arna nglacadh de bhun Airteagal 4 ag gabháil le táirgí;

(c) go bhfuil pas táirge ar fáil i gcomhréir le hAirteagal 8 agus leis na gníomhartha tarmligthe arna nglacadh de bhun Airteagal 4.

Thairis sin, áiritheoidh an t-allmhaireoir go bhfuil an mharcáil riachtanach CE ar an táirge, dá dtagraítear in Airteagal 38, nó an mharcáil chomhréireachta mhalartach mar a leagtar síos i ngníomh tarmligthe arna ghlacadh de bhun Airteagal 4, an tríú fomhír, pointe (f), agus go bhfuil na doiciméid a cheanglaítear ag gabháil leis, agus go bhfuil na ceanglais a leagtar amach in Airteagal 21(5) agus (6) comhlíonta ag an monaróir.

I gcás ina measann allmhaireoirí nó ina bhfuil údar acu chun a chreidiúint nach bhfuil táirge i gcomhréir leis na ceanglais a leagtar amach sna gníomhartha tarmligthe is infheidhme arna nglacadh de bhun Airteagal 4, ní chuirfidh siad an táirge ar an margadh ná i mbun seirbhíse go dtí go dtabharfar an táirge sin chun comhréireachta.

3. Léireoidh allmhaireoirí a n-ainm, a dtrádainm cláraithe nó a dtrádmharc cláraithe agus an seoladh poist agus, i gcás ina mbeidh fáil orthu, na modhanna leictreonacha cumarsáide trínar féidir teagmháil a dhéanamh leo ar an táirge nó, i gcás nach féidir é sin a dhéanamh, ar an bpacáistíocht, i ndoiciméad a ghabhann leis an táirge nó, má tá sé ar fáil, i bpas táirge. Beidh na sonraí teagmhála soiléir, intuigthe agus inléite.

4. Áiritheoidh allmhaireoirí go mbeidh treoracha ag gabháil leis an táirge a chuirfidh ar chumas an tomhaltóra an táirge a chóimeáil, a shuiteáil, a oibriú, a stóráil, a chothabháil, a dheisiú agus a dhiúscairt, i dteanga is féidir leis na tomhaltóirí agus na húsáideoirí deiridh eile a thuiscint go héasca, teanga a chinnfidh an Ballstát lena mbaineann. Beidh na treoracha sin soiléir, intuigthe agus inléite agus beidh an fhaisnéis iontu a shonraítear sna gníomhartha tarmligthe arna nglacadh de bhun Airteagal 4.

5. Áiritheoidh allmhaireoirí, fad atá táirge faoina bhfreagracht, nach gcuirfidh dálaí stórála ná iompair an táirge comhlíonadh na gceanglas a leagtar amach i ngníomh tarmligthe arna ghlacadh de bhun Airteagal 4, lena gcumhdaítear é, i gcontúirt.

6. Allmhaireoirí a mheasann, nó a bhfuil údar acu chun a chreidiúint, nach bhfuil táirge a chumhdaítear le gníomh tarmligthe arna ghlacadh de bhun Airteagal 4, agus atá curtha ar an margadh nó i mbun seirbhíse acu, i gcomhréir leis na ceanglais a leagtar amach sa ghníomh sin, déanfaidh siad na bearta ceartaitheacha is gá láithreach chun an táirge sin a thabhairt chun comhréireachta, a tharraingt siar nó a aisghairm, más iomchuí.

Cuirfidh allmhaireoirí údaráis um fhaireachas margaidh na mBallstát inar chuir siad an táirge ar fáil ar an eolas láithreach faoin neamhchomhlíonadh amhrasta agus faoi aon bheart ceartaitheach a rinneadh.

7. Coinneoidh allmhaireoirí, ar feadh 10 mbliana nó ar feadh na tréimhse a shonraítear i ngníomh tarmligthe arna ghlacadh de bhun Airteagal 4, cóip den dearbhú comhréireachta AE ar fáil do na húdaráis um fhaireachas margaidh agus áiritheoidh siad gur féidir an doiciméadacht theicniúil a chur ar fáil do na húdaráis sin, arna iarraidh sin dóibh.

8. Mar thoradh ar iarraidh réasúnaithe ó údarás inniúil náisiúnta, cuirfidh allmhaireoirí an fhaisnéis agus an doiciméadacht ar fad is gá chun comhréireacht táirge a léiriú ar

fáil don údarás sin, lena n-áirítear an doiciméadacht theicniúil, i dteanga is féidir leis an údarás sin a thuiscint go héasca. Soláthrófar an fhaisnéis agus an doiciméadacht sin ar pháipéar nó i bhfoirm leictreonach. Cuirfear na doiciméid ábhartha ar fáil laistigh de 10 lá ón uair a fhaigheann údarás inniúil an Bhallstáit iarratas.

Oibreoidh allmhaireoirí i gcomhar leis an údarás inniúil náisiúnta maidir le haon ghníomh a dhéanfar chun aon chás a leigheas nach gcomhlíontar na ceanglais a leagtar amach i ngníomh tarmligthe de bhun Airteagal 4, lena gcumhdaítear an táirge i gceist, a leigheas.

Airteagal 24
Oibleagáidí dáileoirí

1. Agus táirge a chumhdaítear le gníomh tarmligthe arna ghlacadh de bhun Airteagal 4 á chur ar fáil ar an margadh, gníomhóidh dáileoirí le cúram cuí i ndáil leis na ceanglais a leagtar amach sa ghníomh sin.

2. Sula gcuirfidh siad táirge a chumhdaítear le gníomh tarmligthe arna ghlacadh de bhun Airteagal 4 ar fáil ar an margadh, fíoróidh dáileoirí an méid seo a leanas:

   (a) go bhfuil an mharcáil CE ar an táirge i gcomhréir le hAirteagail 38 agus 39 nó go bhfuil marcáil chomhréireachta mhalartach air arna glacadh de bhun Airteagal 4, an tríú fomhír, pointe (f), agus, más ábhartha, go bhfuil sé lipéadaithe nó nasctha le pas táirge i gcomhréir leis na gníomhartha tarmligthe sin;

   (b) go bhfuil na doiciméid is gá agus treoracha ag gabháil leis an táirge, chun go mbeidh an tomhaltóir in ann an táirge a chóimeáil, a shuiteáil, a oibriú, a stóráil, a chothabháil agus a dhiúscairt, i dteanga is féidir leis na tomhaltóirí agus na húsáideoirí deiridh eile a thuiscint go héasca, teanga arna cinneadh ag an mBallstát ina gcuirfear an táirge ar fáil ar an margadh, agus go bhfuil na treoracha sin soiléir, intuigthe agus inléite agus go n-áirítear iontu ar a laghad an fhaisnéis a leagtar amach in Airteagal 7(2), pointe (b), pointe (ii), mar a leagtar síos sa ghníomh tarmligthe arna ghlacadh de bhun Airteagal 4;

   (c) gur chomhlíon an monaróir agus an t-allmhaireoir na ceanglais a leagtar amach in Airteagal 21(5) agus (6) agus in Airteagal 23(3).

3. I gcás ina measann dáileoir, nó a bhfuil údar aige chun a chreidiúint, nach bhfuil táirge ag comhlíonadh na gceanglas a leagtar amach i ngníomh tarmligthe arna ghlacadh de bhun Airteagal 4, sula gcuirfear ar fáil ar an margadh é, nó nach bhfuil a mhonaróir ag comhlíonadh na gceanglas sin, ní chuirfidh sé an táirge ar fáil ar an margadh go dtí go mbeidh an táirge tugtha chun comhréireachta nó go dtí go gcomhlíonfaidh an monaróir na ceanglais sin.

   Áiritheoidh dáileoirí, fad atá táirge faoina bhfreagracht, nach gcuirfidh dálaí stórála ná iompair an táirge comhlíonadh na gceanglas i mbaol a leagtar amach sa ghníomh tarmligthe arna ghlacadh de bhun Airteagal 4.

4. Dáileoirí a mheasann nó a bhfuil údar acu chun a chreidiúint nach bhfuil táirge atá curtha ar fáil ar an margadh acu i gcomhréir leis na ceanglais a leagtar amach i ngníomh tarmligthe arna ghlacadh de bhun Airteagal 4, cinnteoidh siad go ndéanfar an ghníomhaíocht cheartaitheach is gá chun an táirge sin a thabhairt chun comhréireachta, a tharraingt siar nó a aisghairm, más iomchuí.

Cuirfidh dáileoirí údaráis um fhaireachas margaidh na mBallstát inar chuir siad an táirge ar fáil ar an eolas láithreach faoin neamhchomhlíonadh amhrasta agus faoi aon bheart ceartaitheach a rinneadh.

5. De bhun iarraidh réasúnaithe ó údarás inniúil náisiúnta, cuirfidh dáileoirí ar fáil don údarás sin an fhaisnéis agus na doiciméid ar fad a bhfuil rochtain acu orthu agus atá ábhartha chun comhréireacht táirge a léiriú. Soláthrófar an fhaisnéis agus an doiciméadacht sin ar pháipéar nó i bhfoirm leictreonach.

Oibreoidh dáileoirí i gcomhar leis an údarás sin maidir le haon ghníomhaíocht cheartaitheach a dhéanfar chun aon chás a leigheas nach gcomhlíontar gníomh tarmligthe arna ghlacadh de bhun Airteagal 4, lena gcumhdaítear an táirge i gceist, a leigheas.

Airteagal 25
Oibleagáidí déileálaithe

1. Áiritheoidh déileálaithe go mbeidh rochtain ag a gcuid custaiméirí ar aon fhaisnéis ábhartha a cheanglaítear a thabhairt leis na gníomhartha tarmligthe arna nglacadh de bhun Airteagal 4, lena n-áirítear i gcás ciandíolacháin.

2. Áiritheoidh déileálaithe go mbeidh rochtain éasca ag custaiméirí ar an bpas táirge, lena n-áirítear i gcás ciandíolacháin, mar a shonraítear in Airteagal 8 agus gníomhartha tarmligthe arna nglacadh de bhun Airteagal 4 lena gcumhdaítear an táirge.

3. Maidir leis na déileálaithe:

(a) cuirfidh siad na lipéid a sholáthraítear i gcomhréir le hAirteagal 26(2) nó (3) ar taispeáint do chustaiméirí, ar bhealach infheicthe, lena n-áirítear é sin a dhéanamh i gcás ciandíolacháin ar líne;

(b) déanfaidh siad tagairt don fhaisnéis atá ar na lipéid a sholáthraítear i gcomhréir le hAirteagal 26(2) nó (3) i bhfógraí amhairc nó in ábhar fógraíochta teicniúil le haghaidh múnla sonrach, i gcomhréir le gníomhartha tarmligthe arna nglacadh de bhun Airteagal 4 lena gcumhdaítear an táirge;

(c) ní sholáthróidh siad ná ní léireoidh siad lipéid, marcanna, siombailí ná inscríbhinní eile ar dócha go gcuirfí custaiméirí amú leo nó go gcuirfí mearbhall orthu leo i ndáil leis an bhfaisnéis atá ar an lipéad.

Airteagal 26
Oibleagáidí a bhaineann le lipéid

1. I gcás ina gceanglaítear le gníomh tarmligthe arna ghlacadh de bhun Airteagal 4 lipéad dá dtagraítear in Airteagal 14 a bheith ar tháirgí, áiritheoidh an t-oibreoir eacnamaíoch a chuireann an táirge ar an margadh nó a chuireann i mbun seirbhíse é, go mbeidh lipéid chlóite ag gabháil le táirgí, i gcás gach aonaid aonair agus saor in aisce, i gcomhréir leis an ngníomh tarmligthe sin.

2. I gcás ina gceanglaítear le gníomh tarmligthe arna ghlacadh de bhun Airteagal 4 lipéad dá dtagraítear in Airteagal 14 a bheith ar tháirgí, déanfaidh an t-oibreoir eacnamaíoch a chuireann an táirge ar an margadh nó a chuireann i mbun seirbhíse é lipéid chlóite nó cóipeanna digiteacha den lipéad a sheachadadh don déileálaí saor in aisce, go pras agus, ar aon slí, laistigh de 5 lá oibre tar éis iarraidh an déileálaí a fháil.

3. I gcás ina gceanglaítear le gníomh tarmligthe arna ghlacadh de bhun Airteagal 4 lipéad dá dtagraítear in Airteagal 14 a bheith ar tháirgí, áiritheoidh an t-oibreoir eacnamaíoch a chuireann an táirge ar an margadh nó a chuireann i mbun seirbhíse é go mbeidh a chuid lipéad cruinn, agus, mar chuid den nós imeachta um measúnú comhréireachta is infheidhme, soláthróidh sé doiciméadacht theicniúil a bheidh leordhóthanach agus a fhágfaidh gur féidir measúnú a dhéanamh ar an gcruinneas.

4. I gcás ina gceanglaítear le gníomh tarmligthe arna ghlacadh de bhun Airteagal 4 lipéad dá dtagraítear in Airteagal 14 a bheith ar tháirgí, maidir leis an oibreoir eacnamaíoch a chuireann an táirge ar an margadh nó a chuireann i mbun seirbhíse é:

   (a) déanfaidh sé tagairt don fhaisnéis atá ar an lipéad, i bhfógraí amhairc nó in ábhar fógraíochta teicniúil le haghaidh múnla sonrach, i gcomhréir leis an ngníomh tarmligthe ábhartha arna ghlacadh de bhun Airteagal 4;

   (b) ní sholáthróidh siad ná ní léireoidh siad lipéid, marcanna, siombailí ná inscríbhinní eile ar dócha go gcuirfí custaiméirí amú leo nó go gcuirfí mearbhall orthu leo i ndáil leis an bhfaisnéis atá ar an lipéad.

Airteagal 27
Oibleagáidí soláthraithe seirbhíse comhlíonta

I gcás na dtáirgí a láimhseálann siad a chumhdaítear le gníomh tarmligthe arna ghlacadh de bhun Airteagal 4, áiritheoidh soláthraithe seirbhíse comhlíonta nach ndéanfaidh na dálaí agus pacáistí á n-ollstóráil, á bpacáistiú nó á seoladh nó nuair a bhíonn seoladh á chur orthu comhlíontacht na dtáirgí leis na ceanglais a leagtar amach sa ghníomh tarmligthe sin a chur i mbaol.

Airteagal 28
Cásanna ina bhfuil feidhm ag oibleagáidí na monaróirí maidir le hallmhaireoirí agus dáileoirí

Measfar allmhaireoir nó dáileoir a bheith ina mhonaróir chun críocha an Rialacháin seo agus beidh sé faoi réir oibleagáidí monaróra faoi Airteagal 21 sna cásanna seo a leanas:

(1) go gcuireann sé táirge a chumhdaítear le gníomh tarmligthe arna ghlacadh de bhun Airteagal 4 ar fáil ar an margadh faoina ainm nó faoina thrádmharc;

(2) go ndéanann sé táirge den sórt sin atá curtha ar an margadh cheana a mhodhnú ar bhealach a dhéanfaidh difear do chomhlíonadh na gceanglas a leagtar amach i ngníomhartha tarmligthe arna nglacadh de bhun Airteagal 4 lena gcumhdaítear an táirge.

Airteagal 29
Oibleagáidí margaí ar líne agus inneall cuardaigh ar líne

1. Maidir leis an gcomhar dá dtagraítear in Airteagal 7(2) de Rialachán (AE) 2019/1020 maidir le margaí ar líne agus chun críocha an Rialacháin seo, áireofar, go háirithe, an méid seo a leanas ann:

   (a) obair i gcomhar a dhéanamh chun bearta éifeachtacha um fhaireachas margaidh a áirithiú, lena n-áirítear trí staonadh ó bhacainní a chur i bhfeidhm maidir le bearta den sórt sin;

(b) na húdaráis um fhaireachas margaidh a chur ar an eolas faoi aon ghníomhaíocht a rinneadh;

(c) malartú rialta agus struchtúrtha faisnéise a bhunú maidir le tairiscintí a bhain margaí ar líne deireadh leo ar bhonn an Airteagail seo;

(d) cead a thabhairt d'uirlisí ar líne arna n-oibriú ag údaráis um fhaireachas margaidh rochtain a fháil ar a gcomhéadain chun táirgí neamhchomhlíontacha a shainaithint;

(e) ach a n-iarrfaidh na húdaráis um fhaireachas margaidh sin, nuair atá bacainní teicniúla curtha i bhfeidhm ag na margaí ar líne nó na díoltóirí ar líne roimh shonraí a asbhaint óna gcomhéadan ar líne, cead a thabhairt do na húdaráis um fhaireachas margaidh na sonraí sin a chamchóipeáil chun críoch comhlíontachta táirgí, ar bhonn paraiméadair aitheantais arna soláthar ag na húdaráis um fhaireachas margaidh a rinne an iarraidh.

2. Chun críoch cheanglais [Airteagal 22(7)] de Rialachán (AE).../... [an Ionstraim um Sheirbhísí Digiteacha], déanfaidh margaí ar líne a gcomhéadan ar líne a dhearadh agus a eagrú ar bhealach a chuirfidh ar chumas déileálaithe a n-oibleagáidí a leagtar amach in Airteagal 25 a chomhlíonadh agus a fhágfaidh gur féidir le hoibreoirí eacnamaíocha a n-oibleagáidí faoi Airteagal 30(1) den Rialachán seo a chomhlíonadh.

Beifear in ann an fhaisnéis a sholáthar le haghaidh gach táirge a thairgfear agus taispeánfar nó cuirfear ar fáil go héasca í do chustaiméirí ar bhealach eile ar an liostú táirgí.

Go háirithe, i gcás ina gceanglaítear, le gníomhartha tarmligthe arna nglacadh de bhun Airteagal 4, go mbeidh faisnéis leictreonach ar líne, faisnéis atá le taispeáint ar an sásra taispeána, ag gabháil le fógraíocht amhairc ar líne le haghaidh táirgí áirithe, cuirfidh margaí ar líne ar chumas déileálaithe í a thaispeáint. Beidh feidhm ag an oibleagáid sin freisin maidir le hinnill chuardaigh ar líne agus ardáin eile ar líne a sholáthraíonn fógraíocht amhairc ar líne le haghaidh na dtáirgí lena mbaineann.

3. A mhéid a bhaineann leis na cumhachtaí a thugann na Ballstáit i gcomhréir le hAirteagal 14 de Rialachán (AE) 2019/1020, tabharfaidh na Ballstáit de chumhacht do na húdaráis um fhaireachas margaidh, i ndáil leis na táirgí uile a chumhdaítear le gníomh tarmligthe ábhartha arna ghlacadh de bhun Airteagal 4, a ordú do mhargadh ar líne inneachar neamhdhleathach sonrach a thagraíonn do tháirge neamhchomhlíontach a bhaint óna chomhéadan ar líne, sin nó rochtain air a dhíchumasú nó rabhadh sainráite a thaispeáint d'úsáideoirí deiridh nuair a gheobhaidh siad rochtain air. Comhlíonfaidh orduithe den sórt sin [Airteagal 8(1)] de Rialachán (AE).../... [an Ionstraim um Sheirbhísí Digiteacha].

4. Déanfaidh margaí ar líne na bearta is gá chun na horduithe dá dtagraítear i mír 2 a fháil agus a phróiseáil i gcomhréir le [Airteagal 8] de Rialachán (AE).../... [an Ionstraim um Sheirbhísí Digiteacha].

5. Bunóidh margaí ar líne pointe teagmhála aonair trínar féidir teagmháil dhíreach a dhéanamh le húdaráis um fhaireachas margaidh na mBallstát maidir le comhlíonadh an Rialacháin seo agus na ngníomhartha tarmligthe arna nglacadh de bhun Airteagal 4.

Féadfaidh gurb é an pointe teagmhála an pointe teagmhála céanna dá dtagraítear in [Airteagal 20(1)] de Rialachán (AE).../... [an Rialachán maidir le Sábháilteacht

Ghinearálta Táirgí] nó [Airteagal 10(1)] de Rialachán (AE).../... [an tAcht um Sheirbhísí Digiteacha].

Airteagal 30
Oibleagáidí faisnéise na n-oibreoirí eacnamaíocha

1. I gcás ina gcuirfidh na hoibreoirí eacnamaíocha ábhartha táirgí ar fáil ar an margadh ar líne nó trí mhodhanna ciandíolacháin eile, léireoidh an tairiscint táirge ábhartha an fhaisnéis seo a leanas ar a laghad go soiléir agus go feiceálach:

   (a) ainm, trádainm cláraithe nó trádmharc cláraithe an mhonaróra, mar aon lena sheoladh poist nó lena sheoladh leictreonach trínar féidir teagmháil a dhéanamh leis;

   (b) i gcás nach bhfuil an monaróir bunaithe san Aontas, ainm, seoladh, uimhir theileafóin agus seoladh ríomhphoist an oibreora eacnamaíoch atá bunaithe san Aontas de réir bhrí Airteagal 4 de Rialachán (AE) 2019/1020;

   (c) faisnéis lena sainaithnítear an táirge, lena n-áirítear a chineál agus, i gcás ina bhfuil siad ar fáil, baiscuimhir nó uimhir sraithe nó aon aitheantóir táirge eile.

2. Soláthróidh oibreoirí eacnamaíocha, arna iarraidh sin orthu, an méid seo a leanas do na húdaráis um fhaireachas margaidh:

   (a) ainm aon oibreora eacnamaíoch a sholáthair táirge dóibh a thagann faoi raon feidhme gnímh tharmligthe arna ghlacadh de bhun Airteagal 4;

   (b) aon oibreoir eacnamaíoch ar sholáthair siad táirgí den sórt sin dó, mar aon leis na cainníochtaí agus na múnlaí beachta.

   Beidh oibreoirí eacnamaíocha in ann an fhaisnéis sin a chur ar fáil ar feadh 10 mbliana ón uair a sholáthraítear na táirgí ábhartha dóibh agus ar feadh 10 mbliana tar éis dóibh na táirgí sin a sholáthar. Agus gníomhartha tarmligthe á nglacadh aige de bhun Airteagal 4, féadfaidh an Coimisiún tréimhse is faide ná 10 mbliana a shonrú chun cineál na dtáirgí nó na gceanglas ábhartha a chur san áireamh.

3. Agus ceangal á chur ar mhonaróirí, ar a n-ionadaithe údaraithe nó ar allmhaireoirí codanna den doiciméadacht theicniúil a bhaineann leis an táirge ábhartha a chur ar fáil go digiteach de bhun Airteagal 4, an tríú fomhír, pointe (a), cuirfidh an Coimisiún san áireamh na critéir seo a leanas:

   (a) an gá atá ann fíorú ar chomhlíonadh na gceanglas is infheidhme ag údaráis um fhaireachas margaidh a éascú;

   (b) an gá atá ann ualach díréireach riaracháin ar oibreoirí eacnamaíocha a sheachaint.

   Is é an Coimisiún a shonróidh an bealach ina gcuirfear na codanna ábhartha den doiciméadacht theicniúil ar fáil. I gcás ina bhfuil sí ar fáil, cuirfear doiciméadacht theicniúil ar fáil tríd an bpas táirge.

Airteagal 31
Oibleagáidí faireacháin agus tuairiscithe na n-oibreoirí eacnamaíocha

1. Nuair a bheidh ceangal á chur ar mhonaróirí, ar a n-ionadaithe údaraithe nó ar allmhaireoirí faisnéis a chur ar fáil don Choimisiún maidir le cainníochtaí táirge a

chumhdaítear le gníomhartha tarmligthe arna nglacadh de bhun Airteagal 4, an tríú fomhír, pointe (b), cuirfidh an Coimisiún na critéir seo a leanas san áireamh:

(a) infhaighteacht fianaise maidir leis an táirge ábhartha a bheith ag dul i bhfód ar an margadh chun an t-athbhreithniú ar ghníomhartha tarmligthe arna nglacadh de bhun Airteagal 4 is infheidhme maidir leis an táirge sin a éascú;

(b) an gá atá ann ualach díréireach riaracháin ar oibreoirí eacnamaíocha a sheachaint.

Is é an Coimisiún a shonróidh an tréimhse ama lena mbainfidh an fhaisnéis dá dtagraítear sa chéad fhomhír. Déanfar an fhaisnéis sin a dhifreáil de réir múnla táirge.

Áiritheoidh an Coimisiún go ndéanfar na sonraí a eascraíonn as sin a phróiseáil go slán agus i gcomhréir le dlí an Aontais.

Sonróidh an Coimisiún sna gníomhartha tarmligthe sin na modhanna trína gcuirfear an fhaisnéis ábhartha ar fáil chomh maith lena tréimhsiúlacht.

2. Agus é á cheangal ar tháirge a bheith in ann an fuinneamh a ídíonn sé nó a fheidhmíocht a thomhas i ndáil le paraiméadair tháirge ábhartha eile dá dtagraítear in Iarscríbhinn I agus iad in úsáid, de bhun Airteagal 4, an tríú fomhír, pointe (c), cuirfidh an Coimisiún na critéir seo a leanas san áireamh:

(a) a úsáidí atá sonraí in-úsáide le haghaidh úsáideoirí deiridh chun úsáid fuinnimh nó feidhmíocht an táirge a thuiscint agus a bhainistiú;

(b) an fhéidearthacht theicniúil sonraí in-úsáide a thaifeadadh;

(c) an gá atá ann ualach díréireach riaracháin ar oibreoirí eacnamaíocha a sheachaint.

Maidir leis na táirgí a chumhdaítear le ceanglas a shocraítear de bhun Airteagal 4, an tríú fomhír, pointe (c), déanfaidh siad taifead ar na sonraí in-úsáide lena mbaineann agus cuirfidh siad ar fáil don úsáideoir deiridh iad.

3. Agus ceangal á chur ar mhonaróirí, ar a n-ionadaithe údaraithe nó ar a n-allmhaireoirí sonraí in-úsáide dá dtagraítear i mír 2 a bhailiú, a anaithnidiú nó a thuairisciú don Choimisiún, de bhun Airteagal 4, an tríú fomhír, pointe (d), cuirfidh an Coimisiún na critéir seo a leanas san áireamh:

(a) a úsáidí atá na sonraí in-úsáide le haghaidh an Choimisiúin agus athbhreithniú á dhéanamh ar cheanglais éicidhearthóireachta nó agus iad ag cuidiú le húdaráis um fhaireachas margaidh le faisnéis staidrimh chun anailís rioscabhunaithe a dhéanamh;

(b) an gá atá ann ualach díréireach riaracháin ar oibreoirí eacnamaíocha a sheachaint.

D’fhéadfadh an méid seo a leanas, go háirithe, a bheith i gceist leis na ceanglais sin dá dtagraítear sa chéad fhomhír:

(a) na sonraí in-úsáide a bhailiú más féidir rochtain a fháil orthu go cianda tríd an idirlíon, ach amháin má dhiúltaíonn an t-úsáideoir deiridh go sainráite na sonraí sin a chur ar fáil;

(b) na sonraí arna mbailiú faoi phointe (a) a anaithnidiú agus iad a thuairisciú don Choimisiún uair sa bhliain ar a laghad. Cuirfidh an t-oibreoir eacnamaíoch uimhir aitheantais an bhunachair sonraí táirgí a ghabhann leis an múnla dá

dtagraítear in Airteagal 12(5) de Rialachán (AE) 2017/1369 san áireamh agus, más ábhartha dá bhfeidhmíocht, faisnéis gheografach ar na táirgí.

Sonróidh an Coimisiún na mionsonraí agus an fhormáid chun na sonraí in-úsáide dá dtagraítear sa dara fomhír, pointe (b), a thuairisciú.

4. Déanfaidh an Coimisiún measúnú tréimhsiúil ar na sonraí in-úsáide a fhaightear de bhun mhír 3 agus, i gcás inarb iomchuí, foilseoidh sé tacair sonraí comhiomlánaithe.

CAIBIDIL VIII - COMHRÉIREACHT TÁIRGÍ

Airteagal 32
Modhanna tástála, tomhais agus ríofa

1. Chun na ceanglais éicidhearthóireachta a chomhlíonadh agus chun comhlíonadh na gceanglas sin a fhíorú, déanfar tástálacha, tomhais agus ríomhanna trí úsáid a bhaint as modhanna iontaofa, cruinne agus in-athsholáthraithe lena gcuirfear san áireamh na modhanna úrscothacha a aithnítear go ginearálta. Comhlíonfaidh na modhanna sin na ceanglais tástála, tomhais agus ríofa a leagtar amach sna gníomhartha tarmligthe ábhartha arna nglacadh de bhun Airteagal 4.

2. I gcás inar gá chun comhlíonadh na gceanglas éicidhearthóireachta a leagtar amach i ngníomhartha tarmligthe arna nglacadh de bhun Airteagal 4, an tríú fomhír, pointe (e), a áirithiú, féadfaidh an Coimisiún a cheangal go n-úsáidfear uirlisí ar líne chun feidhmíocht táirgí a ríomh maidir leis an bparaiméadar táirge ábhartha dá dtagraítear in Iarscríbhinn I lena léirítear na ceanglais ríofa is infheidhme.

Cuirfidh an Coimisiún na critéir seo a leanas san áireamh agus ceanglais den sórt sin á leagan síos aige maidir le huirlisí ar líne a úsáid:

(a) an gá atá ann cur i bhfeidhm comhchuibhithe na gceanglas ríofa a áirithiú;

(b) an gá atá ann íoslaghdú a dhéanamh ar an ualach riaracháin a fhorchuirtear ar oibreoirí eacnamaíocha a chomhlíonann na ceanglais ábhartha.

Beidh saor-rochtain ar uirlisí ar líne ag oibreoirí eacnamaíocha a chomhlíonann na ceanglais ábhartha.

Airteagal 33
Imchéimniú

1. Ní dhéanfar táirgí a thagann faoi raon feidhme gnímh tharmligthe arna ghlacadh de bhun Airteagal 4 a chur ar an margadh ná i mbun seirbhíse más rud é go ndeartar iad chun a n-iompraíocht nó a n-airíonna a athrú nuair a dhéantar tástáil orthu d'fhonn toradh níos fabhraí a bhaint amach d'aon cheann de na paraiméadair tháirge a rialaítear le gníomhartha tarmligthe arna nglacadh de bhun Airteagal 4 lena gcumhdaítear na táirgí.

Chun críocha na míre seo, is éard a bheidh i dtáirgí a dheartar chun a n-iompraíocht nó a n-airíonna a athrú nuair a thástáiltear iad na táirgí sin a dheartar sa chaoi go bhféadfaidh siad tástáil a bhrath agus a n-iompraíocht nó a n-airíonna a athrú go huathoibríoch mar fhreagairt air sin agus na táirgí atá réamhshocraithe chun a n-iompraíocht nó a n-airíonna a athrú tráth a dtástála.

2. Ní dhéanfaidh oibreoirí eacnamaíocha a chuireann táirge a chumhdaítear le gníomh tarmligthe arna ghlacadh de bhun Airteagal 4 treoracha sonracha a fhorordú maidir le

tástáil a athraíonn iompraíocht nó airíonna táirgí chun toradh níos fabhraí a bhaint amach le haghaidh aon cheann de na paraiméadair tháirge a rialaítear le gníomhartha tarmligthe arna nglacadh de bhun Airteagal 4 lena gcumhdaítear na táirgí.

Chun críocha na míre seo, is éard a bheidh i dtreoracha as a dtiocfaidh athrú de láimh ar an táirge sula ndéanfar tástáil lena n-athraítear feidhmíocht an táirge, treoracha a bhaineann go sonrach le tástáil a dhéanamh a athraíonn iompraíocht nó airíonna na dtáirgí.

3. Ní dhéanfar táirgí a thagann faoi raon feidhme gnímh tharmligthe arna ghlacadh de bhun Airteagal 4 a chur ar an margadh ná i mbun seirbhíse má dheartar iad chun a n-iompraíocht nó a n-airíonna a athrú laistigh de thréimhse ghearr tar éis an táirge a chur i mbun seirbhíse, rud a fhágann go mbeidh a bhfeidhmíocht níos measa i ndáil le haon cheann de na paraiméadair tháirge a rialaítear le gníomhartha tarmligthe arna nglacadh de bhun Airteagal 4 lena gcumhdaítear na táirgí nó lena bhfeidhmíocht fheidhmiúil ó thaobh an úsáideora de.

4. Ní fhágfaidh nuashonruithe bogearraí nó dochtearraí go mbeidh feidhmíocht an táirge níos measa i ndáil le haon cheann de na paraiméadair tháirge arna rialú le gníomhartha tarmligthe arna nglacadh de bhun Airteagal 4 lena gcumhdaítear na táirgí nó i ndáil leis an bhfeidhmíocht fheidhmiúil ó thaobh an úsáideora de nuair a dhéantar í a thomhas leis an modh tástála a úsáideadh don mheasúnú comhréireachta, ach amháin i gcás ina bhfaightear toiliú sainráite an úsáideora deiridh roimh an nuashonrú. Ní dhéanfar aon athrú ar fheidhmíocht de thoradh diúltú don nuashonrú.

Maidir le nuashonruithe ar bhogearraí nó dochtearraí, ní fhágfaidh siad go mbeidh an fheidhmíocht dá dtagraítear sa chéad fhomhír níos measa sa mhéid nach gcomhlíonfaidh an táirge a thuilleadh na ceanglais a leagtar amach i ngníomhartha tarmligthe de bhun Airteagal 4 is infheidhme tráth a gcuirfear an táirge ar an margadh nó tráth a gcuirfear i mbun seirbhíse é.

Airteagal 34
Toimhde comhréireachta

1. Maidir le modhanna tástála, tomhais nó ríofa dá dtagraítear in Airteagal 32 atá i gcomhréir leis na caighdeáin chomhchuibhithe nó le codanna díobh, agus ar foilsíodh a dtagairtí in *Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh*, toimhdeofar go bhfuil siad i gcomhréir leis na ceanglais a leagtar amach san Airteagal sin agus le ceanglais tástála, tomhais agus ríofa a leagtar amach i ngníomhartha tarmligthe arna nglacadh de bhun Airteagal 4 a mhéid a chumhdaítear na ceanglais sin leis na caighdeáin chomhchuibhithe sin nó le codanna díobh.

2. Maidir le táirgí atá i gcomhréir le caighdeáin chomhchuibhithe nó le codanna díobh, a bhfuil a gcuid tagairtí foilsithe in *Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh*, toimhdeofar go bhfuil siad i gcomhréir leis na ceanglais éicidhearthóireachta a leagtar amach i ngníomhartha tarmligthe arna nglacadh de bhun Airteagal 4 a mhéid a chumhdaítear na ceanglais sin leis na caighdeáin chomhchuibhithe sin nó le codanna díobh.

3. Na táirgí a chumhdaítear le gníomh tarmligthe arna ghlacadh de bhun Airteagal 4, agus ar bronnadh Éicilipéad AE orthu de bhun Rialachán (CE) Uimh. 66/2010, toimhdeofar go gcomhlíonann siad na ceanglais éicidhearthóireachta a leagtar amach sa ghníomh tarmligthe sin a mhéid a chumhdaítear na ceanglais sin le critéir an Eicilipéid AE arna mbunú de réir Airteagal 16(2) de Rialachán (CE) Uimh. 66/2010.

Airteagal 35
Sonraíochtaí coiteanna

1. Féadfaidh an Coimisiún gníomhartha cur chun feidhme a ghlacadh lena leagtar síos sonraíochtaí coiteanna do cheanglais éicidhearthóireachta, na buncheanglais le haghaidh na bpasanna táirge dá dtagraítear in Airteagal 10 nó le haghaidh na modhanna tástála, tomhais nó ríofa dá dtagraítear in Airteagal 32, sna cásanna seo a leanas:

   (a) i gcás inar iarr sé ar cheann amháin nó níos mó de na heagraíochtaí Eorpacha um chaighdeánú caighdeán comhchuibhithe a dhréachtú i ndáil le ceanglas nó modh éicidhearthóireachta nach gcumhdaítear le caighdeán comhchuibhithe nó le cuid de chaighdeán comhchuibhithe, ar foilsíodh a thagairtí in *Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh*, agus go bhfuil moilleanna míchuí sa nós imeachta um chaighdeánú nó nár ghlac aon cheann de na heagraíochtaí Eorpacha um chaighdeánú leis an iarraidh;

   (b) ina bhfuil cinneadh déanta ag an gCoimisiún, i gcomhréir leis an nós imeachta dá dtagraítear in Airteagal 11(5) de Rialachán (AE) Uimh. 1025/2012, na tagairtí do na caighdeáin chomhchuibhithe nó do chodanna díobh, ar tagairtí iad lena gcumhdaítear ceanglais nó modh éicidhearthóireachta, a choimeád faoi shrianta nó a tharraingt siar.

   Déanfar na gníomhartha cur chun feidhme sin a ghlacadh i gcomhréir leis an nós imeachta scrúdúcháin dá dtagraítear in Airteagal 67(3).

2. Na modhanna tástála, tomhais agus ríofa dá dtagraítear in Airteagal 32, ar modhanna iad atá i gcomhréir leis na sonraíochtaí coiteanna nó le codanna díobh, toimhdeofar go bhfuil siad i gcomhréir leis na ceanglais a leagtar amach san Airteagal sin agus leis na ceanglais tástála, tomhais agus ríofa a leagtar amach i ngníomhartha tarmligthe arna nglacadh de bhun Airteagal 4 a mhéid a chumhdaítear na ceanglais sin leis na sonraíochtaí coiteanna sin nó le codanna díobh.

3. Measfar go bhfuil táirgí atá i gcomhréir leis na sonraíochtaí coiteanna nó le codanna díobh i gcomhréir leis na ceanglais éicidhearthóireachta a leagtar amach sa ghníomh tarmligthe arna ghlacadh de bhun Airteagal 4 lena gcumhdaítear na táirgí sin a mhéid a chumhdaítear na ceanglais sin leis na sonraíochtaí coiteanna sin nó le codanna díobh.

Airteagal 36
Measúnú comhréireachta

1. Nuair a bheidh an nós imeachta um measúnú comhréireachta is infheidhme á shonrú ag an gCoimisiún de bhun Airteagal 4, an dara fomhír, cuirfidh sé na critéir seo a leanas san áireamh:

   (a) an bhfuil an modúl lena mbaineann iomchuí don chineál táirge agus i gcomhréir leis an leas poiblí atá á shaothrú;

   (b) cineál na bparaiméadar táirge dá dtagraítear in Iarscríbhinn I ar a bhfuil na ceanglais ábhartha éicidhearthóireachta bunaithe, go háirithe an féidir feidhmíocht maidir leis na paraiméadair tháirge sin a fhíorú ar an táirge féin;

   (c) i gcás ina bhfuil sé éigeantach tríú páirtí a bheith rannpháirteach, an gá don mhonaróir rogha a bheith aige idir na modúil dearbhaithe cáilíochta agus na

modúil deimhnithe táirgí a leagtar amach in Iarscríbhinn II a ghabhann le Cinneadh Uimh. 768/2008/CE.

2. I gcás inarb ábhartha, déanfar taifid agus comhfhreagras a bhaineann leis an measúnú comhréireachta a dhréachtú i dteanga oifigiúil de chuid an Bhallstáit ina bhfuil comhlacht faoina dtugtar fógra a bhfuil baint aige le nós imeachta um measúnú comhréireachta dá dtagraítear i mír 1 bunaithe, nó i dteanga a nglacann an comhlacht sin léi.

Airteagal 37
Dearbhú comhréireachta AE

1. Maidir le comhlíonadh na gceanglas éicidhearthóireachta a shonraítear sna gníomhartha tarmligthe is infheidhme arna nglacadh de bhun Airteagal 4, sonrófar i ndearbhú comhréireachta AE gur léiríodh an comhlíonadh sin.

2. Leanfaidh dearbhú comhréireachta AE an struchtúr samplach a leagtar amach in Iarscríbhinn V agus beidh na heilimintí a shonraítear sa nós imeachta um measúnú comhréireachta is infheidhme ann agus tagairt do na gníomhartha tarmligthe is infheidhme arna nglacadh de bhun Airteagal 4. Déanfar é a thabhairt cothrom le dáta go leanúnach. Aistreofar é go dtí an teanga nó go dtí na teangacha a éilíonn an Ballstát ina ndéantar an táirge a chur ar an margadh nó a chur ar fáil ar an margadh.

3. I gcás ina bhfuil táirge a chumhdaítear le gníomh tarmligthe arna ghlacadh de bhun Airteagal 4 faoi réir níos mó ná gníomh amháin de chuid an Aontais lena gceanglaítear dearbhú comhréireachta AE, déanfar dearbhú comhréireachta AE aonair a tharraingt suas i leith na ngníomhartha uile den sórt sin de chuid an Aontais. Sonrófar sa dearbhú sin na gníomhartha de chuid an Aontais lena mbaineann agus a dtagairtí foilseacháin. Féadfaidh sé a bheith i sainchomhad ina mbeidh dearbhuithe comhréireachta AE ábhartha aonair éagsúla.

4. Tríd an dearbhú comhréireachta AE a dhréachtú, gabhfaidh an monaróir air féin a bheith freagrach as comhlíontacht an táirge.

Airteagal 38
Prionsabail ghinearálta na marcála CE

Beidh an mharcáil CE faoi réir na bprionsabal ginearálta a leagtar amach in Airteagal 30 de Rialachán (CE) Uimh. 765/2008.

Airteagal 39
Rialacha agus Coinníollacha maidir le marcáil CE a ghreamú

1. Greamófar an mharcáil CE go sofheicthe, go hinléite agus go doscriosta den táirge. Mura féidir é sin a dhéanamh nó mura bhfuil gá leis mar gheall ar chineál an táirge, greamófar ar an bpacáistíocht é agus ar na doiciméid a ghabhann leis.

2. Greamófar an mharcáil CE sula gcuirfear an táirge ar an margadh.

3. Maidir le táirge a bhfuil comhlacht faoina dtugtar fógra rannpháirteach ina mheasúnú comhréireachta, cuirfear uimhir aitheantais an chomhlachta sin faoina dtugtar fógra i ndiaidh na marcála CE.

Is é an comhlacht é féin a ghreamóidh uimhir aitheantais an chomhlachta sin faoina dtugtar fógra, nó greamóidh an monaróir nó a ionadaí í, faoi threoir an chomhlachta sin.

4. Féadfar picteagram nó marcáil eile lena léirítear riosca nó úsáid ar leith a chur i ndiaidh marcáil CE agus, i gcás inarb infheidhme, uimhir aitheantais an chomhlachta faoina dtugtar fógra.

5. Cuirfidh na Ballstáit leis na sásraí reatha chun a áirithiú go gcuirfear chun feidhme i gceart an réim lena rialaítear an mharcáil CE agus glacfaidh siad beart iomchuí i gcás ina mbaintear úsáid mhíchuí as an marcáil.

Airteagal 40
Dearbhuithe agus marcanna malartacha maidir le comhréireacht

Agus rialacha malartacha á sonrú maidir leis an dearbhú comhréireachta nó le marcanna lena léirítear comhréireacht leis na ceanglais is infheidhme faoi dhlí an Aontais de bhun Airteagal 4, an tríú fomhír, pointe (f), cuirfidh an Coimisiún na critéir seo a leanas san áireamh:

(a) an gá atá ann ualach riaracháin ar oibreoirí eacnamaíocha a íoslaghdú;

(b) an gá atá ann comhleanúnachas a áirithiú le dearbhuithe comhréireachta eile agus le marcanna comhréireachta eile is infheidhme maidir le táirge sonrach;

(c) an gá atá ann mearbhall a chosc maidir le brí na ndearbhuithe agus na marcanna comhréireachta faoi dhlíthe eile de chuid an Aontais.

CAIBIDIL IX - FÓGRA A THABHAIRT DO CHOMHLACHTAÍ UM MEASÚNÚ COMHRÉIREACHTA

Airteagal 41
Fógra a thabhairt

Tabharfaidh na Ballstáit fógra don Choimisiún agus do na Ballstáit eile maidir le comhlachtaí atá údaraithe chun cúraimí um measúnú comhréireachta an tríú páirtí a dhéanamh, cúraimí dá bhforáiltear sna gníomhartha tarmligthe arna nglacadh de bhun Airteagal 4.

Airteagal 42
Údaráis a thugann fógra

1. Ainmneoidh na Ballstáit údarás a thugann fógra, ar údarás é a bheidh freagrach as na nósanna imeachta riachtanacha a bhunú agus a chur i gcrích chun measúnú a dhéanamh ar na comhlachtaí um measúnú comhréireachta agus chun fógra a thabhairt ina leith, agus as faireachán a dhéanamh ar chomhlachtaí faoina dtugtar fógra, lena n-áirítear faireachán ar chomhlíonadh fhorálacha Airteagal 47.

2. Féadfaidh na Ballstáit a chinneadh go ndéanfaidh comhlacht náisiúnta creidiúnaithe an measúnú agus an faireachán dá dtagraítear i mír 1, de réir bhrí Rialachán (CE) Uimh. 765/2008 agus i gcomhréir leis.

3. I gcás ina ndéanfaidh an t-údarás a thugann fógra an measúnú, tabhairt an fhógra nó an faireachán dá dtagraítear i mír 1 a tharmligean chuig comhlacht nach eintiteas rialtais é, is eintiteas dlíthiúil a bheidh sa chomhlacht sin agus comhlíonfaidh sé *mutatis mutandis* na ceanglais a leagtar síos in Airteagal 43. Ina theannta sin, beidh socruithe aige chun dliteanais a eascraíonn as a ghníomhaíochtaí a chumhdach.

4. Glacfaidh an t-údarás a thugann fógra freagracht iomlán as na cúraimí arna gcur i gcrích ag an gcomhlacht dá dtagraítear i mír 3.

Airteagal 43
Na ceanglais a bhaineann leis na húdaráis a thugann fógra

1. Bunófar údarás a thugann fógra ar dhóigh a fhágfaidh nach dtarlóidh aon choinbhleacht leasa le comhlachtaí um measúnú comhréireachta ná le comhlachtaí faoina dtugtar fógra.

2. Agus údarás a thugann fógra á eagrú, déanfar sin ar bhealach a chaomhnóidh oibiachtúlacht agus neamhchlaontacht na ngníomhaíochtaí aige.

3. Eagrófar údarás a thugann fógra ar bhealach a áiritheoidh gur daoine inniúla, nach ionann iad agus na daoine a rinne an measúnú, a dhéanfaidh gach aon chinneadh a bhaineann le fógra a thabhairt do chomhlacht um measúnú comhréireachta.

4. Ní thairgfidh ná ní sholáthróidh údarás a thugann fógra aon ghníomhaíocht a dhéanann comhlachtaí um measúnú comhréireachta, ná aon seirbhís comhairleachta ar bhonn tráchtála ná ar bhonn iomaíoch.

5. Déanfaidh údarás a thugann fógra rúndacht na faisnéise a gheobhaidh sé a choimirciú. Mar sin féin, malartóidh sé, arna iarraidh sin air, faisnéis faoi chomhlachtaí faoina dtugtar fógra leis an gCoimisiún, le comhlachtaí a thugann fógra sna Ballstáit eile agus le húdaráis náisiúnta ábhartha eile.

6. Maidir leis an mbonn atá le fógra a thabhairt, ní ghlacfaidh údarás a thugann fógra ach leis an gcomhlacht sonrach um measúnú comhréireachta a bhfuil iarratas ar fhógra á dhéanamh aige agus ní chuirfidh sé san áireamh acmhainneachtaí ná pearsanra na máthairchuideachtaí nó na gcomhchuideachtaí. Déanfaidh an t-údarás measúnú ar an gcomhlacht sin i gcoinne na gceanglas ábhartha uile agus na gcúraimí um measúnú comhréireachta.

7. Beidh fáil ag údarás a thugann fógra ar líon leordhóthanach daoine inniúla agus ar chistiú leordhóthanach chun a chuid cúraimí a dhéanamh mar is cuí.

   Féadfaidh an Coimisiún gníomhartha cur chun feidhme a ghlacadh lena leagfar síos líon íosta coibhéisí lánaimseartha a mheastar a bheith leordhóthanach chun faireachán cuí a dhéanamh ar chomhlachtaí faoina dtugtar fógra, i gcás inarb iomchuí maidir le cúraimí sonracha um measúnú comhréireachta. I gcás ina ndéanfaidh comhlacht náisiúnta creidiúnaithe nó comhlacht dá dtagraítear in Airteagal 42(3) faireachán, beidh feidhm ag an líon íosta sin maidir leis an gcomhlacht sin.

   Déanfar na gníomhartha cur chun feidhme sin a ghlacadh i gcomhréir leis an nós imeachta scrúdúcháin dá dtagraítear in Airteagal 67(3).

Airteagal 44
An oibleagáid faisnéise atá ar chomhlachtaí a thugann fógra

Cuirfidh na Ballstáit an Coimisiún ar an eolas faoina nósanna imeachta maidir le measúnú a dhéanamh ar chomhlachtaí um measúnú comhréireachta, maidir le fógra a thabhairt do na comhlachtaí sin agus maidir le faireachán a dhéanamh ar chomhlachtaí faoina dtugtar fógra, agus faoi aon athrú a dhéanfar ar na nithe sin.

Cuirfidh an Coimisiún an fhaisnéis sin ar fáil go poiblí.

Airteagal 45
Ceanglais a bhaineann le comhlachtaí faoina dtugtar fógra

1. Chun críoch fógra a thabhairt, comhlíonfaidh comhlacht um measúnú comhréireachta na ceanglais a leagtar síos i míreanna 2 go 11.

2. Bunófar comhlacht um measúnú comhréireachta faoi dhlí náisiúnta Ballstáit agus beidh pearsantacht dhlíthiúil aige.

3. Beidh comhlacht um measúnú comhréireachta ina chomhlacht tríú páirtí atá neamhspleách ar an eagraíocht nó ar an táirge ar a ndéanann sé measúnú. Ní bheidh aon nasc gnó aige le heagraíochtaí a bhfuil leas acu sna táirgí a ndéanann sé measúnú orthu, go háirithe monaróirí, a gcomhpháirtithe trádála agus a n-infheisteoirí scairshealbhóireachta. Leis sin, ní chuirfear bac ar an gcomhlacht um measúnú comhréireachta gníomhaíochtaí um measúnú comhréireachta a dhéanamh le haghaidh monaróirí atá in iomaíocht le chéile.

4. Ní bheidh dearthóir, monaróir, soláthraí, allmhaireoir, dáileoir, suiteálaí, ceannaitheoir, úinéir, úsáideoir ná cothabhálaí na dtáirgí a ndéanann siad measúnú orthu, ná ionadaí thar cheann aon duine de na páirtithe sin, i gceist leis an gcomhlacht um measúnú comhréireachta, lena lucht bainistíochta ardleibhéil ná leis an bpearsanra a bheidh freagrach as na cúraimí um measúnú comhréireachta a chomhlíonadh. Ní choisctear, leis sin, táirgí a ndearnadh measúnú orthu a úsáid má tá gá leo i dtaca le hoibríochtaí an chomhlachta um measúnú comhréireachta ná na táirgí sin a úsáid chun críoch pearsanta.

   Maidir le comhlacht um measúnú comhréireachta agus lucht a ardbhainistíochta, agus maidir leis an bhfoireann atá freagrach as na cúraimí um measúnú comhréireachta a chur i gcrích, ní bheidh baint dhíreach acu le dearadh, monarú ná tógáil, le margaíocht, le suiteáil, le húsáid ná le cothabháil na dtáirgí sin, ná ní dhéanfaidh siad ionadaíocht ar pháirtithe a ghabhann do na gníomhaíochtaí sin. Ní ghabhfaidh siad d'aon ghníomhaíocht a d'fhéadfadh teacht salach ar neamhspleáchas a mbreithiúnais ná a n-ionracais i ndáil le gníomhaíochtaí um measúnú comhréireachta a dtugtar fógra dóibh ina leith. Beidh feidhm ag an gceanglas sin go háirithe maidir le seirbhísí comhairliúcháin.

   Áiritheoidh comhlachtaí um measúnú comhréireachta nach ndéanfaidh gníomhaíochtaí a máthairchuideachtaí ná a gcomhchuideachtaí, a bhfochuideachtaí ná a bhfochonraitheoirí difríocht do rúndacht, oibiachtúlacht ná neamhchlaontacht a ngníomhaíochtaí um measúnú comhréireachta.

   Ní fhéadfar bunú agus maoirsiú nósanna imeachta inmheánacha, beartas ginearálta inmheánach, cód iompair inmheánach ná rialacha inmheánacha eile, sannadh pearsanra do chúraimí sonracha ná na cinntí maidir le measúnú comhréireachta a tharmligean do fhochonraitheoir ná do fhochuideachta.

5. Déanfaidh na comhlachtaí um measúnú comhréireachta agus a bpearsanra na gníomhaíochtaí um measúnú comhréireachta leis an leibhéal is airde ionracais ghairmiúil agus an inniúlacht theicniúil is gá sa réimse sonrach. Beidh siad saor ó gach brú agus mealladh, go háirithe brú agus mealladh airgeadais, a bhféadfadh tionchar a bheith acu ar a mbreithiúnas nó ar thorthaí a ngníomhaíochtaí um measúnú comhréireachta, go háirithe a mhéid a bhaineann le daoine nó grúpaí daoine a bhfuil leas acu i dtorthaí na ngníomhaíochtaí sin.

6. Beidh sé ar chumas comhlachta um measúnú comhréireachta na cúraimí ar fad um measúnú comhréireachta a chur i gcrích a shanntar dó faoin ngníomh tarmligthe

ábhartha arna ghlacadh de bhun Airteagal 4 agus ar tugadh fógra dó ina leith, bíodh na cúraimí á ndéanamh ag an gcomhlacht um measúnú comhréireachta é féin nó á ndéanamh thar a cheann agus faoina fhreagracht.

I dtaca le gach aon nós imeachta um measúnú comhréireachta agus gach cineál nó catagóir táirgí ar tugadh fógra don chomhlacht um measúnú comhréireachta ina leith, beidh fáil ag an gcomhlacht i gcónaí ar na nithe riachtanacha seo a leanas:

(a) pearsanra ag a bhfuil an t-eolas teicniúil is gá agus taithí leordhóthanach iomchuí chun na cúraimí um measúnú comhréireachta a chur i gcrích. An pearsanra atá freagrach as cinntí um measúnú a dhéanamh, is é an comhlacht um measúnú comhréireachta a fhostóidh iad faoi dhlí náisiúnta an Bhallstáit a thugann fógra, ní bheidh aon choinbhleacht leasa fhéideartha eile acu, agus beidh an inniúlacht acu fíorú a dhéanamh ar mheasúnuithe a dhéanfaidh foireann eile, saineolaithe seachtracha nó fochonraitheoirí. Beidh líon an phearsanra sin leordhóthanach chun leanúnachas gnó agus cur chuige comhsheasmhach i leith measúnuithe comhréireachta a áirithiú;

(b) tuairiscí ar na nósanna imeachta ar i gcomhréir leo a dhéantar an measúnú comhréireachta, lena n-áirithítear trédhearcacht agus inatáirgeacht na nósanna imeachta sin. Áireofar leis sin maitrís cháilíochta a mheaitseálann an pearsanra ábhartha, a stádas ar leith agus a gcúraimí laistigh den chomhlacht um measúnú comhréireachta leis na cúraimí um measúnú comhréireachta a bhfuil sé beartaithe ag an gcomhlacht fógra a fháil ina leith;

(c) beartais agus nósanna imeachta iomchuí chun idirdhealú a dhéanamh idir na cúraimí a dhéanann sé mar chomhlacht faoina dtugtar fógra agus gníomhaíochtaí eile;

(d) na nósanna imeachta is gá maidir le gníomhaíochtaí a chur i gcrích lena dtugtar aird chuí ar mhéid an ghnóthais, ar an earnáil ina bhfuil sé ag oibriú, ar a struchtúr, ar chastacht theicneolaíocht an táirge i gceist agus mais an phróisis táirgeachta nó cineál srathach an phróisis sin.

Beidh na hacmhainní aige atá riachtanach chun na cúraimí teicniúla agus na cúraimí riaracháin a bhaineann leis na gníomhaíochtaí um measúnú comhréireachta a chur i gcrích ar shlí iomchuí agus beidh rochtain aige ar an trealamh nó ar na saoráidí go léir is gá.

7. Beidh an méid seo a leanas ag an bhfoireann atá freagrach as na gníomhaíochtaí um measúnú comhréireacha a chur i gcrích:

(a) oiliúint fhónta theicniúil agus ghairmiúil inar cuimsíodh na gníomhaíochtaí ar fad um measúnú comhréireachta a bhfuil fógra tugtha don chomhlacht um measúnú comhréireachta ina leith;

(b) eolas sásúil ar cheanglais na measúnuithe a dhéanann siad agus údarás leordhóthanach chun na measúnuithe sin a dhéanamh, lena n-áirítear eolas agus tuiscint iomchuí ar an reachtaíocht ábhartha, ar na ceanglais tástála, tomhais agus ríofa, ar na caighdeáin chomhchuibhithe is infheidhme nó ar na sonraíochtaí coiteanna agus ar fhorálacha ábhartha an Rialacháin seo agus ar na gníomhartha tarmligthe arna nglacadh de bhun Airteagal 4;

(c) an cumas chun deimhnithe, taifid agus tuarascálacha a tharraingt suas lena dtaispeánfar gur cuireadh measúnuithe i gcrích.

8. Ráthófar neamhchlaontacht an chomhlachta um measúnú comhréireachta, lucht a ardbhainistíochta, an phearsanra measúnaithe agus na bhfochonraitheoirí.

   Ní bheidh luach saothair lucht ardbhainistíochta agus phearsanra measúnúcháin an chomhlachta um measúnú comhréireachta ag brath ar an líon measúnuithe a chuirfear i gcrích ná ar a dtorthaí.

9. Rachaidh comhlachtaí um measúnú comhréireachta faoi árachas dliteanais ach amháin i gcás ina ngabhann an Ballstát dliteanas air féin i gcomhréir leis an dlí náisiúnta, nó i gcás inarb é an Ballstát féin atá freagrach go díreach as an measúnú comhréireachta.

10. Urramóidh pearsanra comhlachta um measúnú comhréireachta rúndacht ghairmiúil maidir leis an bhfaisnéis uile a fhaightear agus na cúraimí um measúnú comhréireachta á gcur i gcrích acu faoi na gníomhartha tarmligthe ábhartha arna nglacadh de bhun Airteagal 4, ach amháin i ndáil leis na húdaráis a thugann fógra agus le húdaráis náisiúnta eile an Bhallstáit ina ndéantar a ghníomhaíochtaí. Déanfar cearta dílseánaigh a chosaint.

11. Beidh na comhlachtaí um measúnú comhréireachta rannpháirteach i ngníomhaíochtaí ábhartha um chaighdeánú, nó áiritheoidh siad go gcoinneofar an pearsanra measúnúcháin ar an eolas faoi na gníomhaíochtaí sin, agus déanfaidh siad, mar threoir ghinearálta, na cinntí riaracháin agus na doiciméid a thiocfaidh as obair na meithle sin a chur i bhfeidhm.

Airteagal 46
Toimhde comhréireachta na gcomhlachtaí um measúnú comhréireachta

I gcás ina léiríonn comhlacht um measúnú comhréireachta go gcomhlíonann sé na critéir a leagtar síos sna caighdeáin chomhchuibhithe ábhartha, nó i gcodanna díobh, agus ar foilsíodh tagairtí dóibh in *Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh*, toimhdeofar go mbeidh na ceanglais a leagtar amach in Airteagal 45 á gcomhlíonadh aige a mhéid a chumhdaítear na ceanglais sin leis na caighdeáin chomhchuibhithe is infheidhme.

Airteagal 47
Fochuideachtaí agus fochonraitheoireacht na gcomhlachtaí faoina dtugtar fógra

1. I gcás ina ligfidh comhlacht faoina dtugtar fógra cúraimí sonracha a bhaineann le measúnú comhréireachta ar fochonradh nó i gcás ina rachaidh sé ar iontaoibh fochuideachta, áiritheoidh sé go gcomhlíonann an fochonraitheoir nó an fhochuideachta na ceanglais a leagtar amach in Airteagal 45 agus cuirfidh sé an t-údarás a thugann fógra ar an eolas dá réir sin.

2. Glacfaidh comhlachtaí faoina dtugtar fógra freagracht iomlán as na cúraimí a dhéanfaidh fochonraitheoir nó fochuideachta gan beann ar an áit a mbeidh siad siúd bunaithe. Bunóidh na comhlachtaí ábhartha faoina dtugtar fógra nósanna imeachta chun faireachán leanúnach a dhéanamh ar inniúlacht, gníomhaíochtaí agus feidhmíocht a bhfochonraitheoirí nó a bhfochuideachtaí, agus an mhaitrís cháilíochta dá dtagraítear in Airteagal 45(6) á cur san áireamh.

3. Is le toiliú an chliaint amháin a ligfear gníomhaíochtaí ar fochonradh nó a ligfear d'fhochuideachta dul ina mbun.

4. Coinneoidh comhlachtaí faoina dtugtar fógra ar fáil don údarás a thugann fógra na doiciméid ábhartha a bhaineann leis an measúnú agus leis an bhfaireachán ar

cháilíochtaí an fhochonraitheora nó na fochuideachta agus leis an obair arna déanamh acu faoi na gníomhartha tarmligthe ábhartha arna nglacadh de bhun Airteagal 4.

Airteagal 48
Iarratas ar fhógra

1. Is faoi bhráid an údaráis sin a thugann fógra, atá bunaithe sa Bhallstát ina mbeidh an comhlacht um measúnú comhréireachta féin bunaithe, a chuirfidh an comhlacht um measúnú comhréireachta iarratas ar fhógra.

2. Beidh ag gabháil leis an iarratas sin tuairisc ar na gníomhaíochtaí um measúnú comhréireachta, ar an modúl nó na modúil um measúnú comhréireachta agus ar an táirge nó na táirgí a mhaíonn an comhlacht go bhfuil sé inniúil orthu, an mhaitrís cháilíochta dá dtagraítear in Airteagal 45(6), chomh maith le deimhniú creidiúnaithe, más ann dó, arna eisiúint ag comhlacht náisiúnta creidiúnaithe lena bhfianaítear go gcomhlíonann an comhlacht um measúnú comhréireachta na ceanglais a leagtar síos in Airteagal 45. Ní bhainfidh an deimhniú creidiúnaithe ach leis an gcomhlacht dlíthiúil beacht a bhfuil iarratas á dhéanamh aige ar fhógra a fháil agus beidh sé bunaithe, de bhreis ar na caighdeáin chomhchuibhithe ábhartha, ar na ceanglais shonracha agus ar na cúraimí um measúnú comhréireachta a leagtar amach sa ghníomh tarmligthe ábhartha arna ghlacadh de bhun Airteagal 4.

3. I gcás nach féidir leis an gcomhlacht um measúnú comhréireachta lena mbaineann deimhniú creidiúnaithe a sholáthar, soláthróidh sé don údarás a thugann fógra an fhianaise dhoiciméadach uile is gá chun a chomhlíontacht i leith na gceanglas a leagtar síos in Airteagal 45 a fhíorú agus a aithint agus chun faireachán rialta a dhéanamh air sin.

Airteagal 49
Nós imeachta maidir le fógra a thabhairt

1. Na húdaráis a thugann fógra, ní thugann siad fógra ach do chomhlachtaí um measúnú comhréireachta a mbeidh na ceanglais a leagtar síos in Airteagal 45 comhlíonta acu.

2. Tabharfaidh siad fógra don Choimisiún agus do na Ballstáit eile tríd an uirlis leictreonach um fhógra, ar uirlis í arna forbairt agus arna bainistiú ag an gCoimisiún.

3. Beidh san fhógra tuairisc iomlán ar na gníomhaíochtaí um measúnú comhréireachta, ar an modúl nó ar na modúil um measúnú comhréireachta agus ar an táirge nó ar na táirgí lena mbaineann agus ar fhianú ábhartha na hinniúlachta.

4. Mura mbeidh fógra bunaithe ar dheimhniú creidiúnaithe dá dtagraítear in Airteagal 48(2), soláthróidh an t-údarás a thugann fógra, don Choimisiún agus do na Ballstáit eile, fianaise dhoiciméadach lena bhfianaítear inniúlacht an chomhlachta um measúnú comhréireachta agus na socruithe atá i bhfeidhm chun a áirithiú go ndéanfar faireachán ar an gcomhlacht go tráthrialta agus go leanfaidh an comhlacht de bheith ag comhlíonadh na gceanglas a leagtar síos in Airteagal 45.

5. Ní fhéadfaidh an comhlacht atá i gceist gníomhaíochtaí comhlachta faoina dtugtar fógra a dhéanamh ach amháin mura ndéanann an Coimisiún ná na Ballstáit eile aon agóid laistigh de 2 sheachtain tar éis fógra i gcás ina n-úsáidtear deimhniú creidiúnaithe, nó laistigh de 2 mhí tar éis fógra i gcás nach n-úsáidtear deimhniú creidiúnaithe.

Ní mheasfar ina chomhlacht faoina dtugtar fógra, chun críocha an Rialacháin seo, ach comhlacht den sórt sin.

6. Beidh an fógra bailí an lá tar éis don Choimisiún an comhlacht a chur isteach i liosta na gcomhlachtaí faoina dtugtar fógra dá dtagraítear in Airteagal 50(2). Ní fhéadfaidh an comhlacht lena mbaineann dul i mbun gníomhaíochtaí comhlachta faoina dtugtar fógra go dtí go mbeidh an fógra bailí.

   Ní fhoilseoidh an Coimisiún fógra má tá sé ar an eolas nó má fhaigheann sé amach nach gcomhlíonann an comhlacht ábhartha faoina dtugtar fógra na ceanglais a leagtar síos in Airteagal 45.

7. Cuirfear an Coimisiún agus na Ballstáit eile ar an eolas faoi aon athrú ábhartha a dhéanfar ar an bhfógra ina dhiaidh sin.

Airteagal 50
Uimhreacha aitheantais agus liostaí na gcomhlachtaí faoina dtugtar fógra

1. Sannfaidh an Coimisiún uimhir aitheantais do gach comhlacht faoina dtugtar fógra.

   Ní shannfaidh sé ach uimhir amháin den sórt sin fiú i gcás ina dtugtar fógra don chomhlacht de bhun níos mó ná gníomh Aontais amháin.

2. Déanfaidh an Coimisiún liosta na gcomhlachtaí faoina dtugtar fógra faoin Rialachán seo a chur ar fáil don phobal, agus cuimseofar sa liosta na huimhreacha aitheantais a sannadh dóibh agus na gníomhaíochtaí ar tugadh fógra dóibh ina dtaobh.

   Áiritheoidh an Coimisiún go gcoimeádfar an liosta sin cothrom le dáta.

Airteagal 51
Athruithe ar fhógraí

1. I gcás ina bhfuil sé fionnta ag údarás a thugann fógra nó inar cuireadh ar an eolas é nach gcomhlíonann comhlacht faoina dtugtar fógra na ceanglais a leagtar amach in Airteagal 45 níos mó, nó mura bhfuil ag éirí leis a chuid oibleagáidí a chomhlíonadh, déanfaidh an comhlacht a thugann fógra an fógra a shrianadh, a chur ar fionraí nó a tharraingt siar, más iomchuí, ag brath ar cé chomh tromchúiseach is atá neamhchomhlíonadh na gceanglas nó na n-oibleagáidí sin. Cuirfidh an Ballstát an Coimisiún agus na Ballstáit eile ar an eolas dá réir sin.

2. I gcás ina ndéanfar an fógra a shrianadh, a chur ar fionraí nó a tharraingt siar, nó i gcás ina scoirfidh an comhlacht faoina dtugtar fógra dá ghníomhaíochtaí, déanfaidh an Ballstát a thugann fógra bearta iomchuí chun a áirithiú go ndéanfaidh comhlacht eile faoina dtugtar fógra comhaid an chomhlachta sin a phróiseáil nó go gcoinneofar ar fáil iad do na húdaráis atá freagrach as fógra a thabhairt agus do na húdaráis atá freagrach as faireachas margaidh, má iarrann siad iad.

Airteagal 52
Agóidí in aghaidh inniúlacht na gcomhlachtaí dá dtugtar fógra

1. Imscrúdóidh an Coimisiún gach cás a bhfuil sé in amhras faoi, nó ina léirítear dó go bhfuil amhras ann maidir le hinniúlacht comhlacht faoina dtugtar fógra nó maidir le comhlíonadh leanúnach na gceanglas agus na bhfreagrachtaí a bhfuil comhlacht faoina dtugtar fógra faoina réir.

2. Maidir leis an mBallstát a thugann fógra, tabharfaidh sé don Choimisiún, ar iarratas, an fhaisnéis uile a bhainfidh leis an mbonn atá le fógra a thabhairt nó a bhainfidh le hinniúlacht a fhágáil ag an gcomhlacht a bheidh i gceist.

3. Áiritheoidh an Coimisiún go gcoimeádfar faoi rún aon fhaisnéis íogair a gheofar le linn a imscrúdaithe.

4. I gcás ina bhfionnfaidh an Coimisiún nach gcomhlíonann comhlacht faoina dtugtar fógra na ceanglais atá ar a fhógra nó nach gcomhlíonann sé na ceanglais sin a thuilleadh, déanfaidh sé gníomh cur chun feidhme a ghlacadh lena gceanglaítear ar an mBallstát a thugann fógra an ghníomhaíocht cheartaitheach is gá a dhéanamh, lena n-áirítear an fógra a tharraingt siar más gá. Déanfar an gníomh cur chun feidhme sin a ghlacadh i gcomhréir leis an nós imeachta comhairleach dá dtagraítear in Airteagal 67(2).

   Déanfaidh an Coimisiún an liosta de na comhlachtaí dá dtugtar fógra dá dtagraítear in Airteagal 50(2) a thabhairt cothrom le dáta laistigh de 2 sheachtain tar éis an gníomh cur chun feidhme a ghlacadh.

Airteagal 53
Oibleagáidí oibríochtúla na gcomhlachtaí faoina dtugtar fógra

1. Déanfaidh comhlachtaí faoina dtugtar fógra measúnuithe comhréireachta i gcomhréir leis na nósanna imeachta um measúnú comhréireachta dá bhforáiltear sna gníomhartha tarmligthe arna nglacadh de bhun Airteagal 4.

2. Déanfar measúnuithe comhréireachta ar mhodh comhréireach agus seachnófar ualaí nach gá ar oibreoirí eacnamaíocha. Déanfaidh comhlachtaí um measúnú comhréireachta a gcuid gníomhaíochtaí agus aird chuí acu ar mhéid fiontair, ar an earnáil ina bhfuil sé, ar a struchtúr, ar chastacht theicneolaíocht an táirge i gceist agus mais an phróisis táirgeachta nó cineál srathach an phróisis sin.

   Lena linn sin, beidh aird acu mar sin féin ar mhéid na déine agus ar leibhéal na cosanta a éilítear chun comhlíontacht an táirge leis na ceanglais ábhartha a áirithiú.

3. I gcás ina gcinnfidh comhlacht faoina dtugtar fógra nach bhfuil na ceanglais ábhartha ná na caighdeáin chomhchuibhithe chomhfhreagracha, na sonraíochtaí coiteanna ná sonraíochtaí teicniúla eile á gcomhlíonadh ag monaróir, ceanglóidh sé ar an monaróir sin bearta ceartaitheacha iomchuí a dhéanamh i bhfianaise an dara measúnú comhréireachta, is é sin an measúnú comhréireachta deiridh, ach amháin mura féidir na heasnaimh a leigheas, agus sa chás sin ní eiseoidh sé deimhniú ná cinneadh formheasa.

4. I gcás ina bhfionnfaidh comhlacht faoina dtugtar fógra, le linn an fhaireacháin ar chomhréireacht tar éis deimhniú nó cinneadh formheasa a eisiúint, nach bhfuil táirge nó an monaróir comhlíontach nó nach bhfuil táirge nó an monaróir comhlíontach a thuilleadh, ceanglóidh sé ar an monaróir bearta ceartaitheacha iomchuí a dhéanamh agus déanfaidh sé an deimhniú nó an cinneadh formheasa a chur ar fionraí nó a tharraingt siar más gá.

5. I gcás nach ndéantar bearta ceartaitheacha nó nach bhfuil an éifeacht is gá leo, déanfaidh an comhlacht faoina dtugtar fógra aon deimhniú nó cinneadh formheasa a shrianadh, a chur ar fionraí nó a tharraingt siar, de réir mar is iomchuí.

6. Agus cinntí um measúnú comhréireachta á ndéanamh acu, lena n-áirítear nuair a bhíonn cinneadh á dhéanamh faoin ngá atá le deimhniú nó cinntí formheasa a chur ar

fionraí nó a tharraingt siar i bhfianaise an neamhchomhlíonta a d'fhéadfadh a bheith ann, cuirfidh na comhlachtaí faoina dtugtar fógra critéir shoiléire réamhchinntithe i bhfeidhm.

7. Áiritheoidh na comhlachtaí faoina dtugtar fógra uainíocht i measc an phearsanra a bheidh i mbun cúraimí éagsúla um measúnú comhréireachta.

Airteagal 54
An oibleagáid faisnéise atá ar chomhlachtaí faoina dtugtar fógra

1. Cuirfidh na comhlachtaí faoina dtugtar fógra an méid seo a leanas in iúl don údarás a thugann fógra:

   (a) aon deimhniú ar diúltaíodh dó, a srianadh, a cuireadh ar fionraí nó a tarraingíodh siar;

   (b) aon imthosca a dhéanann difear don raon feidhme nó do na coinníollacha maidir le fógra a thabhairt;

   (c) gach iarratas atá faighte acu ó údaráis um fhaireachas margaidh ar fhaisnéis maidir le gníomhaíochtaí um measúnú comhréireachta;

   (d) gach gníomhaíocht um measúnú comhréireachta a rinneadh laistigh de raon feidhme a bhfógra, agus aon ghníomhaíocht eile a dhéanfaidh siad, lena n-áirítear gníomhaíochtaí trasteorann agus fochonraitheoireacht, ach sin a iarraidh ar an gcomhlacht.

2. Déanfaidh comhlachtaí faoina dtugtar fógra faisnéis ábhartha a bhaineann le saincheisteanna maidir le torthaí diúltacha agus, arna iarraidh sin orthu, torthaí dearfacha na measúnuithe comhréireachta a sholáthar do na comhlachtaí eile faoina dtugtar fógra faoin Rialachán seo agus a dhéanann gníomhaíochtaí comhchosúla um measúnú comhréireachta ina gcumhdaítear na táirgí céanna.

3. I gcás ina gcuireann an Coimisiún nó údarás Ballstáit um fhaireachas margaidh iarraidh faoi bhráid comhlacht faoina dtugtar fógra atá bunaithe i gcríoch Ballstáit eile maidir le measúnú comhréireachta a rinne an comhlacht sin faoina dtugtar fógra, cuirfidh sé cóip den iarraidh sin ar aghaidh chuig údarás an Bhallstáit eile sin a thugann fógra. Déanfaidh an comhlacht faoina dtugtar fógra lena mbaineann freagra a thabhairt ar an iarraidh gan mhoill agus laistigh de 15 lá ar a dhéanaí. Áiritheoidh an t-údarás a thugann fógra go réiteoidh an comhlacht faoina dtugtar fógra iarrataí den sórt sin ach amháin má tá cúis dhlisteanach ann gan é sin a dhéanamh.

4. I gcás ina bhfuil fianaise ag comhlachtaí faoina dtugtar fógra nó ina bhfaigheann siad fianaise lena léirítear an méid seo a leanas:

   (a) nach gcomhlíonann comhlacht eile faoina dtugtar fógra na ceanglais a leagtar síos in Airteagal 45 ná a oibleagáidí; nó

   (b) nach gcomhlíonann táirge a chuirtear ar an margadh na ceanglais éicidhearthóireachta a leagtar amach i ngníomhartha tarmligthe arna nglacadh de bhun Airteagal 4 lena gcumhdaítear an táirge sin; nó

   (c) gur dócha go mbeidh táirge a chuirtear ar an margadh, mar gheall ar a riocht fisiciúil, ina chúis le riosca tromchúiseach;

   cuirfidh siad an t-údarás ábhartha um fhaireachas margaidh nó an t-údarás ábhartha a thugann fógra ar an eolas agus roinnfidh siad an fhianaise sin leis, de réir mar is iomchuí.

Airteagal 55
Malartú taithí

Déanfaidh an Coimisiún foráil maidir le malartú taithí a eagrú idir údaráis na mBallstát atá freagrach as beartas maidir le fógra a thabhairt.

Airteagal 56
Comhordú na gcomhlachtaí faoina dtugtar fógra

1. Áiritheoidh an Coimisiún go mbeidh comhordú agus comhar iomchuí ann idir na comhlachtaí faoina dtugtar fógra faoin Rialachán seo agus go n-oibreofar an comhordú agus an comhar sin mar is ceart i bhfoirm grúpa nó grúpaí comhlachtaí faoina dtugtar fógra, lena n-áirítear, i gcás inarb iomchuí, grúpaí comhlachtaí faoina dtugtar fógra faoin ngníomh tarmligthe céanna arna ghlacadh de bhun Airteagal 4 nó i ndáil le cúraimí comhchosúla um measúnú comhréireachta.

   Glacfaidh na comhlachtaí faoina dtugtar fógra páirt in obair aon ghrúpa ábhartha, go díreach nó trí bhíthin ionadaithe ainmnithe.

2. Cuirfidh na comhlachtaí faoina dtugtar fógra i bhfeidhm mar threoir ghinearálta aon doiciméad ábhartha a cuireadh ar fáil mar thoradh ar obair na ngrúpaí dá dtagraítear i mír 1.

3. Is é is aidhm don chomhordú agus don chomhar sna grúpaí dá dtagraítear i mír 1 cur i bhfeidhm comhchuibhithe an Rialacháin seo agus na ngníomhartha tarmligthe arna nglacadh de bhun Airteagal 4 a áirithiú. Agus é sin á dhéanamh acu, leanfaidh na grúpaí mar threoir ghinearálta aon doiciméad ábhartha arna chur ar fáil ag an ngrúpa um chomhar riaracháin a bunaíodh de bhun Airteagal 30(2) de Rialachán (AE) 2019/1020.

CAIBIDIL X - DREASACHTAÍ

Airteagal 57
Dreasachtaí na mBallstát

1. Dreasachtaí na mBallstát a bhaineann le táirgí a chumhdaítear le gníomh tarmligthe arna ghlacadh de bhun Airteagal 4 lena gcinntear aicmí feidhmíochta i gcomhréir le hAirteagal 7(4), i ndáil le paraiméadar táirge dá dtagraítear in Iarscríbhinn I, bainfidh siad leis an dá aicme feidhmíochta is airde a bhfuil daonra iontu ar leibhéal an Aontais nó, i gcás inarb ábhartha, leis na táirgí a bhfuil Éicilipéad AE acu, mura sonraítear a mhalairt sa ghníomh tarmligthe sin.

2. I gcás ina ndéantar, le gníomh tarmligthe arna ghlacadh de bhun Airteagal 4, aicmí feidhmíochta a chinneadh de bhun Airteagal 7(4), i ndáil le níos mó ná paraiméadar táirge amháin dá dtagraítear in Iarscríbhinn I nó i gcás ina mbunaítear aicmí feidhmíochta faoi Rialachán (AE) 2017/1369 agus faoin Rialachán seo araon, sna gníomhartha tarmligthe arna nglacadh de bhun Airteagal 4, an tríú fomhír, pointe (g), féadfaidh an Coimisiún na paraiméadair tháirge lena mbainfidh dreasachtaí na mBallstát a shainiú a thuilleadh.

   Agus é sin á dhéanamh aige, cuirfidh an Coimisiún na critéir seo a leanas san áireamh:

   (a) an líon táirgí i ngach aicme feidhmíochta;

(b) inacmhainneacht choibhneasta na dtáirgí i ngach aicme feidhmíochta;

(c) an gá atá ann éileamh leordhóthanach ar tháirgí atá níos inbhuanaithe ó thaobh an chomhshaoil de a áirithiú.

3. I gcás nach ndéantar aicmí feidhmíochta a chinneadh le gníomh tarmligthe arna ghlacadh de bhun Airteagal 4, féadfaidh an Coimisiún a shonrú sna gníomhartha tarmligthe arna nglacadh de bhun Airteagal 4, an tríú fomhír, pointe (g), ceanglais a bhaineann le paraiméadair tháirge a chomhlíonfaidh na táirgí lena mbaineann dreasachtaí na mBallstát.

Agus é sin á dhéanamh aige, cuirfidh an Coimisiún na critéir seo a leanas san áireamh:

(a) inacmhainneacht choibhneasta na dtáirgí a chomhlíonann na ceanglais sin;

(b) an gá atá ann éileamh leordhóthanach ar tháirgí atá níos inbhuanaithe ó thaobh an chomhshaoil de a áirithiú.

Airteagal 58
Soláthar poiblí glas

1. Maidir le ceanglais de bhun Airteagal 4, an tríú fomhír, pointe (h), le haghaidh conarthaí poiblí arna ndámhachtain ag údaráis chonarthacha, mar a shainmhínítear in Airteagal 2(1) de Threoir 2014/24/AE nó in Airteagal 3(1) de Threoir 2014/25/AE, nó eintitis chonarthacha, mar a shainmhínítear in Airteagal 4(1) de Threoir 2014/25/AE, féadfaidh siad a bheith i bhfoirm sonraíochtaí teicniúla éigeantacha, critéir roghnúcháin, critéir dhámhachtana, clásail feidhmíochta conartha, nó spriocanna, de réir mar is iomchuí.

2. Agus ceanglais á mbunú de bhun Airteagal 4, an tríú fomhír, pointe (h), le haghaidh conarthaí poiblí, cuirfidh an Coimisiún na critéir seo a leanas san áireamh:

(a) luach agus méid na gconarthaí poiblí arna ndámhachtain don ghrúpa táirgí ar leith sin nó do na seirbhísí nó do na hoibreacha a úsáideann an grúpa táirgí ar leith;

(b) an gá atá ann éileamh leordhóthanach ar tháirgí atá níos inbhuanaithe ó thaobh an chomhshaoil de a áirithiú;

(c) féidearthacht eacnamaíoch na n-údarás conarthach nó na n-eintiteas conarthach táirgí níos inbhuanaithe ó thaobh an chomhshaoil de a cheannach, gan costais dhíréireacha a bheith i gceist.

CAIBIDIL XI - FAIREACHAS MARGAIDH

Airteagal 59
Pleananna gníomhaíochta maidir le faireachas margaidh

1. Gan dochar d'Airteagal 13 de Rialachán (AE) 2019/1020, déanfaidh gach Ballstát, gach 2 bhliain ar a laghad, plean gníomhaíochta a tharraingt suas ina leagfar amach na gníomhaíochtaí um fhaireachas margaidh a bheartaítear chun a áirithiú go ndéanfar seiceálacha iomchuí ar scála leordhóthanach i ndáil leis an Rialachán seo agus leis na gníomhartha tarmligthe arna nglacadh de bhun Airteagal 4. Déanfaidh gach Ballstát an chéad phlean gníomhaíochta den sórt sin a dhréachtú faoin [16 Iúil 2024].

Sa phlean gníomhaíochta dá dtagraítear i mír 1, beidh an méid seo a leanas ar a laghad:

(a) na táirgí nó na ceanglais a shainaithnítear mar thosaíochtaí i dtaca le faireachas margaidh, agus na tosaíochtaí coiteanna arna sainaithint ag an ngrúpa um chomhar riaracháin de bhun Airteagal 62(1), pointe (a), á gcur san áireamh agus i gcomhréir leis na gníomhartha cur chun feidhme dá dtagraítear i mír 5;

(b) na gníomhaíochtaí um fhaireachas margaidh atá beartaithe chun neamhchomhlíonadh a laghdú i gcás na dtáirgí nó na gceanglas sin a shainaithnítear mar thosaíochtaí, lena n-áirítear cineál agus líon íosta na seiceálacha atá le déanamh le linn na tréimhse a chumhdaítear leis an bplean gníomhaíochta.

2. Déanfar na tosaíochtaí i dtaca le faireachas margaidh dá dtagraítear i mír 1, pointe (a), a shainaithint ar bhonn critéir oibiachtúla, lena n-áirítear na nithe seo a leanas:

(a) na leibhéil neamhchomhlíonta a thugtar faoi deara sa mhargadh;

(b) tionchar an neamhchomhlíonta ar an gcomhshaol;

(c) an líon táirgí ábhartha a chuirtear ar fáil ar mhargaí náisiúnta; agus

(d) an líon oibreoirí eacnamaíocha ábhartha atá gníomhach sna margaí sin.

3. Beidh cineál agus líon na seiceálacha atá beartaithe de bhun mhír 1, pointe (b), comhréireach leis na critéir oibiachtúla a úsáidtear chun na tosaíochtaí a shainaithint i gcomhréir le mír 2.

4. Cuirfidh na Ballstáit a bpleananna gníomhaíochta in iúl don Choimisiún agus do na Ballstáit eile tríd an gcóras faisnéise agus cumarsáide dá dtagraítear in Airteagal 34 de Rialachán (AE) 2019/1020.

5. Féadfaidh an Coimisiún gníomhartha cur chun feidhme a ghlacadh ina liostaítear na táirgí nó na ceanglais a mheasfaidh na Ballstáit a bheith ina dtosaíochtaí ar a laghad i dtaca le faireachas margaidh de bhun mhír 1, pointe (a).

Déanfar na gníomhartha cur chun feidhme sin a ghlacadh i gcomhréir leis an nós imeachta comhairleach dá dtagraítear in Airteagal 67(2).

Airteagal 60
An líon íosta seiceálacha

1. Cumhachtaítear an Coimisiún chun gníomhartha tarmligthe a ghlacadh i gcomhréir le hAirteagal 66 chun an Rialachán seo a fhorlíonadh tríd an líon íosta seiceálacha a leagan síos, seiceálacha atá le déanamh ag údaráis um fhaireachas margaidh gach Ballstáit ar tháirgí sonracha a chumhdaítear le gníomhartha tarmligthe arna nglacadh de bhun Airteagal 4 nó maidir le ceanglais shonracha a leagtar amach sna gníomhartha tarmligthe sin. Féadfar a shonrú sa ghníomh tarmligthe, i gcás inarb ábhartha, cineál na seiceálacha is gá agus na modhanna atá le húsáid.

Bunófar an líon íosta seiceálacha ar bhonn na gcritéar seo a leanas:

(a) na critéir a liostaítear in Airteagal 59(2);

(b) na gníomhaíochtaí atá beartaithe i bpleananna gníomhaíochta na mBallstát;

(c) na tosaíochtaí coiteanna arna sainaithint ag an ngrúpa um chomhar riaracháin de bhun Airteagal 62(1),pointe (a);

(d) i gcás inarb ábhartha, na tosaíochtaí a chuimsítear sna gníomhartha cur chun feidhme dá dtagraítear in Airteagal 59(5).

2. Beidh an ceart ag údaráis um fhaireachas margaidh na costais a bhaineann le doiciméid a iniúchadh agus le tástáil fhisiciúil a dhéanamh ar tháirgí a aisghabháil ón oibreoir eacnamaíoch atá freagrach i gcás neamhchomhlíonadh gníomhartha tarmligthe arna nglacadh de bhun Airteagal 4.

Airteagal 61
Tuairisciú agus tagarmharcáil

1. Cuirfidh na húdaráis um fhaireachas margaidh isteach sa chóras faisnéise agus cumarsáide dá dtagraítear in Airteagal 34 de Rialachán (AE) 2019/1020 faisnéis faoi chineál agus déine aon phionóis a fhorchuirtear i ndáil le neamhchomhlíonadh an Rialacháin seo.

2. Gach 2 bhliain, déanfaidh an Coimisiún tuarascáil a dhréachtú faoin 30 Meitheamh bunaithe ar an bhfaisnéis arna cur isteach ag údaráis um fhaireachas margaidh sa chóras faisnéise agus cumarsáide dá dtagraítear in Airteagal 34 de Rialachán (AE) 2019/1020. Foilseofar an chéad cheann de na tuarascálacha sin faoi [*Oifig na bhFoilseachán: Cuir isteach an dáta: dhá bhliain tar éis dháta chur i bhfeidhm an Rialacháin seo*].

Áireofar na nithe seo a leanas sa tuarascáil:

(a) faisnéis faoi chineál agus líon na seiceálacha a rinne na húdaráis um fhaireachas margaidh sa 2 bhliain féilire roimhe sin de bhun Airteagal 34(4) agus (5) de Rialachán (AE) 2019/1020;

(b) faisnéis faoi leibhéil an neamhchomhlíonta a sainaithníodh agus faoi chineál agus déine na bpionós arna bhforchur le haghaidh an 2 bhliain féilire roimhe sin i ndáil le táirgí a chumhdaítear le gníomhartha tarmligthe arna nglacadh de bhun Airteagal 4 den Rialachán seo;

(c) comparáid idir an fhaisnéis sin agus na gníomhaíochtaí atá beartaithe i gcomhthéacs na bpleananna gníomhaíochta arna ndréachtú de bhun Airteagal 59(1);

(d) tagarmharcanna táscacha d'údaráis um fhaireachas margaidh i ndáil le minicíocht na seiceálacha agus cineál agus déine na bpionós arna bhforchur.

3. Foilseoidh an Coimisiún an tuarascáil dá dtagraítear i mír 2 den Airteagal seo sa chóras faisnéise agus cumarsáide dá dtagraítear in Airteagal 34 de Rialachán (AE) 2019/1020 agus cuirfidh sé achoimre den tuarascáil ar fáil go poiblí.

Airteagal 62
Comhordú agus tacaíocht maidir le faireachas margaidh

1. Chun críocha an Rialacháin seo, tiocfaidh an grúpa um chomhar riaracháin ('ADCO') arna bhunú de bhun Airteagal 30(2) de Rialachán (AE) 2019/1020 le chéile go tráthrialta agus, i gcás inar gá, ar iarraidh réasúnaithe ón gCoimisiún nó ó dhá údarás um fhaireachas margaidh rannpháirteacha nó níos mó.

I gcomhthéacs a chúraimí a chomhlíonadh a leagtar amach in Airteagal 32 de Rialachán (AE) 2019/1020, tacóidh ADCO le cur chun feidhme na bpleananna

gníomhaíochta arna ndréachtú de bhun Airteagal 59(1) agus sainaithneoidh sé an méid seo a leanas:

(a) tosaíochtaí coiteanna maidir le faireachas margaidh dá dtagraítear in Airteagal 59(1), pointe (a), bunaithe ar chritéir oibiachtúla dá dtagraítear in Airteagal 59(2);

(b) tosaíochtaí maidir le tacaíocht an Aontais de bhun mhír 2;

(c) ceanglais a leagtar amach i ngníomhartha tarmligthe arna nglacadh de bhun Airteagal 4 agus a chuirtear i bhfeidhm nó a léirítear ar bhealaí éagsúla agus ar cheart iad a bheith ina dtosaíochtaí maidir le heagrú oiliúna comhchoitinne nó maidir le treoirlínte a ghlacadh de bhun mhír 2 den Airteagal seo.

2. Déanfaidh an Coimisiún an méid seo a leanas, bunaithe ar thosaíochtaí arna sainaithint ag ADCO:

(a) comhfhaireachas margaidh agus tionscadail tástála a eagrú i réimsí leasa choitinn;

(b) comhinfheistíocht in acmhainneachtaí faireachais margaidh a eagrú, lena n-áirítear trealamh agus uirlisí teicneolaíochta faisnéise;

(c) oiliúint chomhchoiteann a eagrú d'fhoireann na n-údarás um fhaireachas margaidh, na n-údarás a thugann fógra agus na gcomhlachtaí faoina dtugtar fógra, lena n-áirítear maidir le léirmhíniú ceart agus cur i bhfeidhm ceart ceanglas a leagtar amach i ngníomhartha tarmligthe arna nglacadh de bhun Airteagal 4 agus maidir leis na modhanna agus na teicnící is ábhartha chun comhlíonadh na gceanglas sin a chur i bhfeidhm nó a fhíorú;

(d) treoirlínte a ullmhú maidir le cur i bhfeidhm agus forfheidhmiú ceanglas a leagtar amach i ngníomhartha tarmligthe arna nglacadh de bhun Airteagal 4, lena n-áirítear maidir le cleachtais choiteanna agus modheolaíochtaí coiteanna le haghaidh faireachas margaidh éifeachtach.

Maoineoidh an tAontas, i gcás inarb iomchuí, na gníomhaíochtaí dá dtagraítear i bpointí (a), (b) agus (c).

3. Cuirfidh an Coimisiún tacaíocht theicniúil agus lóistíochta ar fáil chun a áirithiú go gcomhlíonfaidh ADCO a chúraimí a leagtar amach in Airteagal 32 de Rialachán (AE) 2019/1020 agus san Airteagal seo.

CAIBIDIL XII - NÓSANNA IMEACHTA COIMIRCE

Airteagal 63

An nós imeachta chun déileáil le táirgí a bhfuil riosca ag baint leo ar an leibhéal náisiúnta

1. I gcás ina mbeidh údar leordhóthanach ag údaráis um fhaireachas margaidh de chuid Ballstáit amháin chun a chreidiúint go bhfuil riosca ag baint le táirge a chumhdaítear faoi ghníomh tarmligthe arna ghlacadh de bhun Airteagal 4, déanfaidh siad meastóireacht ina gcumhdaítear na ceanglais atá ábhartha don riosca agus a leagtar síos sa Rialachán seo nó sa ghníomh tarmligthe ábhartha. De réir mar is gá, comhoibreoidh na hoibreoirí eacnamaíocha ábhartha leis na húdaráis um fhaireachas margaidh.

I gcás ina bhfaigheann na húdaráis um fhaireachas margaidh amach le linn na meastóireachta sin nach gcomhlíonann an táirge na ceanglais a leagtar síos sna

gníomhartha tarmligthe is infheidhme arna nglacadh de bhun Airteagal 4, ceanglóidh siad, gan mhoill, ar an oibreoir eacnamaíoch ábhartha gníomhaíocht cheartaitheach iomchuí agus chomhréireach a dhéanamh, laistigh de thréimhse réasúnta arna forchur ag na húdaráis um fhaireachas margaidh agus atá comhchuimseach le cineál agus, i gcás inarb ábhartha, le leibhéal an neamhchomhlíonta, chun deireadh a chur leis an neamhchomhlíonadh. D'fhéadfadh na gníomhaíochtaí a liostaítear in Airteagal 16(3) de Rialachán (AE) 2019/1020 a bheith ar áireamh sa ghníomhaíocht cheartaitheach a cheanglaítear ar an oibreoir eacnamaíoch a dhéanamh.

Cuirfidh na húdaráis um fhaireachas margaidh an comhlacht ábhartha faoina dtugtar fógra ar an eolas dá réir.

2. I gcás ina measann na húdaráis um fhaireachas margaidh nach lena gcríoch náisiúnta féin amháin a bhaineann an neamhchomhlíonadh, cuirfidh siad an Coimisiún agus na Ballstáit eile ar an eolas i dtaobh thorthaí na meastóireachta agus i dtaobh na ngníomhaíochtaí a chuir siad de cheangal ar an oibreoir eacnamaíoch a dhéanamh.

3. Áiritheoidh an t-oibreoir eacnamaíoch go ndéantar gach gníomhaíocht cheartaitheach iomchuí i leith na dtáirgí uile lena mbaineann atá curtha ar fáil aige ar an margadh ar fud an Aontais.

4. I gcás nach nglacfaidh an t-oibreoir eacnamaíoch ábhartha gníomhaíocht cheartaitheach laistigh den tréimhse dá dtagraítear sa dara fomhír de mhír 1 nó má leanann an neamhchomhlíonadh ar aghaidh, glacfaidh na húdaráis um fhaireachas margaidh gach beart sealadach is iomchuí chun an táirge lena mbaineann a thoirmeasc nó a shrianadh óna bheith ar fáil ar a margadh náisiúnta, d'fhonn an táirge a tharraingt siar ón margadh nó chun é a aisghairm.

   Cuirfidh siad an Coimisiún agus na Ballstáit eile ar an eolas gan mhoill faoi na bearta sin.

5. Déanfar an fhaisnéis dá dtagraítear i mír 4 a chur in iúl don Choimisiún agus do na Ballstáit eile tríd an gcóras faisnéise agus cumarsáide dá dtagraítear in Airteagal 34 de Rialachán (AE) 2019/1020 agus cuimseofar inti na sonraí uile atá ar fáil, go háirithe na sonraí is gá chun an táirge neamhchomhlíontach, ionad tionscnaimh an táirge, cineál an neamhchomhlíonta atá líomhnaithe agus an neamhchomhlíonadh a bhaineann leis, cineál agus fad na mbeart náisiúnta a rinneadh agus na hargóintí a léirigh an t-oibreoir eacnamaíoch ábhartha a shainaithint. Tabharfaidh na húdaráis um fhaireachas margaidh le fios cé acu is cúis leis an neamhchomhlíonadh:

   (a) mainneachtain an táirge na ceanglais a chomhlíonadh a leagtar amach sa ghníomh tarmligthe ábhartha arna ghlacadh de bhun Airteagal 4; nó

   (b) easnaimh sna caighdeáin chomhchuibhithe nó sna sonraíochtaí coiteanna dá dtagraítear in Airteagail 34 agus 35 lena mbronntar toimhde comhréireachta.

6. Déanfaidh na Ballstáit seachas an Ballstát a chuir tús leis an nós imeachta an Coimisiún agus na Ballstáit eile a chur ar an eolas gan mhoill maidir le haon bheart a glacadh agus maidir le haon fhaisnéis bhreise a mbeidh fáil acu uirthi a bhaineann le neamhchomhlíonadh an táirge lena mbaineann agus, i gcás nach n-aontóidh siad leis an mbeart náisiúnta ar tugadh fógra faoi, maidir lena gcuid agóidí freisin.

7. Más rud é, laistigh de 3 mhí tar éis dóibh an fhaisnéis dá dtagraítear i mír 4 a fháil, nach bhfuil aon agóid maidir le beart sealadach a ghlac Ballstát déanta ag Ballstát nó ag an gCoimisiún, measfar go bhfuil údar leis an mbeart sin. Féadfaidh bearta

tréimhse níos faide nó níos giorra ná 3 mhí a shonrú d'fhonn sainiúlachtaí na dtáirgí nó na gceanglas lena mbaineann a chur san áireamh.

8. Áiritheoidh na Ballstáit go ndéanfar bearta sriantacha iomchuí i leith an táirge nó an mhonaróra lena mbaineann, amhail an táirge a tharraingt siar óna margadh gan mhoill.

Airteagal 64
Nós imeachta coimirce an Aontais

1. Más rud é, tar éis an nós imeachta a leagtar amach in Airteagal 63(3) agus (4) a chur i gcrích, go ndéantar agóidí in aghaidh beart a ghlacann Ballstát, nó i gcás ina measfaidh an Coimisiún go bhfuil beart náisiúnta contrártha do reachtaíocht an Aontais, rachaidh an Coimisiún i gcomhairle gan mhoill leis na Ballstáit agus leis an oibreoir eacnamaíoch nó leis na hoibreoirí eacnamaíocha ábhartha agus déanfar meastóireacht ar an mbeart náisiúnta. Ar bhonn thorthaí na meastóireachta sin, déanfaidh an Coimisiún cinneadh trí bhíthin gníomh cur chun feidhme cibé an bhfuil nó nach bhfuil údar leis an mbeart náisiúnta.

   Déanfar an gníomh cur chun feidhme sin a ghlacadh i gcomhréir leis an nós imeachta scrúdúcháin dá dtagraítear in Airteagal 67(3).

2. Is chuig na Ballstáit uile a dhíreoidh an Coimisiún a chinneadh agus cuirfidh sé an cinneadh sin in iúl láithreach dóibh agus don oibreoir eacnamaíoch nó do na hoibreoirí eacnamaíocha ábhartha.

   I gcás ina meastar údar a bheith leis an mbeart náisiúnta, déanfaidh na Ballstáit uile na bearta is gá chun a áirithiú go dtarraingeofar an táirge neamhchomhlíontach siar óna margadh agus cuirfidh siad an Coimisiún ar an eolas dá réir sin.

   Má mheastar nach bhfuil údar leis an mbeart náisiúnta, déanfaidh an Ballstát lena mbaineann an beart a tharraingt siar.

3. I gcás ina meastar go bhfuil údar leis an mbeart náisiúnta agus go gcuirtear neamhchomhlíonadh an táirge i leith easnaimh sna caighdeáin chomhchuibhithe dá dtagraítear in Airteagal 34 den Rialachán seo, cuirfidh an Coimisiún an nós imeachta dá bhforáiltear in Airteagal 11 de Rialachán (AE) Uimh. 1025/2012 i bhfeidhm.

4. I gcás ina meastar go bhfuil údar leis an mbeart náisiúnta agus ina ndéanfar neamhchomhlíonadh an táirge a chur i leith easnaimh sna sonraíochtaí coiteanna dá dtagraítear in Airteagal 35, glacfaidh an Coimisiún gníomhartha cur chun feidhme gan mhoill lena leasófar nó lena n-aisghairfear na sonraíochtaí coiteanna sin.

   Déanfar na gníomhartha cur chun feidhme dá dtagraítear sa chéad fhomhír a ghlacadh i gcomhréir leis an nós imeachta scrúdúcháin dá dtagraítear in Airteagal 67(3).

Airteagal 65
Neamhchomhlíonadh foirmiúil

1. I gcás ina ndéanann údarás um fhaireachas margaidh i mBallstát aon cheann de na cinntí seo a leanas, éileoidh sé ar an oibreoir ábhartha deireadh a chur leis an neamhchomhlíonadh lena mbaineann:

   (a) greamaíodh an mharcáil CE de shárú ar Airteagal 30 de Rialachán (CE) Uimh. 765/2008 nó ar Airteagal 39 den Rialachán seo;

(b) níor greamaíodh an mharcáil CE;

(c) greamaíodh, de shárú ar Airteagal 39, uimhir aitheantais an chomhlachta faoina dtugtar fógra, sin nó níor greamaíodh í i gcás ina gceanglaítear sin;

(d) níor dréachtaíodh an dearbhú comhréireachta AE;

(e) níor dréachtaíodh an dearbhú comhréireachta AE i gceart;

(f) níl an doiciméadacht theicniúil ar fáil, níl sí comhlánaithe nó tá earráidí inti;

(g) maidir leis an bhfaisnéis dá dtagraítear in Airteagal 21(6) nó in Airteagal 23(3), níl sí ann, nó tá sí bréagach nó neamhiomlán;

(h) níor comhlíonadh aon cheanglas riaracháin eile dá bhforáiltear in Airteagal 21 ná in Airteagal 23 ná sa ghníomh tarmligthe is infheidhme arna ghlacadh de bhun Airteagal 4.

2. I gcás ina leanfar den neamhchomhlíonadh dá dtagraítear i mír 1, déanfaidh na Ballstáit lena mbaineann gach beart iomchuí chun an táirge a shrianadh nó a chosc óna chur ar an margadh nó lena áirithiú go ndéanfar é a aisghairm nó a tharraingt siar ón margadh.

CAIBIDIL XIII - CUMHACHTAÍ TARMLIGTHE AGUS NÓS IMEACHTA COISTE

Airteagal 66
An tarmligean a fheidhmiú

1. Is faoi réir na gcoinníollacha a leagtar síos san Airteagal seo a thugtar an chumhacht don Choimisiún chun gníomhartha tarmligthe a ghlacadh.

2. Déanfar an chumhacht chun gníomhartha tarmligthe dá dtagraítear in Airteagal 4, Airteagal 9(1), an dara fomhír, Airteagal 11(4), Airteagal 20(3), agus Airteagal 61(1) a ghlacadh a thabhairt don Choimisiún go ceann tréimhse 6 bliana amhail ó [*mhí amháin tar éis theacht i bhfeidhm an ghnímh seo*]. Déanfaidh an Coimisiún, tráth nach déanaí ná 9 mí roimh dheireadh na tréimhse 6 bliana, tuarascáil a tharraingt suas maidir le tarmligean na cumhachta. Déanfar tarmligean na cumhachta a fhadú go hintuigthe go ceann tréimhsí comhfhaid, mura rud é go gcuireann Parlaimint na hEorpa nó an Chomhairle in aghaidh an fhadaithe sin tráth nach déanaí ná 3 mhí roimh dheireadh gach tréimhse.

3. Féadfaidh Parlaimint na hEorpa nó an Chomhairle tarmligean na cumhachta dá dtagraítear in Airteagal 4, Airteagal 9(1), an dara fomhír, Airteagal 11(4), Airteagal 20(3), agus Airteagal 61(1) a chúlghairm tráth ar bith. Le cinneadh chun cúlghairm a dhéanamh, cuirfear deireadh le tarmligean na cumhachta atá sonraithe sa chinneadh sin. Gabhfaidh éifeacht leis an lá tar éis fhoilsiú an chinnidh in *Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh* nó ar dháta is déanaí a shonrófar sa chinneadh. Ní dhéanfaidh sé difear do bhailíocht aon ghnímh tharmligthe atá i bhfeidhm cheana.

4. Sula nglacfaidh sé gníomh tarmligthe, rachaidh an Coimisiún i mbun comhairliúchán le saineolaithe arna n-ainmniú ag gach Ballstát ag gníomhú i gcomhréir leis na prionsabail a leagtar síos i gComhaontú Idirinstitiúideach an 13 Aibreán 2016 maidir le Reachtóireacht Níos Fearr.

5. A luaithe a ghlacfaidh sé gníomh tarmligthe, tabharfaidh an Coimisiún fógra, an tráth céanna, do Pharlaimint na hEorpa agus don Chomhairle faoi.

6. Ní thiocfaidh gníomh tarmligthe arna ghlacadh de bhun Airteagal 4, Airteagal 9(1), an dara fomhír de, Airteagal 11(4), Airteagal 20(3), agus Airteagal 61(1) i bhfeidhm ach amháin mura mbeidh aon agóid curtha in iúl ag Parlaimint na hEorpa ná ag an gComhairle laistigh de thréimhse 2 mhí tar éis fógra faoin ngníomh sin a thabhairt do Pharlaimint na hEorpa agus don Chomhairle nó más rud é, roimh dhul in éag na tréimhse sin, go mbeidh Parlaimint na hEorpa agus an Chomhairle araon tar éis a chur in iúl don Choimisiún nach ndéanfaidh siad aon agóid. Déanfar an tréimhse sin a fhadú 2 mhí ar thionscnamh Pharlaimint na hEorpa nó na Comhairle.

Airteagal 67
Nós imeachta coiste

1. Tabharfaidh Coiste cúnamh don Choimisiún. Beidh an coiste sin ina choiste de réir bhrí Rialachán (AE) Uimh. 182/2011.
2. I gcás ina ndéantar tagairt don mhír seo, beidh feidhm ag Airteagal 4 de Rialachán (AE) Uimh. 182/2011.
3. I gcás ina ndéantar tagairt don mhír seo, beidh feidhm ag Airteagal 5 de Rialachán (AE) Uimh. 182/2011.

CAIBIDIL XIV - FORÁLACHA CRÍOCHNAITHEACHA

Airteagal 68
Pionóis

Déanfaidh na Ballstáit na rialacha a bhaineann leis na pionóis is infheidhme maidir le sáruithe ar an Rialachán seo a leagan síos agus glacfaidh siad gach beart is gá lena áirithiú go gcuirfear chun feidhme iad. Na pionóis a bhforáiltear dóibh, is pionóis iad a bheidh éifeachtach, comhréireach agus athchomhairleach, ag tabhairt san áireamh méid an neamhchomhlíonta agus líon na dtáirgí neamhchomhlíontacha a cuireadh ar mhargadh an Aontais. Tabharfaidh na Ballstáit fógra don Choimisiún faoi na forálacha sin faoin [*bliain amháin tar éis dháta chur i bhfeidhm an Rialacháin seo*] ar a dhéanaí agus tabharfaidh siad fógra don Choimisiún gan mhoill faoi aon leasú a dhéanfar dá éis sin a dhéanfaidh difear dóibh.

Airteagal 69
Meastóireacht

Tráth nach luaithe ná [*8 mbliana tar éis dháta chur i bhfeidhm an Rialacháin seo*], déanfaidh an Coimisiún meastóireacht ar an Rialachán seo agus ar a mhéid a chuir sé le feidhmiú an mhargaidh inmheánaigh agus ar inbhuanaitheacht comhshaoil táirgí a fheabhsú. Déanfaidh an Coimisiún tuarascáil maidir leis na príomhthorthaí a chur faoi bhráid Pharlaimint na hEorpa, na Comhairle, Choiste Eacnamaíoch agus Sóisialta na hEorpa agus Choiste na Réigiún. Cuirfidh na Ballstáit ar fáil don Choimisiún an fhaisnéis is gá chun an tuarascáil sin a ullmhú.

I gcás ina measfaidh an Coimisiún é a bheith iomchuí, beidh togra reachtach ag gabháil leis an tuarascáil chun na forálacha ábhartha den Rialachán seo a leasú.

Airteagal 70
Aisghairm agus forálacha idirthréimhseacha

1. Aisghairtear Treoir 2009/125/CE.

2. Déanfar tagairtí don Treoir aisghairthe a fhorléiriú mar thagairtí don Rialachán seo agus léifear iad i gcomhréir leis an tábla comhghaoil atá in Iarscríbhinn VIII.

3. Leanfaidh Airteagal 1(3), Airteagal 2, Airteagal 3(1), Airteagail 4, 5 agus 8, Airteagal 9(3), Airteagal 10 de Threoir 2009/125/CE agus Iarscríbhinní IV, V agus VI a ghabhann léi, de réir mar is infheidhme an [Oifig na bhFoilseachán: *cuir isteach an lá roimh dháta chur i bhfeidhm an Rialacháin seo*], d'fheidhm a bheith acu maidir le bearta cur chun feidhme a ghlactar de bhun Airteagal 15 den Treoir sin.

4. Beidh feidhm ag Airteagail 3, 33 agus Airteagail 59 go 65 den Rialachán seo maidir le bearta cur chun feidhme a ghlactar de bhun Airteagal 15 de Threoir 2009/125/CE.

5. I gcás táirgí a chuirtear ar an margadh nó i mbun seirbhíse i gcomhréir le Treoir 2009/125/CE roimh dháta chur i bhfeidhm gnímh tharmligthe arna ghlacadh de bhun Airteagal 4 den Rialachán seo lena gcumhdaítear na táirgí céanna, déanfaidh an monaróir, ar feadh tréimhse 10 mbliana amhail ón dáta a monaraíodh an chuid dheireanach den táirge sin, leagan leictreonach den doiciméadacht a bhaineann leis an measúnú comhréireachta agus leis an dearbhú comhréireachta a chur ar fáil le haghaidh cigireachta laistigh de 10 lá tar éis iarraidh a fháil ó údaráis um fhaireachas margaidh nó ón gCoimisiún.

Airteagal 71
Teacht i bhfeidhm

Tiocfaidh an Rialachán seo i bhfeidhm an fichiú lá tar éis lá a fhoilsithe in *Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh*.

Beidh an Rialachán seo ina cheangal go huile agus go hiomlán agus beidh sé infheidhme go díreach i ngach Ballstát.

Arna dhéanamh sa Bhruiséil,

Thar ceann Pharlaimint na hEorpa	*Thar ceann na Comhairle*
An tUachtarán	*An tUachtarán*

RÁITEAS AIRGEADAIS REACHTACH

1. LEAGAN AMACH AN TOGRA/TIONSCNAIMH

1.1. Teideal an togra/tionscnaimh

1.2. Réimsí beartais lena mbaineann

1.3. Baineann an togra/tionscnamh le:

1.4. Cuspóirí

1.4.1. Cuspóirí ginearálta

1.4.2. Cuspóirí sonracha

1.4.3. An toradh agus an tionchar a bhfuil súil leo

1.4.4. Táscairí feidhmíochta

1.5. Forais an togra/tionscnaimh

1.5.1. Na ceanglais is gá a chomhlíonadh sa ghearrthéarma nó san fhadtéarma, lena n-áirítear amlíne mhionsonraithe maidir le cur chun feidhme céimneach an tionscnaimh

1.5.2. Breisluach a bhaineann le rannpháirteachas an Aontais (d'fhéadfadh an breisluach a bheith ann mar thoradh ar fhachtóirí éagsúla, e.g. gnóthachain de thoradh comhordú, deimhneacht dhlíthiúil, breis éifeachtachta nó comhlántachtaí). Chun críocha an phointe seo, is é a chiallaíonn 'breisluach a bhaineann le rannpháirteachas an Aontais' an luach a thagann as idirghabháil an Aontais ar luach é atá sa bhreis ar an luach a bheadh ann dá mbeadh na Ballstáit ag feidhmiú leo féin.

1.5.3. Ceachtanna a foghlaimíodh ó thaithí eile den sórt sin san am a chuaigh thart

1.5.4. Comhoiriúnacht don Chreat Airgeadais Ilbhliantúil agus sineirgíochtaí a d'fhéadfadh a bheith ann le hionstraimí iomchuí eile

1.5.5. Measúnú ar na roghanna éagsúla maoinithe atá ar fáil, lena n-áirítear na féidearthachtaí athshannadh a dhéanamh

1.6. Fad agus tionchar airgeadais an togra/tionscnaimh

1.7. Modhanna bainistíochta atá beartaithe

2. BEARTA BAINISTÍOCHTA

2.1. Rialacha faireacháin agus tuairiscithe

2.2. Córas bainistíochta agus rialaithe

2.2.1. An bonn cirt atá leis na modhanna bainistíochta, le sásraí cur chun feidhme an chistithe, leis na módúlachtaí íocaíochta agus leis an straitéis rialaithe atá beartaithe

2.2.2. Faisnéis faoi na rioscaí a aithníodh agus na córais rialaithe inmheánacha a cuireadh ar bun chun na rioscaí a mhaolú

2.2.3. Meastachán ar chost-éifeachtúlacht na rialuithe agus an bonn cirt atá leis sin (cóimheas 'costais rialaithe ÷ luach na gcistí gaolmhara arna mbainistiú') agus

measúnú ar an leibhéal riosca earráide a mheastar a bheidh ann (tráth an íocaíocht a dhéanamh agus tráth an clár a dhúnadh)

2.3. Bearta chun calaois agus neamhrialtachtaí a chosc

3. AN TIONCHAR AIRGEADAIS A MHEASTAR A BHEIDH AG AN TOGRA/TIONSCNAMH

3.1. Ceannteidil an chreata airgeadais ilbhliantúil agus na línte buiséid ar a n-imreofar tionchar

3.2. An tionchar airgeadais a mheastar a bheidh ag an togra ar leithreasuithe

3.2.1. Achoimre ar an tionchar a mheastar a bheidh aige ar leithreasuithe faoi chomhair oibríochtaí

3.2.2. An t-aschur a mheastar a chisteofar le leithreasuithe faoi chomhair oibríochtaí

3.2.3. Achoimre ar an tionchar a mheastar a bheidh aige ar leithreasuithe de chineál riaracháin

3.2.4. Comhoiriúnacht don chreat airgeadais ilbhliantúil reatha

3.2.5. Ranníocaíochtaí ó thríú páirtithe

3.3. An tionchar a mheastar a bheidh ar ioncam

1. LEAGAN AMACH AN TOGRA/TIONSCNAIMH

1.1. Teideal an togra/tionscnaimh

Togra le haghaidh Rialachán ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle lena mbunaítear creat chun ceanglais éicidhearthóireachta le haghaidh táirgí inbhuanaithe a leagan síos agus lena n-aisghairtear Treoir 2009/125/CE

1.2. Réimsí beartais lena mbaineann

03 – An Margadh Aonair

09 – An Comhshaol agus Gníomhú ar son na hAeráide

1.3. Baineann an togra/tionscnamh le:

☐ **beart nua**

☐ **beart nua a leanann treoirthionscadal/réamhbheart[86]**

☑ **síneadh ar bheart atá ann cheana**

☑ **beart nó bearta a chumasc nó a atreorú i dtreo beart eile/beart nua**

1.4. Cuspóirí

1.4.1. Cuspóirí ginearálta

Is iad cuspóirí an Rialacháin seo inbhuanaitheacht comhshaoil táirgí a fheabhsú agus saorghluaiseacht táirgí sa mhargadh inmheánach a bhfuil ceanglais inbhuanaitheachta leagtha síos ina leith a áirithiú.

Déanann sé amhlaidh trí fhoráil a dhéanamh maidir le glacadh gníomhartha tarmligthe ina bhfuil ceanglais a bhaineann le marthanacht, in-athúsáideacht, uasghrádaitheacht agus indeisitheacht táirgí, le substaintí ar ábhar imní iad a bheith i dtáirgí, le héifeachtúlacht fuinnimh táirgí agus le húsáid éifeachtach acmhainní, le hinneachar athchúrsáilte i dtáirgí, le hathmhonaraíocht táirgí agus le hathchúrsáil ardcháilíochta, agus le laghdú a dhéanamh ar a lorg carbóin agus ar a lorg comhshaoil táirgí. Bunaítear leis freisin pas táirge digiteach ('pas táirge'), déantar foráil i dtaca le critéir éigeantacha maidir le soláthar poiblí glas agus cruthaítear creat chun cosc a chur ar dhíothú táirgí tomhaltais gan díol.

1.4.2. Cuspóirí sonracha

Ag teacht as an gcuspóir ginearálta, is iad seo a leanas na cuspóirí sonracha:

- Inbhuanaitheacht comhshaoil táirgí agus rochtain ar fhaisnéis inbhuanaitheachta feadh an tslabhra soláthair a fheabhsú
- Táirgí agus samhlacha gnó níos inbhuanaithe a dhreasú chun luach a choinneáil
- Feabhas a chur ar chur i bhfeidhm an chreata reachtaigh maidir le táirgí inbhuanaithe

1.4.3. An toradh agus an tionchar a bhfuil súil leo

Sonraigh an tionchar a bheadh ag an togra/tionscnamh ar na tairbhithe/grúpaí ar a bhfuil sé dírithe.

[86] Mar a thagraítear dó in Airteagal 58(2)(a) nó (b) den Rialachán Airgeadais.

Is iad seo a leanas na torthaí agus na tionchair a bhfuil coinne leo ó chur chun feidhme an Rialacháin seo:

Maidir le inbhuanaitheacht comhshaoil fheabhsaithe táirgí agus rochtain ar fhaisnéis inbhuanaitheachta feadh an tslabhra soláthair

- Líon méadaithe na dtáirgí (neamhbhia) atá cumhdaithe
- Ceanglais táirgí lena gcumhdaítear níos fearr an slabhra luacha táirgí, gnéithe ciorclaíochta agus rochtain ar fhaisnéis inbhuanaitheachta
- Tionchair chomhshaoil níos ísle, éifeachtúlacht fuinnimh agus acmhainní níos fearr i saolré táirgí, lena n-áirítear é sin trí aghaidh a thabhairt ar shaolré táirgí agus ar na hábhair a úsáidtear.

I dtéarmaí dreasachtaí do tháirgí agus samhlacha gnó níos inbhuanaithe

- Infheistíocht mhéadaithe i ndearadh, i dtáirgeadh agus i seirbhísí iardhíola táirgí níos inbhuanaithe, rud a fhágann go mbíonn sciar níos mó den mhargadh acu.
- Luach eacnamaíoch earnálacha na hathchúrsála agus an deisithe agus na hathúsáide méadaithe

A mhéid a bhaineann le feabhas a chur ar chur i bhfeidhm an chreata reachtaigh maidir le táirgí inbhuanaithe

- Méadú ar líon na dtáirgí a chumhdaítear le ceanglais inbhuanaitheachta
- Ceanglais táirgí lena gcumhdaítear níos fearr an slabhra luacha táirgí, gnéithe ciorclaíochta agus rochtain ar fhaisnéis inbhuanaitheachta
- Leibhéal laghdaithe neamhchomhlíontachta maidir le ceanglais inbhuanaitheachta le haghaidh táirgí a chuirtear ar mhargadh an AE

I gcás gnólachtaí a fheidhmíonn thar theorainneacha an AE, is dócha go laghdóidh ceanglais chomhchuibhithe ar leibhéal an Aontais na costais chomhlíonta fhoriomlána, ós rud é go dtiocfaidh siad in ionad na gceanglas éagsúil atá ann cheana nó atá beartaithe ar an leibhéal náisiúnta. Bainfidh tairbhí díreacha le hiomaíochas gnólachtaí freisin, tairbhí san áireamh a thiocfaidh as aistriú gníomhaíochta ó phróiseáil phríomhábhar go hamhábhair thánaisteacha agus ó tháirgí a tháirgeadh go dtí cothabháil, athúsáid, athchóiriú, deisiú agus díolacháin athláimhe, rud a mheastar a rachaidh chun tairbhe go suntasach do FBManna toisc iad a bheith níos gníomhaí sna hearnálacha sin.

Meastar freisin go n-athróidh an Rialachán seo iompar an tomhaltóra. Freagróidh sé don fhadhb a sainaithníodh, eadhon go bhfuil sé fós ródheacair d'oibreoirí eacnamaíocha agus do shaoránaigh roghanna ceannaigh inbhuanaithe a dhéanamh ós rud é go bhfuil faisnéis ábhartha nó roghanna inacmhainne chun é sin a dhéanamh in easnamh. Is é an toradh a bheidh air go ndéanfaidh tomhaltóirí ceannacháin a bheidh níos neamhdhíobhálaí don chomhshaol trí na táirgí is lú inbhuanaithe a eisiamh ón margadh (dá bhrí sin roghanna tomhaltóirí a shimpliú) agus trí fhaisnéis níos soiléire agus níos inrochtana a sholáthar, lena n-áirítear faisnéis le haghaidh táirgí áirithe, a n-aicmí feidhmíochta agus lipéid ghaolmhara, b'fhéidir. Leis an bPas Táirge Digiteach, cuirfear a thuilleadh leis an bhfaisnéis atá ar fáil agus éascófar rochtain leis. Cuirfidh sé ar a gcumas do sholáthraithe príobháideacha aipeanna agus seirbhísí

a fhorbairt lena gcuirfear feabhas ar chumas na dtomhaltóirí measúnú a dhéanamh ar tháirgí agus comparáid a dhéanamh eatarthu.

Leis an bPas Táirge Digiteach, cuirfear faisnéis ábhartha faoi tháirgí ar fáil go digiteach d'údaráis faireachais margaidh (MSAnna) agus d'údaráis chustaim, b'fhéidir, rud a éascóidh fíorú an chomhlíonta agus a chuirfidh feabhas ar éifeachtúlacht na ngníomhaíochtaí forfheidhmiúcháin ag na Ballstáit. Mar sin féin, ní bheidh rath ar raon feidhme leathnaithe an chreata éicidhearthóireachta le huaillmhianta inbhuanaitheachta ach amháin má dhéantar acmhainní an Choimisiúin Eorpaigh agus na mBallstát araon a neartú ar leibhéal atá i gcomhréir leis na huaillmhianta.

1.4.4. Táscairí feidhmíochta

Sonraigh na táscairí chun faireachán a dhéanamh ar dhul chun cinn agus ar ghnóthachain.

Bainfear úsáid as an gcroí-thacar táscairí seo a leanas chun faireachán a dhéanamh ar chur chun feidhme an Rialacháin seo agus ar a thionchair:

<u>Maidir le inbhuanaitheacht comhshaoil fheabhsaithe táirgí agus rochtain ar fhaisnéis inbhuanaitheachta feadh an tslabhra soláthair</u>

- Líon na ngrúpaí táirgí a chumhdaítear le gníomhartha tarmligthe de bhun Airteagal 5
- An t-athrú measta ar Truailleán agus astaíochtaí Gás Ceaptha Teasa (an t-athrú de thoradh aistrithe san áireamh) ó na slabhraí luacha monaraíochta a sholáthraíonn táirgí rialáilte do Mhargadh Inmheánach an AE
- An t-athrú measta ar úsáid fuinnimh agus ar éifeachtúlacht agus úsáid uisce agus éifeachtúlacht táirgí rialáilte ábhartha a chuirtear ar mhargadh inmheánach an AE nó a chuirtear i seirbhís ann; táirgiúlacht acmhainní (éifeachtúlacht ábhair)
- Meánfhad saoil na dtáirgí rialáilte ábhartha mar thoradh ar na nithe seo a leanas: (1) marthanacht intreach na dtáirgí sin, (2) na hoibríochtaí cothabhála, deisithe agus uasghrádaithe a raibh siad faoina réir, agus (3) líon na n-úsáideoirí a bhí ann i ndiaidh a chéile
- Rannchuidiú ábhar athchúrsáilte iarthomhaltóra leis an éileamh ar amhábhair ón Margadh Inmheánach – le haghaidh miotail neamhlómhara, Amhábhair Chriticiúla, agus plaistigh.
- Ráta úsáide ábhair chiorclaigh – An sciar den éileamh ar ábhar arna shásamh ag amhábhair thánaisteacha (% d'úsáid iomlán an ábhair)

<u>I dtéarmaí dreasachtaí do tháirgí agus samhlacha gnó níos inbhuanaithe</u>

- Breisluach agus a chomhpháirteanna de réir gníomhaíochta
- Soláthar poiblí glas – an sciar de nósanna imeachta soláthair phoiblí os cionn thairseacha an AE (an líon agus an luach) a n-áirítear gnéithe comhshaoil leis
- Tionchar ar thomhaltóirí i ngeall ar athrú ar chostas táirgí agus athrú ar luach óna n-úsáid
- 'Ollinfheistíocht in earraí inláimhsithe', 'Líon na ndaoine atá fostaithe' agus 'Luach curtha leis ag costais fachtóra' in earnáil na hathchúrsála agus in earnáil an deisithe agus na hathúsáide.

A mhéid a bhaineann le feabhas a chur ar chur i bhfeidhm an chreata reachtaigh maidir le táirgí inbhuanaithe

- na cineálacha ceanglas a shocraítear, pas táirge digiteach atá bunaithe san áireamh
- Ráta neamhchomhlíonadh na gceanglas a leagtar síos maidir le táirgí a chumhdaítear le gníomhartha tarmligthe

1.5. Forais an togra/tionscnaimh

1.5.1. Na ceanglais is gá a chomhlíonadh sa ghearrthéarma nó san fhadtéarma, lena n-áirítear amlíne mhionsonraithe maidir le cur chun feidhme céimneach an tionscnaimh

Cuireann an togra le Treoir agus struchtúr atá ann cheana agus a úsáideadh chun táirgí a bhaineann le fuinneamh a rialáil trí reachtaíocht thánaisteach le breis agus 15 bliana. Ar an gcaoi chéanna, níl an chuid is mó de na bearta a thugtar isteach leis an Rialachán seo infheidhme láithreach ach ba cheart go leanfaidís glacadh an ghnímh dhlíthiúil trí ghníomhartha tarmligthe agus trí ghníomhartha cur chun feidhme a ghlacadh. Is iad na bearta maidir le himchéimniú agus maidir le díothú táirgí tomhaltais gan díol a nochtadh, agus na bearta sin amháin is infheidhme láithreach.

Tar éis an gníomh dlíthiúil a ghlacadh, glacfaidh an Coimisiún plean oibre ina leagfar amach liosta táscach de ghrúpaí táirgí a bhfuil sé beartaithe aige gníomhartha tarmligthe a ghlacadh ina leith de bhun Airteagal 4. Rachaidh sé sin i gceannas ar an obair leanúnach faoin Treoir atá ann cheana agus a thabharfar faoin Rialachán nua.

Bunófar leis na gníomhartha tarmligthe sin ceanglais éicidhearthóireachta is infheidhme maidir le grúpaí sonracha táirgí nó maidir le raon grúpaí táirgí i gcás ina bhfuil cosúlachtaí ann lena bhféadfar comhcheanglais éicidhearthóireachta a shocrú. Féadfar a áireamh sna gníomhartha tarmligthe sin ceanglais is infheidhme maidir le conarthaí poiblí agus cruthú pasanna táirge digiteacha.

Féadfar gníomhartha tarmligthe a ghlacadh freisin maidir leis an toirmeasc ar tháirgí tomhaltais nár díoladh a aischur agus maidir le líon na seiceálacha atá le déanamh ag na húdaráis um fhaireachas margaidh.

Féadfar gníomhartha cur chun feidhme a ghlacadh chun sonrú a dhéanamh ar an bhformáid le haghaidh nochtadh na faisnéise maidir le díothú táirgí tomhaltais gan díol agus le liostú na dtáirgí nó na gceanglas a mheasfaidh na Ballstáit ar a laghad mar thosaíochtaí le haghaidh gníomhaíochtaí faireachais margaidh.

Glacfar gníomhartha tarmligthe agus, i gcás inarb iomchuí, gníomhartha cur chun feidhme tar éis measúnú críochnúil a dhéanamh ar thionchair agus ar chomhairliúchán leis na páirtithe leasmhara, i gcomhréir leis na treoirlínte maidir le Rialáil Níos Fearr.

Is iad gníomhaithe eacnamaíocha, go háirithe monaróirí, allmhaireoirí agus dáileoirí, a chuirfidh chun feidhme gníomhartha tarmligthe maidir le ceanglais éicidhearthóireachta agus maidir le toirmeasc ar aischur táirgí tomhaltais gan díol. Tacófar leis an tionsclaíocht trí threoirlínte a sholáthar maidir le Samhlacha Gnólachtaí Ciorclacha (CBManna) a fhaigheann tacaíocht ó mhol uile-Aontais a thacaíonn le glacadh samhlacha gnólachtaí ciorclacha, faisnéis agus seirbhísí a sholáthar, ardú feasachta, comhar, oiliúint a chur ar fáil, dea-chleachtais a mhalartú etc. san áireamh.

1.5.2. Breisluach a bhaineann le rannpháirteachas an Aontais (d'fhéadfadh an breisluach a bheith ann mar thoradh ar fhachtóirí éagsúla, e.g. gnóthachain de thoradh comhordú, deimhneacht dhlíthiúil, breis éifeachtachta nó comhlántachtaí). Chun críocha an phointe seo, is é a chiallaíonn 'breisluach a bhaineann le rannpháirteachas an Aontais' an luach a thagann as idirghabháil an Aontais ar luach é atá sa bhreis ar an luach a bheadh ann dá mbeadh na Ballstáit ag feidhmiú leo féin.

Cúiseanna le beart a dhéanamh ar leibhéal an Aontais (ex ante)

I gcomparáid leis an réasúnaíocht don reachtaíocht maidir le hÉicidhearthóireacht atá ann cheana, ní fhéadfadh na Ballstáit bearta iomchuí a achtú ina n-aonar gan éagsúlachtaí a chruthú sna ceanglais ar oibreoirí eacnamaíocha chomh maith le bacainní ar shaorghluaiseacht táirgí, ar ualach rialála agus ar chostais iomarcacha le haghaidh oibreoirí eacnamaíocha. Ina theannta sin, is gcinnte go bhforbródh na Ballstáit ina n-aonar uirlisí a bheadh éagsúil lena chéile agus dá thoradh sin, go mbeadh roghanna an tomhaltóra níos casta. Dá ngníomhódh na Ballstáit ina n-aonar, bheadh riosca mór ann go mbeadh córais éagsúla iomaíocha ann, bunaithe ar mhodhanna agus ar chineálacha cur chuige éagsúla, go háirithe táirgí a thrádáiltear ar fud an mhargaidh inmheánaigh, rud a chruthódh ilroinnt na margaí, agus is dócha a d'fhéadfadh a bheith ina chúis le leibhéil mhíchothroma feasachta agus faisnéise maidir le feidhmíocht comhshaoil táirgí ar fud an Aontais agus costais bhreise do chuideachtaí a bhíonn ag trádáil thar theorainn.

An breisluach ar leibhéal an Aontais a mheastar a ghinfear (*ex post*)

Tá gníomhaíocht ar leibhéal an Aontais níos éifeachtaí ná gníomhaíocht ar an leibhéal náisiúnta mar is le gníomhaíocht AE amháin is féidir ceanglais chomhchuibhithe chomhchoiteanna táirge agus ceanglais faisnéise maidir le saintréithe inbhuanaitheachta a leagan síos, rud a áirithíonn saorghluaiseacht earraí agus a ligeann do thomhaltóirí faisnéis ábhartha agus iontaofa a sholáthar faoi shaintréithe agus gnéithe ciorclacha inbhuanaithe táirgí in aon Bhallstát ina gceannaítear iad. Is léir go bhfuil breisluach ag baint le ceanglais choiteanna a leagan síos ar leibhéal an Aontais, mar go n-áiritheofar leis sin margadh inmheánach comhchuibhithe agus dea-fheidhmiúil ar fud na mBallstát uile agus, dá bhrí sin, go mbeidh cothrom iomaíochta ann do ghnólachtaí atá ag feidhmiú sa mhargadh inmheánach. Trí íoscheanglais chomhchuibhithe agus ceanglais faisnéise a shocrú ar leibhéal an Aontais, cuirfear táirgí inbhuanaithe agus cleachtais chiorclacha chun cinn i ngach Ballstát, rud a chruthóidh margadh níos mó agus níos éifeachtúla agus, dá bhrí sin, níos mó dreasachtaí don tionscal chun iad a fhorbairt. Ar deireadh, cuireann méid an mhargaidh inmheánaigh mais chriticiúil ar fáil a chuireann ar chumas an AE inbhuanaitheacht táirgí a chur chun cinn agus tionchar a imirt ar dhearadh táirgí agus ar bhainistiú slabhra luacha ar fud an domhain.

1.5.3. Ceachtanna a foghlaimíodh ó thaithí eile den sórt sin san am a chuaigh thart

Tá taithí fhada ann ar tháirgí a úsáideann fuinneamh a rialáil ar dtús agus ansin táirgí a bhaineann le fuinneamh a rialáil ar leibhéal an Aontais. Is éard atá i dTreoir 2009/125 atá ann faoi láthair, is í sin an Treoir maidir leis an Éicidhearthóireacht, an bunús atá le bearta táirge-shonracha a glacadh. Rinneadh na tairbhí a dhoiciméadú i dtuarascálacha bliantúla cuntasaíochta tionchair Éicidhearthóireachta ina léirítear na tairbhí fuinnimh is mó a bhfuil tairbhí eile astaíochtaí agus acmhainní ag gabháil leo.

Cé gur deimhníodh le roinnt meastóireachtaí ar an Treoir maidir leis an Éicidhearthóireacht ábharthacht agus éifeachtacht shoiléir na Treorach mar uirlis rialála, léiríonn siad go bhféadfaí a cur chun feidhme agus a forfheidhmiú a fheabhsú. I meastóireacht a rinneadh in 2012 tugadh faoi deara, mar shampla, ‘cé go n-aithnítear go forleathan gur féidir freastail ar ghnéithe éifeachtúlachta an Phlean Gníomhaíochta SCP/SIP agus ar bheartais éifeachtúlachta acmhainní an Aontais leis an Treoir maidir leis an Éicidhearthóireacht agus na bearta cur chun feidhme, molann roinnt ionadaithe de chuid na mBallstát agus eagraíochtaí neamhrialtasacha comhshaoil gur cailleadh deiseanna mar gheall ar an gcumhdach teoranta i mbearta cur chun feidhme maidir le gnéithe comhshaoil eile’. Leagadh béim freisin ar acmhainneacht neamhshaothraithe na Treorach chun aghaidh a thabhairt ar ghnéithe nach mbaineann le héifeachtacht ó thaobh fuinnimh de, agus baineadh de thátal as an meastóireacht chéanna ‘go bhféadfadh sé gurb ann d’fheabhsuithe neamhfhuinnimh nár tugadh aghaidh orthu mar thoradh ar raon feidhme an táirge, ar roghanna beartais nó ar an mbunanailís theicniúil’. Cé nach bhfuil aon amhras ann go bhfuil deiseanna ann chun tuilleadh gníomhaíochta a dhéanamh, ní mór sin a mheas i gcónaí i gcomhthéacs na n-acmhainní atá ar fáil agus ag díriú ar na buntáistí is mó.

I mí an Mhárta 2019, d’fhoilsigh an Coimisiún doiciméad inmheánach oibre dar teideal ‘Táirgí Inbhuanaithe sa Gheilleagar Ciorclach – I dtreo Creat do Bheartas an Aontais maidir le Táirgí a rannchuideoidh leis an nGeilleagar Ciorclach’. Sa doiciméad sin, scrúdaíodh a mhéid a rannchuidíonn beartais de chuid an Aontais le táirgí a aistriú chuig geilleagar ciorclach, agus i gcás ina bhféadfaí rannchuidiú níos láidre a bheith ann – mar shampla trí chur chun feidhme níos comhsheasmhaí, trí shineirgí níos fearr idir idirghabhálacha beartais nó trí chumhdach níos fearr ar tháirgí trí ionstraimí beartais – agus rinneadh mionscrúdú ar roinnt grúpaí táirgí sonracha go háirithe. Fuarthas amach nach ann d’aon ionstraim beartais uileghabhálach chomhtháite de chuid an AE a chumhdaíonn táirgeadh agus tomhaltas inbhuanaithe na dtáirgí uile agus/nó infhaighteacht agus iontaofacht na faisnéise faoi na táirgí sin do thomhaltóirí. Ina ionad sin, sainaithníodh ann meascán uirlisí, lenar féidir aghaidh a thabhairt ar ghnéithe áirithe a bhaineann le ciorclaíocht táirgí, ach mar sin féin, sainaithníodh go bhfuil spás ann le hobair bhreise a dhéanamh. Tugadh faoi deara sa doiciméad freisin nach raibh aon uirlisí ann chun ciorclaíocht a spriocdhíriú go córasach in earnálacha áirithe atá an-ábhartha (amhail earnáil na dteicstílí agus an troscáin), agus go raibh rath na mbeartas éicidhearthóireachta maidir le ciorclaíocht a spreagadh le haghaidh táirgí a bhaineann le fuinneamh fós le cur i bhfeidhm in earnálacha ábhartha eile.

1.5.4. Comhoiriúnacht don Chreat Airgeadais Ilbhliantúil agus sineirgíochtaí a d’fhéadfadh a bheith ann le hionstraimí iomchuí eile

D’fhormheas an tAontas Eorpach mórphlean téarnaimh atá bunaithe ar bhuiséad fadtéarmach athneartaithe don chéad Chreat Airgeadais Ilbhliantúil eile agus d’ionstraim nua téarnaimh, Next Generation EU.

Tagann an tionscnamh faoi scáth an **Chomhaontaithe Ghlais don Eoraip**, comhaontú a threoraíonn straitéis téarnaimh an AE. Aithníonn an Comhaontú Glas na buntáistí a bhaineann le hinfheistíocht a dhéanamh inár n-inbhuanaitheacht iomaíoch trí Eoraip atá níos cothroime, níos glaise agus níos digití a thógáil. Is éard atá i gceist leis sin freisin comhar a dhéanamh le tríú tíortha agus comhpháirtithe trádála chun inbhuanaitheacht slabhraí luacha domhanda a áirithiú agus chun a áirithiú go gcuireann laghduithe astaíochtaí Eorpacha le laghdú astaíochtaí

domhanda, seachas táirgeadh ar mór a lorg carbóin a bhrú amach lasmuigh den Eoraip. Rachaidh sé sin chun tairbhe na saoránach, agus cuirfidh sé táirgí ar ardchaighdeáin ar fáil dóibh a bheidh éifeachtach agus inacmhainne, táirgí a mhairfidh níos faide agus a bheidh níos fearr don chomhshaol.

Tagann an tionscnamh faoi Cheannteideal 1 (An Margadh Aonair, Nuálaíocht agus Cúrsaí Digiteacha), Teideal 3 (An Margadh Aonair) agus Ceannteideal 3 (Acmhainní Nádúrtha agus an Comhshaol), Teideal 9 (Comhshaol agus Gníomhú ar son na hAeráide) den Chreat Airgeadais Ilbhliantúil. Mar a shonraítear thíos, beidh gá le hacmhainní daonna breise agus le roinnt caiteachas tacaíochta chun an píosa reachtaíochta seo a chur chun feidhme.

Cuirfidh réimsí beartais eile tacaíocht ar fáil, go háirithe maoiniú ón Aontas a chuirfear ar fáil don nuálaíocht agus d'infheistíochtaí do ghnólachtaí. Le **Ciste Forbraíochta Réigiúnaí na hEorpa**, trí speisialtóireacht chliste, trí **LIFE** agus trí **Fhís Eorpach**, comhlánaítear cistiú don nuálaíocht phríobháideach agus tacaítear le timthriall na nuálaíochta ina iomláine agus é d'aidhm aige sin réitigh a chur ar fáil ar an margadh. Meastar go seolfar leis **an gClár don Eoraip Dhigiteach** Gníomhaíocht Chomhbheartaithe 18 mhí ar fad faoi dheireadh 2022 chun dearadh agus fréamhshamhlacha an phas táirge dhigitigh i dtrí earnáil a mholadh agus a chomhaontú leis na páirtithe leasmhara ábhartha, lena n-áirítear ceanglais maidir le hidir-inoibritheacht trasearnálach. Tá an **Ciste Nuálaíochta** ar cheann de na cláir chistiúcháin is mó ar domhan chun teicneolaíochtaí agus réitigh nuálacha ísealcharbóin a léiriú. Cuirfidh sé tacaíocht tuairim is EUR 10 billiún ar fáil le haghaidh na tréimhse 2020-2030, agus é d'aidhm leis réitigh thionsclaíocha a chur ar an margadh chun an Eoraip a dhícharbónú agus chun tacú lena haistriú chuig neodracht aeráide.

1.5.5. Measúnú ar na roghanna éagsúla maoinithe atá ar fáil, lena n-áirítear na féidearthachtaí athshannadh a dhéanamh

Is ó na fachtóirí seo a leanas go príomha a eascraíonn na himpleachtaí buiséadacha:

– An t-athbhreithniú, idir 2022 agus 2026, ar 33 Rialachán ón gCoimisiún agus ar ghlacadh 5 Rialachán nua in 2022-2023 faoin Treoir maidir leis an Éicidhearthóireacht atá ann faoi láthair, nach féidir ach leis an bhfoireann atá leithdháilte faoi láthair ar chur chun feidhme Éicidhearthóireachta aghaidh a thabhairt orthu; tá impleachtaí foirne ag baint leis na 14 Rialachán ón gCoimisiún a athbhreithníodh in 2021 do chúraimí amhail caighdeánú agus treoir do na páirtithe leasmhara;

– Suas le 18 Ghníomh Tarmligthe nua a ullmhú agus a ghlacadh idir 2024 agus 2027; Is céim thábhachtach atá i gcleachtadh an Phlean Oibre ilbhliantúil chun grúpaí táirgí a shainiú agus chun tús áite a thabhairt dóibh; oibrímid ar an toimhde go dtabharfar isteach táirgí de réir a chéile, 4 cinn in 2024, 6 cinn in 2025 agus 4 cinn in aghaidh na bliana ó 2026 ar aghaidh chun cuspóirí SPI a bhaint amach agus an gá atá le hacmhainní le himeacht ama a réiteach. ba cheart 12 ghníomh tharmligthe a ghlacadh freisin idir 2028 agus 2030, agus impleachtaí foirne agus buiséid ag baint leo don tréimhse 2025-2027.

– gníomhartha cur chun feidhme a ullmhú (ar an meán uair amháin in aghaidh na bliana ó 2024 ar aghaidh) nuair is gá sin chun coinníollacha aonfhoirmeacha a áirithiú maidir le cur chun feidhme an Rialacháin seo, mar shampla i ndáil le

faireachas margaidh, nochtadh faisnéise maidir le hearraí tomhaltais gan díol a dhíothú nó bearta féinrialála a admháil; agus

– cúraimí cothrománacha a dhéanamh a bhaineann leis an bpas táirge digiteach, le faireachas margaidh agus rialú custaim, agus le mol gnó ciorclach Eorpach chun tacú leis an malartú taithí idir gníomhaithe eacnamaíocha maidir leis an gciorclaíocht a chomhtháthú i ndearadh agus i monarú táirgí.

Chun athbhreithniú a dhéanamh ar na rialacháin atá ann cheana, is é is brí le meastachán réasúnta bunaithe ar an taithí go bhfuil gá le tuairim is 0,5 FTE (+ tacaíocht ó chúntóirí) ar an meán chun aon táirge amháin a chumhdach, lena n-áirítear obair ar chaighdeánú ach gan an measúnú teicniúil a bhaineann leis an athbhreithniú a chur san áireamh, rud a dhéantar a sheachfhoinsiú. Ní leor na Coibhéis Lánaimseartha (FTE) atá leithdháilte ar an Éicidhearthóireacht faoi láthair, eadhon 11,5, sna trí Ard-Stiúrthóireacht chun na hoibleagáidí dlíthiúla a chomhlíonadh. Tá acmhainní breise de 13 FTE in 2022 agus 24 FTE in 2023, ag laghdú de réir a chéile go 19 FTE in 2027 á n-iarraidh sa bhreis ar ath-imlonnú agus seachfhoinsiú staidéar.

Maidir le grúpaí táirgí nua faoi SPI, mar thoradh ar an anailís ar riachtanais nua agus cúraimí measúnaithe, meastar tuairim is 0.9 FTE (+ tacaíocht cúntóirí) in aghaidh gach táirge nua. Mar thoradh ar an anailís ar an measúnú tionchair rinneadh meastachán ar thart ar 30 grúpa táirgí nua nó ar bhearta cothrománacha atá le cumhdach faoi SPI. Mar thoradh air sin meastar go mbeidh gá le 16 FTE in 2023 agus go méadóidh sé sin de réir a chéile go 28,5 FTE in 2027, mar aon le hath-imlonnú 8,5 FTE a leithdháiltear faoi láthair ar ullmhú SPI nó cúraimí eile i dtrí phríomh-AS. Sa tábla seo a leanas tugtar na meastacháin le haghaidh riachtanas breise in aghaidh na bliana.

	2022	2023	2024	2025	2026	2027 agus ina dhiaidh sin.
Táirgí éicidhearthóireachta atá ann cheana, san áireamh leis sin	13	24	23	21	20	19
AS GROW	4,5	7	6,5	5,5	4,5	3,5
AS ENV	4	5	4,5	3,5	3,5	3,5
AS ENER	4,5	12	12	12	12	12
Táirgí nua SPI, san áireamh leis sin	0	16	21,5	23,5	25,5	28,5
AS GROW	0	7	10	11	12	13,5
AS ENV	0	7	10	11	12	13,5

AS ENER	0	2	1,5	1,5	1,5	1,5
Pas táirge digiteach, san áireamh leis sin	0,5	2	2	2	2	2
AS GROW	0	0,5	0,5	0,5	0,5	0,5
AS ENV	0,5	1	1	1	1	1
AS ENER	0	0,5	0,5	0,5	0,5	0,5
Tacaíocht d'fhaireachas margaidh, san áireamh leis sin	0,5	0,5	2	2	2	2
AS GROW	0	0	0,5	0,5	0,5	0,5
AS ENV	0	0	0,5	0,5	0,5	0,5
AS ENER	0,5	0,5	1	1	1	1
Tacaíocht do rialú custaim (AS TAXUD)	0	1,5	2	2	2	2
Mol samhlacha gnólachtaí ciorclacha (AS GROW)	0	0	0,5	0,5	0,5	0,5
Iomlán	14	44	51	51	52	54

Sa tuarascáil ar an Measúnú Tionchair, beartaíodh go mbeadh socruithe riaracháin éagsúla ann chun an creat reachtach nua a chur chun feidhme.

Rogha fhéideartha is ea 'lárionad táirgí inbhuanaithe' a chruthú laistigh den Choimisiún Eorpach. Is é an difríocht a bheadh ann go bhfeidhmeodh baill foirne a leithdháilfear ar an mbeartas maidir le táirgí inbhuanaithe faoi 'Ionad Táirgí Inbhuanaithe' fiorúil laistigh den Choimisiún Eorpach. Cé go mbeadh foireann an Choimisiúin Eorpaigh fós faoina n-AS tionscnaimh, bheadh siad ina gcuid d'ionad buan/de thascfhórsa freisin, agus bheadh comhordú foriomlán ann lena n-áiritheofar comhroinnt eolais agus a bheadh freagrach as cúraimí cothrománacha. D'fhéadfadh an rogha seo cur le fios gnó teicniúil an Airmheáin Chomhpháirtigh Taighde (JRC), rud a chuireann cheana féin le réamhstaidéir éicidhearthóireachta agus le hobair chothrománach/mhodheolaíoch ar lorg tomhaltais, straitéisí an gheilleagair chiorclaigh agus lorg carbóin agus comhshaoil. Is féidir le JRC leas a bhaint as an taithí agus as an saineolas sin mar chuid den 'Ionad Táirgí Inbhuanaithe'. Rannchuideodh JRC leis an ngné eolaíoch-teicniúil den mhodheolaíocht agus den chomhleanúnachas sonraí, trí chineálacha nua ceanglas táirge a threorú, agus trí thosaíocht a thabhairt do tháirgí. I gcomhthéacs an ráitis airgeadais seo, measadh nach raibh difríocht shuntasach idir an rogha seo agus an staid reatha ó thaobh acmhainní atá ag teastáil.

Chuir meastacháin an ráitis airgeadais seo leis an staid reatha, agus inniúlachtaí scaipthe i measc trí AS, agus acmhainní breise foirne agus airgeadais a shlógadh i gcomhréir leis an méadú atá tagtha ar ghrúpaí táirgí agus le riachtanais bhreise. I dtéarmaí seachfhoinsiú a d'fhéadfadh a dhéanamh, áirítear leis an staid reatha úsáid shuntasach a bhaint as tacaíocht sheachtrach chun bearta rialála a ullmhú (staidéir ullmhúcháin agus athbhreithniúcháin) agus chun tacú le measúnuithe tionchair. Tá tacaíocht sheachtrach bhreise beartaithe don Mhol Gnólachtaí Ciorclacha agus don tacaíocht a thabharfar d'údaráis um fhaireachais margaidh, ach ní athróidh sé sin an gá atá le hacmhainní foirne (inmheánacha) breise le haghaidh phríomhchúraimí cur chun feidhme na reachtaíochta, cúraimí nach féidir a sheachfhoinsiú.

Tá gá le hacmhainní breise freisin chun tacú leis an gcóras custaim ceanglais nua is infheidhme maidir le táirgí allmhairithe a fhorfheidhmiú. Áirítear leis sin an anailís ar an tionchar atá ag SPI ar éiceachóras TF TAXUD, go háirithe Ionad Ilfhreastail; atá bainteach le cás gnó, Samhaltú an Phróisis Ghnó, comhordú le húdaráis chustaim na mBallstát, ullmhú don dearadh agus don chur chun feidhme, tacaíocht do thástáil comhréireachta agus feidhmiú céimneach, cothabháil, Grúpaí Gnó Custaim a reáchtáil, rannchuidiú le MASP-C agus cruinnithe ECCG.

Agus meastachán á dhéanamh ar na hacmhainní breise a shonraítear sa ráiteas airgeadais seo, rinneadh measúnú cúramach ar ath-imlonnú foirne a d'fhéadfaí a ath-imlonnú laistigh de gach AS, de bhreis ar ath-leithdháileadh na mball foirne atá ag obair cheana féin ar chur chun feidhme na hÉicidhearthóireachta agus ar ullmhú an togra reachtaigh. Rinneadh na féidearthachtaí neamhchoitianta nó ath-imlonnú a chomhtháthú sna meastacháin. Maidir leis an gcineál acmhainní daonna atá de dhíth, iarrtar cuid thábhachtach mar údaráis inniúla, go háirithe sna chéad bhlianta den tréimhse, agus iarrtar 3 END breise ó 2023 ar aghaidh, chun céimniú isteach i bhfoireann bhuan a éascú, ó 26,5 FTE in 2023 go 45 in 2027. Mar sin féin, tá gá le foireann bhuan chun nósanna imeachta cinnteoireachta a chomhordú, chun ionadaíocht a dhéanamh thar ceann na hinstitiúide agus chun bainistíocht chonarthach a áirithiú. Roinntear é in 87 % AD agus 13 % AST.

Maidir le caiteachas riaracháin seachas foireann, is iad seo a leanas an bonn don ríomh, lena léirítear dúbailt líon na dtáirgí a chumhdaítear:

– na costais a bhaineann le misin, measadh iad ar bhonn na mbuiséad reatha (gan éifeacht na géarchéime sláintíochta) agus ar bhonn dúbailt idir 2024 agus 2027, rud a chomhfhreagraíonn don leathnú ar raon feidhme agus ar an ngá atá leis an gcreat nua a chur i láthair agus a mhíniú do pháirtithe leasmhara.

– na costais a bhaineann le cruinnithe an Fhóraim Éicidhearthóireachta, tá siad bunaithe ar na costais reatha in AS ENER, le méadú ar mhinicíocht na gcruinnithe ó sé go naoi in aghaidh na bliana ar an meán i ngeall ar an méadú ar líon na dtáirgí a chumhdaítear.

– na costais le haghaidh grúpaí saineolaithe, tá siad bunaithe ar na costais reatha a bhaineann leis an gcoiste Éicidhearthóireachta, agus an méadú céanna ar mhinicíocht na gcruinnithe agus na costais a bhaineann le cruinnithe coiste, i ndáil le gníomhartha cur chun feidhme, rinneadh iad a mheas ar bhonn costas coibhéiseach in AS ENV, le haghaidh na tréimhse 2024 go 2026 nuair ba cheart gníomhartha cur chun feidhme a ullmhú.

Maidir le caiteachas oibríochtúil, coinníodh na hipitéisí seo a leanas:

– i gcás gach athbhreithnithe, staidéar tacaíochta lena ngabhann costas EUR 300 000, bunaithe ar an gcostas reatha faoin Éicidhearthóireacht; maidir le gach táirge nua, staidéar tacaíochta de EUR 400 000, staidéar a mheastar a bheidh níos casta ná na staidéir ullmhúcháin atá ann faoi láthair faoin Éicidhearthóireacht, agus costas breise de EUR 800 000 chun Rialacha Catagóire maidir le Lorg Comhshaoil Táirgí a ullmhú nuair is gá, rud a bhfuil coinne leis le haghaidh leath de na táirgí nua – leanann an t-am le haghaidh athbhreithnithe agus staidéir ullmhúcháin na hipitéisí céanna agus atá ann don fhoireann, ach tá an buiséad comhfhreagrach geallta 2 bhliain roimh an dáta a bhfuil sé beartaithe iad a ghlacadh.

– Meastar go gcosnaíonn staidéir chothrománacha, mar shampla maidir le modheolaíocht, plean oibre, faireachas margaidh, tuairim is EUR 1 milliún in aghaidh na bliana idir 2022 agus 2024, arna roinnt idir AS GROW agus AS ENV;

– Beidh gá le staidéir a bhaineann go sonrach le hullmhú an phas táirge dhigitigh, faoi chomhordú AS GROW: trí staidéar tacaíochta agus forbairt TF ar iompróirí sonraí, cearta rochtana agus slándáil, bainistiú sonraí agus clárlann: EUR 1 milliún ó 2022 go 2024; meastar go mbeidh an costas maidir le clárlann na bpasanna táirge a choinneáil ar bun cothrom le EUR 0,1 milliún ó 2025 go 2026; d'fhéadfadh sé go mbeadh gá freisin le forbairtí TF don bhunachar sonraí maidir le substaintí ar ábhar mór imní iad don phróiseas chun pas táirge digiteach a ullmhú, ach ní bheidh an mheastóireacht bheacht air sin bainte amach nuair a bheidh an ráiteas airgeadais seo á dhréachtú; Beidh roghanna forbartha agus soláthair TF faoi réir réamhcheadú Bhord an Choimisiúin Eorpaigh um Theicneolaíocht Faisnéise agus um Chibearshlándáil.

– Meastar gurb ionann an tacaíocht riaracháin agus theicniúil don Mhol Samhlacha Gnólachtaí Ciorclacha agus EUR 0.5 milliún ó 2024 go 2027, ar líne bhuiséid AS GROW;

– Beidh an tacaíocht d'fhaireachas margaidh agus do lucht custaim i bhfoirm treorach agus gníomhartha cur chun feidhme (ar nithe iad a chuirtear san áireamh faoi staidéir chothrománacha) ach freisin i bhfoirm tionscadal, e.g. chun oiliúint a sholáthar, tacaíocht theicniúil a chur ar fáil don chomhar, tacú le tástáil chomhlíonta chomhpháirteach; maidir le buiséad a mhéadóidh ó EUR 3 mhilliún in 2024 go EUR 9 milliún in 2027, a dháilfear idir na trí phríomh-AS, ba cheart é a leithdháileadh ar 3 go 10 thionscadal gach bliain idir 2024 agus 2027.

– Mar gheall ar na riachtanais nua maidir le táirgí, d'fhéadfadh forbairtí TF a bheith de dhíth freisin ar ghníomhaíochtaí Chóras Malartaithe Deimhnithe an Ionaid Ilfhreastail AE maidir le Custam le haghaidh AS TAXUD, a mbeadh EUR 1 25 milliún san iomlán ag teastáil ina leith ó 2023 go dtí 2027, agus ó theacht i mbun oibríochtaí táille bhliantúil cothabhála de EUR 160 000. Beidh roghanna forbartha agus soláthair TF faoi réir réamhcheadú Bhord an Choimisiúin Eorpaigh um Theicneolaíocht Faisnéise agus um Chibearshlándáil.

I gcás roinnt de na réimsí gníomhaíochta sin, bainfear leas as saineolas JRC trí chomhaontuithe seirbhíse, laistigh de na meastacháin agus de na himchlúdaigh a léirítear sa ráiteas airgeadais seo.

1.6. Fad agus tionchar airgeadais an togra/tionscnaimh

☐ **tréimhse theoranta**

– i bhfeidhm ón [LL/MM]BBBB go dtí an [LL/MM]BBBB

– Tionchar airgeadais ó BBBB go BBBB maidir le leithreasuithe faoi chomhair gealltanas agus ó BBBB go BBBB maidir le leithreasuithe faoi chomhair íocaíochtaí.

☑ **tréimhse neamhtheoranta**

– Cuirfear chun feidhme é le linn na tréimhse tosaigh 2022 go 2027,

– agus cuirfear ag feidhmiú go hiomlán ina dhiaidh sin é.

1.7. Modhanna bainistíochta atá beartaithe[87]

☑ **Bainistíocht dhíreach** a dhéanann an Coimisiún

☑ ina ranna, lena n-áirítear an chuid sin den fhoireann atá i dtoscaireachtaí an Aontais;

☐ trí na gníomhaireachtaí feidhmiúcháin

☐ **Bainistíocht atá comhroinnte** leis na Ballstáit

☐ **Bainistíocht indíreach** trí chúraimí a bhaineann le cur chun feidhme an bhuiséid a shannadh dóibh seo a leanas:

☐ tríú tíortha nó na comhlachtaí a d'ainmnigh siad;

☐ eagraíochtaí idirnáisiúnta agus a ngníomhaireachtaí (tabhair sonraí);

☐ BEI agus an Ciste Eorpach Infheistíochta;

☐ comhlachtaí dá dtagraítear in Airteagail 70 agus 71 den Rialachán Airgeadais;

☐ comhlachtaí dlí poiblí;

☐ comhlachtaí arna rialú ag an dlí príobháideach agus a bhfuil misean seirbhíse poiblí acu sa mhéid go soláthraítear ráthaíochtaí leordhóthanacha airgeadais dóibh;

☐ comhlachtaí arna rialú ag dlí príobháideach Ballstáit, ar comhlachtaí iad a bhfuil sé de chúram orthu comhpháirtíochtaí príobháideacha poiblí a chur chun feidhme agus dá soláthraítear ráthaíochtaí leordhóthanacha airgeadais;

☐ daoine a gcuirtear de chúram orthu bearta sonracha a chur chun feidhme in CBES de bhun Theideal V de CAE, ar daoine iad a aithnítear sa bhunghníomh ábhartha.

I gcás ina sonraítear níos mó ná modh bainistíochta amháin, tabhair sonraí sa roinn "Nótaí" le do thoil.

Barúlacha

[87] Tá mionsonraí ar na modhanna bainistíochta agus tagairtí don Rialachán Airgeadais le fáil ar shuíomh gréasáin Ard-Stiúrthóireacht an Bhuiséid: https://myintracomm.ec.europa.eu/budgweb/EN/man/budgmanag/Pages/budgmanag.aspx

2. BEARTA BAINISTÍOCHTA

2.1. Rialacha faireacháin agus tuairiscithe

Sonraigh minicíocht na mbeart agus na coinníollacha atá leo.

Áirítear sa Ráiteas Airgeadais Reachtach seo caiteachas foirne, soláthar agus d'fhéadfadh sé go n-áireofaí socruithe riaracháin ann Tá feidhm ag rialacha caighdeánacha don chineál seo caiteachais.

2.2. Córas bainistíochta agus rialaithe

2.2.1. An bonn cirt atá leis na modhanna bainistíochta, le sásraí cur chun feidhme an chistithe, leis na módúlachtaí íocaíochta agus leis an straitéis rialaithe atá beartaithe

Is é an Coimisiún a bhainistíonn go díreach an modh bainistíochta don tionscnamh. Tabharfaidh Grúpa Saineolaithe cúnamh don Choimisiún ina mbeidh ionadaithe na mBallstát agus páirtithe leasmhara: an Fóram Éicidhearthóireachta. Cabhróidh Coiste leis an gCoimisiún freisin.

Ar an iomlán, éilítear leis an tionscnamh caiteachas foirne, soláthar agus d'fhéadfadh sé go n-éileofaí socruithe riaracháin leis. Tá feidhm ag rialacha caighdeánacha don chineál seo caiteachais.

2.2.2. Faisnéis faoi na rioscaí a aithníodh agus na córais rialaithe inmheánacha a cuireadh ar bun chun na rioscaí a mhaolú

Ar an iomlán, éilítear leis an tionscnamh caiteachas foirne, soláthar agus d'fhéadfadh sé go n-éileofaí socruithe riaracháin leis. Tá feidhm ag rialacha caighdeánacha don chineál seo caiteachais.

Leanann an chuid is mó de ghnéithe an tionscnaimh nósanna imeachta caighdeánacha chun tacaíocht theicniúil a fháil, gnéithe a bhaineann le páirtithe leasmhara agus le glacadh reachtaíochta tánaistí. Is é an príomhriosca, atá léirithe cheana san am a chuaigh thart, easpa acmhainní daonna chun pleananna oibre a chur chun feidhme. Tá an riosca ann freisin go mbeidh dúshláin chúirte i gceist leis an reachtaíocht maidir le táirgí arna glacadh.

D'fhéadfadh rioscaí nua teacht chun cinn mar gheall ar ghnéithe núíosacha de chreat SPI, lena n-áirítear bunú agus oibriú an Phas Táirge Dhigitigh agus ceanglais a dhéanann difear, go díreach nó go hindíreach, do shlabhraí soláthair lasmuigh den Aontas.

2.2.3. Meastachán ar chost-éifeachtúlacht na rialuithe agus an bonn cirt atá leis sin (cóimheas 'costais rialaithe ÷ luach na gcistí gaolmhara arna mbainistiú') agus measúnú ar an leibhéal riosca earráide a mheastar a bheidh ann (tráth an íocaíocht a dhéanamh agus tráth an clár a dhúnadh)

Ar an iomlán, éilítear leis an tionscnamh caiteachas foirne, soláthar agus d'fhéadfadh sé go n-éileofaí socruithe riaracháin leis. Tá feidhm ag rialacha caighdeánacha don chineál seo caiteachais.

2.3. Bearta chun calaois agus neamhrialtachtaí a chosc

Sonraigh na bearta coisctheacha agus cosanta atá ann cheana nó atá beartaithe, e.g. ón Straitéis Frithchalaoise.

Ar an iomlán, éilítear leis an tionscnamh caiteachas foirne, soláthar agus d'fhéadfadh sé go n-éileofaí socruithe riaracháin leis. Tá feidhm ag rialacha caighdeánacha don chineál seo caiteachais.

Baineann an príomhriosca calaoise leis an bhféidearthacht go n-imchéimneoidh oibreoirí eacnamaíocha na ceanglais maidir le táirgí d'aon ghnó. Chun sin a chosc, tá gá le gníomhaíochtaí faireachais margaidh agus rialuithe custaim a neartú.

3. AN TIONCHAR AIRGEADAIS A MHEASTAR A BHEIDH AG AN TOGRA/TIONSCNAMH

3.1. Ceannteidil an chreata airgeadais ilbhliantúil agus na línte buiséid ar a n-imreofar tionchar

- Línte buiséid atá ann cheana

<u>In ord</u> cheannteidil agus línte buiséid an chreata airgeadais ilbhliantúil.

Ceannteideal an chreata airgeadais ilbhliantúil	Líne bhuiséid	Saghas caiteachais	Ranníocaíocht			
	Uimhir	LD/LN.[88]	ó thíortha de chuid CSTE[89]	ó thíortha is iarrthóirí[90]	ó thríú tíortha	de réir bhrí Airteagal 21(2)(b) den Rialachán Airgeadais
	[XX.YY.YY.YY]	LD/LN.	TÁ/NÍL	TÁ/NÍL	TÁ/NÍL	TÁ/NÍL
1	03.02.01.01 – Oibriú agus forbairt an mhargaidh inmheánaigh earraí agus seirbhísí	LD	TÁ	NÍL[91]	NÍL[6]	NÍL
3	09.02.02 Geilleagar ciorclach LIFE agus cáilíocht saoil	LD	TÁ	TÁ	TÁ	NÍL
3	09.02.04 An t-aistriú chuig fuinneamh glan LIFE	LD	TÁ	TÁ	TÁ	NÍL

- Línte nua buiséid atá á n-iarraidh

<u>In ord</u> cheannteidil agus línte buiséid an chreata airgeadais ilbhliantúil.

Ceannteideal an chreata airgeadais ilbhliantúil	Líne bhuiséid	Saghas caiteachais	Ranníocaíocht			
	Uimhir	LD/LN.	ó thíortha de chuid CSTE	ó thíortha is iarrthóirí	ó thríú tíortha	de réir bhrí Airteagal 21(2)(b) den Rialachán Airgeadais
	[XX.YY.YY.YY]		TÁ/NÍL	TÁ/NÍL	TÁ/NÍL	TÁ/NÍL

88 LD = Leithreasuithe difreáilte / LN = Leithreasuithe neamhdhifreáilte.

89 CSTE: Comhlachas Saorthrádála na hEorpa.

90 Tíortha is iarrthóirí agus, nuair is iomchuí, tíortha ó na Balcáin Thiar a d'fhéadfadh a bheith ina n-iarrthóirí.

91 Tá caibidlíocht maidir le comhlachas tíortha is iarrthóirí agus tríú tíortha i gClár an Mhargaidh Aonair ar bun faoi láthair.

3.2. An tionchar airgeadais a mheastar a bheidh ag an togra ar leithreasuithe

3.2.1. Achoimre ar an tionchar a mheastar a bheidh aige ar leithreasuithe faoi chomhair oibríochtaí

- ☐ Ní éilíonn an togra/tionscnamh go n-úsáidfear leithreasuithe faoi chomhair oibríochtaí
- ☑ Éilíonn an togra/tionscnamh go n-úsáidfear leithreasuithe faoi chomhair oibríochtaí mar a mhínítear thíos:

EUR milliúin (go dtí an tríú deachúil)

Ceannteideal an chreata airgeadais ilbhliantúil	Uimhir	Ceannteideal 1 (An Margadh Aonair, Nuálaíocht agus an Teicneolaíocht Dhigiteach)

AS: GROW			Bliain **2022**	Bliain **2023**	Bliain **2024**	Bliain **2025**	Bliain **2026**	Bliain **2027**	Tar éis 2027	**IOMLÁN**
• Leithreasuithe faoi chomhair oibríochtaí										
Líne bhuiséid[92] 03.02.01.01 – Oibriú agus forbairt an mhargaidh inmheánaigh earraí agus seirbhísí	Gealltanais	(1a)	3,402	4,056	3,770	3,370	4,370	4,370		23,338
	Íocaíochtaí	(2 a)	1,021	2,237	3,709	3,764	3,830	3,970	4,807	23,338
Líne bhuiséid	Gealltanais	(1b)								
	Íocaíochtaí	(2b)								
Leithreasuithe de chineál riaracháin arna maoiniú as imchlúdach na gclár sonrach[93]										
Líne bhuiséid		(3)								
IOMLÁN leithreasuithe le haghaidh AS GROW	Gealltanais	=1a+1b +3	3,402	4,056	3,770	3,370	4,370	4,370		23,338
	Íocaíochtaí	=2a+2b	1,021	2,237	3,709	3,764	3,830	3,970	4,807	23,338

92 De réir ainmníocht oifigiúil an bhuiséid.

93 Cúnamh agus caiteachas teicniúil agus/nó riaracháin ar mhaithe le cláir agus/nó bearta de chuid an Aontais (seanlínte 'BA') a chur chun feidhme, taighde indíreach, taighde díreach.

		+3								

• IOMLÁN leithreasuithe faoi chomhair oibríochtaí	Gealltanais	(4)	3,402	4,056	3,770	3,370	4,370	4,370		23,338
	Íocaíochtaí	(5)	1,021	2,237	3,709	3,764	3,830	3,970	4,807	23,338
• IOMLÁN leithreasuithe de chineál riaracháin arna maoiniú as imchlúdach clár sonrach		(6)								
IOMLÁN na leithreasuithe faoi CHEANNTEIDIL 1 den chreat airgeadais ilbhliantúil	Gealltanais	=4+ 6	3,402	4,056	3,770	3,370	4,370	4,370		23,338
	Íocaíochtaí	=5+ 6	1,021	2,237	3,709	3,764	3,830	3,970	4,807	23,338

EUR milliúin (go dtí an tríú deachúil)

Ceannteideal an chreata airgeadais ilbhliantúil	Uimhir	Ceannteideal 3 (Acmhainní Nádúrtha agus an Comhshaol)

AS: ENV			Bliain **2022**	Bliain **2023**	Bliain **2024**	Bliain **2025**	Bliain **2026**	Bliain **2027**	Tar éis 2027	**IOMLÁN**
• Leithreasuithe faoi chomhair oibríochtaí										
Líne bhuiséid[94] 09.02.02 An geilleagar ciorclach LIFE agus cáilíocht saoil	Gealltanais	(1a)	2,276	2,948	2,180	2,680	3,680	3,680		17,444
	Íocaíochtaí	(2 a)	0,683	1,567	2,449	2,637	2,780	3,280	4,048	17,444
Líne bhuiséid 09.02.02 An geilleagar ciorclach LIFE agus cáilíocht saoil[95]	Gealltanais	(1b)	0	0	0,400	0,350	0,350	0,150		1,250
	Íocaíochtaí	(2b)	0	0	0,280	0,365	0,350	0,210	0,450	1,250

94 De réir ainmníocht oifigiúil an bhuiséid.

95 Déantar foráil sa togra maidir le forbairtí TF i dtimpeallacht Ionaid Ilfhreastail AE maidir le Custam chun forfheidhmiú riachtanas táirgí ar tháirgí allmhairithe a éascú, agus chun idir-inoibritheacht a áirithiú leis an bpas táirge digiteach. Beidh gá le hacmhainní airgeadais a chur ar fáil do AS TAXUD chun obair den sórt sin a dhéanamh. Faoi láthair, ní féidir leibhéal na n-acmhainní cuí don obair sin a chinneadh go cinnte, ach meastar go bhféadfadh buiséad measta uasta de EUR 1 250 milliún a bheith ag teastáil don tréimhse 2024-2027, agus beidh

Leithreasuithe de chineál riaracháin arna maoiniú as imchlúdach na gclár sonrach[96]										
Líne bhuiséid		(3)								
IOMLÁN leithreasuithe le haghaidh AS ENV	Gealltanais	=1a+1b +3	2,276	2,948	2,580	3,030	4,030	3,830		18,694
	Íocaíochtaí	=2a+2b +3	0,683	1,567	2,729	3,002	3,130	3,490	4,093	18,694

AS: ENER			Bliain **2022**	Bliain **2023**	Bliain **2024**	Bliain **2025**	Bliain **2026**	Bliain **2027**	Tar éis 2027	**IOMLÁN**
• Leithreasuithe faoi chomhair oibríochtaí										
Líne bhuiséid[97] 09.02.04 LIFE An t-aistriú chuig fuinneamh glan	Gealltanais	(1a)	1,622	1,596	4,250	5,250	6,250	6,250		25,218
	Íocaíochtaí	(2 a)	0,487	0,965	2,403	3,488	5,150	5,850	6,875	25,218
Líne bhuiséid	Gealltanais	(1b)								
	Íocaíochtaí	(2b)								
Leithreasuithe de chineál riaracháin arna maoiniú as imchlúdach na gclár sonrach[98]										
Líne bhuiséid		(3)								
IOMLÁN leithreasuithe	Gealltanais	=1a+1b +3	1,622	1,596	4,250	5,250	6,250	6,250		25,218

gá le táille chothabhála EUR 0.160 milliún gach bliain ina dhiaidh sin. Beidh roghanna forbartha agus soláthair TF faoi réir réamhcheadú Bhord an Choimisiúin Eorpaigh um Theicneolaíocht Faisnéise agus um Chibearshlándáil.

96 Cúnamh agus caiteachas teicniúil agus/nó riaracháin ar mhaithe le cláir agus/nó bearta de chuid an Aontais (seanlínte 'BA') a chur chun feidhme, taighde indíreach, taighde díreach.

97 De réir ainmníocht oifigiúil an bhuiséid.

98 Cúnamh agus caiteachas teicniúil agus/nó riaracháin ar mhaithe le cláir agus/nó bearta de chuid an Aontais (seanlínte 'BA') a chur chun feidhme, taighde indíreach, taighde díreach.

le haghaidh AS ENER	Íocaíochtaí	=2a+2b +3	0,487	0,965	2,403	3,488	5,150	5,850	6,875	25,218

• IOMLÁN leithreasuithe faoi chomhair oibríochtaí	Gealltanais	(4)	3,898	4,544	6,830	8,280	10,280	10,080		43,912
	Íocaíochtaí	(5)	1,170	2,532	5,132	6,490	8,280	9,340	10,968	43,912
• IOMLÁN leithreasuithe de chineál riaracháin arna maoiniú as imchlúdach clár sonrach		(6)								
IOMLÁN na leithreasuithe faoi CHEANNTEIDIL 3 den chreat airgeadais ilbhliantúil	Gealltanais	=4+ 6	3,898	4,544	6,830	8,280	10,280	10,080		43,912
	Íocaíochtaí	=5+ 6	1,170	2,532	5,132	6,490	8,280	9,340	10,968	43,912

Má tá tionchar ag an togra/tionscnamh ar níos mó ná ceannteideal oibríochta amháin, líon isteach an chuid thuas arís i gcás gach ceann de na ceannteidil sin:

• IOMLÁN leithreasuithe faoi chomhair oibríochtaí (gach ceannteideal oibríochta)	Gealltanais	(4)	7,300	8,600	10,600	11,650	14,650	14,450		67,250
	Íocaíochtaí	(5)	2,191	4,769	8,841	10,254	12,110	13,310	15,775	67,250
IOMLÁN leithreasuithe de chineál riaracháin arna maoiniú as imchlúdach na gclár sonrach (gach ceannteideal oibríochta)		(6)								
IOMLÁN leithreasuithe faoi CHEANNTEIDIL 1 go 6 den chreat airgeadais ilbhliantúil (Méid tagartha)	Gealltanais	=4+ 6	7,300	8,600	10,600	11,650	14,650	14,450		67,250
	Íocaíochtaí	=5+ 6	2,191	4,769	8,841	10,254	12,110	13,310	15,775	67,250

Ceannteideal an chreata airgeadais ilbhliantúil	**7**	‘Caiteachas riaracháin’

Chun an chuid seo a líonadh isteach, ba cheart leas a bhaint as na ‘sonraí buiséid de chineál riaracháin’ atá le hiontráil ar dtús san Iarscríbhinn a ghabhann leis an Ráiteas Airgeadais Reachtach (Iarscríbhinn V a ghabhann leis na rialacha inmheánacha) agus a uaslódáiltear chuig an gcóras DECIDE chun críocha comhairliúcháin idirsheirbhíse.

EUR milliúin (go dtí an tríú deachúil)

		Bliain **2022**	Bliain **2023**	Bliain **2024**	Bliain **2025**	Bliain **2026**	Bliain **2027**	**IOMLÁN**
AS: GROW								
• Acmhainní daonna		0,383	1,740	2,325	2,469	2,541	2,656	12,113
• Caiteachas riaracháin eile		0,005	0,005	0,096	0,097	0,097	0,090	0,390
IOMLÁN AS GROW	Leithreasuithe	0,388	1,745	2,421	2,566	2,638	2,746	12,503

		Bliain **2022**	Bliain **2023**	Bliain **2024**	Bliain **2025**	Bliain **2026**	Bliain **2027**	**IOMLÁN**
AS: ENV								
• Acmhainní daonna		0,671	1,756	2,227	2,371	2,528	2,656	12,208
• Caiteachas riaracháin eile		0,005	0,005	0,097	0,096	0,097	0,090	0,390
IOMLÁN AS ENV	Leithreasuithe	0,676	1,761	2,324	2,467	2,625	2,746	12,598

		Bliain **2022**	Bliain **2023**	Bliain **2024**	Bliain **2025**	Bliain **2026**	Bliain **2027**	**IOMLÁN**
AS: ENER								
• Acmhainní daonna		0,713	2,070	2,214	2,214	2,214	2,214	11,639

• Caiteachas riaracháin eile		0,005	0,005	0,097	0,097	0,096	0,090	0,390
IOMLÁN AS ENER	Leithreasuithe	0,718	2,075	2,311	2,311	2,310	2,304	12,029

		Bliain **2022**	Bliain **2023**	Bliain **2024**	Bliain **2025**	Bliain **2026**	Bliain **2027**	**IOMLÁN**
AS: TAXUD								
• Acmhainní daonna		0,000	0,236	0,314	0,314	0,314	0,314	1,492
• Caiteachas riaracháin eile		0	0	0	0	0	0	0
IOMLÁN AS TAXUD	Leithreasuithe	0,000	0,236	0,314	0,314	0,314	0,314	1,492

IOMLÁN leithreasuithe faoi CHEANNTEIDEAL 7 den chreat airgeadais ilbhliantúil	(Iomlán gealltanas = Iomlán íocaíochtaí)	1,781	5,816	7,370	7,658	7,887	8,109	38,621

EUR milliúin (go dtí an tríú deachúil)

		Bliain **2022**	Bliain **2023**	Bliain **2024**	Bliain **2025**	Bliain **2026**	Bliain **2027**	Tar éis 2027	**IOMLÁN**
IOMLÁN leithreasuithe faoi CHEANNTEIDIL 1 go 7 den chreat airgeadais ilbhliantúil	Gealltanais	9,081	14,416	17,970	19,308	22,537	22,559		105,871
	Íocaíochtaí	3,972	10,585	16,211	17,912	19,997	21,419	15,775	105,871

3.2.2. An t-aschur a mheastar a chisteofar le leithreasuithe faoi chomhair oibríochtaí

Cuspóirí sonracha:
Uimh. 1: Inbhuanaitheacht comhshaoil táirgí agus rochtain ar fhaisnéis inbhuanaitheachta feadh an tslabhra soláthair a fheabhsú

Uimh. 2: Táirgí agus samhlacha gnó níos inbhuanaithe a dhreasú chun luach a choinneáil
Uimh. 3: Feabhas a chur ar chur i bhfeidhm an chreata reachtaigh maidir le táirgí inbhuanaithe

Leithreasuithe faoi chomhair gealltanas in EUR milliúin (go dtí an tríú deachúil)

Sonraigh cuspóirí agus aschuir ⇩			Bliain **2022**		Bliain **2023**		Bliain **2024**		Bliain **2025**		Bliain **2026**		Bliain **2027 agus ina dhiaidh sin**		**IOMLÁN**	
	ASCHUIR															
	Saghas[99]	Meán costas	Níl	Costas	Níl	Costas	Níl	Costas	Níl	Costas	Níl	Costas	Níl	Costas	Níl	Costas
CUSPÓIR SONRACH Uimh. 1[100]	Inbhuanaitheacht comhshaoil táirgí agus rochtain ar fhaisnéis inbhuanaitheachta feadh an tslabhra soláthair a fheabhsú															
- Aschur	Gníomhartha tarmligthe (athbhreithnithe)	0,300	-		-		7	2,100	6	1,800	5	1,500	5	1,500	23	6,900
- Aschur	Gníomhartha tarmligthe (táirgí nua)	0,800	-		-		4	3,200	6	4,800	4	3,200	12	9,600	26	20,800
- Aschur	Gníomhartha cur chun feidhme (faireachas	1,000	-		-		1	1,000	1	1,000	1	1,000			3	3,000
Fo-iomlán do chuspóir sonrach			-		-		12	6,300	13	7,600	10	5,700	17	11,100	52	30,700

99 Is ionann aschuir agus táirgí agus seirbhísí atá le soláthar (e.g.: líon na malartuithe mac léinn a fhaigheann maoiniú, iomlán km de bhóithre a rinneadh, etc.).

100 Mar a thuairiscítear i bpointe 1.4.2. ‘Cuspóirí sonracha...’

Uimh. 1															
CUSPÓIR SONRACH Uimh. 2			Táirgí agus samhlacha gnó níos inbhuanaithe a dhreasú chun luach a choinneáil												
- Aschur	Tacaíocht don Mhol Gnó Ciorclach [101]	0,500 in aghaidh na bliana	-	-	-	-	1	0,500	1	0,500	1	0,500	1	0,500	4	2,000
Fo-iomlán do chuspóir sonrach Uimh. 2			-	-	-	-	1	0,500	1	0,500	1	0,500	1	0,500	4	2,000
CUSPÓIR SONRACH Uimh. 3			Feabhas a chur ar chur i bhfeidhm an chreata reachtaigh maidir le táirgí inbhuanaithe												
- Aschur	Tionscadail a thacaíonn le faireachas margaidh	1,000 in aghaidh an tionscadail	-	-	-	-	3	3,000	6	6,000	9	9,000	9	9,000	27	27,000
Fo-iomlán do chuspóir sonrach Uimh. 3			-	-	-	-	3	3,000	6	6,000	9	9,000	9	9,000	27	27,000
IOMLÁIN			-	-	-	-	16	9,800	20	14,100	20	15,200	27	20,600	83	59,700

[101] Leis an mol gnó ciorclach Eorpach ba cheart tacú le malartú taithí idir gníomhaithe eacnamaíocha maidir leis an gciorclaíocht a chomhtháthú i ndearadh agus monarú táirgí.

3.2.3. Achoimre ar an tionchar a mheastar a bheidh aige ar leithreasuithe de chineál riaracháin

- ☐ Ní éilíonn an togra/tionscnamh go n-úsáidfear leithreasuithe de chineál riaracháin
- ☑ Éilíonn an togra/tionscnamh go n-úsáidfear leithreasuithe de chineál riaracháin mar a mhínítear thíos:

EUR milliúin (go dtí an tríú deachúil)

	Bliain **2022**	Bliain **2023**	Bliain **2024**	Bliain **2025**	Bliain **2026**	Bliain **2027**	**IOMLÁN**
CEANNTEIDEAL 7 den chreat airgeadais ilbhliantúil							
Acmhainní daonna	1,766	5,801	7,080	7,368	7,597	7,839	37,451
Caiteachas riaracháin eile	0,015	0,015	0,290	0,290	0,290	0,270	1,170
Fo-iomlán CHEANNTEIDEAL 7 den chreat airgeadais ilbhliantúil	1,781	5,816	7,370	7,658	7,887	8,109	38,621

Laistigh de THEIDEAL 7[102] den chreat airgeadais ilbhliantúil							
Acmhainní daonna							
Caiteachas eile de chineál riaracháin							
Fo-iomlán lasmuigh de CHEANNTEIDEAL 7 den chreat airgeadais ilbhliantúil							

IOMLÁN	1,781	5,816	7,370	7,658	7,887	8,109	38,621

Cumhdófar na hacmhainní daonna is gá agus caiteachas eile de chineál riaracháin le leithreasuithe ón Ard-Stiúrthóireacht a bhfuil bainistíocht an bhirt faoina gcúram cheana agus/nó atá ath-imlonnaithe laistigh den Ard-Stiúrthóireacht, mar aon le haon leithdháileadh breise a d'fhéadfaí a thabhairt don Ard-Stiúrthóireacht atá i mbun bainistíochta faoi chuimsiú an nós imeachta maidir le leithdháileadh bliantúil i bhfianaise na srianta buiséadacha.

102 Cúnamh agus caiteachas teicniúil agus/nó riaracháin ar mhaithe le cláir agus/nó bearta de chuid an Aontais (seanlínte 'BA') a chur chun feidhme, taighde indíreach, taighde díreach.

3.2.3.1. Na hacmhainní daonna a mheastar a bheidh riachtanach

- ☐ Ní éilíonn an togra/tionscnamh go n-úsáidfear acmhainní daonna.
- ☑ Éilíonn an togra/tionscnamh go n-úsáidfear acmhainní daonna mar a mhínítear thíos:

Sloinnfear an meastachán in aonaid de choibhéis lánaimseartha

		Bliain **2022**	Bliain **2023**	Bliain **2024**	Bliain **2025**	Bliain **2026**	Bliain **2027 agus ina dhiaidh sin**
• Poist don phlean bunaíochta (oifigigh agus foireann shealadach)							
20 01 02 01 (Ceanncheathrú agus Oifigí Ionadaíocht an Choimisiúin)		8	28,5	38	42	44	45
AS GROW san áireamh		0	7	11	13	14	15
AS ENV		4	9	12	14	15	15
AS ENER		4	11	13	13	13	13
AS TAXUD		0	1,5	2	2	2	2
20 01 02 03 (Toscaireachtaí)							
01 01 01 01 (Taighde indíreach)							
01 01 01 11 (Taighde díreach)							
Línte buiséid eile (sonraigh)							
• Foireann sheachtrach (i gcoibhéis lánaimseartha: FTE)[103]							
20 02 01 (AC, END, INT ón 'imchlúdach iomlánaíoch')		6	15,5	13,0	9,0	8,0	9,0
AS GROW san áireamh		4,5	7,5	7	5	4	3,5
AS ENV		0,5	4	4	2	2	3,5
AS ENER		1	4	2	2	2	2
20 02 03 (AC, AL, END, INT agus JPD sna toscaireachtaí)							
XX 01 xx **yy zz** [104]	- sa Cheanncheathrú						
	- i dToscaireachtaí						
01 01 01 02 (AC, END, INT – Taighde indíreach)							
01 01 01 12 (CA, INT, SNE – taighde díreach)							
Línte buiséid eile (sonraigh)							
IOMLÁN		14	44,0	51,0	51,0	52,0	54,0

Is é **XX** an réimse beartais nó an teideal buiséid lena mbaineann.

Soláthrófar na hacmhainní daonna is gá le baill foirne ón AS a bhfuil bainistíocht an bhirt faoina gcúram cheana agus/nó a ath-imlonnófar laistigh den AS, mar aon le haon leithdháileadh breise atá le tabhairt don AS atá i mbun bainistíochta faoi chuimsiú an nós imeachta maidir le leithdháileadh bliantúil i bhfianaise na srianta buiséadacha.

103 AC = Ball foirne ar conradh; AL= Ball foirne áitiúil; END= Saineolaí náisiúnta ar iasacht; INT= Ball foirne gníomhaireachta; JPD = Saineolaithe sóisearacha i dtoscaireachtaí.

104 Fo-uasteorainn d'fhoireann sheachtrach arna cumhdach ag leithreasuithe faoi chomhair oibríochtaí (na seanlínte 'BA').

Cur síos ar na cúraimí a bheidh le déanamh:

Oifigigh agus pearsanra sealadach	<u>I gcás an oifigigh deisce:</u> Conarthaí seachtracha a ullmhú chun tacú le staidéir ullmhúcháin, measúnú tionchair, measúnú ar chaighdeáin chomhchuibhithe (téarmaí tagartha nó AA, meastóireacht, faireachán) Maoirseacht ar staidéir ullmhúcháin, athbhreithniúcháin nó staidéir eile mar ullmhúchán an phlean oibre, gníomhartha cur chun feidhme, gníomhartha tarmligthe dul i gcomhairle leis an bhFóram Éicidhearthóireachta, dul i gcomhairle leis an EDT, an nós imeachta maidir le glacadh inmheánach, obair leantach a dhéanamh ar ghníomhartha tarmligthe lena n-áirítear sainordú caighdeánaithe, faireachán agus foilsiú caighdeán comhchuibhithe, treoir don tionscal i gcur chun feidhme agus d'údaráis um fhaireachais margaidh i ngníomhaíochtaí faireachais rannchuidiú le cúraimí cothrománacha meastóireacht ar thorthaí, an reachtaíocht a chur i láthair do pháirtithe leasmhara, bileoga eolais a ullmhú agus comhfhreagras san áireamh <u>i gcás cúntóirí:</u> cruinnithe a eagrú (cláir oibre, cuirí, obair leantach riaracháin, miontuairiscí, clár na ngrúpaí saineolaithe) nósanna imeachta cinnteoireachta (cinneadh a dhéanamh maidir le hiontrálacha, glaonna ar fhianaise, coistí, doiciméid a ullmhú, eagarthóireacht dhlíthiúil, iarrataí ar aistriúchán agus ar fhoilsiú san áireamh) nósanna imeachta airgeadais (plean bainistíochta, glao ar thairiscintí nó orduithe seirbhíse nó AAnna, meastóireachtaí, iarrataí ar ghealltanais agus íocaíochtaí, tuairisciú a ullmhú)
Pearsanra seachtrach	Maoirseacht ar staidéir ullmhúcháin, athbhreithniúcháin nó staidéir eile mar ullmhúchán an phlean oibre, gníomhartha cur chun feidhme, gníomhartha tarmligthe dul i gcomhairle leis an bhFóram Éicidhearthóireachta, comhairliúchán leis an EDT, obair leantach a dhéanamh ar ghníomhartha tarmligthe lena n-áirítear sainordú caighdeánaithe, faireachán agus foilsiú caighdeán comhchuibhithe, treoir don tionscal i gcur chun feidhme agus d'údaráis um

	fhaireachais margaidh i ngníomhaíochtaí faireachais rannchuidiú le cúraimí cothrománacha, meastóireacht ar thorthaí, an reachtaíocht a chur i láthair do páirtithe leasmhara agus comhfhreagras san áireamh

3.2.4. Comhoiriúnacht don chreat airgeadais ilbhliantúil reatha

I gcás an togra/tionscnaimh seo:

- ☑is féidir é a mhaoiniú ina iomláine trí athshannadh laistigh den cheannteideal ábhartha den Chreat Airgeadais Ilbhliantúil (CAI).

Maoineofar na staidéir, an soláthar nó na tionscadail a thacaíonn le cur chun feidhme na reachtaíochta le cláir atá ann cheana agus le himchlúdaigh bhuiséadacha atá ann cheana lena dtacaítear le cur chun feidhme beartas, faoi Cheannteideal 1 agus faoi Cheannteideal 3 de CAI. Níl gá le haon athchlársceidealú. Déanfar riachtanais bhuiséadacha a chomhtháthú i bpleananna bainistíochta bliantúla agus leanfaidh siad nósanna imeachta caighdeánacha. Is iad na línte buiséid atá i gceist na línte sin a thacaíonn cheana féin le cur chun feidhme na Treorach maidir leis an Éicidhearthóireacht sna hArd-Stiúrthóireachtaí lena mbaineann: 03.02.01.01 – Oibríocht agus forbairt an mhargaidh inmheánaigh earraí agus seirbhísí le haghaidh AS GROW 09.02.02 Geilleagar ciorclach LIFE agus cáilíocht saoil le haghaidh AS ENV 09.02.04 Aistriú chuig Fuinneamh Glan LIFE le haghaidh AS ENER

- ☐ is gá an corrlach gan leithdháileadh faoin gceannteideal ábhartha de CAI a úsáid agus/nó na hionstraimí speisialta a shainítear sa Rialachán maidir le CAI a úsáid.

Mínigh an méid a bhfuil gá leis, agus sonraigh na ceannteidil agus na línte buiséid lena mbaineann, na méideanna comhfhreagracha agus na hionstraimí atá beartaithe a úsáid.

- ☐ is gá athbhreithniú ar CAI.

Mínigh an méid a bhfuil gá leis, agus sonraigh na ceannteidil agus na línte buiséid lena mbaineann agus na méideanna comhfhreagracha.

3.2.5. Ranníocaíochtaí ó thríú páirtithe

I gcás an togra/tionscnaimh seo:

- ☑ ní dhéantar foráil maidir le cómhaoiniú le tríú páirtithe
- ☐ déantar foráil maidir leis an gcómhaoiniú le tríú páirtithe atá réamh-mheasta thíos:

Leithreasuithe in EUR milliúin (go dtí an 3ú deachúil)

	Bliain **N**[105]	Bliain **N+1**	Bliain **N+2**	Bliain **N+3**	Iontráil na blianta ar fad a theastaíonn le fad an tionchair a thaispeáint (féach pointe 1.6)			Iomlán
Sonraigh an comhlacht cómhaoinithe								
IOMLÁN leithreasuithe cómhaoinithe								

105 Is í bliain N an bhliain a chuirfear tús le cur chun feidhme an togra/tionscnaimh. Is gá an chéad bhliain cur chun feidhme a mheastar a bheidh ann a chur in ionad 'N' (mar shampla: 2021). Is gá an rud céanna a dhéanamh i gcás na mblianta eile.

3.3. An tionchar a mheastar a bheidh ar ioncam

- ☑ Ní bheidh tionchar airgeadais ar bith ag an togra ar ioncam.
- ☐ Beidh an tionchar airgeadais seo a leanas ag an togra/tionscnamh:
  - ☐ ar acmhainní dílse
  - ☐ ar ioncam eile
  - má tá an t-ioncam sannta do línte caiteachais, sonraigh sin ☐

EUR milliúin (go dtí an tríú deachúil)

Líne buiséid ioncaim:	Leithreasuithe atá ar fáil don bhliain airgeadais reatha	Tionchar an togra/tionscnaimh[106]						
		Bliain **N**	Bliain **N+1**	Bliain **N+2**	Bliain **N+3**	Iontráil na blianta ar fad a theastaíonn le fad an tionchair a thaispeáint (féach pointe 1.6)		
Airteagal …….								

I gcás ioncam ilghnéitheach atá sannta, sonraigh na línte buiséid a n-imrítear tionchar orthu.

Aon rud eile (e.g. an modh nó an fhoirmle a úsáideadh chun an tionchar ar ioncam a ríomh nó aon fhaisnéis eile).

[106] A fhad a bhaineann le hacmhainní dílse traidisiúnta (dleachtanna talmhaíochta, tobhaigh siúcra), ní mór na méideanna a luaitear a bheith ina nglanmhéideanna, i.e. méideanna comhlána agus 20 % de na costais bhailiúcháin a bheith bainte astu.